



Terms and Conditions of Use of Digitised Theses from Trinity College Library Dublin

Copyright statement

All material supplied by Trinity College Library is protected by copyright (under the Copyright and Related Rights Act, 2000 as amended) and other relevant Intellectual Property Rights. By accessing and using a Digitised Thesis from Trinity College Library you acknowledge that all Intellectual Property Rights in any Works supplied are the sole and exclusive property of the copyright and/or other IPR holder. Specific copyright holders may not be explicitly identified. Use of materials from other sources within a thesis should not be construed as a claim over them.

A non-exclusive, non-transferable licence is hereby granted to those using or reproducing, in whole or in part, the material for valid purposes, providing the copyright owners are acknowledged using the normal conventions. Where specific permission to use material is required, this is identified and such permission must be sought from the copyright holder or agency cited.

Liability statement

By using a Digitised Thesis, I accept that Trinity College Dublin bears no legal responsibility for the accuracy, legality or comprehensiveness of materials contained within the thesis, and that Trinity College Dublin accepts no liability for indirect, consequential, or incidental, damages or losses arising from use of the thesis for whatever reason. Information located in a thesis may be subject to specific use constraints, details of which may not be explicitly described. It is the responsibility of potential and actual users to be aware of such constraints and to abide by them. By making use of material from a digitised thesis, you accept these copyright and disclaimer provisions. Where it is brought to the attention of Trinity College Library that there may be a breach of copyright or other restraint, it is the policy to withdraw or take down access to a thesis while the issue is being resolved.

Access Agreement

By using a Digitised Thesis from Trinity College Library you are bound by the following Terms & Conditions. Please read them carefully.

I have read and I understand the following statement: All material supplied via a Digitised Thesis from Trinity College Library is protected by copyright and other intellectual property rights, and duplication or sale of all or part of any of a thesis is not permitted, except that material may be duplicated by you for your research use or for educational purposes in electronic or print form providing the copyright owners are acknowledged using the normal conventions. You must obtain permission for any other use. Electronic or print copies may not be offered, whether for sale or otherwise to anyone. This copy has been supplied on the understanding that it is copyright material and that no quotation from the thesis may be published without proper acknowledgement.

EACHTRA GHIOLLA

AN AMARÁIN


Tráchtas PhD

Scoil na Gaeilge

Coláiste na Tríonóide

Pádraig Ó Liatháin

Deireadh Fómhair 2010



9483

DEARBHUITHE

Dearbhaím gurb é toradh mo chuid oibre féin atá sa tráchtas seo agus nár cuireadh faoi bhráid aon ollscoile é le haghaidh aon chéim acadúil.

Síniú

agus c

Síniú

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo stiúrthóir, an Dr. Eoin Mac Cárthaigh, a thug idir chabhair is spreagadh dom.

Táim buíoch de bhaill eile ó Scoil na Gaeilge i gColáiste an Tríonóide as ucht a gcuid cabhrach: an Dr. Eoghan Ó Raghallaigh agus Caoimhe Ní Bhraonáin. Fairis sin, fuair eas scoláireacht Flood na Scoile ar feadh dhá bhliain, rud a chabhraigh go mór le dul chun cinn mo chuid taighde. Táim buíoch den Ollamh Damian Mac Manus, a chuir an scoláireacht sin ar fáil dom. Bhí sé féin, agus an Dr. Nollaig Ó Muraíle, mar scrúdaitheoirí agam don tráchtas seo, agus táim buíoch dá gcuid moltaí a chuir snas agus feabhas ar an saothar seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le triúr ó Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach: an tOllamh Máirín Nic Eoin, an Dr. Ciarán Mac Murchaidh agus an Dr. Uáitéar Mac Gearailt. Luaim, chomh maith, an Dr. Úna Nic Éinrí, an Dr. Meidhbhín Ní Úrdail, an tOllamh Pádraig Ó Macháin, an Dr. Vincent Morley agus an tOllamh Breandán Ó Buachalla, nach maireann, a raibh cúpla comhrá agam leo ar fad mar gheall ar litríocht na tréimhse, agus chabhraigh an Dr. John Gibney agus Mícheál Ó Fátharta liom maidir le foinsí staire a aimsiú.

Fuair eas scoláireacht ón Irish Newfoundland Partnership le turas a thabhairt ar Thalamh an Éisc, agus chabhraigh beirt go háirithe liom agus mé i mbun an taighde sin: Aodhán Ó hEadhra agus an tOllamh John Mannion. Ní mór dom Allan Dwyer, Aly O'Brien, nach maireann, agus Mícheál Ó Baoill a lua freisin a threoraigh mé go fial agus mé i mBaile Sheáin.

Gabhaim buíochas freisin le hÉamonn Ó Dónaill, a chuir comhairle is deiseanna fostaíochta ar fáil, le mo thuismitheoirí agus leis an Dr. Katerina García a thug idir thacaíocht is chomhbhá dom ar feadh an achair.

Faoi dheireadh, ní fhéadfainn an taighde a dhéanamh murach dea-thoil fhoireann na leabharlann éagsúil (idir ghnáthleabharlanna agus leabharlanna lámhscríbhinní) in Acadamh Ríoga na hÉireann, sa Leabharlann Náisiúnta, i gColáiste na Tríonóide, in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, agus in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh.

ACHOIMRE

Is é a chuireas romham sa tráchtas seo ná eagrán den dán *Eachtra Ghiolla an Amaráin*, le Donncha Rua Mac Conmara, a chur ar fáil. Seo dán a scríobhadh i lár an ochtú céad déag, a chuireann síos ar ‘eachtra’ a tharla don fhile agus é ag taisteal ar an bhfarraige, síos go dtí an Domhan Íochtarach, agus ar ais abhaile. Feictear traidisiún na haislinge, agus tionchar Virgil go háirithe, sa mhéid sin.

Is i leabharlanna lámhscríbhinní a rinneas formhór mo chuid taighde. Rinneas na leaganacha ar fad den dán a d’aimsíos a thrasríobh agus a scagadh ar bhonn comparáideach. Ón gcuardach seo, tháinig ar chóip a scríobh an file féin, M 85-86 i Má Nuad, agus is ar an gcóip seo atá eagrán an tráchtais bunaithe. Ó lámhscríbhinn go heagrán, próiseas mionchúiseach atá ann. Ón trasríobh, thosnaíos ar an eagarthóireacht théacsúil. Chuige sin, chuireas modh eagarthóireachta soiléir, leanúnach i bhfeidhm. Is é an t-eagrán toradh mo shaothair agus maighdeog an tráchtais – leagan curtha in eagar de théacs iomlán na lámhscríbhinne, taighde cuimsitheach nach raibh déanta ar an dán go dtí seo, sa tslí gur féidir a rá gurb é an leagan is iontaofa agus is cuimsithí den dán go dtí seo. Úsáidim coinbhinsin litrithe an lae inniu don eagrán, nós scoláireachta atá i réim ó na cnuasaigh *Nua-dhuanaire* i leith. Ní hionann sin is a rá go gceilim canúint an údair, mar is é riachtanais na meadarachta i gcónaí a shocraíonn aon eagrú atá le déanamh.

Anuas air sin, tugaim eolas ar na cóipeanna eile ar fad den dán le léargas níos fairsinge a nochtadh ar stair an téacs agus ar an bhforbairt a tháinig air le himeacht aimsire. Tá patrúin chóipeála shuntasacha ag baint le stair théacs an dáin; aithním dhá mhórghluaiseacht, agus tugaim **A** agus **B** orthu siúd. Tugaim cuntas leis ar na heagrán eile den dán a rinneadh idir 1853 agus 1933.

Fairis sin, pléim gnéithe suntasacha de Ghaeilge an údair sna Nótaí Teanga, agus dírim ar fhóineolaíocht agus ar dheilbhíocht na teanga go háirithe. Tá nótaí

mínte agam ar an eagrán le léas a thabhairt ar chomhthéacs staire agus liteartha an dáin chomh maith le frásaí agus focail dheacra a léirmhíniú, agus tá aistriúchán dílis litriúil ar an eagrán sa tráchtas freisin. Scagaim meadaracht an dáin, agus rianaím stair na meadarachta aiceanta i bhfilíocht na Gaeilge. Tá liosta ag deireadh an tráchtais de na hainmneacha agus na háiteanna a luaitear sa dán, chomh maith le liosta d'fhocail shuntasacha.

Is beag an t-eolas atá againn ar bheatha an fhile. Mar gheall ar theirce na bhfoinsí, ní héasca fianaise théagartha a aimsiú agus, ar an mbonn sin, braithim den chuid is mó ar a bhfuil léite agam féin sna lámhscríbhinní nó, ar uairibh, ar ar cuireadh i gcló ó 1820 i leith, nuair a mheasaim go bhfuil dóthain fianaise le háiteamh an údair. Is cosúil gur rugadh Donncha Rua thart ar 1715. Luaitear ina thaobh gur saolaíodh i gContae an Chláir é agus go bhfuair sé a chuid oideachais sa Róimh. Tá fianaise láidir sna lámhscríbhinní gur chaith sé cuid mhaith dá shaol i bPort Láirge, cé nach féidir a bheith cinnte faoi cathain a chuir sé faoi sa chontae. Pléim tagairtí do Thalamh an Éisc ina chuid filíochta chomh maith, agus pléim tuairimí na scríobhaithe comhaimseartha a chuir ar pháir gur chaith sé seal ar an oileán sin.

I mbeagán focal, táim ag soláthar téacs chriticiúil a sheasfaidh mar an leagan is údarásaí den dán go dtí seo, agus cuirim comhthéacs teanga, liteartha agus staire ar fáil sa chaoi go bhféadfadh scoláirí litríochta agus staire dul i ngleic leis an dán amach anseo.

AN CLÁR

Dearbhuithe	2
Buíochas	3
Achoimre	5
An Clár	7
Caibidil	
1. Scéal na hEachtra agus Beatha Dhonncha Rua	9
2. Eolas ar na Lámhscríbhinní	42
Eagráin eile	76
3. Nótaí Teanga	80
4. An Mheadaracht	115
5. An Modh Eagarthóireachta	124
6. An tEagrán agus an tAistriúchán	141
7. Nótaí ar an Téacs	159

8.	Leagan Dioplamáideach den <i>Eachtra</i>	220
9.	Leabhreolas	233
10.	Innéacs Focal agus Ainmneacha	251

SCÉAL NA hEACHTRA AGUS BEATHA DHONNCHA RUA MHIC

CONMARA

Achoimre ar an dán

Sula dtosnaím le saol an fhile féin, is dóigh liom go mb'fhiú go mór achoimre a thabhairt ar ábhair an dáin *Eachtra Ghiolla an Amaráin*, a thabharfadh comhthéacs níos fearr dá bhfuil le rá agam ina thaobh. Is beag léirmheastóireachta atá déanta ar an dán, cé gur ábhar suntais é do mhórán mar aiste:

Rud ar leithligh is eadh “Eachtra Ghiolla an Amarráin”. Níl éin ní cosmhail leis i bhfilidheacht na nua-Ghaedhilge. ... Tá dhá roinn san Eachtra. San chéad “roinn” tugann Donnchadh cuntas cruinn fírinneach (do réir deallramh) ar a imtheacht ó Éirinn go Talamh an Éisc. San dara roinn sgaoileann sé le n-a shamhlaidheacht. Bíonn aisling (leath-mhagaidh) aige, agus eachtra eile ina dhiaidh sin. Níl éan dlúthbhaint ag an aisling leis an eachtra a leanann é. (Béaslaí 1934, 153).

Fís atá san eachtra ... ach tá an file féin ann. Thug sé dúinn a charachtar i línte móra. Chuir sé isteach seal tamaill le filidheacht, seal le múinteoireacht, seal ag réidhteach le imtheacht, seal ina mhairnéalach, seal ina throdaidhe. Bheir sé cunntas ar gach seal aca; bheir sé a bharamhail ar gach ceann aca gan é féin a spáráil; agus i rith an ama tá an chuideachta is an sult i mbun is i mbarr gach líne (Ó Raithbheartaigh 1932, 216).

Caoineann Donncha Rua cás na hÉireann go han-tapaidh, ach seachas scéal mór a dhéanamh de (rud a d'fhéadfadh sé dhéanamh dá mba mhian leis, mar a deir sé linn), cinneann sé ar scéal chúrsaí a shaoil féin a insint. Dar leis go mb'fhearr dul thar lear ar thóir na heachtra ná mar a bheith ‘*ag múnadh sgoile ... go mb'fholamh an cheird sin*’, agus téann sé go Port Láirge, áit a bhfanann sé cúpla lá, sula n-éiríonn leis fáil ar bord loinge ón bPasáiste go Sasana Nua (cé gur dócha gur Talamh an Éisc a bheadh i gceist). Buailtear breoite le tinneas farraige foireann na loinge ar fad, é féin ina measc, agus deir sé go mb'fhearr leis bheith thar n-ais in Éirinn ar ór an domhain (agus tagairtí clasaiceacha agus comhaimseartha don saibhreas aige). Gan choinne, áfach, tagann bandia na Mumhan, Aoibheall na Carraige Léithe, i láthair chuige. Beireann sí greim air agus téann siad beirt síos go dtí an Domhan Íochtarach. Tá an

chéad chuid eile den dán bunaithe ar leabhar VI den *Aeneid* le Virgil, nuair a théann Aeinéas síos leis an tSibille chun bualadh lena athair den uair dheireanach. Seachas Charon, is é Conán mac Mórna atá mar fhear farantóireachta trasna na habhann agus tá sé mar threoraí acu sa Domhan Íochtarach. Taispeánann sé na scríbhneoirí agus na laochra móra clasaiceacha ó Hector go hÓibhid. Buaileann siad le Fionn ann, agus i bhfoirm tairngreachta, luann Conán go dtiocfaidh an Stíobhartach ar ais i réim arís agus go gcloífear lucht leanúna Cailbhin, Liútair agus Anraí.

Ansin, dúisíonn Donncha Rua, agus tá sé ar ais ar an long, sínte ina chnap. Go tobann, cloiseann sé fothrom fíochmhar agus cad atá ann ach frigate Francach ag ionsaí na loinge le hurchair. Déantar cuid mhaith dochair don long agus ní mór dóibh filleadh abhaile agus faoiseamh mór ar an bhfile dá dheasca. Geallann sé ar deireadh nach mbeidh deifir air an fód dúchais a thréigeant arís, ach amháin má chuirtear iachall, nó fiú iallach air, ‘i loing fad mhairfead ní rachad má fhéadaim, mara raghainn le bata nó ceangailte ar théada’.

Eagarthóirí an dáin

(gheofar eolas ar na heagráin i gcaibidil na lámhscríbhinní)

Standish Hayes O'Grady

Rugadh i Luimneach é sa bhliain 1832, de chlann uasal, agus is sa cheantar máguaird a d'fhoghlaim sé a chuid Gaeilge. Fuair sé a chuid oideachais i Rugby, Sasana, agus i gColáiste na Tríonóide. Fad is a bhí sé mar mhac léinn ollscoile, chuir sé *The Adventures of Donnchadh Rua Mac Con Mara* in eagar sa bhliain 1853, an bhliain chéanna a raibh sé ar dhuine de na daoine a bhunaigh an Ossianic Society. B'shin léiriú ar a shuim san ársaíocht, fear a bhí mór le John O'Donovan (Seán Ó Donnabháin), agus Seán Ó Dálaigh¹ i measc daoine eile ag an am. Chaith sé dua ar feadh a shaoil le léann na lámhscríbhinní Gaeilge. (*Beathaisnéis II* 107-10), *Irish Bio.* 505-6).

Seaghan Pléimeann

Múinteoir, eagarthóir, iriseoir. Rugadh é i gCarraig na Siúire sa bhliain 1814. Ina eagarthóir ar *Irisleabhar na Gaedhilge* ó 1884-91, agus scríobh sé aistí iomadúla dóibh, agus cinn ar shaol agus ar shaothar Dhonncha Rua ina measc. Aindrias Ó Loinsigh, fear a raibh aithne aige ar Dhonncha Rua agus ar Thadhg Gaelach, a thug eolas dó ar litríocht na Gaeilge i dtosach. Bhí Gaeilge, Laidin agus Béarla ar a thoil aige, agus bhíodh sé ag scríobh ceachtanna Gaeilge d'irisí éagsúla saor in aisce. Chaith sé a sheanaois ag obair ar fhoclóir Gaeilge don Acadamh Ríoga i mBaile Átha Cliath. Ba ón bPléimeannach a fuair O'Grady agus Seán Ó Dálaigh formhór a n-eolais ar Dhonncha. (*Beathaisnéis I* 73-4, *Irish Bio* 152-3).

Tomás Ó Flannghaile

Rugadh é i gContae Mhaigh Eo sa bhliain 1846. I Sasana a chaith sé formhór a shaoil, agus é sna Fíníní lena athair agus é i Manchain. Bhí sé ag múineadh Béarla agus Laidine ar fud Shasana ar feadh a shaoil, ach chaith sé mórchuid a chuid dua leis an nGaeilge, á múineadh agus á scríobh. Bhí sé ar dhuine de na daoine a bhunaigh an Irish Texts Society sa bhliain 1898, bliain i ndiaidh dó *Eachtra Ghiolla an Amarráin* a chur i gcló. (*Beathaisnéis I*, 71-3, *Irish Bio.* 1006-7).

¹ Foilsitheoir, díoltóir leabhar agus caomhnóir litríocht na Gaeilge. Rugadh i bPort Láirge sa bhliain 1800. Scríobh sé (Ó Dálaigh 1849, 7) gur bhuail sé le Donncha Rua sular cailleadh an file, más fíor dó. D'fhéadfaí é a áiteamh mar idirghabhálaí, óir scríobh sé eolas beathaisnéiseach ar an bhfile agus chabhraigh sé le O'Grady agus phléigh sé an file le Seán Pléimeann. Bhreac sé cóipeanna den *Eachtra* agus de dhánta eile Dhonncha, i lámhscríbhinní éagsúla, féach 47, 48, 50, 54, 55. Féach *Beathaisnéis VI* 98-100, agus Ó Drisceoil (2007).

Risteard Ó Foghludha

Múinteoir, eagarthóir agus iriseoir. Rugadh é in oirthear Chorcaí sa bhliain 1871. Bhí sé ag obair don *Freeman's Journal* go déanach sa naoú céad déag, agus bhí sé ar dhuine de na daoine a bhunaigh Craobh an Chéitinnigh i 1901. Bhí sé mór leis an Duinníneach ar feadh tamaill, agus gabhadh buíochas le Ó Foghludha sa chéad eagrán den fhoclóir a cuireadh i gcló sa bhliain 1904, cé gur éirigh eatarthu ar ball. Ina dhiaidh sin, chuir sé saothar an-chuid filí Muimhneacha in eagar, Merriman, Eoghan Rua, Seán Clárach, filí na Máigh agus, dar ndóigh, Donncha Rua, ina measc. (Beathaisnéis I, 1986 73-4, *Irish Bio* 478-9).

Pól Breathnach

Sagart, léachtóir, agus eagarthóir. Rugadh é sa bhliain 1885 san Iarmhí. D'fhreastal sé ar Choláiste Phádraig, Maigh Nuad. Scoláire Laidine, staire agus Gaeilge ab ea é. Bhí sé ina shaineolaí ar logainmneacha na hÉireann agus ar léann na lámhscríbhnní Gaeilge. Is mór an méid obair eagarthóireachta a rinne sé, ar théacsanna ó ré na meánaoise i leith. (Beathaisnéis I 25-7, *Bio* 755-6).

Aistriúcháin

Tá na haistriúcháin Bhéarla is luaithe den dán sna lámhscríbhinní.

* Leabharlann Náisiúnta G 357 35-60.

Seo lámhscríbhinn 30, féach **Eolas ar na lámhscríbhinní**.

“Giolla an Amurráin / Iarna chur a ndán le Doncha Mhacnamara 1745” agus scríofa i mBéarla taobh leis: Skill’d am I to unfold the tale or song.

* Acadamh Ríoga na hÉireann 24 E 26

Leagan Béarla amháin atá ann. Ní fios cé a scríobh (‘JS’ atá sa lámhscríbhinn, a luaitear ina taobh sa chatalóg gur sa naoú haois déag a breacadh í), ná cén áit, ach ba le James Hardiman (1782-1855) í. Ar leathanach 57 den ls tá: ‘The Adventures of the Calamitous Fellow’, a thosaíonn: ‘I would serve up a story for my neighbours on any subject, agus ansin, cuid II (lch 63i den ls), ‘Henceforth hearken till I tell you a story’. 328 líne atá ann ar fad.

* I gcló tá an chéad iarracht ó pheann Standish Hayes O’Grady sa bhliain 1853.

Seo mar a mheáigh Robert Welch fiúntas na hiarrachta:

O’Grady’s translation... is closely linked to the Irish text. O’Grady’s rendering takes considerable trouble to represent the content of the Irish, and further, his version succeeds in conveying much of the spirit of Mac Conmara’s original. Welch (1988, 138).

* Ansin, Tomás Ó Flannghaile a d’aistrigh, in *Irisleabhar na Gaeilge* ar dtús, cuid I in uimhir 19, i mí Iúil 1884, agus cuid II i mí Lúnasa. Cé gur le Pléimeann an t-eagrán Gaeilge, deir Ó Flannghaile linn (ar lch xiv) gurb é féin a d’aistrigh.

* Ansin, Percy Arland Ussher sa bhliain 1927, maille le haistriúchán de Cúirt an Mheánoiche ‘The Midnight Court and The Adventures of Luckless Fellow’. Sa réamhrá a scríobh Yeats, ní luann sé ach an méid seo faoi Dhonncha Rua, méid nach moltach:

Mac Conmara, or Macnamara, though his poem is of historical importance, does not interest me so much. He knew Irish and Latin only, knew nothing of

his own age, saw vividly but could not reflect upon what he saw, and so remained an amusing provincial figure (Ussher 1927, 12).

Is léir go bhfuil an t-aistriúchán seo bunaithe ar an leagan ag Ó Flannghaile, agus fiú tá an teideal Béarla céanna aige mar aistriúchán ar Eachtra Ghiolla an Amaráin.

*** Críostóir Ó Floinn**

Irish Comic Poems, Mercier Press, 1995, 111-33

‘The adventure of misfortune’s minion’ a thug an scríbhneoir seo ar an dán sa bhliain 1995. Rinne sé taighde ar na heagráin a bhí i gcló, agus roghnaigh cóip Uí Fhoghludha.

My version is based on the text as given in the two editions by Risteard Ó Foghludha rather than on that of Tomás Ó Flannghaile which is longer by some eighty lines but less cohesive (Ó Floinn, 112).

Mar sin, tá 286 líne sa dán a chiallaíonn gur chaill sé na ceithre líne a ghearr Ó Foghludha amach ón gcóip lámhscríbhinne.

Dánta eile leis an bhfile

Más fíor don mhéid a cuireadh i gcló sna heagraín, bheadh 17 dán scríofa ag Donncha Rua, agus an *Eachtra* san áireamh; ina measc amhrán macarónach, dán Béarla agus ceann Laidine. Tá dhá dhán eile nár cuireadh i gcló, áfach. Maidir le cuid de na dánta, tá cóipeanna flúirseacha díobh ar fáil, ach níl ach cóip amhán ar fáil de chinn eile. Toisc nach tráchtas é seo faoi na dánta ar fad a chum sé, ní chuirim romham anseo ach eolas bunúsach a thabhairt faoi na dánta seo: mar shampla achoimre ar ábhar an dáin agus an chóip is luaithe de a d'éirigh liom aimsiú. Má tharlaíonn gur ábhar suime línte áirithe as, cuirim an t-eolas sin ar fáil. Tá cuid mhaith taighde le déanamh fós le teacht ar líon cóipeanna na ndánta eile, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh na deacrachtaí a thagann chun cinn le catalóg na Leabharlainne Náisiúnta. Fairis sin, tá fianaise ar chóipeanna de dhánta áirithe ó lár an naoú céad déag amach sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain, cuid acu nach bhfuil cláraithe go fóill.

* **As I was walking one evening fair**

I gcló ag Ó Flannghaile (95-7) agus Ó Foghludha (36).

An chóip is luaithe in **ARÉ 23 A 16** scríofa sa bhliain 1756.

Dán cáiliúil dátheangach. Tráchtar air fós i mórán leabhar. Féach, mar shampla, Diarmaid Ó Muirthe (1980, 127) agus Liam Mac Mathúna (2007, 194-5). Is léiriú é an dán ar dhánacht an fhile, agus ar a chlisteacht leis an dá theanga. Is suntasach a chumas sa Bhéarla, agus cruthaíonn an dán, sa mhéid is gur féidir é a rá, go raibh sé i dTalamh an Éisc. Is dán é ina bhfaightear dearcadh Seaicibíteach neamhbhalbh chomh maith.

* **Is mairg ghoirt i mBailte Chuire**

I gcló ag Ó Flannghaile (92-4) agus Ó Foghludha (39-40).

Seo dán a bhfuil an leagan is luaithe de ag Ó Fuartháin in lámhscríbhinn **8**: *Do chshéaghan o caitiosa Sagart an tSráidbhaile*. Seo an cur síos a fheictear ar an dán i lámhscríbhinn le 'Risard Paor' i gCnoc Buí, i Sliabh gCua freisin:

This poem was occasioned by Denis McNamara's coming one day to the House of the Reverend John Casey Parish Priest of Stradbally and

asking a drink the Housekeeper Brought a pint of beer but this not Sufficing Denis, he asked for more, the Priest then answered, and asked Denis where did he think he could find beer in such profusion as to satisfy the craving of every ubiquitous that came the way. Denis asked him where did his beer go, why says Father Casey if the fairies were obliged to come to visit us we would not be without beer drinkers whereupon Denis composed the above Satire on him the Salt of which may be perceived at first Sight (**ARÉ 23 L 5**, 49-50).

*** Eachtra Ghiolla an Amaráin**

Mar atá pléite agam áiteanna eile, luaitear 1745 mar dháta a chumtha, cé gur sa bhliain 1758 a bhfuil teacht ar an gcóip is luaithe.

*** Bánchnoic Éireann Óigh**

I gcló ag Ó Flannghaile (74-84) agus Ó Foghludha (31-2).

An chóip is luaithe: Ls 8.

Dán ar an imirce a bhain dó. Ceann de na dánta is liriciúla dá bhfuil againn sa Ghaeilge, agus an dán is cáiliúla dár chum sé. Tá sé pléite agam thíos ar leathanach 26.

*** Ar maidin inné bhí camadán scéil**

I gcló O'Grady 13-15, Ó Flannghaile (97-9), Ó Foghludha (37-8).

An chóip is luaithe: Ls 8

Seo dán a scríobh Donncha Rua agus é ar ais in Éirinn, mar gheall ar fhear ar a raibh aithne aige i dTalamh an Éisc, Aodh Ó Ceallaigh. Tá cur síos sa dán, ní hamháin ar iompar onóireach an fhir, ach ar ghnéithe de shaol oibre an oileáin.

*** Tuigim id thuireamh a Laighnigh**

ó lámhscríbhinn **M**, mar sin i lámh an fhile.

I gcló ag Ó Foghludha (41-2).

Seo cur síos Dhonncha féin ar an dán ó lch 466 de **M**, an chóip is luaithe: Teasdus tug *Donnchadh* duanógach *Macnamara ar thuireadh do rineadh le laighneach do Thiobóid Builtéar*.

*** Pas Dhonncha Rua**

I gcló Hayes O'Grady (7-11) ag Ó Flannghaile (99-104) agus Ó Foghludha (43-5).

Tá cóip an-luath den *Pas* aimsithe agam ón mbliain 1765 – **ARÉ 23 L 38**, a scríobh ‘Risteard Ó Muirrián’ i nDún Garbhán; féach leathanach 12: *Pass Ristaird Mac Gearailt*. Fairis sin, bhí cóip i seilbh Uí Ghráda, **Egerton 116**, ina bhfuil na línte *faeim’ láimh agus faeim shéala an dara lá fithchiod de mhí Márta an bhliadhain d’aois chríosa míle seacht gcéad agus naoi m-bliadhanna déag ar dóchad*. Luaitear sa Phas seo na háiteanna *Ceann Chriadháin* (= Ceann Chréadáin) agus *Oileán Uí Bhric* dhá áit in aice an chósta timpeall ar chathair Phort Láirge.

*** Eachtra Shéamais Grae**

Dán a scríobhadh roimh 1765, mar tá sé in **2**.

I gcló ag O Grady (46-8) Ó Flannghaile (92-4) agus Ó Foghludha (39-40).

Seo dán scigmhagúil a scríobh Donncha Rua mar gheall ar scoláire a bhí aige a seoladh amach le teastas uaidhsean, ach gur éirigh idir é féin agus sean-chailleach. Tá sé ar fáil sa lámhscríbhinn **ARÉ 23 L 38** agus is é an dara dán is iomadúla sna catalóga, le nach mór dhá scór cóip aimsithe agam.

*** Seo scéala tug danaid is deorán**

I gcló Ó Flannghaile (93-4), Ó Foghludha (33-5).

In **ARÉ 23 O 15**, an chóip is luaithe, tá dhá pháosa filíochta i ndiaidh a chéile: *An t-Athair Tomás Ó Griobhfa, don Athair Séamus Céitinn agus don Athair Seán Ó Moriain, air d-teacht o Árdmhóir* mar theideal ar an gcéad cheann, agus *Donnchadh Ruadh Cct do thaobh crónán na díse reamh-ráidhte do’n Atair Tomás Ó Griobhfa* mar fhreagra air (lgh 45-8).

*** A scafaire ghroidhe de phlandán**

i gcló Ó Foghludha (52-3).

An chóip is luaithe: **23 B 38** 1778-9

Dán grinn ar an ólachán a rinneadh le fear darb ainm Seán Breathnach ó Charraig na Siúire.

*** A éigse Bhanba an feasach díbh cúis mo bhróin**

i gcló Ó Foghludha (54).

An chóip is luaithe: Maigh Nuad, **M 9**, cóip ón naoú céad déag.

Caoineadh bréagach ar phátrún leis nach raibh marbh!

* **An gúta is an drioncaid**

i gcló Ó Foghludha (60-1), cé nár aimsíos an dán seo in aon lámhscríbhinn fós.

Dán grinn ar an iomarca ólacháin déanta ag cara agus pátrún leis.

* **Achainí Dhonncha Ruaidh**

i gcló Ó Flannghaile (105-7) Ó Foghludha (55-6), cé nár aimsíos an dán seo in aon lámhscríbhinn fós.

Donncha Rua ag iarraidh ar phátrún teacht i gcabhair air.

* **Ar bhás Dháth de Róiste**

I gcló Ó Foghludha (58).

An chóip is luaithe: **ARÉ 23 L 1**, seo an t-aon chóip atá aimsithe agam go fóill, ach ní fios cathain a scríobhadh. Caoineadh atá sa dán seo ar fhear áitiúil ó Choill Mhac Thomáis Fhinn.

* **Ní fheicfear mo dhroimse ag cur allais go reamhar**

i gcló Ó Flannghaile (107-8), níor aimsíos in aon lámhscríbhinn go fóill.

Léirítear anseo féith an ghrinn ann. Tá cur síos anseo ar shaol sócúlach an Phrotastúnaigh atá anois i ndán dó, tar éis dó a chreideamh a iompú, de réir dealraimh.

* **Aithrí Dhonncha Rua:**

I gcló Ó Foghludha (62-4).

An chóip is luaithe: **ARÉ 24 A 22**, 1818-24 *Duain na haithrighe donchadh mac na mara cct*

An file ag lorg maithiúnais ar a raibh déanta aige ar feadh a shaoil, cé go n-airítear roinnt searbhais agus grinn tríd.

* **Thaddeus Gadelicus**

I gcló: Ó Flannghaile (109-11).

An chóip is luaithe: **Manchain, Leabharlann John Rylands Ir 134** ón mbliain 1823/4, scríofa ag Tomás Ó hAitheirne.

Seo léiriú go raibh léann na Laidine air. Is ábhar suntais e go bhféadfadh sé dán mar seo, ar bhás an fhile Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin, a chumadh sa teanga sin agus é chomh críonna. Bheadh sé thart ar an gceithre scór fén am sin; cailleadh Taelach Gaelach sa bhliain 1795.

Dánta a chum an file nár foilsíodh sna heagraín

*** Aoir ar na sagartaibh**

Níor cuireadh an dán seo i gcló riamh. Tá taighde déanta ag Séamas de Barra air agus plé déanta ag Breandán Ó Buachalla air mar aoir ar an eaglais Chaitliceach in Éirinn. Féach, mar shampla, na línte

*Dá dtigeadh Peadar an t-apstal is Pól arís
go huireaspach ainnis, ag teagasc, mar d'ordaigh Críost,
bheadh mioscais is fala ag an Eaglais nua don dís,
gan fuip is capall agus spaga den ór is fíon. (Ó Buachalla 1997, 646-7, 720).*

Suimiúil go leor, níl teacht ar an dán seo ach i gcóip lámhscríbhíne amháin ar feadh m'eolais, sin **40. ARÉ 24 L 27**, agus ba é Tomás Ó hIcheada a scríobh sa bhliain 1832.

*** Cré ainchríostúil**

Níor chuir éinne de na heagarthóirí an dán seo i gcló, ar chúiseanna morálta, ba dhóigh leat. Féach, mar shampla, ar a ndúirt Pléimeann ina thaobh: 'Ní fiú an duan suarach so do bheith ar marthain' (Ó Flannghaile 1897, 25). Tá an obair sin déanta le cúpla bliain anuas, ag Liam Mac Peaircín (*Decies* 62, 89-94).

Féach mar shampla, na línte:

*I believe in Calvin John, and Martin,
whom is our very soul and heart in

and in our Lady Catherine Boren*

from whom we learn'd first our whoring.

[...]

May faithful Protestants, O Lord,

Hang all together with one accord! (Mac Peaircín 2006, 90-1).

Ar ndóigh, léiriú eile is ea é seo ar líofacht agus ar chumas a chuid Béarla.

Beatha an fhile

Tá tuairimí éagsúla fé bheatha an fhile, ach tá an fhianaise tanaí go maith go minic, mar is fíor do fhilí na tréimhse sin ar fad. Le go dtuigfí an leagan de scéal a bheatha a bhí coitianta i measc an phobail, tugaim anseo uaim cuntas gearr ar Dhonncha Rua ó léirmheastóir amháin:

Rugadh Donnchadh Ruadh i gCreatalaigh i gConndae an Chláir, ach do chuir sé fé ins na Déisibh agus é óg agus is ann a chaith sé a shaoghal a fhaid is a bhí sé in Éirinn... Pé ar domhan de, thug Donnchadh Ruadh aghaidh ar na Déisibh agus é óg. Do bhí sé ag múineadh sgoile ar Shliabh gCua san bhliadhain 1740. Nil eolus deimhin againn cá bhfuair sé a sgolaidheacht. Deirtear gurbh adhbhar sagairt ab eadh é agus gur chaith sé sealad san Róimh ag déanamh léighinn. Pé sgéal é, is follus ó n-a sgríbhinnibh féin go raibh cruinn-eolas aige ar an Laidin, agus ar litridheacht na Laidine.

Is follus gur dhuine canncarach é nár réidhtigh le n-a chomharsanaibh, agus gurbh fhear guagach neamshocair é leis. Is géarr d'fhanadh sé i n-éan áit. Do bhí sé ag múineadh sgoileanna 'na lán áiteanna i[n]s na Déisibh agus sealad san Bharúnaigh i n-aice le hEochail. San bhliadhain 1745 d'imthigh sé thar sáile go dtí Talamh an Éisc agus chaith sé timcheall deich mbliadhan ann. Annsan d'fhill sé go hÉirinn. Timcheall an ama san, idir 1756 agus 1758, do cheap sé an saothar ba thábhachtaighe dá ndearna sé, sgéal nó eachtra fada i bhéarsaidheacht dár theidiol "Eachtra Ghiolla an Amarráin". Thosnuigh sé ar mhúineadh sgoile arís ach ní go ró-mhaith d'éirigh leis. Annsan d'iompuigh sé 'na Phrotastúnach d'fhonn post cléirigh d'fhagháil i dteampall Protastúnach. Fuair sé an post. ... Ní móide gurbh fhada choimeád sé an post. ... d'fhill sé ar a shean-chreideamh go luath.

I n-aindeoin an tsaoghail fhiadhain fhánaigh do chaith sé do mhair sé i bhfad, agus is follus go raibh a mheabhair chinn go láidir agus é aosta, mar cheap sé marbhna breágh Laidine ar Thadhg Gaedhealach agus ceithre fichid de bhliadhantaibh slán aige. Do cailleadh é san bhliadhain 1810 (Béasláir 1934, 147-9).

Toisc nach tráchtas é seo faoi na leaganacha is fearr nó is iontaofa de gach aon dán a chum Donncha Rua, bead ag baint úsáide as cuid de na dánta eile anseo i leith

sonraí saoil an fhile agus dátaí. Ta dánta áirithe a nascann an file go cinnte le háiteanna éagsúla ar feadh an chuid eile dá shaol.

Tús a shaoil

Dar lena chéad eagarthóir, Standish Hayes O'Grady, rugadh Donncha Rua sa bhliain 1709, ach is ar éigean atá an ceart aige. Ta fógra báis an fhile sa *Freeman's Journal* ar an 5ú lá de mhí na Samhna 1810, a fhágfadh go raibh sé bliain is céad nuair a cailleadh é, más fíor. Ghlac an nuachtán leis, maille le formhór na dtráchtairí eile, gur sa bhliain 1715 a saolaíodh é, mar gur scríobhadh san alt go raibh sé cúig bliana is nócha d'aois. Pé scéal, tá cuma níos dealraithe air sin ná mar atá ar an gcéad dáta ag Ó Gráda.

Scríobhtar nach mór i gcónaí gur rugadh Donncha Rua sa Chreatalach i gContae an Chláir. Níl aon chruthúnas agam gur Cláiríneach a bhí ann (féach go scríobhann Edward O'Reilly, sa chéad bhlúire bheathaisnéisúil foilsithe ar an bhfile, gurb as Port Láirge dó ó dhúchas (O'Reilly 1820, ccxxxi)), cé go luaitear an Chreatalach in oirthear Chontae an Chláir leis go rialta mar áit dhúchais.

Fianaise éigin is ea an sloinne a bhí air, ar ndóigh, óir más rud é nár rugadh i measc mhuintir Mhic Conmara é, is as Contae an Chláir iad ó dhúchas: 'The most important of the sept of the Dál gCais after the O'Briens, to whom they were marshals' (Mac Lysaght 1991a, 232). In *Irish Families*, luann Mac Lysaght Donncha, agus glacann sé leis mar fhear as Contae an Chláir:

In Co. Clare, the homeland of the MacNamaras, the name is very numerous... After a period of obscurity they emerged into fame or notoriety in the eighteenth century. [DR] was born at Cratloe in East Clare, educated as a priest, expelled, led a wild life, and is one of the best known of the Gaelic poets (Mac Lysaght 1991b, 135, agus féach, leis, Nugent (2007, 222-3).

Tá sé pléite ag scríbhneoirí eile go raibh nasc stairiúil idir Contae Phort Láirge agus Contae an Chláir maidir le haistriú idir an dá áit. Féach, mar shampla, ar a bhfuil le rá ag an Athair de Paor, fear a raibh an-chuid taighde déanta aige ar a chontae féin agus cúpla leabhar foilsithe aige ar Phort Láirge:

Connection of the MacNamaras with Waterford may, in its turn, be traceable to the transplantation under Cromwell of Waterford Powers to Clare, close to the country of the Mac Namaras with which family the transplanted Waterford gentry formed alliances by marriage and otherwise. (Power, *Donnchadh Ruadh MacNamara*. [níl uimhreacha ar na leathanaigh sa phaimfléad seo]).

I staidéar cuimsitheach ar dheisceart Chill Chainnigh agus ar thuaisceart Phort Láirge, thug Eoghan Ó Néill faoi deara flúirseacht na lámhscríbhinní Gaeilge a breacadh ann, agus bhraith sé tionchar an Chláir ar an scéal:

Tá na filí móra go léir ann ach an rud is suntasaí faoi ná an oiread sin spéise a cuireadh i saothar fhilí an Chláir sa dúiche seo ... Bhí roinnt mhaith máistrí scoile ón gClár sa cheantar – ní gá ach Donncha Rua Mac Conmara agus Pádraig Ó Loingsigh a lua, agus seans go raibh tionchar mór acu siúd. (Eoghan Ó Néill 1988, 70).

Tagairtí don ‘bhaile’?

Tá tagairtí, nó leideanna dúinn ina chuid filíochta ach iad a aithint. Díol suime is ea é go nochtar Aoibheall don fhile sa dán *Eachtra Ghiolla an Amaráin*, agus go bhfeictear Aoibheall agus Áine sa dán a scríobh sé do Shéamas Duckett fiche éigin bliain níos déanaí ina shaol: *gur léir dam i néallaibh na hoíche / chugham go dtáinig Áine is Aoibheall / Níor bh'iongnadh me leó gan fód mo shinnsear* (Ó Foghludha 1933, 55); bandéithe, nó síoga, más mian leat, arb as an taobh eile de Chúige Muman dóibh; An Charraig Liath i gContae an Chláir, agus Cnoc Áine i Luimneach. Deir Aoibheall leis san *Eachtra* chomh maith go bhfuil radharcanna iontais i ndán dó má thoilíonn sé dul léi: ‘radharc ná fuair fir Thuamhan is léir go / bhfaghairse uaimse is luadh do shaothair’ (153-4).

Measann Ó Foghludha gur i Luimneach a fuair sé a chuid léinn agus tugann sé uaidh dhá líne filíochta in *Eachtra Ghiolla an Amaráin* mar fhianaise go raibh an file ann: ‘Nó i Luimneach na gcuirim fos Sionainn na gcaolbharc / Áit ar shloigeas go minic na pionta mo dhaethin’ (Ó Foghludha 1933, 9). Tá an chéad líne den leathrann sin le feiceáil i dtradisiún A₃, ach ní fhaca mé an dara líne in aon lámhscríbhinn, ná níor chuir Ó Foghludha na línte sin ina eagrán féin. Feictear chomh maith, sa líne díreach roimhe sin, *nó insa gCreatlach mar a gcleachtaid mo ghaolta*, cé nach bhfuil

fáil agam uirthi in aon chóip sular cailleadh an file. Bheadh seans ann, mar sin féin, gur chuir sé féin an líne leis an dán roimh dheireadh a shaoil.

Donncha Rua agus an Róimh

Den chuid is mó, tráchtar ar an Róimh mar an áit a raibh Donncha Rua lonnaithe mar mhac léinn i gColáiste Éireannach (cé go luaitear Salamanca freisin²), ach ar ndóigh toisc nach bhfuil a fhios agam an mbeadh sé ina chléireach rialta nó ina ghnáthchléireach tá sé níos deacra fós an scéal a chinntiú. Deir formhór na scríbhneoirí gur caitheadh amach é de bharr a chuid mí-iompair, “for he had already been five years at the college when we find him expelled for some youthful exploit...” (O’Grady 1853, 4), ‘... ruaigeadh as an árdscóil san Róimh é, agus do thriall sé ar ais ar Phort Láirge’ (Pléimeann in Ó Flannghaile 1897, 2); ach ní gá gurb amhlaidh a bhí. Is féidir bheith nach mór cinnte nár oirníodh mar shagart é, mar bheadh taifead ann, faoi mar a dúirt an Coláiste Éireannach liom i gcomhfhreagras pearsanta. Más fíor mar scéal é, chruthódh sé go raibh pé acu tuismitheoirí sách saibhir nó pátrún aige len é a chur sall (féach Ó Flannghaile 1897, 1), mar shampla).

Tar éis dom roinnt tochailte a dhéanamh níor tháinig ar aon rian de Dhonncha Rua sna ceithre choláiste Éireannacha sa Róimh – gan an Coláiste Éireannach san áireamh bhí coláistí ag na Proinsiasaigh, ag na hAgaistínigh agus ag na Doiminicigh (Fenning 1972, 1975, 1976; Hanly 1964, Kearns 1955, Martin 1955 agus Millett 1985). Tá trácht ar chúigear Mac Namara (Fenning, 1996), ach níl Donncha Rua ann, agus gan éinne den chúigear ag freagairt dá thréimhse ach an oiread – dá mba rud go raibh sé ann, is dócha go mbeadh am éigin sna 1730í-40í i gceist nuair a chuirtear a dháta breithe san áireamh: ‘Their average age was high (above twenty years of age)...’ (Fenning 1972, 1).

Tuigtear anois, áfach, nár fhan tuilleadh is leath de na mic léinn sna Coláistí le céimeanna a bhaint amach, agus gan amhras agus muid ag trácht ar an ochtú céad déag, is beag tuairisc ná oireas eile a mhaireann den tréimhse. Chuaigh cuid mhaith fear óg that lear chun oideachas a fháil gan aon rún acu dul le sagartóireacht sa deireadh thiar. Tá an líne: *nó fairis an sagart thug teagasc go séimh dhom* (131) luaite aige sa dán *Eachtra Ghiolla an Amaráin*, a thabharfadh le tuiscint, b’fhéidir, go bhfuair sé oideachas sa tír seo mar ullmhú don oideachas triú leibhéil thar lear:

² Rinne dornán beag scríbhneoirí trácht ar Salamanca, ach tar éis dom cuardach a dhéanamh ar stair an Choláiste san áit, (Whelan Richardson 1995 agus O’Doherty 1915), níor aimsíos aon tagairt do Dhonncha Rua iontu.

They received priestly ordination at home and *then* went abroad to study philosophy and theology without the advantage of a proper classical formation, and at an age when they were no longer amenable to discipline (Fenning 1972, 1).

Mhair sé i mbéalaibh daoine go raibh sé sa Róimh. Tá dán tagtha anuas chugainn ón mbéaloideas a chum Donncha Rua féin de réir an traidisiúin, cé nach bhfuil teacht ar leagan de i lámhscríbhinn: ‘Ní fhaca mé riabh an píosa filidheachta san i gcló cé gur airigh mé ag na seandaoine go mion minic é’ (Ní Chrotaigh 2003, 142):

*Nuair a chualadh-sa go dtí an Róimh
Mar a deintear na sagairt díobh,
Dífhiosruigheadar-sa díom,
Raibh aon chailín sa bhaile agam,
Dubhairt mé, a’s ba bhréag dom,
Im’ shaoghal riamh nár bhacas leo,
Is gurab í Máire an Chúil Chnocánach
Bhí mo chrádchaint go gcasfainn chúiche (ibid., 142).*

Cé nach cruthúnas dá laghad é go raibh sé ann, tá sé suimiúil go luann Donncha Rua an Róimh cúpla babhta ina chuid filíochta. Suimiúil go leor, níl aon tagairt aige ina chuid filíochta d’aon chathair Eorpach seachas don Róimh amháin. Tá dán amháin a leagann Fiachra Éilgheach ar Dhonncha Rua:

*A éigse bhanbha, ní feasach díbh cúis mo bhróin
Sceul do thug masla, thug screadadh san Mhumhain as gleo
Thug cliar gan laga ar bith ag agallamh as úird na Rómha
An cléireach calma marbh gan lúth fá’n bhfód (Ó Foghludha 1933, 54).*

Fairis sin, tá dán eile leis, sa lámhscríbhinn RIA **23 O 15**:

*Dob’ éidir má mhaireann se beo um Cháisg
go n-danfamaois Easbog de Thomás ...
Chomh naomhtha le h-Easbol na h-Éireann do thaisdil
tar Thetis dár d-teagasg ó’n Róimh árd.*

Pé áit a fuair sé a chuid oideachais iomlán, is léir go raibh sé léannta i litríocht chlasaiceach na Laidine. Ní gá ach *Eachtra Ghiolla an Amaráin* a léamh chun é sin a thuiscint. Ní hamháin go bhfuil neart tagairtí clasaiceacha sa dán, ach múnlaíonn an file an dara cuid den dán ar chaoi a bhfreagraíonn do leabhar VI ón *Aeneid* le Virgil, agus is macalla díreach cuid de na línte ar línte Virgil. Fairis sin, scríobh sé dán as Laidin in ómós do Thadhg Gaelach Ó Súilleabháin nuair a cailleadh é; bhí sé féin thart ar 80 bliain d’aois ag an am. Tuigim chomh maith go bhféadfaí a rá gur in Éirinn amháin a fuair sé a chuid léinn – cé go bhfuair Tadhg Gaelach, file comhaimseartha, a chuid oideachais san Fhrainc (féach an bunachar sa taispeántas ar na Gaeil san Eoraip sa Leabharlann Náisiúnta, ina luaitear ‘Thadaeus O’Sullivan, Diocese of Cork and Ross’, agus na blianta 1741 agus 1745 lena a ainm luaite le Toulouse, áit ar bhain sé máistreacht amach), ach níl aon tagairt ag Donncha Rua don oideachas thar lear sna dánta. Dar le Ó Foghludha, mar shampla, d’fhéadfadh sé a chuid léinn a fháil gan imeacht riamh go dtí an Mór-Roinn, agus luann sé Seán Clárach mar fhile ar an dála céanna (Ó Foghludha 1933, 10). Measaim féin nach mbeidh fhios againn go cinnte go deo faoin gceist seo.

Donncha Rua i gContae Phort Láirge

Bíodh sé i gContae an Chláir, nó sa Róimh, nó ná bíodh, is i bPort Láirge a thagaimid ar fhianaise láidir maidir le Donncha Rua, cé nach féidir mórán dátaí a cheangal go cruinn leis. Ní hamháin go mbíonn tagairtí d'áiteanna éagsúla sa chontae sin ina chuid filíochta, ach is ann a breacadh an mhórchuid di, mar a fheictear sna lámhscríbhinní a mhaireann ina bhfuil a shaothar scaipthe. Tá an chosúlacht ar an scéal gur bhog sé ó áit go háit timpeall an chontae, is tá rian doshéanta fágtha ag an bhfile ar an taobh sin tíre. Is dóigh liom gur féidir a bheith réasúnta cinnte de gur ann a chaith sé formhór a shaoil, mar is anseo atá a chuid tagairtí d'áiteanna. Sa cheantar máguaird atá formhór mhór na gcóipeanna dá chuid filíochta breactha freisin.

*nó ar Shliabh geal gCua, rug bua na féile,
a' riar lucht duanta druadh 's a gcléirigh,
fara Uilliam Ó Móráin, fonnard léannta,
do chanfadh seandán os ceann chláir m'éaga. (133-6).*

Cathain a tháinig sé chun na háite seo? Ní fios go cinnte, ach is féidir a bheith réasúnta cinnte de gur ann a chaith sé formhór a shaoil i bhfianaise a bhfuil sna lámhscríbhinní agus scríofa faoi. De réir na n-eagarthóirí eile, tháinig sé am éigin idir 1738-40 (mar sin bheadh sé thart ar 33-35 bliain d'aois, más fíor) go *Sliabh gCua*, áit a bhí i bParóiste Sheisceanáin, ach atá i bParóiste Thuar an Fhíona anois. Cé go bhfuil cur síos ar an áit ag an Athair de Paor (1952, 168-9), is cuimsithí i bhfad eolas an Athar Cholmcille:

... we have sufficient documentary evidence to allow us to state with certainty that the ancient Sliabh Cua was not confined to the range of mountains now known as the Knockmealdowns... It included in fact the entire mountain mass stretching from the eastern boundaries of Co. Cork to mid-Waterford, comprising the Knockmealdown, Monavullagh and Comeragh mountains. The name Sliabh Gua was in all probability applied in the first instance to the elevated tract of moorland lying between and linking the mountain masses of the Knockmealdown and Comeragh ranges. From this area the name was extended eastwards and westwards until it finally embraced the entire mountainous tract that lies between the Araglen river on the borders of Cork, Waterford and Tipperary, and the river Mahon in the county of Waterford. This usage eventually died out, and at the present day the name Sliabh Gua is restricted to the comparatively small area between Clonmel and Dungarvan

comprised more or less in the united parishes of Seskinane and Lickoran with part of Kilronan and Modeligo (An tAthair Colmcille 1992,5).³

Ní fios conas a tharla go mbeadh cur amach ag Donncha Rua ar an áit seo, b'fhéidir nach raibh sé sásta dul abhaile toisc nár chríochnaigh sé a chúrsa sagartóireachta thar lear, nó seans díreach go raibh trácht ar chlú na háite i leith an léinn cloiste aige. Bhí cur amach cuimsitheach ag Seán Pléimeann ar stair na háite, agus seo mar a mheáigh sé féin an cheist:

Do bhí san am sin scoil chludhamhail laidne i gcóntae Phortláirge, ag Sliabh gCua, i bParáiste Sheisceanáin... Dob' fhéidir gur chualaidh Donnchadh san Róimh tásc na scoile úd, óir do thigidís ógánaigh as gach ionad in Éirinn go Sliabh g-Cua ag foghlaim... Is san scoil so mar an g-ceudna do fuair cliar an chúigídh – sagart agus dís no triúr easpog – léigheann nó gur chuadar tar lear ag foghlaim na diadhachta (Pléimeann in Ó Flannghaile 1897, 2-3).

Tá a fhios againn go raibh sé ansin – ar ndóigh, tá na línte thuas againn ón *Eachtra* féin a thugann eolas dúinn ar an meas agus ar an ngean a bhí ag an bhfile ar an áit, ach is cosúil ó chomhthéacs na línte sin nach ann a fuair sé a chuid léinn:

*nó fairis an sagart thug teagasc go séimh dhom,
is blaiseadh na leanna go fairsing gan éileamh,
nó ar Shliabh geal gCua... (131-3)*

Tugann an réamhfhocal *farra* le tuiscint go rabhadar beirt i dteannta a chéile in áit amháin, agus tugann an cónasc *nó* le tuiscint nárbh ionann an dá áit ar thug an sagart séimh teagasc dó agus an áit a raibh sé féin ag teagasc. Is cosúil ó chomhthéacs na línte roimh an tagairt sin do Shliabh gCua nach ann a fuair sé a chuid léinn: ‘nó fairis an sagart thug teagasc go séimh dhom, is blaiseadh na leanna go fairsing gan éileamh’, (131-2) nó ar Shliabh geal gCua...

Luann sé fear darb ainm Uilliam Ó Móráin san *Eachtra* chomh maith, agus is cinnte gur fear é sin a mhair ann le linn an ama chéanna. File agus múinteoir scoile a bhí ann. B'fhéidir go raibh Donncha Rua mar chúntóir scoile in éineacht leis an Uilliam Ó Móráin seo, agus cé nach féidir linn é sin a chruthú, tá a fhios againn go cinnte go raibh Donncha Rua ina mhúinteoir scoile (dá ainneoin féin, b'fhéidir) thart ar an am sin, a bhuíochas sin lena fhocail féin: *Ag múnadh scoile dob obair dom*

³ An tAthair Colmcille, ‘Where was Sliabh gCua?’ in *Decies* 46, Fómhar 1992, lgh 5-9, 5.

laethaibh, / 's a rún don phobal go mb'fholamh an cheird sin (11-12). Bhí an fhadhb chéanna ag Tomás Rua Ó Súilleabháin, mar a léiríonn na línte seo uaidh: 'I bPoll na nGeatairidhe 'seadh fuaires mo náire, Ag múineadh páistidhe ar rael sa ráithe' (Ó Fiannachta 1914, 22). Ba é an scéal céanna é ag iarmhac léinn de chuid Dhonncha a chuaigh leis an múinteoireacht chomh maith, agus a shínigh lámhscríbhinn **ARÉ 23 Q 8** (lch 456) sa bhliain 1777 mar seo: *labhrás ó fuartháin. Maighistir bocht sgoile a bportlách*. Ina theannta sin, deir Pléimeann linn gur mhúin Ó Fuartháin Gaeilge don mhúinteoir a bhí aige féin (Pléimeann 1884, 165).

Luaigh an file Corcaíoch Piaras Mac Gearailt Uilliam Ó Móráin i mbarántas a scríobh sé sa bhliain 1744 i lámhscríbhinn i Má Nuad, **M 58**. Ar leathanach 2 tá scríofa:

The following Irish summons and warrant was granted by Mr. Pierce Fitzgerald against William Moran on several informations given against O? Moran being Penal and Warrantable by the Laws and Statutes Enacted and Awarded in the Irish Parliament in the year of Our Lord 1744 . . . In nomine Sanctissime Trinitatis. Leath Moghadh. The Summons. Maile re Piaras McGearailt aon d'órd ollamhanta hardleith roimhraidhte chum Uilliam Uí Mhóráin sgoiloide ar Shliabh cCuadh, a cConntaodh Phortláirge. Ag so chugat a n-ainm an uird dá aithne dhuit bheith a bpearsainn dam láthair.

Feictear na línte seo ann ina dhiaidh:

Chum gach árd agus fochonnstábla ar feadh na leithe céadna, agus chum lucht a gconganta agus a gcabhartha. Do fuair mé áiteamh iomshlán go bhfuil i bhfaighir nó i bhfoirthe éigin ar Shliabh gCua scol-mhaighistir scaitheólach, darb ainm Uilliam Ó Móráin... agus fós gur maoidheadh go míchialldha leis an Uilliam Ó Móráin réamhráidhte gur fromtha, gur fáithighe, gur líomhtha, gur léire, is gur léir-dheasuighthe é féin i n-eólas, i n-iomais, i n-iomscaoileadh na n-adhmad, i n-ilcheárdaibh na n-ealadhan n-éagsamhail nÉireannach, ní hé amháin 'ná ceachtar de n-a shíodánachaibh amhra oirdhearca so, acht fós ná iad go huile...
...fá theorannaibh fairsinge Sléibhe slios-fhada sean gCua...

Tá an barántas sínithe; "Piaras Mc Gearailt Árd-Shirriam Leithe Moghadh". B'fhéidir gur ó Dhonncha Rua a fuair Mac Gearailt an 't-áiteamh' mar gheall ar Ó Móráin.

Maidir le tagairtí eile don Mhóránach seo, féach lámhscríbhinn **ARÉ 23 L 9**, ina bhfuil dán a thosnaíonn: *Is buan fada buairt ort a ghrá mo chliabh*, agus ag bun an leathanaigh tá scríofa: *Donnchadh Mhacnamara ⁊ Uilliam O Moran cct.* Féach, leis, **LS 8**, áit a bhfuil *Uilliam Ó Mobhráin do Chount Corbit* (lgh 67-8), *Aisling na hÉireann* (lgh 68-70), *Do dhearcas aréir is mé im aonar am luí* (lgh 71-2). Glacann ha heagarthóirí ar fad leis go raibh scríobhaí na lámhscríbhinne seo (**ls 8, De hÍde 18**), Labhrás Ó Fuartháin, mar mhac léinn ag Donncha Rua agus is cinnte go raibh oideachas air – shínigh Ó Fuartháin lámhscríbhinn **ARÉ 23 Q 8** sa bhliain 1777 mar a luaigh mé thuas. Tá an *Eachtra*, *Aodh Ó Ceallaigh*, *As I was walking*, *Bánchnoic*, *Eachtra Shéamais Grae*, *Is mairg ghoirt* agus *Cré Anachríostamhuil* in **8** chomh maith. Mar sin, níor dhóigh leat go leagfadh sé dánta ar an nduine mícheart, go háirithe agus Donncha Rua fós beo ag an am.

Tá fianaise eile againn go raibh lámhscríbhinní á scríobh sa cheantar sin thart ar lár na haoise, agus gach seans gur faoi thionchar Dhonncha a mhair léann na Gaeilge san áit. Féach, mar shampla, lámhscríbhinn **ARÉ 23 L 29** a bhfuil síniú uirthi, *Uilliam Criostumhar ó Shliabh gCuadh a contae Phortláirge 24 October 1767*.

Tá tagairt ag líne **33-4** den *Eachtra* do na Paoraigh: *Fiadhain ar ghlacas ó mhaithebsin Phaorach, A liacht beatha mionearra agus gréithre*.

Their territory proper, known popularly and later as Paoracha, or Powers' Country, extended only from the longitude of Tramore and Waterford city to the Comeragh mountains (Power 1937, 27).

Is é mo thuiscint féin ón dán gur sa taobh sin tíre a thosaigh Donncha Rua a thuras go cathair Phort Láirge. Seans, chomh maith, go raibh duine de na Paoraigh mar phátrún aige. Maidir le cúlra cumtha na h*Eachtra*, dar le scríbhneoir amháin gur chum Donncha Rua an dán nuair nach ndeachaigh sé thar lear toisc gur ól sé an t-airgead a tugadh dó don turas i gcathair Phort Láirge: 'On his return a Mr. Power, one of his patrons, humourously insisted on an account of his voyage. McNamara complied, and wrote a mock Aeneid, in which there are some lines by no means inferior to any of Virgil's' (O'Reilly 1820, ccxxxi).

Tá sé ráite ag Seán Pléimeann agus ag Risteard Ó Foghludha gur bhog sé ón gceantar mar gheall ar mhí-iompar – rinne sé aoir ar chailín agus dhóigh sise an scoil mar chúiteamh air – ach níl aon rian den aoir sin fós ar marthain sna lámhscríbhinní.

Mar sin féin, tá a fhios againn go raibh sé sa Bharúntacht in oirthuaisceart Chorcaí mar go ndeir sé go mbeadh luí i bhfad níos mó aige, seachas a bheith ar muir agus tinn:

ar bheith san mBarúnaigh 'om neartú idir Ghaelaibh, a' reic mo cheathrún 's a' smachtú mo thréada (129-130).

Mar sin, bhí sé ann agus ag múineadh, is léir, am éigin roimh chumadh an dáin, *Eachtra Ghiolla an Amaráin*. Faraor, níl fhios againn cár bhreac Donncha Rua an *Eachtra*, áfach, mar níl áit luaite sa lámhscríbhinn lena chuid siníthe.

Tagairtí do Thalamh an Éisc

Is suimiúil nach bhfuil aon tagairt san *Eachtra* do Thalamh an Éisc. Freagraíonn na hullmhúcháin don turas a bheadh ag fir óga an cheantair ach ní luaitear ach Sasana Nua mar cheann scríbe. Tar éis an tsaoil, níl sa dán ach cineál aislinge, nó ar a laghad ar bith, turas nach gcomhlíontar de bharr ionsaí mara. Mar sin féin, tá tagairtí eile do Thalamh an Éisc i bhfilíocht Dhonncha Rua.

Ó thaobh cúrsaí ama de, dá mba rud é go raibh sé ann, dhealródh sé gur am éigin idir an dáta leagtha ar an *Eachtra* (1745) agus an bhliain ar bhreac sé féin cóip den *Eachtra* sa bhliain 1758 a bhí i gceist.

Tá lámhscríbhinn **ARÉ 23 A** 16, 14-16, ón mbliain 1756 aimsithe agam le tagairt do Dhonncha Rua, agus is inti atá an dán macarónach *As I was walking one evening fair*. Seo lámhscríbhinn a scríobh scríobhaí anaithnid i gCluain, in oirthear Chorcaí. Tá 8 véarsaí ann. Tá “Newfoundland” luaite ann (‘Newfoundland is a fine plantation, It shall be my station ...’) agus sin an chéad tagairt dhíreach ag Donncha Rua don áit atá feicthe agam, rud a cheanglódh an file go soiléir leis an áit, agus féach an dara líne ‘me go déinach a mbaille cseaghain (.i. Baile Sheáin, St. John’s)’ ann chomh maith. Shamhlófa, dá bharr sin, go raibh sé ar ais in Éirinn faoin dtráth seo. Ba dhóigh leat gur scaipeadh agus gur scríobhadh an dán seo i lámhscríbhinn tar éis dó filleadh agus go mbeadh an dán i mbéal an phobail dá bharr sin.

Ní hé Harney amháin a ghlac leis go raibh sé ann, mar a léiríonn an méid a scríobh Amhlaoibh Ó Súilleabháin sa bhliain 1830: ‘Is dardalach dúr an aimsir ag eachtrannaigh Thalamh an Éisc é. Ní magadh ach dáiríre gur déirc len n-urmhór bheith sa bhaile nó i gcalafort éigin mar Ghiolla an Amaráin nó Dhonncha Rua Mac Con

Mara ...’ (de Bhaldráithe 1976, 65). Dar ndóigh, bhí cóip breactha ag Ó Súilleabháin den *Eachtra* nach mór scór bliain roimhe sin: **ARÉ 23 L 2** sa bhliain 1811, bliain i ndiaidh bhás Dhonncha, agus i gceantar ina raibh saothar Dhonncha breactha go fairsing (mar a luann Eoghan Ó Néill 1988, 70).

Tá dán eile a bhaineann leis an oileán, *Donchadh Ruadh do Aodh Ó Cealladh no fáilte Aodh ó Thalamh an Éisg* in lámhscríbhinní **8** agus **11**.⁴ Dar le Ó Foghludha, breacadh an dán seo ar phár sa bhliain 1756 chomh maith, agus cé nach féidir liom é sin a aimsiú i lámhscríbhinn timpeall an ama sin fós, is í an chéad tagairt d’áit darb ainm ‘Talamh an Éisc’ sa teanga Ghaeilge atá feicthe agam féin. Tá eolas cuimsitheach sa dán seo, ina bhfeictear cur amach an fhile ar an obair a bhain le saol an oileáin. Luaitear *Talamh an Éisg* i gcúig cinn de na sé véarsa sa dán, agus tugtar eolas dúinn faoi obair na hiascaireachta, ina bhfeictear cur amach an fhile ar an obair a bhain le saol an oileáin. Ní amháin sin, ach tá sainfhoclóir iascaireachta i mBéarla ann nach féidir teacht ar a bhrí cheart ach san *Newfoundland Dictionary of English* amháin; áirím focail mar *stage* agus *flake* nach raibh, de réir dealraimh, i gcaint na ndaoine in áit ar bith lasmuigh de Thalamh an Éisc, mar a léiríonn gnáthfhoclóirí agus foclóirí ar bhéarlagar na linne sin ó Shasana (Wright 1961, agus *OED*) agus ón tír seo.

Níos déanaí, i lámhscríbhinn **Rylands 134** a scríobh Tomás Ó hAitheirne, feictear dhá leagan den dán *Bánchnoic Aoibhinn Éireann*, agus an dá ráiteas seo aige: *an tan do bhídh Donchadh ruadh a talmh an éisg do canadh an laoi-si leis; slán beannocth Dhonchadh Mhacnamara chuinn na h-Éireann an uair do bhí se a n-oilean an eisg* (féach Ó Macháin, 2003, 2004). Ba mhúinteoir Gaeilge é an scríobhaí seo, agus ba sa Sráidbhaile i gContae Phort Láirge a bhreac sé an lámhscríbhinn. ‘During the last years of his life he [Donnchadh Ruadh] was a constant visitor at the house of the Clancys, gentlemen farmers, in old Kill, in the parish of Kill, county of Waterford. At this house too, Thomas Harney, of Stradbally, then a youth, was also a visitor ...’ (Pléimeann 1884, 202). In Cambridge Ls Additional 6558, (296.18) tá na línte seo scríofa ag O’Grady: ‘... These verses are addressed by Harney to Rody Clancy, a strong farmer, who used to extend great hospitality to the rhymers of the country. Donnchadh Ruadh lived with him some time, and afterwards Harney ...’ (de Brún, 1986).

⁴ Seo cur síos ar an dán le Standish Hayes O Grady: ‘Upon his return to Ireland, he found that the wags of the neighbourhood had excited raging jealousy in the bosom of a Mrs. O’Kelly, by representing to her that her husband Hugh (a native of Portlaw), who was engaged in the fisheries at Newfoundland, had consoled himself in his separation from her by taking to himself a helpmate of those damsels amongst whom his fortunes had cast him. Hugh O’Kelly had been a faithful friend and comrade to the poet in that distant land, the latter therefore owed it to him to clear his character at home (1853, 13).

Ar ais i bPort Láirge

Tráchtaim anseo ar na dánta ar cumadh iad i ndiaidh na *hEachtra*, dar liom, agus níos déanaí ná an tréimhse ina raibh sé i dTalamh an Éisc, de réir dealraimh. Admhaím, áfach, nach féidir liom mórán a rá go cinnte faoin tréimhse seo go dtí blianta deireanacha a shaoil. Dá mbeadh na dánta eile curtha in eagar agam, seans go n-aimseoinn ruainní breise eolais anseo is ansiúd, ach den chuid is mó is dánta gearra éadroma iad nach bhfuil an oiread sin cóipeanna ar fáil díobh, dánta nach nochtann mórán eolais ar a bheatha ach na háiteanna a raibh cur amach aige orthu.

Mar shampla, tá cur síos ag an Athair de Paor ar an sagart, Seán Ó Cathasaigh, a luaitear sa dán *Is mairg ghoirt i mBailte Chuirc*, agus dar leis go raibh sé sa Sráidbhaile ar feadh seacht mbliana déag am éigin i ndiaidh 1727 (Power 1937, 253), cé gur léir nach bhfuil sé cinnte faoi na dátaí sin. Tugann Ó Foghludha uaidh línte ag tús an dáin ó lámhscríbhinn nár aimsíos fós: Don Athair Seán Ó Cathasaigh, sagart paróiste an tSráidbhaile, A.D. 1756 (Ó Foghludha 1933, 39). Tá an Sráidbhaile i gcontae Phort Láirge idir Dún Garbhán agus Coill Mhic Thomáisín.

Sa lámhscríbhinn **M85-86**, le Donncha Rua, tá an dán *Tuigim it thuireamh a Laighnigh*, agus Cnoc an Tóchair luaite ann, atá i ndeisceart Chill Chainnigh. Breacadh cóipeanna d'fhilíocht Dhonncha Rua sa cheantar sin; is amhlaidh a dheimhneodh Amhlaoibh Ó Súilleabháin, mar atá pléite agam cheana.

Tá an dáta 1759 tugtha don *Pas* a scríobh Donncha Rua do Risteard Rábach Mac Gearailt. Bhí sé in Áth na Scoile⁵ an uair sin, mar atá luaite i línte an dáin féin (Power 1952, 352, agus 1933, 229). Is cosúil gur ar an mBaile Breac, timpeall míle go leith ó Choill Mhic Thomáisín atá an áit seo, má ghlacaimid le focal Phléimeann air seo (1897, 14-15). Tá cóip den *Pas* aimsithe agam ón mbliain 1765 – **ARÉ 23 L 38**, a scríobh 'Risteard Ó Muirrián' i nDún Garbhán; féach leathanach 12: *Pass Ristaird Mac Gearailt*. Tá sé timpeall cúig mhíle soir ó Choill-Mhic-Thomáisín⁶ ar an tslí go Portláirge.

⁵ Féach Power, (1952, 352), ag trácht ar Chaisleán Nua ina bhfuil Áth na Scoile; 'the village which gives its name to the parish, but not to a townland.'; agus Power (1937, 229), Parish of Newcastle and Four-Mile-Water. Mheas an scríbhneoir gur aimsigh sé an áit ina raibh an scoil.

⁶ Faoi Choill Mhac Thomáis Fhinn, féach Power (1952, 167), mar a bhfuil Ros Mír, Baile Breac (166), Baile Nua (ibid., 168) agus baile na bhFaoiteach, (ibid., 168) ar fad pléite. 'Coill Mhic Thomáisín' an t-ainm oifigiúil inniu, ach thugtaí 'Coill Mhac Thomáis Fhinn' air chomh maith. Féach www.logainm.ie agus na taifid chartlainne faoi ainm an bhaile.

In **ARÉ 23 O 15** tá dhá phíosa filíochta i ndiaidh a chéile: *An t-Athair Tomás Ó Griobhfa, don Athair Séamus Céitinn agus don Athair Seán Ó Moriain, air d-teacht o Árdmhóir* mar theideal ar an gcéad cheann, agus *Donnchadh Ruadh Cct do thaobh crónán na díse reamh-ráidhte do'n Atair Tomás Ó Griobhfa* mar fhreagra air (lgh 45-8). Agus é ag glaoch ar Dhonncha Rua chun na filíochta, scríobhann an tAthair Ó Gríofa na línte seo: *A chara na n-éigeas nár stán fós / Ón g-Carraig so taobh linn nach sámh neol*. Is cosúil ón bhfriotal a úsáidtear gur ag tagairt do Charraig an Chodlata i bparóiste Mhaigh Dheilge atá an sagart, áit dhúchais Sheáin Uí Dhálaigh: ‘Rock of the Sleeping’; because, says one authority here, in the shelter of an overhanging rock, robbers etc., slept by day. Donnchadh Ruadh, the poet, lived here for a time’ (Power 1952, 162). Is cosúil gur i mBéal Átha Póirín a bhí an tAthair Céitinn (Power 1937, 91-2), ach níl aon fhianaise shásúil ag Power ar an mbeirt eile. Tá an Aird Mhór in iardheisceart chontae Phort Láirge.

Tá an bhliain 1764 luaite lena dhán ar Shéamas Ducket. Tá an dán seo i gcló ag Ó Foghludha, agus cuireann sé síos air mar seo:

Insan athchuinghe a chuir sé an tráth san ar Shéamus Duckett, duine de mhórmhaithibh Gallda an cheanntair sin... geibhimid an scéal go léir... Áine is Aoibheall a bhuail chuige i néallaibh oidhche, gur chomhairligh bean na Craige Léithe dó dul ag triall ar an uasal aoibhinn agus nár bhaoghal ná go bhfaghadh sé fóirthint uaidh... (Ó Foghludha 1933, 16).

Sa dán féin, tá Coill Mhic Thomáisín luaite arís eile mar an áit ina raibh an file ag cur faoi.

Sa dán Eachtra Shéamais Grae, a scríobh sé am éigin roimh 1765, luann an scoláire sa dán go raibh Donncha Rua ag cur faoi an t-am sin i mBaile Breac; féach Ó Fuartháin (ls 8, 172): *san mbaile bhreac chomhnuíghim fágghail eólus óm mhaighistir*. Tá ‘Baile na bhFaoiteach’ (Baile an Fhaoitigh) luaite freisin, sé mhíle ó thuaidh ó Choill Mhic Thomáisín.

Maidir le háiteanna eile a luaitear i bhfilíocht Dhonncha Rua, féach *Marbhna Dáithbi do Róiste* (**ARÉ 23 L 1**), mar a bhfuil sa líne dheireanach: *a gcríoch go doimhinn a gCill Mhac Tomás Finn*. Sa dán *A scafaire ghroidhe de phlandán* in **ARÉ 23 B 38** tá: *Donnchadh Duanógach Mac Namara cct. Do chSeadhan Bhreathnach a Ccairg na Siúire*. Ní féidir dátaí a leagan ar na dánta seo go cruinn, ach breacadh an dá lámhscríbhinn seo i 1778 agus sna 1790í faoi seach.

Glactar leis gur iompaigh Donncha Rua ina Phrotastúnach, agus thacódh an méid a scríobh sé sa dara leith dá shaol leis sin, déarfá. Níl aon dáta againn de, toisc gan an t-eolas a bheith ar fáil ó shéipéil a linne, ach deirtear gurbh é i Ros Mír⁷ a chaith sé seal mar chléireach na heaglaise Protastúnaí ansin. Níl aon teacht air sna Rollaí a liostaíonn iad siúd a d'iompaigh a gcreideamh, áfach, cé go bhfuil teacht ar Pierce Fitzgerald (Piaras Mac Gearailt), Pillpark, 1759, agus William Moran (Uilliam Ó Móráin?), Dungarvan, 1758 (Power 1937, 376).

Sa dán leis, *Cré Anachríostamhuil Uilliam Paor* in lámhscríbhinn Uí Fhuartháin (Is 8, 1786) arís, tá na línte seo a thabharfadh le fios gur ar mhaithe le hairgead a d'iompaigh sé. Tá sé le tuiscint anseo, leis, go raibh clann air:

*My cares by night and toils by day
To thatch this homely house of clay
My younglings, Sir, a squaling brood
For whom I must get daily food.
I have no lands or free estate
'Tis pity troth, but that's my fate
Ah, cruel times, I cannot spare
Or steal one hour for creed or prayer* (Is 8 187-90).

Díol suime é gur scríobh Donncha Rua aoir ar an eaglais Chaitliceach chomh maith, *Aoir do na sagartaibh* (ARÉ 24 L 27). Tá aithrí leis freisin, *A Athair na ngrása tarrthuigh mé* in ARÉ 24 A 22.

Féach, mar shampla, gur scríobh sé dán i mBéarla ag spochadh an eaglais Phrostastúnach, agus dán i nGaeilge ar an laghdú oibre a bheadh le déanamh de bharr a chreidimh nua: 'Ní fhaicfar mo dhromsa ag cur alluis go reamhar' (Ó Foghludha 1933, 57).

Ina dhiaidh sin, níl aon teacht agam ar an bhfile go dtí bás Thaidhg Ghaelaigh Uí Shúilleabháin.⁸ In **Rylands 134** (lámhscríbhinn nach bhfuil cláraithe i gceart go

⁷ Mulholland, John, 'A Checklist of Church of Ireland Places of Worship in County Waterford', in *Decies*, 43-49. Féach lch 48: ROSSMIRE (or Kilcool) Although there was no church here in Dr. Este's day a Protestant Parish church was erected in the same century (probably around 1766) beside the pre-reformation Catholic Church of Kilcool on the townland of Kilmacthomas. It may even have been thatched according to local legend. This was superseded in 1831 by the present church on approximately the same site. It is a First Fruits type, and continues in use today. Féach leis an údar céanna, chomh maith, 'Notes on Settlements at Rossmire, Co. Waterford', in *Decies* 11, 13-16.

⁸ Féach chomh maith Nic Énrí (2001, 338).

fóill) tá an dán Laidine a chum Donncha Rua in ómós dá chara, ‘An Epitaph on Timothy O’Sullivan, Author of the pious Miscellany &c. By Denis McNamara A.D. 1800’. Glacann a chuid eagarthóirí leis gur cailleadh Tadhg Gaelach sa bhliain 1795 (Ó Foghludha 1929, 18; Nic Éinrí 2001, 33)⁹. Mar sin, bheadh seans ann gurbh é sin an t-aon rud ó lámh aon fhile Gaeilge a d’fheicfeadh Donncha Rua i gcló le linn a shaoil.

nó insa gCill ón suim go a chéile

nó a’brasaireacht le Peadar Ó Cinnéide

nó i mBaile Sheoirse, i gcomhghar an tséimhfhir,

Risteárd Bán, dob’ fhearr do Phaoraigh,

(ls. 36, féach thíos).

Baile agus baile fearainn i bParóiste Chill Bhairmédín is ea an Chill agus Baile Sheoirse. Tá na línte seo curtha sna cóipeanna déanacha den *Eachtra* (traidisiún A₃ mar a thugaim air cé nach bhfuil ann ach cúpla ceann), agus b’shin an leagan ba dhéanaí den téacs dar le Seán Pléimeann, más fíor dó é:

The poem is being published from a copy made by Thomas Harney, of Stradbally, in the county Waterford, one of the best Irish scholars in Munster. ... The copy was made from the latest emendations of the author and contains many lines not in other copies. One of the places where Donnchadh Ruadh wished himself to be in his sea-sickness was ‘san gCill ón suim go chéile’ with the Clancys of Kill; it was in their house these latter changes were made to the poem. Harney frequented this house, too, and when a boy I suspect that he saw the old poet there; at any rate it was from the copy made for the Clancys, who were good Irish scholars, that Harney transcribed the one now in course of publication (Pléimeann, *The Irishman*, uimhir 25, 17ú Nollag).

⁹ ‘Tá a fhios againn go cruinn gurbh é an dara lá fichead den Abrán, 1795, do cailleadh Tadhg Gaelach – tá sé léighte go soiléir annsúd insa chéad chur amach dá chuid amhrán diadha (Ó Foghludha 1933, 18). Cuireadh an *Pious Miscellany* le Tadhg Gaelach i gcló den chéad uair sa bhliain 1802 i gCluain Meala. Deirtear go raibh an bheirt acu mór lena chéile, agus is dóigh go raibh. Tá cóip amháin de dhán a leagtar ar Thadhg Gaelach, ‘I gCill na nUasal Uaibhreach, Aerach’ ó lámhscríbhinn **M 10** i Má Nuad, ina bhfeictear na línte: ‘Cibé ’chluinfeadh ar mhaoileann aoibhinn aolmhach / a phaca go binn ’s an radharc á séideadh / ba shuairc í a thiúin ar mhúscailt Phoébus / is Donnchadh Rua ’ge i gcuan a thraochta.’ Is dócha gur ag tagairt do sheilg an tsionnaigh atá sé, ach go n-úsáideann sé an t-ainm go meafarach spraoiúil. Féach chomh maith, Nic Éinrí (2001, 338).

Glacaim leis gur ag druidim le deireadh shaol an fhile atá i gceist anseo, agus fiú murar scríobh Donncha Rua, ach scríobhaí eile na línte seo, baineann siad lena shaol, agus lena scéal féin. Ó thaobh ama de, tá cruthú againn nach raibh an fear seo Ó Cinnéide beo nuair a cumadh an dán ar dtús. Cruthaíonn sin, dá bharr, gur cuireadh leis an dán thar na blianta. Chuaigh an tAthair de Paor i mbun cuardaigh ar an gCinnéideach, agus d'éirigh leis é a aimsiú.

Here is the inscription on Peter Kennedy's tombstone in Newcastle graveyard from which it appears that Donnchad[h]'s patron was not even born in 1745. "Sacred to the memory of PETER KENNEDY, ESQR, Whitestown, who died 18th July, 1812. He united with mildest manners the most undeviating integrity, humane and charitable to the poor, a kind and most intelligent landlord and master, a tender and affectionate husband. He departed this life in the 49th year of his age. His affectionate wife, MARY KENNEDY, has caused this tomb to be erected... Here also lies the remains of Mr. Kennedy's father and Sister, JAMES KENNEDY, ESQR., who died May 1787, in the 61st year of his age, and Miss Mary Kennedy, who died January, 1797, aged 21 years (Power, 1911).

Dá mba rud é gur rugadh thart ar 1763 é, ar éigean a bheadh sé mar phátrún ag an bhfile fiú fiche, nó tríocha bliain ina dhiaidh sin. Is í mo thuairim gur ag trácht ar an aimsir idir 1800-1810 atáimid anseo, agus b'fhéidir an cheist is mó faoi seo, seachas na dátaí, nó ar chum Donncha Rua na línte breise seo, nó arbh é mac léinn dá chuid nó comhpháirtí filíochta éigin a bhí ina theannta nuair a cailleadh é.

* * * * *

Mar sin, sin iad na dátaí atá ag freagairt do Dhonncha Rua atá aimsithe agam. Ó 1756 go thart ar 1860 atá teacht air sna lámhscríbhinní ar feadh m'eolais. Toisc na nodanna iontu, agus roinnt eolais i bhfoinsí foilsithe éagsúla, is féidir, ar a laghad ar bith, solas éigin a chaitheamh ar an scéal le snáithín éigin leanúnach a rianadh de shaol an fhile, cé nach féidir cuid den réimse ama a chinntiú.

De réir an fhógra bháis, ba sa Bhaile Nua a bhí cónaí ar Dhonncha Rua nuair a cailleadh é: 'at Newtown, near Kilmacthomas'. Níl fhios agam ar mhair clann leis san áit ina dhiaidh; tá beirt leis an sloinne sin ag luacháil Griffith: Michael i nGráig Sheoinín i bParóiste Bhaile Uí Fhlaithnín agus Margaret i nDrom Ór i bparóiste na

hEaglaise. Scríobhann Pléimeann go raibh gaolta an fhile fós sa cheantar agus gur bhailigh sé eolas uatha, ach ní luann sé aon áit go sonrach ina rabhadar ag cur fúthu: ‘I travelled a great many miles to get these facts. I conversed with eight of the pupils of Donnchadh, and with his three grandsons ...’ (1884, 165).

Seo a leanas na príomhfhoinsí ar Dhonncha Rua Mac Conmara in ord croineolaíoch:

(1820) O'Reilly, Edward, *Transactions of the Ibero-Celtic Society for 1820, containing a chronological account of Irish writers, commencing with the earliest account of Irish history and carried down to the year 1750*, BÁC, ccxxxi.

(1831) Hardiman, James, *Irish Minstrelsy, or, Bardic Remains of Ireland; with English poetical translations*, Londain, 78.

(1847) Walsh, Edward, *Irish popular songs, with English and metrical translations, and introductory remarks and notes*, BÁC, 29, 62-5, 154.

(1849) Ó Dálaigh, Seán, *Poets and Poetry of Munster: a selection of Irish songs by the poets of the last century; with poetical translations by James Clarence Mangan ... with the original music, and biographical sketches of the authors by John O'Daly*, BÁC, 1-7.

(1853) Hayes O'Grady, Standish, *Adventures of Donnchadh Ruadh Mac Conmara, A Slave of Adversity, Written by himself, Now for the first time edited, From an original Irish manuscript, With metrical translations, notes, and a Biographical Sketch of the Author*, BÁC.

(1876) Ó Dálaigh, Seán, *Irish Language Miscellany, being a selection of poems by the Munster bards of the last century*, BÁC, ii-iii, 62.

(1881-2) Pléimeann, Seán, *The Irishman*, ó Iml. XXIV, 20, Satharn, 12 Samhain, 1881, go XXIV, No. 38, Satharn, 18 Márta, 1882, BÁC.

(1884-6) Pléimeann, Seán, *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. I, 10, Lúnasa, 1883, 314-317;
Iml. II, 18, Meitheamh, 1884 164-168;
Iml. II, 19, Iúil, 1884, 193-200;
Iml. II, 20, Lúnasa, 1884, 225-35;
Iml. II, 21, 1885, 270-4;
Iml. II, 22, 1885, 296-300;
Iml. II, 24, 1886, 353-8, 370.

(1897) Ó Flannghaile, Tomás, eagr., *Eachtra Ghiolla an Amaráin, and other poems*,
Ed. by Tomás Ó Flannghaile, with life of Donnchadh Ruadh MacConmara by John
Fleming, BÁC.

(1907) Foley, Richard, *Journal of the Waterford and South-East of Ireland*
Archaeological Society Waterford (JWSEIAS), 'Notes on the life of Donnchadh Ruadh
Mac Conmara', Iml. 10, 241-5. Féach **Ó Foghludha, Risteard**

(1908, 1933) Ó Foghludha, Risteard, *Donnchadh Ruadh Mac Conmara*, BÁC.

(1910) Ua Casaide, Seamus, 'Bibliographical and Genealogical Notes on Donnchadh
Ruadh Mac Con-mara', *JWSEIAS*, Iml. 13, Port Láirge, 131-9.

(1911) Rev. Power, Patrick, *Donnchadh Ruadh MacNamara, A Hastily Written*
Sketch, Port Láirge.

(1927) Walsh, Paul, 'A poet's manuscript', *Irisleabhar Mhá Nuad*, 39-53.

(1999) Breathnach, Diarmuid, agus Ní Mhurchú, Máire, *Beathaisnéis 4*, 61-3.

(1986) Power, Victor, 'Appréciation: Donnchadh Ruadh Mac Conmara, Poet of the Decies', *Éire-Ireland*, Samhradh, 123-140.

(2003) Ní Chrotaigh, Eibhlín, 'Beatha Donnchadh Ruadh Mac Conmara, Téacs de pháipéar a léigh Eibhlín Ní Chrotaigh do Connradh na Gaeluinn i bPortláirge oichdhe Dé Luain an 19adh lá de Mhárta 1928', *Decies* 59, 141-150.

(2004) L. P. Ó Murchú, 'Mac Conmara, Donnchadh Ruadh (1714/15–1810)', *Oxford Dictionary of National Biography*, Oxford University Press, féach: <http://www.oxforddnb.com/view/article/63763>

(2010) Morley, Vincent, in McGuire, James, agus Quinn, James (eag.), *Dictionary of Irish Biography* 'Donnchadh Ruadh Mac Conmara', 850-1, Cambridge.

EOLAS AR NA LÁMHSCRÍBHINNÍ

1. Réamhrá

Seo an deachomhairle a scaip Pól Breathnach ar an léitheoir a thabharfadh faoi staidéar na *hEachtra*: ‘The version of the Eachtra here presented was entered in the manuscript described in the year 1758. It contains 290 lines. It must be taken as a starting point in any study of the other versions in print and in manuscript that may have come down to us’ (Walsh 1927, 52-3). Tá tús áite tugtha agam don chóip chéanna, **M 85-86** (**M** feasta) sa tráchtas seo. Ní hamháin gurb í an chóip is luaithe den dán, ach is é Donncha Rua a scríobh agus í sínithe aige i gcúpla áit, an t-aon chóip den dán uaidh atá ar marthain. Tá *An chéad lá don mhéidhe Abraon 1758* scríofa ar leathanach 80. Ar leathanaigh 465 tá *Eachtara Ghiolla an Amráin* agus *Airna sgríobh le Donnchadh Mach Namara úghdar an bheagshaothair so. Sir trocaire dho, a léitheoir*. Tá dánta le Donnchadh Mór Ó Dálaigh, ‘*Seáfrín Céiting*’, ‘*Fearghaill Óg Mac an Bhaird*’, An Mangaire Súgach sa lámhscríbhinn freisin, chomh maith le ‘*Laoithe Dhéirdre*’ agus ‘*Eachtradh chSeain Uí Chonaill*’. Caithim lena chóip den *Eachtra* mar bhunchóip an téacs sa tráchtas seo.

Mar a tharlaíonn, bhí sé ar mo chumas teacht ar i bhfad níos mó cóipeanna den dán ná mar a rinne éinne de na heagarthóirí romham. Ar ndóigh, bhí cuid acu nár thuig fiú go raibh leagan ó pheann Dhonncha Rua ann, mar atá pléite agam thíos ag **4-1 – 4.3**. Ní fheicim cúis le tarraingt rómhór ar na cóipeanna eile seo ach amháin nuair a thugann siad línte breise dúinn nach bhfuil sa bhunchóip, a gcuirim in eagar sa tráchtas seo, (an t-aon lámhscríbhinn a scríobh Donncha Rua atá againn), agus ní bhead in ann a chruthú go deo cén bhaint a bhí aige le haon cheann de na cóipeanna eile. Is údar mór suime iad, dar ndóigh, mar léiriú ar an traidisiún cóipeála, agus ar scéal sheachadadh an téacs. Is léir, áfach, gur eagarthóirí ab ea na scríobhaithe seo iad féin go minic, agus ní féidir liom a chruthú an téacsanna orgánacha nó téacsanna neamhorgánacha gach cóip faoi leith. Tá cuid mhór acu níos faide ná cóip Dhonncha

féin, timpeall 30 líne níos faide ar an meán, agus tá cóipeanna eile ann atá seachtó líne níos faide fiú. Mar sin, cé go luaim na línte seo sa chaibidil seo agus sna **Nótaí ar an Téacs**, ní féidir liom iad a fhí isteach i ndán Dhonncha go húdásach, ná níl fúm a rá go bhfuil cóipeanna eile níos fearr ná níos cruinne ná leagan Dhonncha in áiteanna. Ar a laghad ar bith, cuirim ar fáil anseo taighde nach ndearnadh riamh go dtí seo, taighde a bhfuilim ag cur leis go leanúnach i gcónaí, faoi mar a nochtar cóipeanna agus eolas breise dom.

Tá an cuntas seo a leanas bunaithe ar chóipeanna den dán *Eachtra Ghiolla an Amaráin* atá aimsithe agam i leabharlanna éagsúla. Is in Acadamh Ríoga na hÉireann (29) agus sa Leabharlann Náisiúnta (12) atá formhór na lámhscríbhinní eile ina bhfuil cóipeanna den dán ar fáil, agus tá ar feadh m'eolais 57 cóip den dán san iomlán, cé nach maífinn go deo go bhfuil gach uile chóip aimsithe agam. Bhreathnaíos ar chóipeanna eile in Iarsmalann na Breataine, i Manchain, i mbailiúcháin Chorcaí, na Gaillimhe, Mhá Nuad agus in áiteanna eile nach iad.

2. Eolas ar na cóipeanna eile

Seo eolas ar na cóipeanna eile ar fad de na lámhscríbhinní.

Is iad na príomhfhoinsí tagartha agam anseo ná: Ní Dheá (2008), Ní Úrdail (2000), Ó Conchúir (1982), Ó hÓgáin (1990), Ó Madagáin (1974), Ó Súilleabháin (1992), chomh maith le catalóga na leabharlann ina bhfuil na lámhscríbhinní.

1. **ARÉ 23 D 28**, a scríobh “Uilliam Ó Cléire” / “William Cleary” sa bhliain 1763. Ní fios cén áit ar breacadh an lámhscríbhinn. Tá an chóip seo neamhiomlán; ní thosaíonn sí go líne **106** de **M85-86**, agus tá sí 214 líne ar fad.

2. **ARÉ 23 L 38**, a scríobh “Risteard Ó Muirrian” / “Richard Ryan” sa bhliain 1765. Is cosúil gur fiodóir ó Dhún Garbhán a bhí ann (Ó Súilleabháin, 292). Tá *Ballintle* luaite sa lámhscríbhinn; sin Baile an tSléibhe, baile fearainn i gContae Phort Láirge atá thart ar 8 míle ó thuaidh ó Dhún Garbhán féin. Tá an chóip seo neamhiomlán; ní thosaíonn sí go líne **153** de **M85-86** agus tá 160 líne inti ar fad.

3. **ARÉ 23 I 26**, a scríobh “Micheál Aingleand” sa bhliain 1772, as ceantar na Leasa Móire is cosúil, i gContae Phort Láirge. (Ó Súilleabháin, 268). Seo an chéad chóip iomlán atá againn seachas an chóip a bhreac an file féin agus í 323 líne ar fad.

4. **Egerton 150**, a scríobh Seón Lloyd sa bhliain 1773. Tá cur síos ar an scríobhaí seo ag Ó Madagáin (67-8), agus ar an lámhscríbhinn (ibid., 26-7). Tá an chóip seo 315 líne ar fad.

5. **ARÉ 24 L 38**, a scríobh “Dáibhí Ó Saoicháin” sa bhliain 1777, ní fios cén áit. 332 líne atá sa chóip seo, atá difriúil go maith ó aon chóip eile go dtí sin, féach Traidisiún **B, 3.2.2** thíos.

6. **LN G 363**, a scríobh “Ruisdeard Cais” sa bhliain 1778. B’as an Tulaigh Mhaighne, Cill Chainnigh, timpeall dhá mhíle go leith soir ó thuaidh ó Challainn, dó; féach Ó hÓgáin, 410. 266 líne atá sa chóip seo.

7. **ARÉ 23 O 17**, a scríobh Uilliam Mac Coitir sa bhliain 1781, féach Ó Conchúir, 23-4, ag an gCláí Caol Thuaidh (Clykeel), i bparóiste an Ghoirt Rua in oirthear Chorcaí. Scríobhaí agus múinteoir a bhí ann as Cluain Molt in oirdheisceart an chontae. Seo cóip thar a bheith éagsúil, le codanna móra breise inti, go háirithe as Béarla; tá cur síos fada inti mar gheall ar an troid ar bord loinge. 408 líne atá ann san iomlán.

8. de hÍde Gaillimh 18, a scríobh Labhrás Ó Fuartháin sa bhliain 1786, máistir scoile ó Phort Láach, Contae Phort Láirge, iarmhac léinn de chuid Dhonncha Rua, más fíor (Ó Súilleabháin, 281-2). Tá cuid mhaith de dhánta Dhonncha Rua breactha sa lámhscríbhinn seo aige. 324 líne atá sa chóip seo.

9. Má Nuad C 11, a scríobh John Meagher sa bhliain 1789, ní fios cén áit. 316 líne ar fad.

10. LN G 641, a scríobh “Donchadh Ó Gormáin” Luimneach, “Garúidhe Mhurcha” (Garraí Uí Mhurchú) in oirdheisceart Luimnigh, sa bhliain 1793. Tá 297 líne sa chóip seo.

11. ARÉ 23 L 1, a bhreac scríobhaí anaithnid am éigin sna 1790í, 323 líne.

12. ARÉ 24 C 57, a scríobh ‘Seosab O Dimusa ó mBaillin a Chranna’ sa bhliain 1796, sin baile fearainn i bparóiste Ónainn, timpeall agus míle siar ó dheas ó shráidbhaile Ónainn i gCill Chainnigh, trí mhíle soir ó thuaidh ó Charraig na Siúire. Féach Ó hÓgáin, 416-7. Tá 332 líne sa leagan seo.

13. ARÉ 23 D 40, a scríobh Domhnall Mac Cormaic sa bhliain 1796, ní fios cén áit. 273 líne ar fad.

14. ARÉ 23 L 12, a scríobh “Pádraig Den” (Din) sna blianta 1799-1800, sa Chúil Rua, i bparóiste Mhaigh Dheilge, míle siar ó Cheapach Choinn (Ó Súilleabháin, 273-5). 301 líne.

15. ARÉ 23 A 29, a scríobh “Seadhan O Moihill / John Myles” idir na blianta 1804-07 sa Ghleanntán, i bparóiste Bhaile Nua, i mbarúntacht Choill na Talún in Oirthuaisceart Chorcaí (Ó Conchúir, 163). 287 líne ar fad atá an chóip seo.

16. Má Nuad M 87, “Eamonn O Tréasa” a scríobh am éigin idir na blianta 1804-10, b’as Baile Átha hÚlla, sé mhíle siar ó Mhainistir Fhear Maí dó, dar le Ó Conchúir, 183. 325 líne.

17. Lámhscríbhinn Phiarais Grás, i seilbh phríobháideach, ar fáil ar líne ar www.isos.ie Piaras Grás a scríobh sa bhliain 1809-10 i gCeapach Choinn, 340 líne.

18. Má Nuad M 89, Tadhg Ó Conaill a scríobh, garraíodóir agus scríobhaí i dTobar Rí an Domhnaigh i gcathair Chorcaí, idir na blianta 1810-20 (Ó Conchúir 49). 329 líne atá sa chóip seo.

19. ARÉ 23 I 17, Domhnall Mac Síthigh a scríobh sa bhliain 1811. An lámhscríbhinn seo scríofa aige gar do Bhaile an Phiocardaigh, timpeall míle go leith ó thuaidh ón Trá Mhór, Contae Phort Láirge, (Ó Súilleabháin, 276-7). 298 líne sa chóip seo.

20. ARÉ 23 C 30, “Séamas Ó Glosainn” a scríobh sa bhliain 1812, (“James Gleeson”) ó Bhaile Hibeard, Contae Luimnigh, féach Ó Madagáin, 91-2. 214 líne.

21. ARÉ 23 L 2, Amhlaoibh Ó Súilleabháin a scríobh sa bhliain 1811 i gCallainn, Cill Chainnigh, féach Ó hÓgáin, 426-431. Scríobh Uilliam Ó hAodha tús na lámhscríbhinne, agus Pádraig Mac an Ghaibhniann codanna eile (Ó Conchúir 82). 336 líne atá sa chóip seo.

22. Má Nuad M 106, “Hugh Malone”, nó “Aoi O Molomhne” a scríobh, sa bhliain 1816. 285 líne atá sa chóip seo.

23. ARÉ 23 L 9, ‘Tomás Plaoiman, Ballyvaraga, Gaurawnbaun’ a scríobh idir na blianta 1817-22 i mBéal Átha an Mhargaidh i bParóiste Chluain Aodha, Co. Phort Láirge, siar ón Sráidbhaile. 309 líne atá sa chóip seo.

24. Má Nuad M 11, Seán Ó Muláin a scríobh sa bhliain 1817, i gCorcaigh, don Easpag Ó Murchú (Ó Conchúir 165-6). 324 líne atá sa chóip seo.

25. Má Nuad M 9, Seán Ó Muláin arís, a scríobh sa bhliain 1818 dar le Ó Conchúir freisin (165-6).

26. ARÉ 23 C 10, Pól Ó Longáin a scríobh sa bhliain 1818 agus a athair Micheál Óg Ó Longáin ag cabhrú leis ag Cnoc na bPréachán, i bparóiste Chnoc an Bhile, barúntacht Mhúscraí Thoir. Féach Ó Conchúir, 64, agus Ní Úrdail, 116. 318 líne atá sa chóip seo.

27. LN G 397, “Seamas Mag Craith” a scríobh sa bhliain 1818. 316 líne atá sa chóip seo.

28. LN G 182, “Donall Mac Counsidine” a scríobh sa bhliain 1818. 310 líne atá sa chóip seo.

29. Torna 12, “Dath Uí Lin(g)” / “David Flynn” a scríobh sa bhliain 1819. “Monee in the Parish of Rahan Barony of Fermoy Dices of Cloin & County of Cork, Farmer” atá scríofa sa lámhscríbhinn.

30. LN G 357, Dar le hÉamonn Ó hÓgáin, Pádraig Ó Néill a bhreac an chóip seo (Ó hÓgáin, 420-3). Ní fios cén áit ná dáta, ach i bhfianaise taighde Uí Ógáin agus na lámhscríbhinní eile a bhreac sé, ba dhóigh gur thart ar an am ó 1818/9 ar aghaidh a scríobhadh iad; cailleadh Ó Néill sa bhliain 1832. 323 líne atá sa chóip seo.

31. **ARÉ 23 B 36**, “Tadhg Mac Carrtha” as Tiobraid Árann a scríobh sa bhliain 1820. I gcathair Chorcaí a scríobhadh, féach Ó Conchúir (22, 255). 265 líne atá sa chóip seo.
32. **LN G 230**, Tomás Ó hIcdeadha a scríobh sa bhliain 1821 i gCluain Meala (rugadh i mBaile Ghrae é), a deir Ó Súilleabháin, 284-90. Bhreac sé ceithre chóip den *Eachtra* san iomlán, **32, 40, 44** agus **49**. 332 líne atá sa chóip seo.
33. **ARÉ 23 O 18**, Ní fios cé a scríobh, ná cén áit, ach tá marc uisce “1821” uirthi, agus ba le James Hardiman (1782-1855) í. 228 líne atá sa chóip seo.
34. **ARÉ 23 C 13**, Domhnall Mac Síthigh a scríobh sa bhliain 1822, mar an gcéanna le **19** thuas. 297 líne atá sa chóip seo.
35. **LN G 454**, Miles O’Reilly a scríobh sa bhliain 1822, ní fios cén áit. 332 líne atá sa chóip seo.
36. **Leabharlann John Rylands Ls Ir 134**, Tomás Ó hAitheirne a scríobh thart ar 1822 sa Sráidbhaile, Port Láirge (Ó Súilleabháin, 284, 305) agus féach, leis, Ó Macháin (2003 agus 2004). Cóip neamhiomlán is ea í, gan ach 227 líne inti.
37. **ARÉ 23 L 5**, Risteard Paor a scríobh i gcathair Phort Láirge idir na blianta 1824-26, dar le Ó Súilleabháin (293-5). B’as Cnoc Buí dó, taobh le Sliabh gCua, áit a raibh Donncha Rua féin lonnaithe ar feadh tréimhse dá shaol, is cosúil (féach **Beatha Dhonncha Rua** thuas). 365 líne atá sa chóip seo.
38. **ARÉ 23 M 14**, Níor aimsíos aon eolas i dtaobh scríobhaí ná áit scríofa na cóipe seo, a bhreac scríobhaí anaithnid i ndiaidh na bliana 1828. Is cóip neamhiomlán í, gan ach 68 líne inti.

39. LN G 310, Ní fios cé a scríobh an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1829, ná cén áit. 318 líne atá sa chóip seo.

40. ARÉ 24 L 27, Tomás Ó hIcdeadha a scríobh sa bhliain 1832. Féach **32** thuas. 316 líne atá sa chóip seo.

41. LN G 836, “Seaghan Breatnach” a scríobh sa bhliain 1834 sa Charraig Bheag (leathbhaile Charraig na Siúire), Co. Phort Láirge (Ó Súilleabháin, 269). 286 líne atá sa chóip seo.

42. ARÉ 24 M 4, “Seán Ó Dreada” a scríobh sa bhliain 1836, i gCorcaigh. Rugadh Ó Dréada ar an mBinn Uachtair, i bparóiste an Ardachadh in Uíbh Mac Coille. Snoíodóir cloiche ab ea é (Ó Conchúir 61-3; Ní Úrdail, 75). Is cóip neamhiomlán í seo, agus í 242 líne ar fad.

43. Coláiste Eoin 32, “Miss Margaret Kiely” a scríobh sa bhliain 1839 (“Mairéad Ó Coidhle”) i mBaile an Chinsealaigh, gar don Trá Mhór (Ó Súilleabháin, 277). 298 líne atá sa chóip seo.

44. Fear Maí 8, Pól Ó Longáin a scríobh sa bhliain 1842, don Athair Maurice Kennifick; féach Ó Conchúir 143, agus Ní Úrdail, 116. Cóip neamhghnách, 388 líne ar fad, gaolta le 7 agus **52**.

45. ARÉ 23 O 71, “*Seaghan O Cuinneagain Kilrossanty, Co. Waterford*” a scríobh sa bhliain 1844. Féach, leis, Ó Súilleabháin, 304. 307 líne atá sa chóip seo.

46. LN G 403, Tomás Ó hIcdeadha a scríobh sa bhliain 1845. Féach **32** thuas. 328 líne atá sa chóip seo.

47. ARÉ 23 O 77, Tá dhá leagan den *Eachtra* sa lámhscríbhinn seo díreach i ndiaidh a chéile, agus is cóipeanna difriúla iad, cé gur scríobh Seán Ó Dálaigh iad sa bhliain 1848. Seo fear a rugadh ar an bhFearnán, i bparóiste Leic Dhobhráin, cúpla míle soir ó Cheapach Choinn (Ó Drisceoil, 2007), ach ba i mBaile Átha Cliath a bhreac sé an lámhscríbhinn seo agus **50, 54, 55** a leanann. 317 líne atá sa chóip seo.

48. ARÉ 23 O 77 (ii), Seán Ó Dálaigh, 1848, 333 líne.

49. LN G 668, Tomás Ó hÍceadha a bhreac sa bhliain 1849, féach **32** thuas. 323 líne.

50. Cnuasach Uí Mhurchú 7, S Ó Dálaigh, 1853, 324 líne. ‘I copied this as well as other poems of the author from a MS. made by one Laurence Foran ... in 1786’ [Féach **8** thuas].

51. LN G 535, Philip Wall a scríobh sa bhliain 1854, ó Bhaile Hoiste, i bParóiste Mhaothail i bPort Láirge, is cosúil, cé go bhfuil áit leis an ainm céanna trasna an Chomaraigh isteach go deisceart Thiobraid Árann, i bparóiste Bhaile Uí Bhéacáin. 286 líne atá sa chóip seo.

52. ARÉ 23 O 25, Peadar Ó Longáin a scríobh timpeall 1850/60, féach Ó Conchúir, 137. Cóip neamhghnách í le 391 líne, gaolta le **44** agus **7** thuas.

53. ARÉ 23 L 53, Ní fios cé a scríobh, ná cathain. 328 líne atá sa chóip seo. ‘notes addressed to Hardiman’ atá sa chatalóg, féach thuas, **33**.

54. Tórna 58, S Ó Dálaigh, 1874. Scríofa sa lámhscríbhinn tá ‘Críoch mar fuaireas an leabhar do sgríbh O Hatharnaigh (O’Harney) a gconntae Phoirtláirge, a dtimcheall

1818, no mar sin (Seo **36** thuas). Tá an leabhar céadna anois ag Seaghan Fleiming a gClúain Aodh láimh le Carraig na Siuire, 1874. John O'Daly'.

55. Tórna 66, Cóip eile de chuid Sheáin Uí Dhálaigh, gan dáta. Leagan próis atá ann, 146 líne ar fad. 'Troid agus Aislinn air faruige' atá scríofa ag an tús. Tá Séamas Ó Glíósáin (**22** thuas) luaite ann.

56. Leabharlann na bProinsiasach A 56, Toisc go bhfuil an lámhscríbhinn seo ag titim as a chéile, ní bhfuair cead ach an chéad leathanach a fheiceáil, lámhscríbhinn atá gan dáta cruinn. Ní fios cé a scríobh, ná cén áit (Dillon, Mooney, de Brún 1969), 297 líne.

3. Rangú na lámhscríbhinní

3.1 Línte nach bhfuil in M

Tá sé i gceist agam anois na línte breise nach bhfuil in **M** ach atá sna cóipeanna a leanann é a phlé. Feictear na línte breise seo go luath sa traidisiún cóipeála agus ní bhíonn mórán línte nua eile le feiceáil sna cóipeanna déanacha ach leaganacha atá bunaithe orthu. Leis an scagadh seo, táim ag súil leis go mbeadh in ann cóipeanna áirithe a chur as an áireamh, óir, muna bhfeicim aon fhorbairt nó nuaíocht in aon lámhscríbhinn faoi leith, feictear dom nach bhfuil aon pháirt aici sa mhionscagadh atá ar bun anseo agam, ach iad a chur sna grúpaí cuí mar a fheictear in **3.2** thíos.

Ina theannta sin, luaim na línte breise a fheictear sna cóipeanna den *Eachtra* i ndiaidh **M** le hais na línte cuí sna **Nótaí ar an Téacs**. Toisc gur minic go mbíonn an iliomad leaganacha de na línte seo trí na lámhscríbhinní, táid curtha in eagar agam faoi

mar atá lámhscríbhinn Dhonncha Rua féin sa tráchtas seo. Uaireanta, tugann na línte breise eolas níos fearr dúinn ar chomhthéacs a bhaineann le líne áirithe, nó treisíonn siad tuiscint an léitheora. Dar ndóigh, ní bheidh a fhios againn go deo céard iad na línte a chum an file ach nár bhreac sé in **M**, nó céard iad na línte a chum scríobhaithe eile ina dhiaidh.

Úsáidim leagan **M** mar shlat tomhais sa scagadh seo. Tá an chéad chóip a leanann í, lámhscríbhinn **1**, neamhiomlán; ní thosnaíonn téacs an dáin go dtí i ndiaidh líne **106** de leagan **M**. Seo iad na línte breise a fheictear sa chóip seo nach bhfuil in **M**:

- i ndiaidh líne **116** de **M**, tá: *acht dob' é a náire trácht ar éigceart, aiseag mo shláinte go ndearna mé ar fad*

- i ndiaidh líne **135** de **M**, tá: *céad ní fairis ná tagann im' bhéalsa, béas do chleachtas lucht atuirse i ngéibheann*

Ansin, tá na línte seo scríofa, línte próis atá i gcuid mhór cóipeanna den dán:

An dara roinnt ina dtráchtaim ar iongantas adhbhalmhór ná i modh aislinge a n-eolachas¹⁰ re Aoibheall na Craige Léithe, ar ndul san áitse a ráitear Elisium, ar an radharc ansan, ar thairngreacht Chonáin, ar dteacht as an áit réamhráite, ar chasadh insa long fhrancach ar chuir anam-chath eatarthu et ár [n-]eadarghuí féin chum Dé fá dheoigh.

agus díreach ina dhiaidh sin, tá:

éistigh tamall go n-aithrisim sgéal daoibh, tar éis na spairne geallaim nach breágach

- i ndiaidh líne **164** de **M**, tá:

10 Níor aimsíos an focal seo in aon fhoclóir, ná ní haon chabhair dom na cóipeanna eile. Tharlódh gurb é *éalóchas* < *éalúchas* atá ann, 'their escaping, elopement'? An é gur 'eolasach' atá ann ó cheart? 'with the knowledge of Aoibheall? Maidir le *eolach*, féach *DINN*: a learned man, an educated person; guide. 'their [his] guiding by Aoibheall'? 'In their wisdom... going to that place...'? Nó 'upon making the acquaintance of Aoibheall...'?

*acht slóighte chaitheann le rabairne a saothar,
ag ól 's a' carabhus¹¹ go bhfanaid gan aon rud,
gan cabhcain acu ná an leathphingin déanach,
le tabhairt don chaladh mara bhfaighid mar dhéirc í*

- i ndiaidh líne **206** de **M**, tá:

*féach mar leanaid an aicme 'na dtréanrith ,
a'baint préamhacha as talamh dá scaipeadh is dá gcaochadh
ag an ruaig 'sa raideadh air fir fórsa agus Féinius
is Tuath Dé Danann á scaipeadh is dhá dtraochadh
an bhfeicirse Donn 'sa lann is faobhar air
a'teilgean ceann i ngabhal a chéile*

- i ndiaidh líne **214** de **M**, tá:

is an obair úd ag Romulus is ag Remus, a'cur clocha nirt a'cosaint cine a réimis

- i ndiaidh líne **226** de **M**, tá:

*an bhfeicir an choillfhear¹² a luí seach in aonlucht, go mbeirid a gcinn tar na Cyclops
le chéile*

- i ndiaidh líne **236** de **M**, tá:

*gach Sacsanach ghabhann an ball so pléascann, an ceathrar cam so d'iompaigh a
gcléirigh*

¹¹ Féach *DIL carbus* 'intemperance, carousal'.

¹² Ní thuigim an focal seo. *goillfhir* atá ag Ó Flannghaile (1897, 62-3), agus 'strange men' mar aistriúchán aige.

- i ndiaidh líne **257** de **M**, tá:

ach tárla dhon mhnaoi gur scríob si léi mé

- i ndiaidh líne **285** de **M**, tá:

thángas abhaile go lag is ba dhéirce liom, is bíodh ar m'fhallaing nach magadh ná bréag san

Tá lámhscríbhinn **2** neamhiomlán freisin, agus ní thosnaíonn sí go líne **153** de **M**. Tá miondifríochtaí idir an chóip seo agus **1** thuas, ach níl línte nua le feiscint inti mar sin féin.

Is í lámhscríbhinn uimhir **3**, mar sin, an chéad chóip iomlán den lámhscríbhinn atá aimsithe agam i ndiaidh **M** ar bhonn croineolaíoch. Ciallaíonn sin go bhfeictear leagan eile de na línte suas go líne **106** den chéad uair sa chóip seo.

- i ndiaidh líne **12** de **M** tá rann a fheictear i bhformhór mór na lámhscríbhinní ar fad as seo amach (seachas lámhscríbhinn **52**):

nuair thugaid mo chomharsa cóir is gléas dom

cuideachta is spóirt ón neoin go chéile

níor chumas dom comhar do chomhdach d'aon díobh

ná scilling do dh'ól cé gur dóite an chéim sin

- feictear freisin go bhfuil malartú déanta idir línte **39-42** agus **43-6**.

- ag líne **58**, tá:

gach sórt dhá dtagadh a bhlaiseadh ní shéantadh

- tá miondifríochtaí le brath ag líne **84**:

ag ól Canary seachas gan traochadh, agus ag líne 90: is mé 'déanamh spóirt i seomra an Mhajor seachas 's me ag éisteacht ceoil is spóirt in aonacht.

• fairis sin, tá liosta ainmneacha na bhfear a théann amach ar an bhfarraige difriúil ón gcóip seo ar aghaidh – *Peadair Ua Dúbhda, Gearalt Ó Dabhair*, agus feictear ord beagáinín difriúil sna línte seo freisin.

Lámhscríbhinn 4: 315 líne atá sa chóip seo den dán. Tá na línte breise sa chóip seo ar aon dul le 1-3 thuas, agus níl aon rud nua inti arbh fhiú trácht air. Tá an litriú go dona ar fad, rud a fhágann nach éasca é a léamh i gcónaí.

Maidir le lámhscríbhinn 5, seo cóip atá difriúil ó aon chóip eile go dtí an pointe sin, agus línte le feiceáil inti nach bhfuil in áit ar bith, agus **M** san áireamh. I ndiaidh líne 108 de **M** tá:

*mo mhíle mairg dob ainnis le féachaint
mar bhíodar na gcaranna ag aiseag gan traochadh
na lui fá deacair gan faic ar gcréachta
gan bhri gan mhaise gan tapa na ngéagaibh*

Ansin cúpla líne ar aghaidh (i ndiaidh líne 116 de **M**) tá:

*do bhíos im spreas mharga 's im scramaire traochta,
is sínte ar leaba is mo chreatalach céasta
mo bhríste im aice gan folach mo chréachta
gan brí gan tapa gan seasamh gan faosamh.*

Seasann an lámhscríbhinn seo amach ó na cinn roimpi agus dar liom go bhfuil traidisiún cóipeála faoi leith ag baint léi, féach 3.2.2 thíos.

Maidir le lámhscríbhinn **6**, níl aon rud as an nua inti, agus is í an t-aon ní suntasach fúithi le hais na gceann roimpi ná go bhfuil ord na línte difriúil ar uairibh ag druidim le deireadh na cóipe seo. Ní mheasaim gur gá aird rómhór a tharraingt ar an gcóip áirithe seo.

Seasann **7** amach go huile is go hiomlán, agus an chóip seo 408 líne ar fad. Tá an chóip seo an-difriúil ó **M**, agus tá an t-uafás línte curtha léi. Ní fheicim aon ghaol idir seo agus cóip ar bith eile seachas le **44** agus **52**.

Lámhscríbhinn **8**: Arís eile, níl línte as an nua sa chóip seo, cé gur cóip thábhachtach í mar sin féin; bhí an scríobhaí, Labhrás Ó Fuartháin, mar mhúinteoir scoile i bPort Láirge é féin, agus deirtear go raibh Donncha Rua mar mhúinteoir aige.

Ón bpointe seo ar aghaidh, feictear dom nach bhfuil aon tábhacht fé leith ag baint leis na lámhscríbhinní a leanann. Léiríonn siad go follasach leagan amach an phatrúin, mar a léireod anois in **3.2** thíos, ach ní hionann san is a rá go gcuireann siad pìoc lenár dtuiscint ar an téacs ná ar an traidisiún seo.

Feicim dhá mhórthraidisiún cóipeála, agus tugaim **A** agus **B** anseo orthu. Fairis an eolas sin ar fad, seasann **7**, **44** agus **52** amach toisc go bhfuilid isteach nó amach ar 400 líne ar fad, ach ní fheicim aon tábhacht leo sa mhionphlé atá ar bun anseo agam. Ina theannta sun, tá dornán beag lámhscríbhinní le línte breise a dtugaim **A₃** orthu, ach táid pléite agam in **3.2.1** thíos toisc gur traidisiún déanach faoi leith atá ann.

3.2 Patrúin chóipeála

Ní féidir bheith cinnte de go bhfuil na cóipeanna ar fad aimsithe, ach táim sásta go gcomhlíonfadh cóipeanna eile na patrúin chéanna a phléim anseo, mar a tharla dom le haon chóip nua a d'aimsíos i ndiaidh mo chuid iarrachtaí luatha dianstaidéir ar an iomlán. Dar ndóigh, cé go mbíonn difríochtaí eatarthu, ní mheasaim gurbh fhiú mionchuntas a thabhairt ar na difríochtaí ar fad idir na cóipeanna, ná go bhféadfaí léamh cinnte follasach a dhéanamh dá mbarr.

Is deacair, dar ndóigh, bheith cinnte faoin gcineál oibre seo, agus d'fhéadfaí nascanna beaga áirithe a áiteamh idir cóipeanna éagsúla sa dul siar is aniar ar a dtóir, mar a mhíníonn Ó Cuív maidir leis an téacs *Párliaimint na mBan* a réiteach:

While some attempt must be made to classify the manuscripts described above, it would be fruitless to hope to fit such a large number, ranging in date over a hundred and fifty years, into definite and independent categories. Such difficulties of classification are commonplace in connection with texts like the present, which, owing to their popularity, were frequently copied, and with which it was the rule rather than the exception for the scribe to take liberties. The difficulties are increased by the fact that probably as many copies have been lost as have survived, so that in many cases the links between extant copies are missing (Ó Cuív 1952, xviii).

Mar thoradh ar an scagadh aonair agus comparáideach seo atá déanta agam ar gach lámhscríbhinn faoi seach, tagann forannóga taobh istigh de na patrúin chun solais. Mar sin, d'fhéachas chuige mórghluaiseachtaí soiléire a aithint, agus de dheasca an scagaidh, measaim go bhfuil dhá thraidisiún ann go suntasach, agus tugaim **A** agus **B** orthu sin. D'fhéadfadh gur eascair **A** agus **B** ó **M**, ach theastaigh uaim go seasfadh **M** leis féin, óir is í an t-aon chóip amháin ó Dhonncha Rua atá againn. Measaim gur forás nádúrtha (línte breise a cuireadh leis an dán thar tréimhse ama) na

cóipeanna eile laistigh díobh, agus ní fheicim dóthain fianaise le go bhféadfaí tuilleadh traidisiún faoi leith a aithint uatha.

3.2.1 Traidisiún A

Roinnim an traidisiún seo i dtrí chuid:

A₁: 1, 2, 3, 4, 6, 8, 9, 10, 22, 23, 24, 25, 26, 28, 29, 38, 42, 43, 45, 51, 56.

Seo iad na cóipeanna a mbíonn na línte atá luaite thuas in **3 (i)** curtha leo, ach nach mbíonn aon mhórchlaochluithe eile le feiscint iontu. Is beag de théacs **M 85-86** a bhíonn athraithe ach an méid a chuirtear leis amháin. Suas go 324 líne a bhíonn na cóipeanna seo ar a mhéad. Nílím ag áiteamh gur cóipeanna díreacha is ea na lámhscríbhinní ar a chéile, ach amháin go bhfuilid ar an dul céanna ó thaobh patrúin de. Mar shampla, bheadh gach seans gur scríobhadh neart lámhscríbhinní idir **1** agus **2**, ach, ar ndóigh, níl an fhianaise sin agam. Mar sin féin, is léir dom go bhfuil nasc follasach agus forás eatarthu.

A₂: 13, 14, 15, 19, 20, 31, 34.

Seo cóipeanna le línte gearrtha den dara cuid den dán. Mar shampla, níl an chéad lámhscríbhinn (**13**) suntasach mar gheall ar línte breise, ach tá sí suntasach mar gheall ar na línte atá gearrtha aisti agus fágtha ar lár ó théacs **M**. Mar shampla, tá línte **147-56** gearrtha, maille le **159-64**, **227-8**, **258-62** agus **273-9**. Tá cosúlachtaí idir seo agus **14** freisin toisc an méid atá gearrtha as an dá chóip seo, agus is léir go bhfuilid gaolta lena chéile. Admhaím nach bhfuil siad díreach mar a chéile; níl na línte atá gearrtha as **14** díreach ar aon dul le **13** i gcónaí (níl **147-56** agus **159-64** gearrtha, ach tá **258-62** mar an gcéanna) ach tá siad cosúil a ndóthain, dar liom, agus is patrún é seo a bhaineann leis an bhforannóg seo amháin. Tharlódh, dar ndóigh, go raibh níos mó ná cóip amháin ag scríobhaí **14**. Pé scéal é, níl na línte gearrtha amach mar seo in **A₁** ná in **A₃**. Tá gnéithe de **13** agus **14** le brath sna línte gearrtha as **15**, agus mar eolas breise, tá **19** agus **34** scríofa ag an bhfear céanna, Domhnall Mac Síthigh.

A₃: 36, 37, 48, 50, 54.

Seo iad na línte breise a fheictear sa traidisiún seo amháin, ón gcóip is luaithe ar aghaidh, idir líne 132 agus 133 den téacs:

nó insa gCill ón suim go a chéile

nó a'brasaireacht le Peadar Ó Cinnéide

nó a mBaile Sheóirse, i gcomhghar an tséimhfhir,

Risteárd Bán, dob' fhearr do Phaoraigh,

nó insa gCreatalach mar a gcleachtadh mo ghaolta

nó i Luimneach for Sionann na gcaolbharc

(ls. 36, féach thuas, agus 4.2 na caibidle seo).

Bunaithe ar lámhscríbhinní déanacha leis na línte seo atá eagráin O'Grady, Phléimeann agus Uí Fhlannghaile, féach 4.1 – 4.4 thíos. Níl aon fhianaise ann gur cumadh na línte seo nó gur breacadh in aon chóip iad le linn do Dhonncha Rua a bheith beo, ach ní fhágann san nárbh eisean a chum. Tá sé ráite ag Pléimeann, mar shampla, gurbh é a bhí ann ná an leagan ba dhéanaí den dán: 'a transcript made not long after the author's death, by Thomas Harney, of Stradbally ... containing the last emendations of the author' (*IG Iúil*, 1884), agus ba dhóigh leat go mbeadh aithne ag Donncha agus ag Ó hAitheirne ar a chéile mar fhilí sa cheantar céanna (féach **Beatha Dhonncha Rua** thuas). Rud a thacódh leis an argóint gur cóip dhéanach í ná gur scríobhadh cúpla cóip den *Eachtra* san ochtú haois déag i Luimneach (4 agus 10) agus níl na línte seo iontu. Ba dhóigh, go háirithe, go mbeadh tagairtí ag an bhfile Seón Lloyd do na línte úd ar Luimneach agus ar an gCreatalach agus é ag scríobh lámhscríbhinn 4 sa bhliain 1773. Bhíodh seisean ag teacht le chéile le filí eile Thuamhan i gcúirteanna filíochta (féach Ó Dálaigh, 1993), agus gach seans gur mar sin a thiocthadh leagan den dán chomh fada le cathair Luimnigh.

3.2.2 Traidisiún **B** na Lámhscríbhinní

Is iad na línte breise anseo, ó líne 108 den bhundán ar aghaidh, a scarann traidisiún **B** ó **M** agus **A** ar chaoi shoiléir.

Seo, go bunúsach, mar a bhíonn siad de ghnáth (ls. **5**):

*mo mhíle mairg dob ainnis le féachaint
mar bhíodar na gcaranna ag aiseag gan traochadh
na luí fá deacair gan faic ar gcréachta
gan bhri gan mhaise gan tapa na ngéagaibh*

Ansin cúpla líne ar aghaidh (i ndiaidh líne 116 de **M**) tá:

*do bhíos im spreas mharga 's im scramaire traochta,
is sínte ar leaba is mo chreatalach céasta
mo bhríste im aice gan folach mo chréachta
gan brí gan tapa gan seasamh gan faosamh.*

Mar eolas níos cinnte fós ar an ngaol eatarthu ar fad, tá an formhór thart ar an bhfad céanna, le cúig cinn ar an méid ceannann céanna – 332 líne (**5 12 21 32 35**), agus fairis sin, tá trí cinn sa ghrúpa **B** a bhfuil an scríobhaí céanna, Tomás Ó hÍceadha, acu: **32, 40, 46**.

Tá miondifríocht amháin idir lámhscríbhinní **B** a fhágann go dtugaim **B₁** agus **B₂** ar an traidisiún seo. Sa chéad rann, tá le feiceáil sa tríú líne: '*na luí fá deacair*'; sa leagan eile tá '*na luí go smeartha ...*

Tá a fhios agam go bhféadfaí a rá gur miondifríocht atá sa mhéid sin, ach mar sin féin, is miondifríocht sin a léiríonn scarúint leanúnach idir leath amháin agus leath eile agus tugaim **B₁** agus **B₂** orthu:

B₁ deacair: 5, 12, 16, 17, 18, 21, 27, 30, 41, 47.

B₂ smeartha: 11, 32, 33, 35, 39, 40, 46, 49, 53.

Tar éis dom dul i mbun scagaidh orthu, feictear dom gur beag an méid línte breise suntasacha eile a fheictear iontu seachas na cinn thuas a scarann amach iad mar thraidisiún. Nílím ag iarraidh aird a tharraingt ar fhormhór na línte breise a fheictear, mar táid in **A** agus **B** go minic, agus níl aon tairbhe le baint as an scagadh sin. Níl suim agam ach sna línte breise a fheictear den chéad uair sa traidisiún seo, más ea. Mar a tharlaíonn, níl ach na samplaí seo thíos suaithinseach:

I ndiaidh líne **10** den bhunchóip, tá an líne bhreise seo ag **12, 27, 30, 41:** *Is clampar gall go teann dá léirscríos.* Ábhar suntais is ea é nach bhfeictear an líne seo in aon chóip de **A** ach amháin in **31**.

Tá an líne (i ndiaidh **146**):

d'fhiasríos don stáidbhean bhánchnis bhéasach

dfisríos don staidbhean bhan chnis beusach, a thosaíonn ag **5**, agus nach

bhfuil le fáil in **A** ach oiread. Fairis sin, i ndiaidh líne **241** den bhunchóip, tá an líne:

go hanacrach scíosmhar cloíte i ngéarbhroid

go hanacrach sgiosmhar claoighte a ngeuirbhroid. Sa traidisiún seo a fheictear an líne seo den chéad uair, mar is í cóip **5** an chéad shampla di; leanann sí ar aghaidh tríd an traidisiún, ach níl an líne seo le feiscint i dtraidisiún **A** oiread is uair amháin, fiú.

Ar mhaithe le solas a chaitheamh ar phatrún na leaganacha seo, tá cóip de leagan **B** den *Eachtra* tugtha agam anseo.

Traidisiún B: Lámhscríbhinn 5

Seo an leagan is luaithe de chóip lámhscríbhinne sa traidisiún seo. Áit ar bith nach féidir focail a dhéanamh amach tá lúibíní cearnacha úsáidte agam le léamha ón gcéad lámhscríbhinn eile sa traidisiún ina diaidh – **12**. Tagann na huimhreacha le leagan **M**. Tá litir bheag curtha isteach agam, mar shampla **58a**, le líne bhreise a chur in iúl.

Lch 89

Giolla an amaran an so ar na cuir na cclo le donchadh macnamara Anno Domine 1777 an 20 la don mhiodha (?)

Do riarfuinn sgeol dom comharsa air aonrod	1
A mbriartha beoil dob eol do cheadta	2
Air Bhrian Boirrimhe is air shloigh na féinne	3
Air cliar Mhic Lobuis mhóir is mhaonuis	4
Níor choir dom teacht air ghreas da saothar	5
Na air nuadhacht do bhain dam do dheasga [an tsaoghal]	6
Do bhrigh g [·] rabhus gann faoi ghréithre	7
is gur frigh g [·] fanlag drang na heirion	8
Gan cíos gan cabhair acht spionnsus breige	9
sda cciora aig clana gall sis tréine	10
ag múna sgoile dob obair dom féin seal	11
sa run don phobal go [madh fholamh an cheird sin]	12

Lch 90

Nuair thugach mo chomharsa cóir is gleus dom	12a
cuidachta is sport ón noim g [·] chéile	12b
nior cumus dom comhar comhdeach dáon díobh	12c
na sgillinn d [·] dhól céir doighte an chéim liom	12d
An sa noidhche am luighe is me um aonar	13
bhios seal a smúiniomh air laoithe an tsaogail	14
air chathamh mo beart gan eara gan aodach	15
is g [·] bfada g [·] mfeara bheith tamall mar bhaol bheag	16
A ccomhar na ccapall nó carta na cré seal	17
nó ag ól bainne a ttigh mleacinn uí mhaona	18
nó fós g [·] reachuinn as talamh na héirion	19
[sgo mo eól] dom sgathiomh do cathiom um cléirioc	20
[sgo] reachuinn faoi sheol le feoithne air séide	21
Go saxona nuadh más doith g [·] mféidir	22
[ar theacht] na maidine phreabus g [·] héadrom	23
[as mo] leaba le teanuibh don sgeul sin	24
Beirim ar mhaide ní stadfuinn lem beile	25
[le feirc] ar m [·] hata os faision ag aoneach	26
Déantar jackets beag geara tapa le smeide	27
is léinteacha breaca g [·] barra m [·] mhéaruibh	28
<u>Lch 91</u>	
Do cuir mé slán leam cháirde ann aonacht	29
chuid níoir fhágbhus slán le freagion	30
da ccasfach dam ártheach dail an éirinn	31
g [·] raichuinn tar sáil [·] an ait nár bhaoghalach	32

Biodh fhios ag an tTalamh is ag máthaibh gheal <i>phaorach</i>	33
a <i>liacht</i> beatha mhiontíre is <i>greithre</i>	34
do tug an pobal a bhfochar a <i>chéile</i>	35
Cuin <i>air</i> ccothaighthe a ccoga no a spéirlinn	36
Stór na cailfeach síom do laotaibh	37
7 cortha domhinn na ttoillfuinn <i>féin</i> an	38
Do bhí <i>seacht bhfithchid</i> ugh <i>circe</i> sa nanlan eisg	39
Le hiaghuidh a nighthe co minic sb [—] mhéin	40
<i>Cróca</i> an ime do dineadh le saothar	41
7 spóll [—] suille b [—] throime na ndearfad	42
do <i>seacht</i> cclocha d [—] mhin <i>coirce</i> glann <i>ciréithre</i> an	43
Is <i>diroidar ciroite</i> na loiste re <i>chéile</i>	44
Do bhí lan <i>baraile</i> do bhfeara do bhí an <i>Eirin</i>	45
do photataoi leathana <i>air eagla</i> geirbhruid	46
do thugar caig <i>leanna ann</i> do lasach re séide	47
<u>Lch 92</u>	
7 <i>cuirfeadh</i> na mairbh na mbeatha da mfeidir	48
Leab [—] 7 clúda a cciúmhas a <i>chéile</i>	49
ceangalta <i>air</i> drong mo <i>troinc</i> re téada	50
bhí broga sgig <i>ann wigg</i> is Beaver	51
7 stor <i>mar</i> sin a nois na deurfuinn	52
g [—] portlairge dhon stair sin teighimse	53
cho furrante le <i>conán</i> na féine	54
glacaim mo loisdion board= bidhe is feusta	55
a bfochair na hoigmhnaoi b [—] choraio <i>ann Eirinn</i>	56
do bhí sí fáilteach fáinneach feustach	57
ba chaoín deas sasda an <i>Drawer</i> l [—] glaotheac í	58

[gach sórd] <i>dhá</i> ttagach a bhlaise ní seunach	58a
do neósach <i>eachtara startha</i> 7 sgeul duit	60
Ní ghlacfadh fall [˙] na fearg g [˙] heug leat	61
An fad brathach sí <i>airgead</i> agad <i>gan traocha</i>	62
Ní léigf [˙] do lamh an gach áit faoi an saoghal [so]	63
o imioll a saill go <i>lar</i> a ceibhe	64
Sa ccúrsa mná ní thrachtuim aon <i>read</i>	65
<i>acht</i> cuis m [˙] <i>gháire fáith</i> a sméide	66
<u>lch 93</u>	
Do cuir sí mo clú dá mbfiu a saothar	67
is do cuireac sí am cúlsa <i>púdar</i> gleigeal	68
Biodh deoch <i>air</i> maidin is me am leab [˙] dá gléas dom	69
o bhun g [˙] <i>bar</i> [˙] sí <i>bhearach</i> g [˙] leir mé	70
b [˙] mhor miongantus a siniontacht feile	71
is cruas a muime chuín <i>pinninne</i> dhéiliomh	72
Ní matheadh a máthair <i>cáirt</i> na braon dham	73
g [˙] ccaitfeadh an táile <i>dail gan phle</i> uaim	74
dfanus na bhfeidhilsin sím do laothaibh	75
ag faire <i>air</i> a loing do reachach as <i>Eirinn</i>	76
Bhí caiptín <i>Allen fear</i> meanamnach glegeal	77
a <i>teacht</i> don mbaille is níor bhfada <i>gur</i> reigheas leis	78
gleasuim <i>orm</i> go hobann re séarse	79
me <i>féin</i> smo costas <i>air sodar</i> aneanfeacht	80
Do chuadhas don phosaiste [<i>air ghearán chinn éadtruim</i>]	81
is ualach sgradánn am mheacan <i>air</i> [thaobh dhe]	82
do chuir mo cortha <i>ar boird</i> g [˙] héusga	83
is uaisle an phort ag ól Canary	84

Fiosraighid g [—] haibid an labharain Béarla	85
Is dhiadus a bhfeairt as laidin <i>air</i> eigan	86
nior bhfuláir <i>dham</i> mainim d [—] <i>thabhairt</i> [don chléireach]	87
<u>Lch 94</u>	
is Mac na mara cuir <i>trasna san</i> Day Book	88
Dob eigion mo cortha cseola <i>ar</i> thaob diom	89
is me a deunamh sport a seombra an Major	90
sgaoiltear seolta <i>air</i> nóinn do Phaoebui(?)s	91
is do bhí Aeolus leo agus Thetis	92
Sgeinnid amach do phreab a dtréinmhuir	93
go ndruidid a bhfad as teas na greine	94
nior bhfada <i>gur</i> ghoill <i>air</i> chloinn Maonuis	95
an fharaige domhinn as radhairc na spéire	96
bhí meacain is meadhaig ag Tadhg Ó Laoghaire	97
is ní bhlaiseach sé greidhimh le treighid ná braon diobh	98
bhí caoilte o caoimh a caoine a <i>chéile</i>	99
is ní bhfuighach a bhraoiste a sgaoile <i>air</i> aon chor	100
bhi peadar o duda am cúinne a meanfuig	100a
[chum rathadh] sa ccúrleagan an <i>ar</i> susagh ag Feidhlimh	100b
caibre is tiobóid is gearait <i>air</i> saothar	101
ag taruint na plucoide anonóir na sgleipe	102
buachaill uí leathloghar ag altughadh a bhéile	103
is cé bhuail é san leathsuil <i>acht</i> Ccarbhuill is sgeird <i>air</i>	104
is Gearalt O Duinn is Flan ag taosga	104a
[Cathal is Conn a ngóbhal a <i>chéile</i>]	104b
<u>lch 95</u>	
Bhí Seaghan dhún na <i>circe</i> sa ruibe <i>dhá</i> traocha	105
is <i>dhá</i> cheann a goille ag cuir <i>air</i> an aoinfeacht	106

do dhearbhuig <i>Diarmuid</i> riabhach is faobhar <i>air</i>	107
na <i>mairfeadh</i> a <i>ttrian</i> le <i>triall go hÉirinn</i>	108
Mo mhíle <i>mairg</i> dobaingis le feuchaint	108a
<i>mar</i> bhíodar na <i>ccarana</i> ag aisiog <i>gan</i> traoca	108b
na luighe fa <i>deacair gan</i> faice <i>air careuchta</i>	108c
<i>gan</i> bhrighe <i>gan</i> maise <i>gan</i> teapa na ngeugaibh	108d
Sin <i>mar</i> cathadar tamal g [—] taomnach	109
Tuirseach masluitheach <i>treasgartha</i> traochda	110
is biodh <i>ar</i> mhanam <i>nar</i> thaise <i>dham féin</i> sin	111
sínte trasna comhainngis le haoneach	112
Do bhíos am spreas <i>maraga</i> isam <i>sgramaire</i> traochda	112a
sínte <i>ar</i> leaba is mo creatalach <i>céusda</i>	112b
mo bhríste am aice <i>gan</i> folach m [—] m[o chréachta]	112c
<i>gan</i> bhrigh <i>gan</i> tapa <i>gan</i> seasamh <i>gan</i> faosamh	112d
Dfanus am mhart <i>gan</i> phreab <i>mar</i> speice	113
<i>mar</i> bheath seac <i>gan</i> fead glaoch anam	114
m [—] chreach fhada ní magadh b [—] mheinn liom	115
b [—] me an cleas <i>marga</i> no an lasdrum éanuigh	116
<u>lch 96</u>	
As b [—] é an náire <i>trácht air</i> eagceart	116a
Aisiog mo shlante go ndeárna me <i>ar</i> fad	116b
B [—] minic me <i>dhá iara air</i> dhia <i>dhá</i> mféidir	117
stuirme dhár bfiara aniar go hÉirinn	118
do bfeara liom na bfeacus d [—] mhatios an tsaoghal	119
sa dfaghail cer bhfairsiong is a raibh a ttaisge ag Croesos	120
na an lomra ordha thóig <i>mac Aeson</i>	121
na bhfochar na sgotach is moir dailreada	122
sda bfhaghain san imirt an finne bhean <i>Deirdre</i>	123

leat caill [—] clann cumusach Uisneach na ttreineach	124
no ar dearmoid Seoirse a bFlondrus do greitre	125
is e ag teacht o na nomhaid g [—] Hannover air eigion	126
a ndeirim do tamhairt mar malairt le baocus	127
air a bheith san mbaile nó a ccallaith poirt éigin	128
na a bheith san baramhuin am neartugh idir Gaodheiluibh	129
a reic m [—] cheathramhna sa smachtugh m [—] thréada	130
No abfochair an tsagairt tug teagusg go séimh dhom	131
is blaise na leanna go fairsiong gan eiliomh	132
ar sliabh geal guadh rug buadh na féile	133
ag riar lucht danta [ngrádhach] sa ccléirig	134

lch 97

No a bfocair Uilliam Í Mhorain fonnard léighionta	135
do dheanfadh seandhán as ceann cláir méaga	136
céad ní farais na tagann am bheul sa	136a
beus do cleachtainn lucht atuirse an geibhinn	136b

Crioch ar a ccéad Roint, ar na sriobh le Dáibhí Ó Saoicháin an 30 la don miosa July 1777

An dara Róint iona ttrachtar ar ionngantas adhbhal mhóir na a modh aislinnge a neolachus re Aoibhal na Craige Leithe air ndall san áitse a raidthear Elisium ar an radhaire an sin 7 air tharanngeacht conann Maoil ar tteacht as sin is ar casa an sa loing fhranncach ar dteacht a baille agus ar eadarguide féin fa dheoigh

Eisdig feasda g [—] naithrisim sgeul diobh	136c
is tar éis na sparinne geallaim nach breag sin	136d
air lár mo smaointe is minntinn traochda	137
do tháinig an tsídhe bhean mhíonla mhaorga	138
A cuacha sgaolta sios go féuir le	139

isa <i>gruadh mar</i> caor is suigiomh a sgeimhe	140
ar fíoghar a pearsan dathin me <i>air</i> eigion	141
Aoibhal chleasach na <i>Carige</i> Leithe	142
Do chuir sí láimh <i>air clár</i> lag méudain	142a
Is do rug sí a nairde as <i>marus féin</i> me	142b
Do taraing an fhaigh bhean mhanl [—] le me	143
<i>gur</i> stadag linn lamh re bhánseach reitig	144
Damharcus uagh iona ngluaisid ghaoth as	145
et sgeach <i>ar</i> a bruach leas tsuas is fraoch glas	146
dfisrios don stáidbhean bhan enis beusach	146a
cread an seachrán fáin ionar bhail le me chuir	148
<u>lch 99</u>	
Do tug g [—] habig sí freagra an an éiric	149
na cuireach beart <i>air</i> bith fearg ná fraoch ort	150
na déin iongantus do neathibh an tsaogail	151
na tréig mise g [—] bhfillir sní baoghal dhuit	152
Riadhrc na fuair fir tuadhaim is leire	153
g [—] bfeigairse uaimsi is luacht do shaothair	154
do ghluaisios le g [—] heudrom eusga	154a
san uaigh sin síos <i>air</i> síolse an lae ghill	156
Go bhfeacamar uainn na cuanta as geuirmhar	157
Is Acheron fuar ag gluaseacht taobh linn	158
So an tannach a ngabhad an drong dhéugan	159
<i>gach</i> anam a samhailt angeall d [—] daorthar	160
Na millte chionn bhí ann g [—] déuirach	161
na faghach dull a nonn tar gleann on cceim sin	162
ní hionan <i>mar</i> thiotan o Virgil le Aeneas	163
<i>gur</i> le huirisbo a ccuirtha <i>air</i> an saogal so	164

<i>Acht</i> sloite chathan le rabairne a saothar	164a
ag ól sa charbhus g [—] bhfanuid <i>gan</i> aon rod	164b
<i>gan</i> cabhcuin aco na leathphinninn déighionach	164c
le tabhairt don calluithe <i>mar</i> a bfaghairse <i>mar</i> déirc í	164d
<u>Lch 100</u>	
Se cluinim da radh ag <i>lucht</i> radhtidh is leighim	165
<i>Gur</i> be duinne do bhí a <i>mbad</i> an Charon mearsgreach	166
a deirimse leó <i>gur</i> doabh is breug sin	167
<i>acht</i> cleathaire <i>mor</i> do phoir na hErion	168
Do chídhimisne an seanbhád da thiománt g [—] <i>seurach</i>	169
Do díobrioghad g [—] gallanta ag Connan n [—] <i>feine</i>	170
bhí croicion dubh fóisge <i>air</i> a thóin <i>mar</i> eudach	171
sni beag liom g [—] deó <i>mar</i> comhartha an meid sin	172
Na thiubhr [—] Saxonach <i>trasna gan</i> raol gheal	173
sní labharoid dada an ach ladion no gaodhalge	174
nuair chonarc se Aobal bhinn is mé aice	175
crothann a mhaoil sb [—] sgiosmhar feuchaint	176
Aduhairt <i>mar</i> tarbh g [—] <i>feargach</i> faobhrach	177
a crúsda maluithe a cailig sa meirligh	178
is dána tuigairse duine a ccruith dhaona	179
an áit ná tigion aon sgiolla dho chre <i>air</i> bith	180
Da mfiu liom muirsantacht cumuis do dheunamh	181
do rusgainn tusa is do ghiolla <i>mar</i> aon riot	182
foill a churr [—] ar san mhiochardha mhaorgha	183
toig do chuthach sglac iomachar reightig	184
duine <i>gan</i> bhuairt do fúair me a ngeuirbhruid	185
do chinn [→] chaibh mhór ₇ duaislibh Éiríonn	186

Lch 101

Do rug an macámh <i>air barra</i> mo mheuiruibh	187
is do rin sé gaire ós <i>árd</i> is béicach	188
Le fuaidhaim a gotha do <i>crítheach</i> na spéuirthaibh	189
g [—] ccualla an <i>chrúinne</i> é is cuir ifrion <i>géim</i> as	190
teidhim <i>tear</i> sruthán sa ccorachán caol dhuib	191
is déinim an teathgheare gonuig cnocan beag eurach	192
G [—] ráingamuir anuidhe ionna geata <i>gan</i> aon ghleas	193
an áit a mbiodh maisteinn a gleamaoil <i>gan traocha</i>	194
nior breug do Virgill a deireach na bheuirsa	195
<i>gurabe</i> so Cerberus theipeach a réiteach	196
Na chodla a bhi cceartlar a chosain is gan fe sin	197
<i>acht soparnach</i> piseadhain is e sronan sa seide	198
do rug an fear foirnirt do shliocht Eibhir	199
g [—] dubh <i>air</i> a sgórnain le foirsa a gheuga	200
Nior leig don mhadra faica na steuna	201
<i>gur</i> rithimar tearuis faoi eagla <i>air</i> ndeuchuin	202
nior fhanag linn g [—] bara an chnoic don réim sin	203
<i>mar air</i> stadamar a machtnamh is a feuchain	204
<i>Gur</i> amharcus uaim na sluaghte <i>air gach</i> taobh dhíom	205
a taraing na ccuard sa ruaga a <i>chéile</i>	206
adubairt linn suighe g [—] nins [—] sgeul duinn	207
<i>cuntus</i> diorach buidhion is beusa	208
<u>Ich 102</u>	
Féuch sa thall uait Clann Gadelus	209
(ar sé) is banntreacht mheabhal na herion	210
feuch <i>mar</i> leanuid an aicme úd a ttreunrith	210a
a buant phreucha a <i>talamh</i> da <i>ngeara</i> is da [ccéasa]	210b
Ta an ruag sa raide ag <i>fir</i> susa/frasa(?) is fénis	210c

is Tuatha Dé Danann a sgapa sa sgeunadh

210d

an bhfaicirse don sa lann is faobhar <i>air</i>	210e
ag tealgion ceann a gabhal a <i>chéile</i>	210f
An bfaicir <i>fir</i> groidhe na Traoi is na <i>Gréige</i>	211
Is Hector sa cloidhiomh a maoidhiomh a thréighte	212
an seanduinne Anchises a chrion le léite	213
a mhac le na thaoibh sa sionsear euchtach	214
san obair úd aig Romulus is aig Remus	214a
cur clocha nirt in <i>air</i> chosmhuint cinne reim <i>teacht</i>	214b
an cclisirse an glór so aig sloig na ngeuga	215
a seinim a cceolta is sport is plae aco	216
Ta Horace an aig meall [—] suilt Meconas	217
Is da ngeara san <i>gan laga air</i> bith le geire	218
Ovid na shuighe <i>air</i> bhinse féuir ghluis	219
sa nóta da sgríobh g [—] cum Caesar	220

lch 103

Juvenal sa pean idir a mhéaruibh	221
is dumbhlus <i>mar</i> dhubh aige is geuirnimh	222
Aodh Baoidhe <i>Mac Cuirtín</i> as Éire	223
is e fillideacht g [—] gobchaoín a nGaotheilge	224
A bpoínse suilt go cionsa glic da <i>mbréuga</i>	225
(?) so a ghuib g [—] ttabharach duine on neg leis	226
a bhfeócir an coillfhear na luighe seach <i>gach</i> aon lucht	226a
g [—] mbeirid a ccinn <i>tar</i> na Cyclops re <i>chéile</i>	226b
Ata an súd <i>ocht</i> ttrup na <i>Feinne</i>	227
go <i>hardacht</i> luidreach lubach [léimneach]	228
uch Fhinn <i>Mhic Cuimhail</i> a chinn na féine	229

<i>gan mé ⁊ tú ionar nduithe ghaodhalmhuir</i>	230
Do thabharthach mís abhaille <i>an fairuir mac</i> [Shéamuis]	231
is do bheadh cabhair lean iad <i>an albuin na meathbhrog</i>	232
an bfaicirse Luther diompa téarma	233
Is C-lv-n na crusda a cúira meithris	234
an <i>ochtmhadh hanraoi</i> is a banrioghan bhreugach	235
<i>Crochta</i> as branraoidh le slabhraoidh daora	236
<u>Lch 104</u>	
Gach Sagsonach do ghabhan an ball so pléus[<i>gfam</i>]	236a
An ceathrar cam so diompa a ccleirig	236b
Iad so tá sgaoilte cidhir <i>gan aon locht</i>	237
béurfar arís g [—] Rioghacht Mac dé asteach	238
imig se abhaille a fhearuire <i>treammuir</i>	239
a dhuine tagan <i>mar teachtuire</i> o éirinn	240
As fada bhias an buidhean san biontais <i>Sémuis</i>	241
Go hanacrach sgiosmhur claoighte a ngeuirbhríod	241a
go neirighe plánnda do seuintsliocht Eibhir	243
dfeunfus concus <i>mar gheall air éigceart</i>	244
Bainfeadh sé an chroinn do coip an eiric	245
as leanta g [—] foill faoi phoir Milesius	246
seacuín se <i>an tolc</i> do loit siol ebha	247
gaibh paidir is troska is cros <i>mac de ort</i>	248
bi deuircaich <i>carthanach</i> air leasa re daonacht	249
is reim na fhathus do ghabhair mas feidir	250
Reachadsa <i>air siubhal</i> ata liu ⁊ glaoth <i>orm</i>	251
an aicme so L-th-r do bhruigh sdo ceus me	252
Do mharbh an Francach an domhan san saogal díobh	253
is caithfeadsa a dtabhairt anaul má fhéaduim	254

Lch 105

Go rofhada sginn <i>om radharc don léim sin</i>	255
<i>gur</i> thoig Aobhal <i>criona</i> lé me	256
<i>tangamar</i> anios sa ionnall nách leir dam	257
is <i>tharl</i> ⁻⁻⁻ don mhnaoi <i>gur</i> <i>sgriob</i> sí le me	257a
<i>gan</i> <i>sdad</i> óm smúit si músguil mé an sin	259
mo leaba dheas fiúm m ⁻⁻⁻ <i>thronc</i> is meudach	260
As amhla bhrathus me tairaint <i>gan</i> aon phreab	261
anon <i>air</i> Shaxona is maigine <i>traochda</i>	262
se chraidh mo chroídhe n <i>úair</i> smaoinag me an sin	263
<i>gach</i> gabha <i>air</i> ghabhas tríd <i>gur</i> taidhbhriomh bréige	264
Níor bfada <i>gur</i> labhair an long A sail hoise	265
Your tackles And Shrouds all round fair play boys	266
Pinace beag Francach lom mear gléusda	267
do chuir sin a bponc faoi sganra <i>air</i> ndaocuín	268
Cathan si uirchar faoi iomal <i>air</i> néudain	269
<i>dhá fhiche</i> gunna do leigfeadh an sgach feile	270
g ⁻⁻⁻ mbéigion duin casa cho tapa is do bfeidir	271
is be aguinn is mease chuín ratha bhíodh fe de	272
<i>mar</i> bheith cuirsa cú 7 geariadh aice	273
da ccasa an <i>gach</i> ponc sa cupla <i>air</i> saothar	274

Lch 106

Go ccaithfeadh si stad le neart bheadh <i>traochta</i>	275
<i>mar</i> sin <i>dár</i> ccathiomh <i>gan</i> stad le freigion	276
Do marbh <i>dhá fhiche</i> <i>dár</i> bfearaibh san sgleup sin	277
ní áirim tuille <i>dar</i> bfuirean bhí <i>traochda</i>	278
do chailimar <i>triúr</i> a dtuis an lae ghill	279
bhí geara 7 brugh <i>air</i> cúig déag fhear díobh	280

Chuadh <i>uirchar</i> an dailtín an Chaiptín is nior leir liom	281
do goid <i>sé</i> mo chapin is nior dhanid leis maol me	282
ranngamar don phosaiste g [—] batrálta <i>treithlag</i>	283
is tangas go portlairge <i>air</i> cosanairde <i>um</i> aonar	284
do cuadhmar abhaille <i>gan</i> laga is b [—] déirc liom	284a
is deimhin <i>tar faruige</i> na reachad ma fhéaduim	285
<i>mar</i> reachuinn re banna no ceanguilt le <i>téad</i> [—]	286
<i>mar</i> bharra <i>air</i> gach nidh le <i>croí</i> bhíodh baochas	287
a chara bí am dhion a Righ na <i>treig</i> me	288
toig se <i>tfearg</i> din <i>neartuig</i> is saor sinn	289
foir <i>air ár</i> nanam, sin aguibh mo sgeulta.	290

4. Eagráin Eile

Tá an dán curtha in eagar ag ceathrar romham. Standish Hayes O'Grady ba thúisce a thug faoi shaothar an fhile a chur i gcló, mar a léiríonn a theideal fada, *Adventures of Donnchadh Ruadh Mac Conmara, A Slave of Adversity, Written by himself, Now for the first time edited, From an original Irish manuscript, With metrical translations, notes, and a Biographical Sketch of the Author*. D'fhoilsigh Seán Ó Dálaigh an leabhar sin sa bhliain 1853 i mBaile Átha Cliath. Ansin bhí leagan den dán ag Tomás Pléimeann in *The Irishman* sa bhliain 1881, arís in *Irisleabhar na Gaeilge* in Iúil agus Lúnasa 1884 agus bunaithe air sin a bhí leagan Uí Fhlanngaile: *Eachtra Ghiolla an Amaráin, and other poems, Ed. by Tomás Ó Flannghaile, with life of Donnchadh Ruadh MacConmara by John Fleming*, BÁC, 1897. San fhichiú haois chuir Risteard Ó Foghludha dánta Dhonncha Rua in eagar faoi dhó: *Donnchadh*

Ruadh Mac Conmara, BÁC, 1908 agus 1933. Chuir Paul Walsh leagan dioplamáideach den dán i gcló sa bhliain 1927.

4.1 Hayes O’Grady (1853)

Tá 331 líne san eagrán seo. Is léir óna scríobhann sé go raibh cóipeanna éagsúla aige; féach, mar shampla, ar leathanach 28: ‘Instead of the two lines on King George, some copies read ...’, agus in áiteanna eile tugann sé léamha uaidh ar leaganacha eile de línte faoi leith. Is beag an t-amhras atá orm ach go bhfuil an t-eagrán seo bunaithe ar chóipeanna Sheáin Uí Dhálaigh. Tá sé nach mór focal ar fhocal le **48** ach go bhfuil sé dhá líne níos giorra – *nó annsa g-Cill gan suim go chéile / no a brasaireacht le Peadair O Cinneide* atá ar iarraidh (féach traidisiún **A₃** thuas). Tá nótaí mínithe ag Ó Dálaigh sa lámhscríbhinn seo leis agus measaim go láidir go bhfuil na léamha a luann O’Grady bunaithe ar an dá chóip **47** agus **48** ón **ARÉ**.

Aisteach go leor, áfach, luann O’Grady an dáta *an ceathramhadh lá déag de mhí na Bealtaine* os a cionn, nuair is minice ar fad an ceathrú lá fichead den bhliain 1745 a fheiceáil, mar atá ag Ó Dálaigh féin go deimhin (tá an dátú seo tábhachtach, féach nóta * **125-126**). Tá sé scríofa i gcóip **33**, mar shampla, cé nach bhfuil an chóip sin cosúil le heagrán O’Grady.

4.2 Pléimeann (1881 agus 1884)

Tá an dá chóip (in *The Irishman* agus *Irisleabhar na Gaeilge*) mar a chéile.

Admhaíonn Pléimeann go raibh cóipeanna a scríobh Labhrás Ó Fuartháin agus Tomás Ó hAitheirne aige, agus bheinn nach mór cinnte de gurb iad **8** agus **36** atá i gceist aige. Mar sin féin, tá a leagansan 362 líne ar fad, a fhreagraíonn do thraidisiún **A₃** thuas, murab ionann agus cóip Uí Fhuartháin. Bhí staidéar déanta aige ar níos mó

cóipeanna ná an méid sin amháin, dar liom, mar a léiríonn an tuairim a nochtann sé i leith na línte breise de chuid A₃: ‘He [Donncha Rua] did not know Richard Power of Georgestown, nor Peter Kennedy of Whitestown, for years after he had composed the first edition of the poem, nor the Clancys for years later; nor did he mention Cratloe or Limerick in the first draught’. Tá línte breise inti nach bhfuil in **34** áfach toisc gur cóip neamhiomlán í sin, agus díreach mar **4.3** thíos, measaim gur ar chóip **35** atá sí bunaithe, leagan atá 365 líne ar fad.

4.3 Ó Flannghaile (1897)

366 líne atá in eagrán Uí Fhlannghaile den dán. Ag brath ar eolas Sheáin Phléimeann atá sé, faoi mar a admhaíonn sé féin ar lch. xv:

I have diligently compared all the printed editions of Macnamara’s poems, but follow chiefly the texts given by Mr. Fleming in the second volume of the Gaelic Journal... He had the poems from a MS. collection, written in 1786 by one Laurence Folan... I have not heard that any autograph MSS. exist, if there are any such I shall be very glad to hear of them.

agus ní léir gur léigh sé féin lámhscríbhinní don obair seo. Is follas nach ag tarraingt ar **M** atá sé mar tá an-chuid línte breise anseo aige. Bunaithe ar chóip **37** go hiomlán atá an leagan seo, dar liom, agus é nach mór mar chóip dhíreach, líne ar líne. Seo lámhscríbhinn a bhreac Risteard Paor i gcathair Phort Láirge, agus níl sé cosúil le ls **8** le Ó Fuartháin faoi mar a mhaíonn sé féin.

4.4 Ó Foghludha (1908, 1933)

Tá 286 líne san eagrán seo (a foilsíodh faoi dhó), píosa maith níos giorra ná na heagráin eile, cé go luann sé go raibh lámhscríbhinn **9** ina sheilbh aige, cóip a bhfuil 316 líne inti. Ar leathanaigh 14-15 sa réamhrá (1933), déanann sé tagairt do chóip atá sínithe ag an bhfile féin, cé go gcaitheann sé amhras ar iontaofacht an dáta atá luaite.

Seachas cúpla líne a bheith ar iarraidh, agus roinnt eagarthóireachta déanta ar fhocail (go minic len iad a réiteach níos fearr do chanúint na Mumhan), níl amhras ar bith ach go raibh an bhunchóip mar atá sí agamsa, **M**, breachta síos aige féin, agus gur ag brath uirthi sin atá sé leis an leagan foilsithe seo. Is í an t-aon difríocht ná go bhfuil an t-eagrán 4 líne níos giorra. Tá línte **63-4** de **M** ar iarraidh ag Ó Foghludha: *ní leigfeadh do lámh in áit fán saol léi, / ó imeall a sál go lár a cléibhe*, agus línte **105-6**: *bhí Seán ramhar singil 's an ruibe dá thraochadh, / agus dá cheann a ghoile bhí 'cur air in aonacht*. Is cosúil gur cinsireacht a bhí ar bun ag Ó Foghludha le gearradh amach na línte seo. Tá eagrán 1933 díreach mar an gcéanna aige.

4.5 Walsh 1927

Seo leagan dioplamáideach den dán, mar a léiríonn an teideal ‘A Poet’s Manuscript’. Trascríobh den *Eachtra* ó lámhscríbhinn **M** atá ann, cé go bhfuil léamh beagáinín difriúil déanta ag Walsh ná mar atá agam féin in áiteanna. Léimse *ea* áit a léann seisean *e* don ‘e ard’, mar shampla. Ar a laghad ar bith, seo an deachomhairle a scaipeann sé féin ar an léitheoir a thabharfadh faoi staidéar na *hEachtra*: ‘The version of the *Eachtra* here presented was entered in the manuscript described in the year 1758. It contains 290 lines. It must be taken as a starting point in any study of the other versions in print and in manuscript that may have come down to us’ (Walsh 1927, 52-3).

NÓTAÍ TEANGA

Réamhrá

Tá sé deacair a rá an bhfuil mórán saintréithe de chuid Gaeilge Phort Láirge le feiceáil sa dán. Dealraíonn sé gur thart faoin gContae a cumadh an dán, agus is cinnte gur cabhair don léitheoir eolas éigin a bheith aige ar an gcanúint áitiúil. Féach, mar shampla, go bhfuil saintréithe Ghaeilge Phort Láirge go háirithe sa dán: *le haghaidh* (44), *fuireach* (76), *ruibe* (105), *crothann* (176), chomh maith le fuaimniú an /x/ i lár focal mar a mbeadh –th– sna canúintí eile (e.g. *chrochta* (40)), flúirseacht an défhoghair /ai/ (*suim* (37,75), *dtoillfinn* (38), *loing* (76)). Mar sin féin, tá gnéithe de chanúint na Mumhan go ginearálta le feiceáil go coitianta sa dán. Mar a phléim amach sa chaibidil seo agus sna **Nótaí ar an Téacs**, feictear foirmeacha agus fuaimeanna Muimhneacha go forleathan: *do inneosadh* (60), *raghadh* (76), *baochas* (127, 287), *chír* (237), etc. Os a choinne sin thall, bíonn fuaimniú na bhfocal aiceanta faoi réir ag an meadaracht thar aon ní eile, agus uaireanta ní réitíonn sin leis an gcanúint; féach, mar shampla: *thabhairt* (87, 127), *iongantas* (71, 151).

1. Cúrsaí Béime

1.1. Focail Shimplí

Bíonn an phríomhbhéim ar an gcéad siolla d'fhocal simplí i nGaeilge Phort Láirge de ghnáth, (*IR* 77). Cé go mbíonn an bhéim faoir réir ag an meadaracht in *Eachtra Ghiolla an Amaráin* seachas ag an gcanúint, is ar an gcéad siolla a bhíonn an bhéim de ghnáth freisin. Sna cásanna nach mbíonn sé amhlaidh, pléim anseo iad.

1.2 Seo iad na focail a mbíonn an bhéim ar an dara siolla acu:

1.2.1 Dhá ghuta ghearra i bhfocal déshiollach:

I gcuid mhaith de na samplaí seo, dhá ghuta ghearra atá i bhfocal déshiollach, ach go n-éilíonn an mheadaracht béim ar an dara siolla. Cuirim idir lúibíní na focail aiceanta atá ag freagairt dóibh de réir na meadarachta. I gcás gur focal le fuaim /e:/ atá

luaite, mura dtugaim a chéile meadarachta ciallaíonn sin go bhfuil an guta aiceanta deiridh sa líne i gceist agam, a bhfuil fuaim /e:/ i gcónaí aige.

I gcásanna áirithe, gnáthfhoghraíocht na Gaeilge atá le feiceáil: *istigh* (*wig*) (51) *anóis* (*sin*) (52), *amach* (*phreab*) (93). I gcás *istigh* tá bá ar an nguta tosaigh: *bróga istigh* [ˈʃt'íg']; [ə'n'íʃ] agus [ə'max] atá againn sa dá shampla eile, cé go bhfuil fianaise na canúna againn leis (*IR* 68 agus 78).

I gcásanna eile foghraíocht de réir na canúna atá inti: *agat* (*airgead*) [ə'gut] (62), *aige* [i'g'e] (*dhubh*) (222), *agaibh* [ə'gí'v'] (*n-anam*) (290), *idir* [i'd'ir'] (nó *fiú* [i'd'er']) (221), féach *IR* 124. Maidir leis na réamhfhocail aiceanta eile, féach 1.5 thíos.

Má tá *-ax* ar an dara siolla is an chéad siolla gearr, tá an bhéim ar an dara siolla de réir na canúna (*IR* 77), ach ní mar sin atá sé sa dán, seachas i gcás amháin: *fuireach* (*d'fhanas*) (76). Tá an bhéim ar an gcéad siolla sna focail seo a leanas: *Uisneach* (*chumasach*) (124), *chleasach* (*Carraige*) (142), *tuirseach atuirseach* (110), *t-eanach* (*anam*) (159).

1.2.2 Siolla gearr agus siolla fada

Nuair a bhíonn an chéad siolla gearr is an dara siolla fada is gnách go mbíonn an bhéim ar an dara siolla.

Conán (*farránta*) / *Chonáin* (*ghalánta*) (54, 170)

ghearrán (*Phasáiste*) (81)

scadán (*mheáchtan*) (82)

Leathlobhair (*altú*) (101)

altú (*Leathlobhair*) (101)

Calbhach (*leathshúil*) (102)

Tiobóid (*Gearóid*) (103)

Gearóid (*Tiobóid*) (103)

onóir (*phlocóide*) (104)

aniar (*bhfíradh*) (118)

neartú (*mBarúnaigh*) (129)

cheathrún (*smachtú*) (130)

smachtú (*cheathrún*) (130)

leastuas (*bruacha*) (146)

thiomáin (*seanbhád*) (169)

macámh (*bharra*) (187)

sruthán (*gcorachán*) (191)

aithghearr (cnocán) (192)
cnocán (aithghearr) (192)
chosáin (cheartlár) (197)
phiseáin (sranntáin) (198)
sranntáin (phiseáin) (198)
Cuirtín (Buí) (223)
filíocht (goib-bhinn) (224)
ansúd (trúip) (227)
arís (ríocht) (238, cé go bhfuil an focal céanna neamhaiceanta in 231)
anonn (abhainn / n-íomchar) (162, 254)
aníos (gcoinníoll) (257)
gcoinníoll (aníos) (257)
coinín (poillín) (258)
poillín (coinín) (258)

1.2.3 Focail iasachta

Odzoons (down) (266)

1.3 Comhfhocail

Má tá an dara siolla sa chomhfhocail fada, cuirtear béim air.

leathshúil (Calbhach) (102)
fonnard (Móráin) (135)
seandán (chláir) (136)
cheartlár (chosáin) (197)
seanbhád (thiomáin) (169)
goib-bhinn (filíocht) (224)

murab ionann agus cúpla cás a bhfuil an dara siolla gearr: *hardracht (cás, táid) (147, 228)*

1.4 Focail atá tríshíollach

I bhfocail níos faide ná dhá shiolla, nuair a bhíonn an chéad agus an tríú siolla gearr is an dara ceann fada, bíonn an bhéim ar an dara siolla.¹³

photátaoi (lán) (42)

farránta (Conán) (54)

Phasáiste (ghearrán, batrálta) (81, 283)

ghlanchréithre (39)

carraeire (81)

phlocóide (onóir) (104)

mBarúnaigh (neartú) (129)

Hanóbhar (nómhaid) (126)

ghalánta (Chonáin) (170)

ghlanghunna (ligeán) (270)

batrálta (Pasáiste) (283)

1.4.1 Ainmneacha dúchasacha agus iasachta

Mhaoileachluinn (bainne) (18),

Conmara (tarsna) (88)

Gadélus (209)

Anchises (chríon) (213)

Mhecaenas (217).

Tá sampla amháin den bhéim ar an gcéad siolla: *Bóroimhe (shlógh) (3)?*

1.4.2

I bhfocail níos faide ná dhá shiolla, nuair a bhíonn an chéad dá shiolla gearr is an tríú ceann fada, bíonn an bhéim ar an tríú siolla.

ar an tríú siolla

buailéamaoid (uadh) (155)

gcorachán (sruthán) (191).

Ní hamháin sin, ach i gcás *buailéamaoid (uadh, ngiall) (155)*, bíonn an bhéim ar an gcéad **agus** ar an tríú siolla, murab ionann agus *thabharfaimis (231)* nuair atá an

¹³ Ní hionann sin agus *foréigean (30, freigean na lse)*, mar nach bhfuil ach dhá shiolla i bhfuaimniú an fhocail i gcúige Mumhan [fr'e:gm']

chéad siolla amháin béimnithe. Seo léiriú ar threise na meadarachta áfach, mar de réir na canúna ní bheadh an tríú siolla riamh aiceanta san aimsir láithreach, an céad phearsa uatha: ‘Exceptions to this stressing of a long third syllable are the long syllables of the verbal terminations (Indicative Pres. Pl. 1) which are never stressed’ (*IR* 78). Bíonn na briathra aiceanta ar an gcéad siolla de ghnáth. An t-aon sampla de bhriathar le béim ar an dara siolla ná *thiomáin* (169) atá luaite thuas agam ag 1.2.2.

1.5 Réamhfhocail agus a bhforainmneacha

Seo iad na réamhfhocail agus na forainmneacha réamhfhoclacha de réir mar atáid aiceanta nó neamhaiceanta sa dán. Tá na cinn leis an mbéim ar an dara siolla pléite agam cheana ag 1.2.1.

1.5.1 ag

Bíonn an réamhfhocail simplí *ag* i gcónaí neamhaiceanta. Bíonn forainmneacha an réamhfhocail seo aiceanta agus neamhaiceanta:

Aiceanta: *agat* (62), *aige* (222), *agaibh* (290).

Neamhaiceanta: *aice* (175, 273), *acu* (216), *againn* (272).

1.5.2 ar

Bíonn an réamhfhocail simplí *ar* i gcónaí neamhaiceanta.

Bíonn forainmneacha an réamhfhocail seo aiceanta agus neamhaiceanta:

Aiceanta: *orm* (79).

Neamhaiceanta: *orm* (251), *ort* (150), *air* (26, 102, 106).

1.5.3 as

Bíonn an réamhfhocail simplí *as* aiceanta agus neamhaiceanta.

aiceanta: (24).

neamhaiceanta: (19, 76, 223, 240, 258).

forainm réamhfhoclach: *as* **neamhaiceanta:** *as* (145, 190).

1.5.4 chuig

Níl an réamhfhocail simplí *chuig* sa dán, is níl ach foirm amháin d’fhorainm an réamhfhocail agus í neamhaiceanta: *chughat* (248).

1.5.5 de

Bíonn an réamhfhocal simplí *de* neamhaiceanta i gcónaí.

Is mar a chéile é d'fhorainmneacha an réamhfhocail:

neamhaiceanta: *dhiom* (89, 205), *d(h)e* (98, 272), *dhi* (82), *dhinn* (289), *díobh* (253, 280).

1.5.6 do

Bíonn an réamhfhocal simplí *do* neamhaiceanta i gcónaí.

Is mar a chéile é d'fhorainmneacha an réamhfhocail, seachas i gcás amháin:

aiceanta *dóibh* (167).

neamhaiceanta *d(h)om* (5, 6, 11, 14, 20, 32, 69, 73, 87, 111, 131), *duit* (60, 152), *dho* (232), *dúinn* (271).

1.5.7 faoi

Bíonn an réamhfhocal simplí *faoi* neamhaiceanta i gcónaí.

Bíonn forainmneacha an réamhfhocail aiceanta i gcónaí.

aiceanta: *fúm* (260), *fé* (197, 272) féach **Modh Eagarthóireachta 6**.

1.5.8 fara

Bíonn an réamhfhocal simplí aiceanta **135**, agus lena chois sin, roimh an alt i bhfoirm an tríú pearsa uatha: **56, 131**.

1.5.9 idir

Bíonn an réamhfhocal simplí *idir* aiceanta agus neamhaiceanta.

aiceanta: (221)

neamhaiceanta: (129)

Ní hann d'fhorainmneacha an réamhfhocail seo sa dán.

1.5.10 le

Bíonn an réamhfhocal simplí *le* neamhaiceanta i gcónaí.

Bíonn forainmneacha an réamhfhocail aiceanta agus neamhaiceanta.

aiceanta: *léi* (143, 256), *leo* (92, 167).

neamhaiceanta: *liom* (115, 181, 257, 281), *leat* (61, 182) *leis* (78, 226, 282), *léi* (63, 139, 148), *linn* (44, 144, 158, 172, 203).

1.5.11 mar

Bíonn an réamhfhocal simplí *mar* aiceanta agus neamhaiceanta.

aiceanta: (114, 204, 273, 276).

neamhaiceanta: (16, 52, 109, 127, 140, 163, 171, 172, 177, 182, 222, 240, 258, 287).

1.5.12 ó

Ní bhíonn an réamhfhocal *ó* simplí riamh aiceanta sa dán (33, 64, 70, 163).

Bíonn forainmneacha an réamhfhocail aiceanta agus neamhaiceanta.

aiceanta: *uaim* (154, 205), *uainn* (157).

neamhaiceanta: *uaim* (74 neamhaiceanta), *uait* (209).

1.5.13 re:

Ní bhíonn an réamhfhocal simplí *re* riamh aiceanta sa dán.

Níl ach forainm réamhfhoclach amháin sa dán, is tá sé neamhaiceanta: *rinn* (207).

1.5.14 tar

Ní bhíonn an réamhfhocal simplí *tar* riamh aiceanta sa dán: (32, 162, 191).

Níl ach forainm réamhfhoclach amháin sa dán, is tá sé aiceanta: *tairis* (202).

1.5.15 trí

Níl an réamhfhocail simplí *trí* sa dán, is níl ach foirm amháin d'fhorainm an réamhfhocail agus í aiceanta: *thrid* (264).

1.6 Dobhriathra, aidiachtaí taispeántacha agus forainmneacha

1.6.1 Aidiachtaí taispeántacha aiceanta: *sin* (52, 109).

neamhaiceanta: (12, 53, 95, 111, 172, 197, 203, 255, 276, 277, 290).

1.6.2 Dobhriathra:

Tarlaíonn go bhfuil dobhriathra ama agus áite aiceanta sa dán, agus tá sé luaite agam cheana ag 1.2.1 na cinn ar a raibh an bhéim ar an dara siolla.

arís aiceanta: (238) neamhaiceanta (231).

ansúd aiceanta: (227).

anonn aiceanta: (162, 254).

amach aiceanta: (93).

istigh aiceanta: (51).

aníos aiceanta: (257).

aniar aiceanta: (118).

anois aiceanta: (52).

chomh/chó aiceanta: (54) neamhaiceanta: (44, 112, 271).

nó aiceanta: (18) neamhaiceanta (17, 36, 125, 128, 131, 133, 174, 232, 286).

1.6.3 Forainmneacha

Tá *mé* (aiceanta) / *me* (neamhaiceanta) pléite agam sa **Mhodh Eagarthóireachta 2.2**.

aiceanta: *tú* (230), (*s*)*é* (196, 198, 210, 272), *iad* (237).

neamhaiceanta:

tú (169), (*s*)*é*: (98, 102, 117, 120, 165, 166, 188, 190, 224, 263, 282), (*s*)*í* (57, 58, 61, 62, 67, 68, 70, 74, 149, 269, 275), *sinn* (143, 268, 288, 289).

Nótaí ar an bhFoghraíocht

Seo a leanas na príomhfhorásanna foghraíochta a fheictear sa dán. Litríú an eagráin atá anseo, ach tugaim an litriú lámhscríbhinne má bhraithim tábhacht faoi leith leis.

2.1.1 Gutaí

• /a/ litrithe mar *a*, *ai*, *ea* mar a fheictear le *fada* (16), *gcasfadh* (31), *bainne* (18), *taitheamh* (24), *dreas* (5), *leaba* (24), etc.

De ghrá na meadarachta, caithfear, uaireanta, na consain *bh* agus *mh* (i suíomh láir) a fhoghrú mar an bhfricéadach glórach [v], cé go bhfuil siad mar dhéfhoghair agus mar ghutaí in amanna eile ag an bhfile de réir mar a oireann. Féach *labharfainn* [lav'ər'hin'] (85), *thabhairt* [hav'irt'] (87, 127), *amharcus* [avər'kus] (205), *thabharfaimis* [hav'rə'mi:f], *abhaile* [avəl'í] (231), *gheabhair* [jav'ir'] (250).

• /a:/ litrithe mar *a*, *á*, *ai*, *ái*, *ea*, *eá*:

Charon (166), *slán* (29), *d'fháil* (31), *sáile* (32), *phiseáin* (198).

Tá an fhuaim chéanna san fhocal iasachta *drawer* (*draar* sa ls) [dra:r] (58).

Gutaí (eá) + dh/gh i suíomh láir: > /a:/ *mhéachtan* (<*mheadhachtan* sa ls.) (82).

Guta(i) (a, ai) + r i suíomh láir: > /a:/ *árthach* (31), (ach *airtheach* sa ls.)

Guta (a) + rd i suíomh láir: > /a:/ *ardracht* (147), (ach le *fada* sa lámhscríbhinn) (228).

Gutaí (ai) + rd i suíomh deiridh: > /a:/ *chairde* (29).

Guta(i) (ea) + rr i suíomh deiridh: > /a:/ *b'fharr* (119), *t-aithghearr* (192).

Guta(i) (ea) + rr i suíomh láir: > /a:/ *barra* (187).

• /e/ litrithe mar *ai*, *e*, *ea*, *ei*, *i*:

beirim (25), *feilc* (26), *beag* (172n. féach IR 10), *cleathaire* [kl'e'hír'í] (168n), *croiceann* (171n. féach IR 122: *oi* > *e*) *Virgil* (195, ach de ghrá na meadarachta, mar /i/ ag 163), *deireadh* (195), *Cerberus* (196), *bhfaicir* (211), *Hector* (212).

• /e:/ litrithe mar *ae*, *ao*, *aoi*, *e*, *é*, *ea*, *éa*, *ei*, *éi*, *oe*:

aon (1), *chéadta* (2), *Féinne* (3), *laethaibh* (11), *cheird* (12), *cré* (17), *géarbhroid* (42), *Phoebus* (91) *Croesos* (120), *Mhecaenas* (217), *go n-éirí* (243 de ghrá na meadarachta, seachas le /ai/), *Mhilesius* (246).

Guta(í) (ei) + r+d i suíomh láir: > /e:/ *Deirdre* (123), *mheirdrigh* (178).

Guta(í) (ei) + r+d, i suíomh deiridh: > /e:/ *cheird* (12), *sceird* (102).

- /i/ litrithe mar ei, i, ia, io, oi, ui:

minic (44), *soille*, *throime* (46), *anois* (52), *leigfeadh* (63), *chuireadh* (68), *iongantas* (71), *muime* (72), *tuiteann* (163), *chineachaibh* (186), (221, murab ionann agus fuaim /ou/ le *io* aiceanta de ghnáth).

- /i:/ litrithe mar a, ai, aí, aoi, i, í, ío, oi, oí, uí:

bhrí (7), *fríoth* (8), *chíos* (9), *oíche* (13), *luí* (13), *smaoineamh* (14), *Caoilte* (99), *smaointe* (137), *chaoir* (140), *Traí* (211), *chlaíomh* (212), *thaoibh* (214).

ai, i + bh/mh(+r) i suíomh láir: > /i:/ *taibhreamh* (*taimhre* a bhí sa ls) (264, de ghrá na meadarachta), *ngibheal* (155).

a, ai + dh/gh i suíomh láir: > /i:/ *haghaidh* (44), *bhfaigheadh* (100), *faigheadh* (162).

a + dh/gh i suíomh láir: > /i:/ *radharc* (255) cé gur mar /ai/ atá sé ag 96 agus 153.

i, oi + ll/n+s i suíomh láir: > /i:/ *shoilse* (*shoillsi* sa ls) (156), *bhinn* (175), *n-inseadh* (207), *shinsear* (214), *bhinse* (219), .

- /o/ litrithe mar o, oi:

obair, *sgoile* (11), *loisde* (40).

- /o:/ litrithe mar eo, eoi, o, ó, oi, oí, ua:

sceol (1), *beoil* (2), *bóroimhe* (3), *feoithne* (21), *dóigh* (22), *lóistín* (55), *bord* (83), *phóirt* (84), *ceoil*, *spóirt* (90), etc.

ua + dh/gh: > /o:/ *nócht* (< *nuadhacht* sa ls., 6), *nó* (< *nuadh* sa ls. 22).

o + bh/mh i suíomh láir > /o:/ *chomharsa* (1), *gcomhar* (17), *chomhra* (38, 83, 89), *chomhartha* (172).

• /u/ litrithe mar u, uí, eo, io: *thug* (35), *chuirfeadh* (48), *deoch* (69), *bhun* (70), *ghiolla* (182), *iomachar* (184), *chruinne* (190), *riathamar* (202).

• /u:/ litrithe mar a, iu, ea, io, iú, o, u, ú, úi:

chlú, *mb'fhiú* (67), *adúirt* (177), *cuntas* (208), *Juvenal* (221), *diomblas* (222), *Luther* (233), *d'iompaigh* (233), *triúr* (279).

Tá an fhuaim chéanna san fhocal iasachta *thrunc* [hru:nk], (50, 260).

io + m+b i suíomh láir: > /u:/ *diomblas* (222).

o, u + m, n+c i suíomh deiridh: > /u:/ *dhrom* (50), *punc* (274).

Guta(i) roimh chonsan leathan (a, ea, iu, o, u) + bh/mh i suíomh láir > /u:/ *gciumhais* (49), *Leathlobhair* (101), *Calbhach* (102) (< *Calabhach*), *cheann* (229).

u + bh/mh i suíomh láir > /u:/ *chughat* (248).

2.1.2 Défhoghair

Tá na défhoghair seo a leanas sa dán: /ai/, /ia/, /i:ə/, /ou/, agus /u:ə/.

Seachas /ia/, áfach, níl aon leid sa litriú dúinn a léiríonn an fhoghraíocht go cinnte:

éa > *ia*: *d'fhéadas* > *d'fhiadas* (86 (Is agus eagrán)), *béarfar* > *biarfar* (238 (Is agus eagrán)). Éilíonn an mheadaracht an défhoghar /ia/ seachas /e:/ anseo, foghraíocht choitianta i nGaeilge na Mumhan. Féach *béal*, mar shampla, in *IR* 117. A mhalairt atá ann ag 122, áfach (*ia* > *éa*), *mhórDháil Réada*, *Riada* > *Réada*.

• /ai/: Gutaí gearra roimh chonsain *ll*, *m*, *nn*, *ng*, agus faoi anáil *dh* nó *gh* i suíomh láir.

Guta(i) (ai, oi) + ll i suíomh láir: > /ai/ *caillfeadh* (37), *dtoillfinn* (38).

Guta(i) (ei, i, oi, uí) + ll, m, ng, nn, i suíomh deiridh: > /ai/ *suim* (75), *ghoill*, *chloinn* (95), *greim* (98), *loing* (76, 285), *scinn* (255).

Guta roimh chonsan leathan (a, ea) + dh/gh raghadh (76), radharc (96, 153), meadhag, tadhg (97).

Guta roimh chonsan caol (ai, ei, oī) + dh/gh bhfeighil (75), d(h)oighin (38, 96), treighid (98), bhfaighinn (123).

- /i:ə/: litrithe mar ia:

mbriathra (2), Diarmaid, shiar (107), etc.

- /ou/: Gutaí gearra roimh *ll*, roimh na consain shrónacha *ng, n, nn, m, mm*, agus faoi anáil *bh* agus *mh* i suíomh láir:

Guta (a) + bh i suíomh láir: > /ou/ chabhair (9), ngabhuid (159), abhainn (162), slabhraí (236).

Guta (a) + mh i suíomh láir: > /ou/ ramhar (105), samhail (160), domhan (253) amhlaidh (261).

Guta (o) + dh/gh i suíomh láir: > /ou/ mhodhail (210).

Guta(í) (a, ea, io, o) + m+n+c/n+r/n+s i suíomh láir: > /ou/ spionsas (9), bprionsa-san (225), mbranraí (236), seanshliocht (243), concas (244), n-íomchar (254).

Guta(í) (a, ai, ea, ei, i, io, o, oi, ui) + ll, ng, nn, /n+c i suíomh deiridh: > /ou/ ngall (10), drong (159), (n)geall (160, 244), bponc (268).

- /u:ə/: o, ua:

mhór (71), cruacht (72), uaim (74), chuas (81), etc.

2.1.3 Consain

Tá cuntas tugtha agam cheana féin ar na hathruithe litrithe sa **Mhodh Eagarthóireachta 4.1** agus **4.2**, agus tugann an méid sin, agus a bhfuil luaite agam thuas, léas ar an ngaol idir an ortagrafaíocht agus an fhoghraíocht i leith na gconsan agus na gcarn consan.

2.1.3.1 Malartú Consan

Athrú túsconsain:

- ***m*** in áit ***b***: *méile* (**101n**).
- ***b*** in áit ***m***: *bhiochardha* (**183**).

3 Deilbhíocht

3.1 Nótaí ar an Ainmfhocal

Tá rialtacht maidir le hinscní na n-ainmfhocal tríd an dán. Baintear úsáid anseo as *DIL* mar threoir ar inscne ainmfhocal.

Aithníonn an file idir baininscneach agus firinscneach, mar a léiríonn úsáid an ailt: *an cheird* (12), *an fharraige* (96), *an tsíbhean* (138), *an aicmese* (252), etc, le hais: *an fáidh* (143), *an cás* (147), *an t-achrann* (147), *an t-eanach* (159), *an t-olc* (247), etc.

3.1.1 An Tuiseal Ainmneach

a) Uatha

Tugann séimhiú sa lámhscríbhinn le tuiscint go bhfuil na hainmfhocail *dríodar* (40) agus *siolrach* (241) baininscneach, mar tá séimhiú ar na haidiachtaí (*chrochta*, *mhintais*) a leanann iad.

b) Iolra

Níl an oiread sin foirmeacha san ainmneach iolra sa téacs, ach ní bhraithim aon ní suntasach fúthu (*ghaolta* (3), *gréithre* (34), *bróga* (51), *cuacha* (138), etc.

3.1.2 An Tuiseal Ginideach

a) Uatha

Seo iad na cásanna ina bhfeictear an ginideach sa dán:

- Nuair a bhíonn dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile: *caig leanna* (47), *lastram aonaigh* (116).
- Tar éis ainm bhriathartha: *ag éisteacht ceoil is spóirt* (90), *a' reic mo cheathrún, a' smachtú mo thréada* (130).

- Tar éis réamhfhocail chomhshuite: *i ndiaidh mhéile (101)*, *os ceann chláir m'éaga (136)*.
- Tar éis an réamhfhocail *chum: chum reatha (272)*.

Arís, feictear insnce na n-ainmfhocail agus iad faoi réir an ailt:

- An Ginideach leis an alt uatha firinsneach: *d'easpa an tsaoghailse (6)*, *íde an tsaogail (14)*, *tathneamh an scéilse (24)*, *lán an bharaille (41)*, *cróca an ime (45)*, etc.
- An Ginideach leis an alt uatha baininsneach: *shlógh na féinne (3, 54)*, *dream na hÉireann (8, 19)*, *cartadh na cré (17)*, *na loiste (40)*, *na gréine (94)*, etc.

Feictear cúpla sampla de ghinideach an ainm bhriathartha: *huireaspa a gcurtha (164)*, *lucht ráite is léighbhinn (165)*. Cuirtear an t-ainm briathartha sa ghinideach chomh maith nuair a thagann sé díreach tar éis *chum* + an aidiacht shealbhach: *chum ár gcothaithe (36)*.

Bíonn cásanna eile ann, áfach, nuair nach n-infilltear an t-ainmfhocail sa ghinideach uatha: *d'eagla géarbhroid (42)*, *dhrom mo thrunc (50)*. B'fhéidir nach n-infilltear an dara sampla, *trunc*, toisc gur focal iasachta é, ach ní féidir a bheith cinnte faoi sin.

Séimhítear ainmneacha dílse ar iasachtaí Laidine iad sa ghinideach ar uaire: *shuilt Mhaecenas (217)*, *phór Mhilesius (246)*; ach uaireanta eile ní shéimhítear: *clann Gadélus (209)*, *chum Caesar (220)*.

Tá sampla amháin d'fhoirm an ghinidigh (?) in áit an tabharthaigh: *le carraeire (81)*.

b) Iolra

- Níl mórán samplaí den ghinideach iolra sa téacs: *imeall a sál (64)*, *a' riar lucht duanta (134)*.
- An ginideach leis an alt iolra: *clann na ngallso (10)*, *i gcomhar na gcapall (17)*, *sochar na Scótach (122)*, *réim na bhflaitheas (250)*.

Tá foirm an ainmnigh in áit an ghinidigh iolra áfach, sa sampla seo: *clann... na dtréaneich (ttreineich sa ls) (124)*. Bheifí ag súil le *dtréaneach* anseo, mar atá i gcóipeanna eile, Féach **Nótaí ar an Téacs**.

- Foirm an tabharthaigh iolra in áit an ghinidigh iolra: *barra mo mhéaraibh* (28, 187). Féach *SNG* 451 ar an nós seo i nGaeilge na tréimhse: ‘Tosaíodh freisin ar *-aibh* an tabharthaigh a úsáid le húsáid na dtuiseal uile san iolra.

3.1.3 An Tuiseal Tabharthach

a) Uatha

- An tabharthach uatha in áit an ainmnigh uatha: *sceol* (1), *phionn* (221).
- Feictear caolú ar na hainmnfhocail seo a leanas: *i dtigh* (18), *loing* (76, 285), *ar chloinn* (95), *i gcruith* (179), *ar aonghlais* (193), *rena thaoibh* (214), *i dtúis* (279).

Tá an fhoirm stairiúil thabharthach *m(h)naoi* sa dán: *fairis an ógmhnaoi* (56). Mar threisiú ar an idirdhealú a dhéanann an file idir foirm thabharthach agus ainmneach i gcásanna áirithe, féach go bhfuil *long* mar fhoirm an ainmnigh faoi dhó (262, 265) agus an tabharthach *loing* faoi dhó chomh maith (76, 285). Ag brath ar an meadaracht atá an file le *rena thaoibh* (214), (fuaim /i:/ag freagairt do *shinsear*); féach go bhfuil /e:/ le *ar thaobh* (82, 89) agus *don taobhsa* (254). Maidir le hainm na tíre seo, *Éire*, bíonn meascán foirmeacha aige sa tabharthach. Féach: *ar Éire* (108), *as Éire* (76, 223), *in Éire* (232), ach *in Éirinn* (31 41 56), *as Éirinn* (240), *go hÉirinn* (118).

- Foirm an tabharthaigh anseo mar dhobhriathar suímh *láimh* (244).

b) Iolra

Feicimid an foirceann *-(a)ibh* anseo go minic, mar a mbeifí ag súil leis: *laethaibh* (11, 37, 75), *maithibhsin* (33), *téadaibh* (50), *nithibh* (151), *chineachaibh*, *d'uaislibh* (186).

Tá an deireadh sin le feiceáil sa tuiseal ginideach mar a léiríodh in 3.1.2 b) thuas.

Arís eile, áfach, feictear foirm an ainmnigh in áit an tabharthaigh: *i mbriathra*, *do chéadta* (2), *faoi/do ghréithre* (7, 125), *idir a mhéara* (221), *ar théada* (286).

c) Réamhfhocal agus an t-alt

Níl mórán samplaí againn, ach feictear séimhiú ar ainmfhocal faoi réir ag réamhfhocal agus an t-alt i gcás *ar: ar an tsaol seo (164)*, urú i gcónaí i ndiaidh *san: san bhfaisean (26)*, *san mbaile (128)*, *san gcorachán (191)*, etc, nó fiú an dá rud leis an réamhfhocal céanna: *don phobal (12)*, *don Phasáiste (81)* etc., ach, *don mbaile (78)*. Féach **An Réamhfhocal 5** thíos.

3.1.4 An Tuiseal Gairmeach

a Chonáin na Féinne (170), *a chaille 's a mheirdrigh (178)*, *a churaidh (183)*, *a Fhinn mhic Cumhaill (229)*, *a dhuinese (240)*, *a chara*, *a Rí (288)*.

3.2 An Aidiacht

70 aidiacht atá sa dán, ce go bhfeictear cuid acu níos mó ná uair amháin. Infilltear an aidiacht faoi mar a bheifí ag súil leis sa dán. Pléim anseo an aidiacht sna tuisil éagsúla.

3.2.1 An Tuiseal Ainmneach

a) Uatha

Infilltear an aidiacht faoi mar a bheifí ag súil leis, le séimhiú uirthi i ndiaidh an ainmfhocail bhaininsnigh, mar shampla: *an tsíbhean mhionla mhaorga (138)*, *Aoibheall bhinn (175)* agus gan athrú uirthi i ndiaidh an ainmfhocail fhirinsnigh: *comhra doimhin (96)*, *craiceann dubh (171)*. Uaireanta bíonn séimhiú ar aidiacht i ndiaidh ainmfhocail atá firinsneach go stairiúil, mar a luaigh mé ar dtús in **2.1.1 a**: *dríodar chrochta (40)*, *síolrach mhíntais (241)*, agus i gcás focail iasachta, *frigate fhreancach (267)*.

b) Iolra

Déantar aidiachtaí a infhilleadh san iolra de ghnáth: *photátaí leathana* (42), *léinteacha breaca* (28), *slabhraí daora* (236). Ta sampla amháin atá suntasach, *jackets bheag ghearra* (27), cé go bhfuil fianaise de shéimhiú ar an aidiacht san iolra i ndiaidh focal iasachta i nGaeilge na Mumhan, mar a phléim sna **Nótaí ar an Téacs**.

3.2.2 An Tuiseal Tabharthach

a) Uatha

Níl ach an dá shampla againn, agus feictear séimhiú ar an dá cheann, ainmfhocail atá firinsneach ó cheart, cé go ndéantar caolú ar *cruth* anseo, foirm nach foirm stairiúil í: *i gcrúith dhaonna* (179), *san gcorchán chaolghoib* (191).

3.2.3 An Tuiseal Ginideach

a) Uatha

Séimhítear an aidiacht agus caolaítear í i ndiaidh an ainmfhocail fhirinscnigh *lá: ar shoilse an lae ghil* (156), *i dtúis an lae ghil* (279).

Caolaítear an t-aon sampla den aidiacht i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh, agus cuirtear *e* leis: *Aoibheall chleasach na Carraige Léithe* (142).

3.2.4 An Tuiseal Gairmeach

a) Uatha

Séimhítear agus infhilltear aidiacht i ndiaidh an ainmfhocail fhirinscnigh sa Ghairmeach Uatha: *a chrústa mhallaithe* (178), *a dhíthreabhaigh ghalánta* (270).

3.2.5 Céimeanna Comparáide na hAidiachta

Tá cúpla sampla den bhreischéim sa dán: *go (m)b'fhearr(a)* (16, 119), *ba mheata* (272).

An tsárchéim: *is tréine* (10), *b'fhearra* (41) *ba throime* (46), *ba mhéithe* (46), *ba chóraí* (56).

4. An Briathar

4.1 An Briathar Rialta

An Aimsir Láithreach

	Uatha	Iolra
1	-aim	-maoid
2	-	-
3	-(e)ann	-(a)id

Céasta: -t(h)(e)ar

• **1ú Uatha:** *glacaim* (55), *gléasaim* (79).

Spleách: *ní thráchtaim* (65), *ní áirmhim* (278), *má fhéadaim* (285).

• **2ú Uatha:** Níl aon fhoirmeacha sa dán.

• **3ú Uatha:** *crothann* (176), *caitheann* (269).

Spleách: *mar thuiteann* (163)

• **1ú Iolra:** *buaileamaoid* (155).

• **3ú Iolra:** Is as an bhfoirm tháite amháin bhaineann an file úsáid: *scinnid* (93), *druiddid* (94), *éagaid* (159); coibhneasta: *go ngabhaid* (159).

• **Céasta:** *scaoiltear* (91), *daorthar* (160), *saightear* (258). Don fhoirceann séimhithe san aimsir láithreach, briathar saor, i nGaeilge na Mumhan, féach *SNG* 519. Tá sé suimiúil féachaint go gcloífear le *daorthar* i bhformhór na gcóipeanna eile, **B, 3** agus **8** san áireamh.

An Aimsir Chaite

Uatha		Iolra
1	-as nó foirm scartha	-(e)amar
2	-	-
3	foirm scartha	-(ea)dar

Céasta: -(e)adh do dingeadh (45)

• **1ú uatha:** Foirm tháite: *do phreabas* (23), *níor fhágghas* (30), *d'fhanas* (75, 113), *gur réidheas* (78), *d'fhiadas* (86), *d'amharcas* (145), *gur amharcas* (205), *bhraitheas* (coibhneasta 261), *ghabhas* (coibhneasta 264).

Foirm scartha: *chuir mé* (29), *d'aithin mé* (141), *do mhúscail mé* (259), *smaoinigh mé* (263).

• **2ú Uatha:** Níl aon fhoirmeacha sa dán.

• **3ú Uatha:** *do bhain dom* (6), *(do) chuir* (29, 190, 268), *bhearraigh* (70), *gur ghoill* (95), *bhuail* (102), *dhearbhaigh* (107), *thóig* (121), *dhearmad* (coibhneasta 125), *d'aithin me* (141), *do tharraing* (143), *gur stadaigh* (144), *do mhachnaigh mé* (147), *d'iompaigh* (233), *do mharbh* (253), *scinn* (255), *gur thóig* (256), *mhúscail mé* (259), *chráigh* (263), *gur labhair* (265), *do ghoid* (282).

• **1ú iolra:** An fhoirm tháite amháin atá le feiceáil sa dán: *rángamar* (193, 283), *riathamar* (202), *stadamar* (204), *chailleamar* (279).

• **2ú Iolra:** Níl aon fhoirmeacha sa dán.

• **3ú iolra:** An fhoirm tháite: *chaitheadar* (109), *bhrúdar* (252).

An fhoirm scartha: *d'fhiafraigh* (85).

• **foirm chéasta:** *do chrothadh* (189), *níor fhanadh* (203). Tá *chrothadh* anseo mar atá *crothann* (176), ar leagan canúnach é den bhriathar *croitheann*. Díol suime eile anseo is ea é go gcuireann an file séimhiú ar an mbriathar saor san aimsir chaite i ndiaidh *níor* sa lámhscríbhinn, agus *do* uair amháin, mar a fheictear thuas, ach níl aon séimhiú i ndiaidh *do* sna samplaí eile: *do dingeadh* (45), *do marbhadh* (277), *do milleadh* (278).

An t-aon sampla amháin eile den fhoirm chéasta atá againn ná *cailleadh* (124).

do san aimsir chaite:

Tabhair faoi deara go mbíonn an mhír *do* roimh an mbriathar san aimsir chaite formhór an ama. I gcás an bhriathair *chuir* níl *do* roimhe ach uair amháin, cé go bhfeictear an briathar faoi thrí. Féach SNG 280: 'I gcaitheamh ré na MG tagann **do** in ionad *ro* gan mhír chónasctha eile roimpi', ach féach, leis, go bhfuil *do rug* sa dán faoi

dhó (187, 199), foirm atá ‘lochtach’ de réir stair an bhriathair (SNG 409), toisc go raibh an réimír *ro* mar chuid den bhriathar ó cheart mar a fheictear sa bhreistamhan *ro-uccai* sa tSeanGhaeilge (SNG 183).

An Aimsir Ghnáthchaite

3ú uatha: Ní fheictear ach an tríú pearsa uatha amháin sa dán: *chuireadh* (68), *inagluaiseadh* (coibhneasta 145).

An Aimsir Fháistineach

	Uatha	Iolra
1	<i>-f(e)ad, -(e)ad</i>	-
2	-	-
3	<i>-faidh</i>	-

Coibhneasta: *-feas*

- **1ú Uatha:** *mhairfead* (coibhneasta 285).
- **2ú Uatha:** Níl aon fhoirmeacha sa dán.
- **3ú Uatha:** *leanfaidh* (246).
- **1ú – 3ú Iolra:** Níl aon fhoirmeacha sa dán.
- **Céasta:** *biarfar* (238). Dar ndóigh, seo litriú foghrúil den bhriathar *béarfar*, féach **Défhoghair 2.1.2**.
- **Coibhneasta:** *bhainfeas* (245), féach SNG 454 agus Ó Cuív (1952, 166) maidir leis an bhfoirceann coibhneasta *-f(e)as* san aimsir fháistineach i nGaeilge na Mumhan.

An Modh Coinniollach

	Uatha	Iolra
1	<i>-f(a)inn</i>	-
2	-	<i>-feadh</i>
3	<i>-(f)(e)adh</i>	<i>-faidís</i>

- **1ú uatha:** *do riarfainn* (1), *an labharfainn* (85), *do rúscfainn* (182).
diúltach: *ní stadfainn* (25), coibhneasta: *ina dtoillfinn* (38).
- **2ú Uatha:** Níl aon fhoirmeacha sa dán.

• **3ú uatha:** *chuirfeadh* (48), *do chanfadh* (136), *theipfeadh* (196); *go gcaithfeach* (74, 275).

Diúltach: *ná cailfeadh* (37), *ní ghlacfadh* (61), *bhraitheadh* (coibhneasta 62), *ní leigfeadh* (63), *ní mhaitheach* (73), *ní bhlaisfeadh* (98), *nach mairfeadh* (108). Tá sé suntasach go bhfuil *ná* mar mhír dhiúltach ag 37, gnáthnós i gcanúint na Mumhan (SNG 527), agus feictear go bhfuil *ná* le briathra san aimsir chaite (153), láithreach (180), fháistineach (52) agus sa Mhodh Coinníollach (162) sa dán. Mar sin féin, tá *nach* ag 108 thuas chomh maith agus in áit amháin eile sa dán, roimh an gcopail: *nach léir liom* (257).

• **1ú-3ú Iolra:** Níl aon fhoirmeacha sa dán.

Díreach faoi mar atá leis an Aimsir Chaite, tá *do* mar mhír roimh an mbriathar sa Mhodh Coinníollach, leis an mbriathar rialta agus neamhrialta: *do riarfainn* (1), *do rachainn* (32), *do inneosadh* (60), *do raghadh* (76), *do chanfadh* (136), *do chimis* (169), *do rúscfainn* (182), *do thabharfaimis* (231).

An Modh Foshuiteach

Níl ach an dá shampla den mhodh foshuiteach den bhriathar rialta sa dán.

• **Foshuiteach 1ú Uatha:** *go bhfillfead* (152). Seo iad na léamha ó Isí eile, ina bhfeictear an dara pearsa uatha, foirm a luíonn le ciall: *go bhfillir* B, 3, agus 8.

• **Foshuiteach 3ú Uatha:** *go n-éirí* (243).

An Modh Ordaitheach

• **Ordaitheach 2ú uatha:** *tóig(se)* (184, 289), *glac* (184), *féachsa* (209), *machtnaighse* (233), *imthigse* (239), *seachain* (247), *gabh* (248), *neartaigh* (289), *saor* (289), *fóir* (290).

Diúltach: *ná cuireadh* (150), *ná tréig* (152, 288).

4.2 An Briathar Neamhrialta

Tá cúpla sampla den fhoirceann (*a*)ir (dara pearsa uatha, foirm tháite) sna briathra neamhrialta san aimsir láithreach agus fháistineach, cé nach ann dó sna briathra rialta sa dán. Aimsir láithreach: *tugairse* (179), *go bhfaicir* (211), *an gcloisir*

(215), *chír* (237). Aimsir fháistineach: *go bhfaghairse* (154), *do gheabhair* (250). Don deireadh (*a*)*ir* mar dheireadh coitianta sa Mhumhain san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach, dara pearsa uatha, féach *SNG* 454, agus Ó Cuív 1952, 164-5.

4.2.1 Beir

- **Táscach Láithreach 1ú uatha, foirm tháite:** *beirim* (25).
- **Fáistineach: Céasta:** *biarfar* (238).
- **Caite: 3ú uatha:** (*do*) *rug* (133, 187, 199).

4.2.2 Clois

- **Láithreach: 2ú pearsa, foirm tháite, spleách:** *an gcloisir* (215).
- **Caite: 3ú uatha, spleách:** *go gcuala* (190).
- **Gnáthchaite: 1ú uatha:** *chloisim* (165).

4.2.3 Déan

- **Aimsir Láithreach: Foirm chéasta:** *déantar* (27).
- **Aimsir Fháistineach: Foirm choibhneasta, 3ú uatha:** *a dhéanfas* (244). Tá an foirceann coibhneasta san fháistineach faoi dhó sa dán; féach *bhainfeas* (245).
- **Aimsir Chaite: 3ú uatha:** Tá dhá fhoirm dhifriúla den bhriathar: *do rinn si* (67), agus *do rinne sé* (188). Bheadh *dhein* níos coitianta i nGaeilge na Mumhan, ach níl sé aige.
- **Modh Ordaitheach 1ú iolra:** *déanam* (192). ‘Téimis’ is brí leis an bhfoirm seo, mar atá léirithe ag Williams (SG 458). Mar an gcéanna ata *téigheam*, 4.2.11 thíos.

4.2.4 Deir

- **Táscach Láithreach, 1ú Uatha, foirm tháite:** *a ndeirim* (127 coibhneasta), *a deirimse* (167). Bíonn an fhoirm *a-deir* ag an bhfile anseo san aimsir láithreach agus san aimsir chaite, a shíolraigh ó *at-beir* na Meán-Ghaeilge (*SNG* 413).
- **Fáistineach: 1ú uatha, foirm tháite, choibhneasta:** *ná déarfad* (52).
- **Caite: 3ú pearsa uatha:** *adúirt* (177, 207).
- **Gnáthchaite: 3ú uatha:** *deireadh* (195).

4.2.5 Faigh

- **Aimsir Chaite: 1ú uatha scartha:** *fuir me (185)*, **3ú iolra diúltach:** *ná fuair fir Thuamhan (153)*.
- **Foirm chéasta:** *gur fríoth (8)*. Don fhoirm seo, féach *SNG 413*.
- **Aimsir Fháistineach: 2ú pearsa uatha, foirm tháite:** *do gheabhair (250)*, Don fhoirm seo, féach *SNG 413*; spleách: *go bhfaghairse (154)*.
- **Modh Coinníollach: 1ú uatha:** *dá bhfaighinn (123)*.
- **3ú uatha, diúltach:** *ní bhfaigheadh (100)*, *ná faigheadh (162)*.

4.2.6 Feic

- **Láithreach, 2ú uatha, foirm tháite:** *chír (237)*. **Spleách:** *an bhfaicir (211)*.
- **Caite: 1ú uatha, foirm tháite, choibhneasta:** *a bhfacas (119)*.
- **3ú uatha, foirm tháite:** *do chonairc (175)*. Don fhoirm seo féach *SNG Do-chí/ad-chí, 413*.
- **1ú Iolra, foirm tháite, spleách:** *go bhfacamar (157)*.
- **Modh Coinníollach: 1ú iolra, foirm tháite:** *chimis (169)*.

4.2.7 Gabhaim

- **Aimsir Láithreach, 3ú iolra, foirm tháite, coibhneasta:** *ngabhuid (159)*.
- **Modh Ordaitheach 2ú uatha:** *gabh (248)*.

4.2.8 Innisim

- **Modh Coinníollach, 3ú uatha:** *inneossach (60)*, *inseadh (207)*. Faoi anáil na nua-Ghaeilge Clasaicí, aimsir fháistineach (*inneósad, inneósaidh*), atá an chéad fhoirm den bhriathar anseo, ach nílím cinnte cén fáth go bhfuil *inseadh* seachas *inseodh* aige. De ghrá na meadarachta, seans, agus /i:/ ag teastáil?

4.2.9 Tar

- **Aimsir Láithreach 3ú uatha, spleách:** *ná tigeann (180)*, *thagann* (coibhneasta 240). Is díol suime é go bhfeicimid dhá leagan dhifriúla den bhriathar san aimsir chéanna sa dán. Tá *tigeann* deimhnithe ag an meadaracht (a fhreagraíonn don ghuta

aiceanta eile i lár na líne, san fhocal *sciolla*) agus *thagann* le *teachtair* sa tslí chéanna. Mar a léiríonn Williams, (*SNG*, 457), d'athraigh *tig-* go *tag-* de réir a chéile i nGaeilge na Mumhan, cé go bhfeictear an fhoirm san aois seo caite in oirthear Chiarraí (*LASID*, lch 243, uimhir 16).

- **Aimsir Chaite, 1ú pearsa uatha, foirm tháite:** *thángas* (284).
- **1ú iolra, foirm tháite:** *thángamar* (257).

4.2.10 Tabhair

- **Láithreach, 2ú uatha, foirm tháite:** *tugairse* (179).
- **Aimsir Chaite: 1ú uatha:** *thugas* (47), **3ú uatha:** *thug* (35, 131).
- **Modh Coinníollach: 3ú uatha: diúltach:** *ní thabharfadh* (173), **1ú iolra:** *thabharfaimis* (231).

4.2.11 Téigh

- **Láithreach, 1ú pearsa, foirm tháite:** *téimse* (53).
- **Aimsir Fháistineach: 1ú uatha:** *rachad* (252). **1ú uatha, diúltach:** *ní rachad* (285).
- **Aimsir Chaite: 1ú uatha, foirm tháite:** *chuas* (81). **3ú uatha scartha:** *chuaigh* (83, 281).
- **Modh Coinníollach 1ú uatha:** *do rachainn* (32); *go rachainn* (19, 21), *mara raghainn* (286). **3ú uatha:** *do raghadh* (76).
Bhí *rach-* níos coitianta i nGaeilge na Mumhan ná *ragh-* san 17ú agus san 18ú haois, cé go bhfuil a mhalairt fíor anois. Bíonn an dá fhoirm measctha ag an bhfile sa mhodh coinníollach (agus oireann an rogha don mheadaracht, más /a/ nó /ai/ a bhíonn uaidh), ach is é *rach-* amháin atá aige san Aimsir Fháistineach: (*ní*) *rachad* (251, 285).
- **Modh Ordaitheach 1ú Iolra:** *téigheam* (191), mar atá *déanam* thuas ag 2.3.2.6.

4.2.12 Bí

Áit a bhfuil deacracht, tugaim léamha anseo ó **B**, cóip 3 (an leagan iomlán is luaithe i ndiaidh **M**) agus cóip 8 (scríofa ag mac léinn de chuid Dhonncha Rua de réir an traidisiúin.)

• **Aimsir Fháistineach 3ú uatha: coibhneasta: bhiaidh (241).** Ta *bhias* ag **B** in ait *biaidh* coibhneasta cé gur *bheith* atá in **3, 8** agus cóipeanna eile.

• **Aimsir Ghnáthchaite 3ú uatha: coibhneasta: bhíodh (69), a mbiaidh (194).** Tá an dara foirm den bhriathar san aimsir seo ar aon dul leis an bhfoirm 3ú uatha den aimsir fháistineach, den mhodh coinníollach, agus den mhodh foshuiteach sa lámhscríbhinn. Mar a phléann Williams (*SNG* 459) an cheist, is beag an difríocht eatarthu ó thaobh na foghraíochta de ach an oiread. Go stairiúil, freisin, b'ionann an fhoirm seo san fháistineach agus sa Mhodh Coinníollach sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach (*SNG* 416). Seo iad na léamha ó Isí eile:

69: *biodh B, bhíodh 3, bhíodhach 8.*

194: *mbiodh B, mbiodh 3, a mbíodhse 8.*

• **Modh Coinníollach: 3ú uatha: biaidh 232.**

232: *bheadh* nó *bheith* atá i bhformhór mór na gcóipeanna eile ó **3** ar aghaidh

3ú uatha coibhneasta: (*mar a*) *bhiaidh* (**114, 272, 273**). Tá amhras orm faoi na foirmeacha seo, agus admhaím go bhféadfadh an modh foshuiteach caite a bheith i gceist ach oiread: 'Is mar a chéile an modh coinníollach agus an modh foshuiteach caite ach amháin sa tríú pearsa uatha, .i. *do bhiadh/bhiath* 'bheadh'' (*SNG* 416). Fairis sin, tá fianaise againn gur lean an foshuiteach caite *mar* sa chiall seo (feach *DIL* s.v. *immar*, 1267.18 ar lean).

Seo iad na léamha ó Isí eile:

114: *bheath B, beideach 3, bhiadhach 8*, ach *bheadh/bheith* atá i bhformhór na gcóipeanna.

272: *bhíodh B / biodh 3 / bíoch 8*

273: *bheith B / bheth 3 / mar a bhiadhach 8*

• **Modh Foshuiteach Láithreach 3ú uatha:** *bíodh* (111), *biaidh* (287) Léamha ó Isí eile: *b[h]íodh* **B**, *bíodh* **3**, *bíodhach* **8**.

• **Modh Foshuiteach Caite 1ú uatha foirm tháite:** *dá mbiadhainse* (230).

Níl sé i gcóip **B**, *mbeidhinsi* in **3**, *mbíadhainsi* **8**.

• **Aimsir Láithreach: 3ú uatha:** *tá* (251), **coibhneasta:** *tá* (237) **3ú iolra:** *táid* (227).

• **Aimsir Chaite: 1ú uatha, foirm tháite, spleách:** *rabhasa* (7). **3ú uatha:** *bhí* (39, 43, 51, etc.). **Coibhneasta:** *bhí* (41, 106, 161, 166, etc.).

4.3 An Chopail

Is

• **Táscach Láithreach:** *is* (153, 179, 241, 261), **foirm choibhneasta:** *is* (167).

• **Diúltach:** *ní* (115, 152, 163, 172, 281).

• **Diúltach, coibhneasta:** *nach* (257).

le má: *más* (22, 250).

le go: *gur* (167), *gurb* roimh chonsan (164), roimh ghuta (196).

ba

Caite

• (58, 59, 71, 117, 143, 176, 272, 276), **foirm choibhneasta** (56, 115, 152), *dob* **coibhneasta** (2, 11, 271).

• **Diúltach:** *níor* (195): *níorbh* roimh ghutaí (78, 87, 95, 256).

• **Diúltach coibhneasta:** *nár* (32, 111).

• **Le go:** *go mb'fholamh* (12), *go mb'éigean* (271); *gur* (264), *gurbh* roimh ghuta (166).

• **Le in + coibhneasta:** *inar* (148).

• **Coinníollach:**

Le go: *go mb'fholamh* (12), *go mb'fhearra* (16), *go mb'eol* (20), *go mb'fhéidir* (22).

4.4

An fhoirm choibhneasta den bhriathar

a) le críochnúchán –(e)as, féach an aimsir fháistineach thuas, *dhéanfas* (244), *bhainfeas* (245).

b) leis an mír *do*: *do bhain* (6), *do dingeadh* (45), *do lasfadh* (47), *do raghadh* (76), *do fuair* (185), *do lot* (247).

c) Samplaí eile le *a*: *a deireadh* (195), *mar a biadh* (114, 273), *a deirimse* (167), *a deireadh* (195), *mar ar stadamar* (204).

d) Gan an *a*: *d'iompaigh* (233), *chaitheadar* (109), *thuiteann* (163), *sáitear* (258).

Foirm choibhneasta an mhéid *ar ghlacas* (33), *ná bhfacas* (119), *ler cailleadh* (124), *ar dhearmad* (125), *a ndeirim* (127).

Coibhneasta Indíreach:

a raibh (120), *ina ngluaiseadh* (145), *inarbh áil* (148), *'na ngabhaid* (159).

Dá agus má

Glacann *dá* an an modh coinníollach: *dá gcasfadh* (31), *dá mb'fhéidir* (48, 117), *dá mb'fhiú* (67, 181), agus tá cúpla foirm nach bhfuilim cinnte ina dtaobh an iad an modh coinníollach nó an modh foshuiteach caite: *dá bhfaighinn* (123), *dá mbiadhainse* (230).

Níl *má* ach uair amháin sa dán, agus glacann sé an aimsir láithreach: *má fhéadaim* (285).

5 An Réamhfhocal

5.1 Réamhfhocail shimplí

Go hiondúil sa dán, séimhítear túschonsain ainmfhocal a thagann i ndiaidh na réamhfhocal *ar, de/do, faoi, gan, mar, ó*. Feictear samplaí de na réamhfhocail seo gan séimhiú freisin, áfach, agus táid luaite agam faoi seach. Ní shéimhítear de ghnáth i ndiaidh *ag, as, chum, fara, go, idir, le, re, tar*, agus glacann *i* urú.

5.1.1 Ag

Ní leanann séimhiú *ag* sa dán: *ag clann (10)*, *ag cuid (30)*, *ag Tadhg (97)*, *ag slóigh (215)*, ach *aig chaitheamh* atá sa lámhscríbhinn (15). Seachas sin, ní bhíonn séimhiú ar aon sampla eile den ainm briathartha: *ag múnadh (11)*, *ag teacht (78)*, etc.

5.1.2 Ar

Seo a leanas samplaí den réamhfhocal le séimhiú, agus gan séimhiú, ar chonsain éagsúla.

Séimhiú ar *b*, *ar Bhrian (3)*, gan séimhiú, *ar bord (83)*, *ar barra (187)*.

Séimhiú ar *c*, *ar chliar (4)*, gan séimhiú, *ar cosa in airde (284)*.

Séimhiú ar *d*, *ar dhreas (5)*.

Séimhiú ar *f*, *ar foréigean (262)*.

Séimhiú ar *g*, *ar ghearrán (81)*.

Séimhiú ar *m*, *ar mhaide (25)* gan séimhiú, *ar maidin (69)*.

Séimhiú ar *s*, *ar shlógh (3)*, gan séimhiú, *ar séideadh (21)*, *ar sodar (80)*, *ar saothar (103, 274)*.

Séimhiú ar *t*, *ar thaobh (82)*, *ar théada (286)*.

Ní ghlacann *ar* séimhiú nuair nuair a chuireann sé staid, am nó coinníoll in iúl: *ar maidin* (69), *ar bord* (83), *ar saothar* (103, 274), *ar bord* (83), *ar barra* (187), *ar cosanairde* (284).

ar agus an alt

Glacann sé séimhiú san aon sampla amháin atá againn: *ar an tsaol* (164).

5.1.3 Ar = iar

Le hurú: *ar dteacht* (23).

5.1.4 As

Ní ghlacann an réamhfhocal seo séimhiú: *as talamh* (19), *as poillín* (258).

5.1.5 Chum

Glacann *chum* an tuiseal ginideach, *chum ár gothaithe* (36), *chum reatha* (272), cé nach ndéanann an file infhilleadh ar an ainm clasaiceach anseo: *chum Caesar* (220).

5.1.6 Do / De

Tá an dá réamhfhocal *de* agus *do* tite le chéile mar *do*: Mar shampla, feictear *suim do* (37, 75), *do bhí* (7), *do mhín choirce* (39), *scinnid do phreab* (93), etc, ach *de photátaí* (42), *braon de* (98), *fé dhe* (272), etc.

Dho mar *de* agus *do* faoi sceach: *sciolla dho chré* (180), *níor bhréag dho Virgil* (195).

Tá *do* in úsáid go dobhriathartha agus roimh ainmneacha briathartha chomh maith: *do chaitheamh* (20), *do phreabas* (23), *do thabhairt* (87), agus mar sin de.

Glacann *d(h)on* séimhiú tríd an dán:

don phobal (12), *don mbaile* (78), *don Phasáiste* (81), *don chléireach* (87), *don mhadra* (207), ach urú i gcás amháin: *don mbaile* (78).

Ní fheictear *de* leis an alt sa dán.

5.1.7 Faoi

Glacann an réamhfhocal seo séimhiú: *faoi ghréithre* (7), *faoi sheol* (23).

5.1.8 Fara

Ní ghlacann an réamhfhocal seo séimhiú, *fara Uilliam O Mórán* (135), ach glacann sé foirm an tríú pearsa uatha roimh an alt: *fairis an sagart* (131), agus foirm thabharthach i gcás amháin: *fairis an ógmhnaoi* (56, 131).

5.1.9 Gan

Uaireanta, glacann *gan* séimhiú agus uaireanta ní ghlacann. Féach a thionchar ar na consain seo a leanas:

b: gan bhuairt (185).

c: gan chíos gan chabhair (9).

Ní ghlacann *gan* séimhiú ar *f* nó ar *g*: *gan faothamh* (113), *gan fead gan glao* (114).

p: gan phlé (74), *gan phreab* (113).

t: gan traochadh (62, 84, 194).

5.1.10 Go

Tá *go n-uig'*, ón tSean-Ghaeilge *con(n)icci*, ag an bhfile, *go n-uig' cnocán beag aerach* (192).

Úsáidtear go in éineacht le haidiacht chun dobhriathar a chur in iúl: *fríoch go fannlag* (8) do *phreabas go héadrom* (23), etc.

5.1.11 I

glacann sé urú:

i mbriathra (2), *i gcomhar* (17), *i dtigh* (18), *i bhfochair* (35), *i gcogadh* (36), *i gcúrsa mná* (65).

in a fheictear roimh ghuta: in áit (32, 63, 180, 194), *in Éirinn* (41, 56), *in éineacht* (29, 80, 90, 106), etc.

I + alt

Tá an fhoirm *insan* sa dán in áit amháin: *insan oíche* (13), ach seachas sin, tá *san* tríd an dán agus glacann sé urú: *san bhfaisean* (26), *san Day Book* (88), *san dtréanamhuir* (93), *san mbaile* (128), *san mBarúnaigh* (129), *san gcorachán* (191).

5.1.12 Idir = ('among')

Le séimhiú: *idir Ghaelaibh* (129), le haidiacht shealbhach: *idir a mhéara* (221).

Tá sé suimiúil go bhfuil –a agus –aibh mar chríoch iolra sa Tuiseal Tabharthach i ndiaidh *idir*, murab ionann is na réamhfhocail eile nuair a fheictear –aibh amháin.

5.1.13 Le

Ní shéimhítear ina dhiaidh, ach cuireann sé h roimh ghuta: *le haghaidh* (44), *le héinne* (112), *le hAonghas* (163), *le huireaspa* (164).

Glacann an réamhfhocal seo an tuiseal tabharthach uatha agus an tabharthach iolra i gcás amháin: *le loing* (76), *le téadaibh* (50), agus an ginideach(?) i gcás amháin eile: *le caraere* (81).

5.1.14 Mar

Séimhítear ina dhiaidh: *mar mhaol* (16), *mar mhalairt* (127), *mar chaoir* (140) etc.

5.1.15 Ó

Séimhítear ina dhiaidh: *ó mhaithibhsin* (33), *ó bhun* (70).

5.1.16 Re

Le séimhiú: *re chéile* (40).

Gan séimhiú: *re báinseach* (144).

Leis an aidiacht shealbhach, tríú pearsa uatha: *rena thaoibh* (214), agus cuirtear an t-ainmfhocal sa Tuiseal Tabharthach.

5.1.17 Tar

Gan séimhiú: *tar sáile* (32), *tar abhainn* (162), *tar sruthán* (192).

5.2 Forainmneacha Réamhfhoclacha

5.2.1 Ag

agat (62), *aige* (222), *aice* (175, 273), *againn* (272), *agaibh* (290), *acu* (216).

Leis an dara pearsa uatha, tá *d* deiridh in ionad *t* ag an bhfile sa lámhscríbhinn. Níl sin aige ach le réamhfhocal amháin eile, *chughat* < *chughad* (248).

5.2.2 Ar

orm (79, 251), *ort* (150), *air* (26, 102).

5.2.3 As

As (145, 190).

5.2.4 Chuig

chughat (248).

5.2.5 Do

d(h)om (5, 6, 11, 14, 20, 32, 69, 73, 87, 111, 131), *duit* (60, 152), *dho* (232), *dúinn* (271), *dóibh* (167).

5.2.6 De

dhiom (89, 205), *d(h)e* (98, 272), *dhi* (82), *dhinn* (289), *díobh* (253, 280).

5.2.7 Faoi

fúm (*fugham* sa ls) (260), *fé* (197, 272). Féach an **Modh Eagarthóireachta 6**.

5.2.8 Le

Tá dhá litriú dhifriúla sa chéad phearsa uatha sa lámhscríbhinn: *leam* (181, 257), *liom* (281), *leat* (61, 182), *leis* (78, 226, 282), *léi* (63, 139, 143, 148, 256), *linn* (44, 144, 158, 172, 203), *leó* (92, 167).

5.2.9 Ó

uaim (74, 154, 205), *uait* (209).

5.2.10 Re

An chéad phearsa iolra: *rinn* (207).

5.2.11 Thar

An tríú pearsa uatha: *tairis* (202).

5.2.12 Trí

An tríú pearsa uatha, séimhithe: *thrid* (264).

AN MHEADARACHT

1.

Pléim anseo le téacs an dáin ón mbunleagan **M**, agus leis na línte breise i gcóipeanna eile. Meadaracht aiceanta a fheictear sa dán, bunaithe ar ghutaí agus ar dhéfhoghair na Gaeilge. *Amhrán* a thugtar ar an meadaracht aiceanta go ginearálta, agus *caoineadh* ar phatrún meadarachta na *hEachtra*. Tá tuairimí éagsúla i leith bhunús meadaracht an *amhráin* i bhfilíocht na Gaeilge. Feiceann Meyer tionchar an Bhéarla (Meyer 1909) agus deir Breatnach (1982-3, 8) ‘The rhyming octosyllabic couplets of the Cúirt are established in the metre of English since the age of Chaucer’, cé go ndeir sé ina dhiaidh sin go bhféadfadh amhráin na Gaeilge síolrú ón bhFraincis nó ón nGearmáinis chomh maith céanna (Breatnach 1983, 56). Dhiúltaigh Osborn Bergin don tuairim gur fhás meadaracht an *amhráin* ó mheadarachtaí an Bhéarla (Bergin 1916, 161) agus mheas James Carney go ndeachaigh an traidisún siar go dtí an séú haois ar a laghad cé gur bhláthaigh filíocht shiollach uasaicmeach idir an dá linn: ‘Looking over the entire range of Irish poetry we can distinguish three types: old accentual verse, syllabic regularizations and developments of the ancient metres (*nuachrotha*), and popular songs and poems of the last four centuries. These last descend directly from the old and natural tradition, and owe little if anything to the intervening artificiality’ (1971, 53).

Is é an chéad tagairt i ndán don *amhrán*, go bhfios dom, ná a ndeir an file Giolla na Naomh Ó hUiginn in *Leabhar Méig Shamhradháin* (McKenna 1947, 237-47). Féach, mar shampla: *Is é an t-abhrán ro fhalaigh / a n-éadáil a n-ealadhain; / do sgar an daghdhán re a dhath / abhrán ban agus bhachlach*, agus an nóta: ‘... the poet protests against the preference given by the chieftains to the hawkers of inferior poetry *abhrán*’ (ibid., 429). Feictear an chéad sampla d’*amhrán*, ar féidir dáta a chur leis, in *Leabhar Branach* – dán a chum Tadhg Dall Ó hUiginn do phatrún, Aodh Mac Seáin, a cailleadh sa bhliain 1579 (Mac Airt 1944, 54-56). Féach, mar shampla, na línte:

*Leath dá bhrígh mur bhíos an féithle am chrann
an tan fá líonuid grís na sléibhte reann
mac Seáin lithior tríd ón ghléire Ghall,
ag teacht fán tír do dhíbirt féineachtrann (ibid., 55).*

Maidir le scoláirí Nua-Ghaeilge le daichead éigin bliain anuas, cé nach féidir leo a rá go cinnte cad as ar eascair bunfhréamhacha an *chaointe* (féach, mar shampla, Blankenhorn 2003, 247-9), díríonn siad ar na samplaí den gcineál meadarachta seo ón seachtú haois déag ar aghaidh. Maidir le cad is *caoineadh* ann, dar leis an mBuachalladh gur: ‘caoineadh a thug an t-aos léinn ar an saghas sin meadarachta, fo-roinn don véarsaíocht aiceanta ar baineadh úsáid aisti go háirithe sa chumarsáid phoiblí: tuireamh, gríosadh, iomann, barántas, etc’ (Ó Buachalla 1998, 65). I bhfoirm an ghnáthamhráin, mar a fheictear thuas, is é an strofa ceathairlíneach an bunaonad meadarachta. An difear is suntasaí idir sin agus an *caoineadh* ná gur riarú neamhstrofach a bhíonn ar na línte sa *chaoineadh*. Seo iad tréithe an *Chaointe* dar le Tórna:

(a) A trí nó a ceathair de chéimeanna sa líne. (b) An guta céadna méidreachta sa chéim dheireannach i ngach líne tríd síos (c) Ar an gcuid eile den líne is gnáth malairt gutaí méidreachtaí ón líne go chéile, nó ón gcúpla go chéile, nó ón gceathramhain cheithre líne go céile, etc. Acht níl sé riachtanach. (d) Comhfhuaim i lár buill nó ar thosach na líne (Ó Donnchadha, 49).

Feictear dhá shnáth ón seachtú haois déag atá suntasach don phlé atá idir lámha anseo; dánta ó chontae an Chláir a dtráchtann Liam P. Ó Murchú orthu (2005), agus na dánta polaitiúla i lár na haoise sin. Luann Ó Murchú gur sa bhliain 1617 a fheictear ceann de na samplaí is luaithe de mheadarachta an *chaointe* in *Caoineadh ar Uaithne Mór Ó Lochlainn* (Ó Murchú 1993 agus féach, leis an údar céanna, 2005, 22). Faoi lár na haoise feictear samplaí den *caoineadh* ag plé le dioscúrsa polaitiúil, mar a fheictear in *Tuireamh na hÉireann*, mar shampla, agus *An síogaí Rómhánach*

(O’Rahilly 1952). Iarracht ar ‘f[h]ilíocht scéaltach’ seachas ‘dioscúrsa polaitiúil nó sóisialta a phlé’ (Ó Murchú 2005, 22) a fheictear maidir le rogha an *chaointe* ag Donncha Rua féin. Díol suntais é, os a choinne sin, gurbh é *Eachtra cSeáin Uí Chonaill* (teideal malartach ar *Thuireamh na hÉireann*) a bhreac Donncha Rua ina lámhscríbhinn **M**. Díol suntais é go bhfuil meadaracht an *chaointe* le feiceáil ag Céitinn, Feiritéar, Haicéad, Ó Bruadair, agus Ó Rathaille chomh maith.

2.1

Mar sin, meadaracht an *Amhráin* a fheictear sa dán seo, ach den chineál a dtugtar *Caoineadh* air.¹⁴ Maidir leis an gcineál meadarachta seo go sonrach, filíocht aiceanta is ea í, bunaithe ar na gutaí aiceanta sa líne a iompraíonn patrún na meadarachta. Feictear ceithre ghuta aiceanta i ngach líne; agus tugaim **x y y z** orthu anseo.¹⁵ Féach líne 1: *do riarfainn sgeol dom chomharsa ar aon rud*, sin: – **ia** – **o:** – **o:** – **e:** –

Ní hionann na fleiscíní seo is a rá nach bhfuil ach guta neamhaiceanta amháin idir na gutaí aiceanta i gcónaí, mar níl aon mhórrialtacht ag baint leo san fhilíocht aiceanta. Mar a deir Breatnach: ‘is féidir aistí difriúla an amhráin a roinnt ina n-aicmí do réir líon na n-aiceann meadarachta a bhíonn in aghaidh na líne iontu... Laistigh den rialtacht sin bíonn saoirse áirithe ceadaithe maidir le athraithe i gcúrsaí líon na siollaí neamhaiceanta ó líne go chéile’, Breatnach (1983, 57). Maidir leis na gutaí neamhaiceanta, tráchtáim orthu ag **3** thíos.

2.2 Grúpaí dhá líne agus grúpaí ceithre líne

¹⁴ Féach Ó Donnchadha, (1925, 48-50). Tá sampla aige ó línte 91-4 an dáin féin ar leathanach 49.

¹⁵ Seo iad na gutaí aiceanta a fheictear sa dán: /a/ /a:/ /e/ /e:/ /i/ /i:/ /o/ /o:/ /u/ /u:/ /ai/ /ia/ /i:ə/ /ou/ agus /u:ə/.

Den chuid is mó roinntear an dán i ngrúpaí dhá líne, .i. an patrún ceannann céanna i ndá líne a thagann i ndiaidh a chéile. Mar shampla, i línte **11** agus **12**:

*Ag múnadh scoile dob obair dom laethaibh,
's a rún don phobal go mb'fholamh an cheird sin*
is féidir an mheadarach anseo a rianadh mar seo:

– **u:** – **o** – – **o** – – **e:** –

Déanann an dá ghuta aiceanta a bhíonn i lár gach líne (/o/ mar atá in *scoile*, *obair*, *phobal* agus *m'fholamh* thuas), comhfhuaim lena chéile. Cloítear go daingean leis an nguta aiceanta deiridh /e:/ tríd an dán ar fad (mar sin **z** = /e:/ síos tríd). Seachas an /e:/ seo, athraíonn na gutaí aiceanta i ndiaidh gach grúpa dhá líne de ghnáth, ach amháin sna cásananna a luaim díreach thíos.

Freagraíonn na grúpaí ceithre líne don phatrún céanna leis na grúpaí dhá líne. Mar shampla, féach línte **1-4**:

*Do riarfainn sceol dom chomharsa ar aon rud,
i mbriathra beoil dob eol do chéadta,
ar Bhrian Bóroimhe, ar shlógh na Féinne,
ar chliar mhic Lóbais, fós a ghaolta*

Is mar seo atá: – **i:ə** (–) **o:** (–) – **o:** – **e:** –

Is amhlaidh atá sé leis na línte seo a leanas freisin: **7-10, 17-20, 95-8, 113-16**.

Tabhair faoi deara go mbeadh tuilleadh acu ar an gcuma chéanna ach amháin go n-athraíonn an chéad ghuta aiceanta amháin tar éis dhá líne. Féach mar shampla, línte **23-6, 29-32, 43-6, 59-62, 63-6, 85-88, 89-92, 109-12, 137-40, 159-62, 181-4, 189-92, 201-4, 211-14, 227-30, 255-8, 265-8**.

Ar an gcaoi chéanna, murach athrú an chéad ghuta aiceanta bheadh grúpa sé líne ag **15-20, 23-28, 179-84**, agus grúpa ocht líne ag **109-116**.

Seachas sna cásanna atá pléite anseo, is grúpaí dhá líne ar fad a fheictear sa dán, mar a phléigh mé le línte **11-12** thuas.

3. Gnéithe eile den mheadaracht

Tá an guta aiceanta deiridh /e:/ slán tríd an dán ar fad, ach tá gnéithe anseo is ansiúd maidir leis an gcéad ghuta aiceanta agus na gutaí aiceanta i lár na línte ar mhaith liom féachaint anois orthu.

Den chuid is mó, déanann na gutaí fada agus na défhoghair comhfhuaime lena chéile amháin. Ní hamhlaidh do na gutaí gearra, ámh, atá níos casta ná sin. Ar mhaithe le réiteach soiléir ar an scéal, leanaim samplaí eagarthóirí *Nua-dhuanaire* (I-III), Uí Bhuachalla (2007), agus Blankenhorn (2003), a úsáideann an comhartha /^{*}i/ le freagairt don chomhfhuaime idir *i, o, u, io, iu, oi, ui, ai, ea*, ‘an gairid neamhchruinn’ mar a thugann Ó Donnchadha air (1925, 23).

Féach, mar shampla, na gutaí aiceanta i lár na línte seo:

's dá bhfaighinn san imirt an fhinne-bhean Déirdre,

ler cailleadh clann chumasach Uisneach na dtréaneich (123-4);

ní hionann mar thuiteann ó Virgil le hAonghas,

gurb le huireaspa a gcurtha ar an tsaol seo (163-4);

nó na gutaí aiceanta tosaigh a leanas: *Insan oíche, im luí 's me im' aonar,*
dom seal ag smaoineamh ar ide an tsaogail (13-14); Do rug / 's do rinne (187-88).

Cé nach bhfuil sé chomh héasca céanna le cloisint, is cosúil nach leasc leis an bhfile an fhuaime /a/ a bheith ag déanamh comhfhuaime le /^{*}i/ ach an oiread, ach ní

chiallaíonn sin gur sárú meadarachta atá ann dar le Ó Cuív: ‘It is obvious that at no time was phonetic identity of vowels required for assonance in Mod. Irish accentual verse’ (Ó Cuív 1979, 113). Féach: *Horace ann a’ mealladh a shuilt Mhecaenas, / ’s dá ngearradhsan gan lagadh ar bith le géire, (217-8)*; agus: *a bprionsasan go ceansa suilt dá mbréagadh / is fonn a ghoib go dtabharfadh duine ón éag leis (225-6)*, nó línte **203-4** ach oiread.

- Oireann na hainmneacha clasaiceacha don mheadarachta de réir mar a bhíonn gá, fiú nuair nach mbeadh sé soiléir ón gcéad fhéachaint: /a:/ *mbád ... Charon (166)*; /i:/ *Anchises ... chríon (213)*; /u:/ *Juvenal / diomblas (221-2)*, agus féach *Phoebus (91)*, *Croesos (120)*, etc.

- gur *amharcas / a tarraing (205-6)*. Éilíonn an mheadarachta /a/ sa chás seo: /avərcəs/. Féach *labharfainn* [lav'ər'hin'] (**85**), *thabhairt* [hav'irt'] (**87, 127**), *amharcus* [avər'kus] (**205**), *thabharfaimis* [hav'rə'mi:]], *abhaile* [ə'val'í] (**231**), *gheabhair* [jav'ir'] (**250**). Ní bhainfeadh an fhoghraíocht seo leis an gcanúint, ach is ar mhaithe leis an meadarachta atá an file anseo ar ndóigh.

- Feictear go bhfreagraíonn na gutaí aiceanta Gaeilge agus Béarla dá chéile sa dán chomh maith, agus seo an sampla is suntasaí ar fad:

Níorbh fhada gur labhair a' long “A sail, a sail,

The hammocks all down! Odzoons she'll take us!” (265-66) agus **a, ou, ou, e:** mar na gutaí aiceanta sa dá líne.

- Guta fada le guta gairid

nior bhfoláir / is mac (88-9), agus féach na gutaí aiceanta i lár na líne anseo: *Do rug an macámh ar barra mo mhéaraibh / ’s do rinne sé gáire ós ard is béiceach (187-8)*.¹⁶

¹⁶ Tá *b(h)arra* gearr agus ag dul le guta gearr, seachas guta fada, sna línte seo: **28, 41, 70, 287**. Ní féidir a bheith iomlán cinnte an bhfuil an bhéim ar an gcéad nó ar an dara siolla i gcás *macámh*, cé gur dóchúla gur ar an dara siolla atá sí.

• Bá gutaí deimhnithe ag an meadaracht

Ní nach ionadh, i gcás meadarachta atá bunaithe ar ghutaí aiceanta, is iomaí sampla den bhá tríd an dán, i ngach aon líne beagnach. Feictear go bhfuil cineálacha éagsúla bá ann:

Dhá ghuta ghearra ag titim le chéile: *chomharsa ar (1), Bóroimhe ar (3), d'easpa an (6), nGallsó is (10), íde an (14), bainne i (18), feoithne ar (21), sáile in (32), mionearra agus (34)* etc.

Guta fada roimh ghuta gearr: *bhí in (41), chóraí in (56), altú i (101), ná a (119), ná an (121), nó i (128), bhí i (166), mé aice (175), chré ar (180), ná a (119), neartú idir (129), tú inár (230), Dé isteach (238), plé acu (216), liú agus (251).*

Guta gearr roimh ghuta fada: *Caoilte Ó (99), gáire ós (188), duine ón (226), eagla ár (202), scanradh ár (268).*

• Gutaí neamhaiceanta sa líne

Mar atá luaite agam cheana, ní hionann líon na ngutaí neamhaiceanta sa dán in aon ghrúpa dhá líne. Más ea, cé go bhfreagraíonn líon na ngutaí aiceanta dá chéile i gcónaí in aon dá líne, ní hamhlaidh do na gutaí neamhaiceanta. Uaireanta freagraíonn, agus uaireanta eile, ní fhreagraíonn, ach dar ndóigh, níl an mheadaracht aiceanta ag brath ar a líon agus nílid chomh tábhachtach céanna. Pé rud é, ní féidir córas cinnte a aithint. Mar shampla, cé go bhfuil cúig ghuta neamhaiceanta ó línte 1-4, tá sé ghuta neamhaiceanta i líne 5, agus cúig cinn arís i líne 6. Ón bpointe sin ar aghaidh, táid guagach go maith ina ndáileadh. Maidir le **17-18**, tá 7 agus 6 faoi seach, agus 7 agus 8 ag **25-6**. Féach, leis, **125-6**, ina bhfuil 6 agus 9 gcinn. Ar an iomlán, feictear idir ceithre agus 10 nguta neamhaiceanta sna línte.

Ní hamháin sin, i ngach grúpa dhá líne, is minic méid difriúil i líon na ngutaí neamhaiceanta idir na gutaí aiceanta.

Os a choinne sin, tarlaíonn i gcúpla cás go dtiteann gutaí aiceanta le chéile gan aon ghuta(i) neamhaiceanta eatarthu. Féach, mar shampla: *ag ól bainne (19), a liacht beatha (34), Port Láirge (53), Ba mhór m'íongantas (71), fonnard léannta (135), chláir m'éaga (136), ná tréig (152), Aodh Bui (223), thóig Aoibheall (256).*

Maidir leis an /e:/, an guta aiceanta deiridh tríd an dán, ní bhíonn ach guta neamhaiceanta amháin ina dhiaidh síos tríd an dán, seachas líne **265** ina bhfuil na

focail Bhéarla *a sail a sail* ag a deireadh. Dar ndóigh, feictear bá gutaí anois is arís len é sin a bhaint amach¹⁷: **39, 43, 114, 180, 238, 252, 259, 273**.

• **cúrsaí béime maidir leis na gutaí aiceanta láir**

I gcúpla cás, ní féidir a bheith cinnte faoi shuíomh na béime: *glacaim mo lóistín, bord bídh is féasta, fairis an ógmhnaoi ba chóraí in Éirinn. (55-56)*. Is cosúil go bhfuil an bhéim ar an gcéad siolla, /o:/, ach d'fhéadfaí a áiteamh go mbeadh sé ar an /i:/ freisin. Agus féach leis: *chuaigh urchar i ndailtín an chaitín 's ní léar liom, do ghoid sé mo chaipín 's níor dhaitníd leis maol me. (281-82)*. Is cosúil go bhfuil an bhéim ar an gcéad siolla, /a/, ach d'fhéadfaí a áiteamh go mbeadh sé ar an /i:/ freisin.

4. Línte breise na gcóipeanna eile

Maidir leis na línte breise a fheictear i gcóipeanna eile, féach, mar shampla, an dá rann seo i dtraidisiún **B** a thagann i ndiaidh líne **108** (an chéad rann) agus **116** (an dara rann) de **M** (féach ls **5** in **Eolas ar na Lsí**):

*mo mhíle mairg dob ainnis le féachaint
mar bhíodar na gcaranna ag aiseag gan traochadh
na luí fá deacair gan faic ar gcréachta
gan bhrí gan mhaise gan tapa na ngéagaibh*

*do bhíos im spreas mharga 's im scramaire traochta,
is sínte ar leaba is mo chreatalach céasta
mo bhríste im aice gan folach mo chréachta
gan brí gan tapa gan seasamh gan faosamh.*

Feictear an patrún gutaí céanna sa dá ghrúpa ceithre líne: **i – a – a – e**:

¹⁷ Maidir le *glanchréithre ann 39 éanla ann 43*, agus *glao ionam 114*, is é mo thuairim láidir nach bhfuil ach siolla neamhaiceanta amháin tar éis an ghuta aiceanta **e**: [glan'xr'e:roun], [e:nl 'oun], [gle: 'nəm].

Tagann meadaracht na leaganacha eile (a pléadh in **Eolas ar na Lámhscríbhinní**) leis an bpatrún thuas go huile is go hiomlán, bíodh líne amháin a fhíonn isteach sa dán i gceist, nó dhá, ceithre nó sé líne sa bhreis scríofa. Díol suntais is ea an t-aon sampla lochtach amháin thíos.

Seo iad na línte breise a fheictear sa traidisún **A₃** amháin (a pléadh in **Eolas ar na Lámhscríbhinní 3.2.1** thuas), agus féach nach gcomhlíonann an chéad dá líne an patrún meadarachta, agus go bhfuil /o:/ ag déanamh comfhuaime le /a:/ sa dara grúpa dhá líne:

nó insa gCill ón suim go a chéile

nó a'brasaireacht le Peadar Ó Cinnéide

nó a mBaile Sheóirse, i gcomhghar an tséimhfhir,

Risteárd Bán, dob' fhearr do Phaoraigh,

nó insa gCreatalach mar a gcleachtadh mo ghaolta

nó i Luimneach for Sionann na gcaolbharc

AN MODH EAGARTHÓIREACHTA

Is é a chuirim romham anseo ná eagrán den dán a chur ar fáil a bheidh soléite mar atá, agus a sheasann, oiread agus is féidir, le Gaeilge an údair. Ní hionann sin agus cloí litir ar litir le téacs na lámhscríbhinne i gcónaí. Cé go mbeadh sé de bhuntáiste ag an gcur chuige sin nach gcaillfí aon fhianaise ar theanga an údair, ní bhíonn litriú na bhfocal de réir a chéile sa lámhscríbhinn i gcónaí. Feictear, uaireanta, go litrítear focail áirithe ar shlite difriúla sa dán (mar shampla, *Laittion* agus *Laidion*). Measctar *dh* agus *gh*, *bh* agus *mh*, agus ní hionann na gutaí neamhaiceanta tríd síos ach oiread – measctar *a*, *o* agus *u* arís agus arís eile, mar shampla, nós nach dtagann le litriú an lae inniu ach oiread. Ní mór cinneadh a dhéanamh an mbíonn litriú focail canúnach, míshoiléir nó fiú mírialta i gcásanna áirithe.

Ní hionann sin is a rá go gcaithim le téacs na lámhscríbhinne mar théacs lochtach. Cé go mbeifeá ag glacadh leis nach bhféadfadh an file cúpla céad líne a scríobh gan cúpla mionearráid a bheith déanta aige, níor chuireas isteach puinn ar na fuaimeanna de na focail sa téacs agus mé i mbun an eagráin. Bunaithe ar fhianaise na meadarachta, agus ag leanúint na nósanna scoláireachta sa réimse seo (féach *Nua-dhuanaire* (I-III), Ó Murchú (1982), Ó Madagáin (1974), Ó Buachalla (2007)), cuirim coinbhinsin litrithe na nua-Ghaeilge .i. Gaelainn an lae inniu, mar atá in *FGB*, i bhfeidhm tríd síos ach litriú níos sine (*saog(h)al*) nó litriú canúnach (*daochain*) a úsáid nuair a oireann don mheadaracht. Coimeádam deilbhíocht na canúna sa téacs a oiread agus is féidir, le cabhair ón tsaoirse a thugann foirmeacha malartacha *FGB* dúinn, chun go mbeadh ar chumas an léitheora an struchtúr meadarachta a thabhairt leis ón leathanach. Nuair nach rabhas cinnte faoi fhocal ar leith tar éis na foclóirí a scagadh, chuardaíos é i bhfianaise Ghaeilge na Mumhan (agus i nGaeilge Phort Láirge go háirithe). I gcás an amhrais faoin bhfoirm a bhí le heagrú, soláthraím eolas sna

Nótaí ar an Téacs.

Níor chumas aon litriú de mo chuid féin (seachas i gcúpla cás, *nó(cht)*, *phóirt*), óir bheadh sé deacair seasamh leis an gcur chuige sin ar shlí shoiléir formhór an ama. Ní téacs foghraíochta atá á sholáthar anseo, agus níor theastaigh uaim go dtarlódh go mbeadh litriú focail san eagrán a thiocfadh salach ar litriú an fhile nó ar litriú *FGB*.

Dá bhíthin sin, litriú an lae inniu ach gramadach an fhile a fheictear san eagrán seo. Ní cheartaím gramadach an fhile fiú nuair nach mbíonn sí i gcónaí de réir a chéile; mar shampla, féach an réamhfhocail *do* agus an t-alt ag an bhfile, a ghlacann séimhiú amanta agus urú amanta eile: don + *phobal* (12), *Phasáiste* (81), *chléireach* (87), etc. ach don + *mbaile* (78); agus féach, leis, ainmfhocail atá firinsneach sa Chaighdeán a ghlacann séimhiú ar an aidiacht: *mhaol bheag* (16), *dríodar chrochta* (40), etc.

Mé féin faoi deara an phoncaíocht, ceannlitreacha agus scaradh na bhfocal san eagrán.

Don léitheoir a chuireann suim i mbuntéacs an dáin, díreach mar a scríobh Donncha Rua féin amach é, tá leagan dioplamáideach an dáin ó lámhscríbhinn **M** curtha ar fáil agam sa tráchtas seo.

1. Mionleasuithe

1.1 Bainim úsáid as an uaschamóg i gcásanna áirithe sa téacs.

- Le cailleadh litreacha i bhfocail a chur in iúl. *s* > 's áit a bhfuil *s* sa lámhscríbhinn agus an bhrí 'and' i gceist ag an bhfile (5, 8, 10, 12, etc.); an aidiacht shealbhach *mo* > *m'*: *im' aonar* (13), *m'éaga* (136), etc.; an chopail *ba* > *b'*: *mb'fholamh* (12), *go mb'fhearra* (16), etc.; an réamhfhocail *i* + an aidiacht shealbhach *a*, *ina* > 'na: 'na *mbeatha* (48), 'na *bhfeighilsin* (75), etc.

• Tá *um* go flúirseach tríd an téacs. Nuair is *i + mo* atá i gceist, scríobhaim *im* (13, 20, 68, etc.). I gcúpla cás, áfach, *um = do + mo*, (129, 288), agus tá *'om* curtha isteach agam sna cásanna sin.

• *d* na lámhscríbhíne > *d'*. Baineann seo (i) leis an mír bhriathartha: *d'fhanas* (75, 113), *d'fhiafraigh* (85), *d'fhiadas* (86), *d'aithin* (141), *d'amharcas* (145), *d'iompaigh* (233)); agus (ii) leis an réamhfhocal *do/de*: *d'easpa* (6), *d'eagla* (42), *d'éileamh* (72), *d'uaislibh* (186), *d'fhearg* (289)).

• Tá *d'fháil* (31, 74, 120) scaoilte agam in áit an noid *ll* sa lámhscríbhinn = *dáil*.

• Áit a bhfuil *a* scríofa ag an bhfile in áit *ag* roimh ainm briathartha, tá *a'* san eagrán (126, 130, 134, etc.). Feictear go bhfuil cúpla cás eile nuair nach bhfuil rud ar bith sa lámhscríbhinn roimh an ainm briathartha; seachas *ag* nó *a'* a chur isteach, cuirim uaschamóg díreach roimh an ainm briathartha féin e.g. *'cartadh* (17).

• Tá cúpla áit sa lámhscríbhinn nuair nach bhfuil iomlán an fhocail scríofa. Seans gur de ghrá na meadarachta atá siad amhlaidh, cé gur gutaí neamhaiceanta iad na gutaí a fágadh amuigh. Cuirimse uaschamóg isteach lena bhfuil gearrtha a nochtadh: *bheag'* (27), *marga'* (116), *go n-uig'* (192).

• An t-alt *an* > *a'*: *a' long* (262, 265).

Féach, leis, usáid na huaschamóige leis an geopail in 8, thíos.

1.2 Cuirim fleiscín isteach i gcásanna áirithe sa téacs.

• Cuirim fleiscín isteach de réir *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* ar an iarmhír threise .i. nuair a thagann dhá chonsan arb ionann iad le chéile: *go rabhas-sa* (7).

Maidir leis an iarmhír threise go ginearálta, tá an t-athrú *si > se* curtha i bhfeidhm agam tríd síos, mar shampla *an tsaoghailse* (6), *an scéilse* (24), etc.

Tá fleiscín curtha isteach i lár comhfhocail nuair a chríochnaíonn an chéad chuid den chomhfhocal agus nuair a thosaíonn an dara cuid de ar an gconsan céanna: *go goibbhinn* (224).

- Athrú tosaigh: Nuair a bhíonn *t* agus *n* roimh ghuta, scríobhtar fleiscín: (i) urú i ndiaidh aidiachta sealbhaí: *a n-iomchar* (254), *ár n-anam* (290), etc.; (ii) an t-alt roimh ainmfhocal san uimhir iolra, tuiseal ginideach: *na n-éigse* (215); (iii) an cónasc *go* roimh bhriathar: *go n-inseadh* (207), *go n-éirí* (243), etc.; (iv) an t-alt roimh ainmfhocal firinscneach: *an t-achrann* (148), *an t-eanach* (159), etc.

1.3

- Cuirim focail Bhéarla sa chló iodálach san eagrán, *jackets* (27), *wig* (51), etc., agus ní athraím iad, seachas *draar > drawer* (58).

2. Litriú

2.1

- I gcás focal a raibh foirmeacha éagsúla litrithe acu i línte difriúla, roghnaíos an fhoirm ab fhearr a d'oir don mheadarach, nó, ag brath ar an gcomhthéacs, do litriú soiléir sothuigte. Mar shampla, tá *aonacht* (29, 80, 90) faoi thrí agus *aoinfheacht* (106) uair amháin sa lámhscríbhinn, ach tá /e:/ deimhnithe ag an mheadarach i ngach cás agus, dá bhrí sin, roghnaím *aonacht* tríd síos. Cuirim foirm mhalartach *FGB aibidh* in áit *aibig* (59), agus *hea(i)baidh* (85, 149) mar go mbeadh an fhoghraíocht

chéanna acu, dar liom, de réir na canúna, agus tá *éigean* (89) agam tríd síos in áit *eigean* (86), *eigcean* (126) agus *éigcean* (244, 271, 276) ar mhaithe le soiléire.

2.2

- Chuireas isteach na síntí fada ar fad a fágadh amach. Feictear, i gcás focal áirithe, gur chuir an file isteach iad in áiteanna sa lámhscríbhinn, ach go bhfuilid in easnamh áiteanna eile. Féach, mar shampla, ar na leaganacha lámhscríbhinne seo: *féile* (133, 270) ach *feile* (71), go *heag* (61), *meaga* (136), ach *éag* (226), *éaguidh* (159), *chré* (180) ach *cre* (17), *féar* (139) ach *feir* (219), *más* (250) ach *mas* (22), etc. Féach, leis, gur chuireas isteach *mór* in áit *mor* (168), *mhór* in áit *mhor* (71), *lár* (64, 197) in áit *lar* (137); *áit* (63, 180) in áit *ait* (32, 194), *dá* in áit *da* agus *ná* in áit *na* etc. Bhaineas an síneadh fada de na focail *sceól* (1), *cómharsa* (1), *beóil* (2), *cómhra* (38, 83, 89), *bórd* (83), etc. Cé go bhfuil an síneadh fada curtha isteach ag an bhfile ar *-eo-* anois is arís, ní i gcónaí a bhíonn sé amhlaidh, mar a fheicimid le *sheoladh* (89), *ceol* (90), etc.

- Tá idirdhealú litrithe déanta idir *mé* agus *me* ag an bhfile, agus cloím leis an gcur chuige sin, .i. *me* nuair is focal neamhaiceanta sa líne é (13, 69, 80, 90, 141, 256, 261, 282), agus *mé* nuair is focal aiceanta sa líne é (148, 175, 259, 263). Tá cúpla dearmad aige nuair a scríobhadh *mé* i gcás focal neamhaiceanta (29, 147), agus tá siad sin athruithe go *me* agam san eagrán. Féach 6 thíos maidir leis na réamhfhocail *de*, *do*.

- Tá síneadh fada neamhstairiúil curtha isteach agam ar *phoirt* > *phóirt* (84), de ghrá na meadarachta. Ní dhéanaim amhlaidh le Port ag líne 53 óir níl sé aiceanta agus mar sin, níl /o:/ de dhíth.

2.3 Athruithe eile

- Tá *astig* (51) athraithe agam go *istigh*, agus *asteach* (238) go *isteach*.
- Nuair nár aimsigh mé fianaise shásúil bhreise faoi fhocal in áiteanna eile, choimeádas foirm na lámhscríbhinne san eagrán má bhí deimhniú meadarachta ag litriú na lámhscríbhinne; mar shampla, *d'fhiadas* (ó *dfiadas* na lámhscríbhinne, 86), *ruibe* (105), *hardracht* (147, 228), *léighbhinn* (165), *biarfar* (238) – foirmeacha a oireann don mheadaracht, ar ndóigh. Níl ach cúpla cás nuair a rinneas mionathruithe litrithe don litriú lámhscríbhinne nár litriú Caighdeánach é ach oiread, mar shampla: *gearradh* > *gearré* (273). Sna cásanna sin, tugann na **Nótaí ar an Téacs** léas breise ar an bhfocal.
- Fágaim na hainmneacha ó na Clasaicí mar atá siad ag an údar féin. Oireann siad don mheadaracht mar atá, agus sa chás go mbeadh éiginnteacht ag baint leo, féach na **Nótaí ar an Téacs**. Feictear sa lámhscríbhinn go bhfuil an litriú Laidine ar fhorhmhór na n-ainmneacha, seachas *Eólus* (sa ls) > *Eolas* (san eagrán, 92), *Eson* > *Éason* (121 san eagrán, etc.), *Aonghus* > *Aonghas* (163), *Thétis* (92), agus *Troidhe* > *Traí* (211).

- Briathra

Tá na briathra litrithe agam de réir an Chaighdeáin den chuid is mó; mar shampla *ccaithfeach* > *gcaithfeadh* (74), *labharfach* > *labharfadh* (174), *thabharthach* > *thabharfadh* (173), etc. Ach ní dhéanaim caighdeánú nuair a chuirfeadh sin isteach ar

chanúint nó ar mheadaracht an fhíle, mar shampla, *buileamaoid* (155), *crothann* (176), *chrothadh* (189), *bhfaicir* (211), *chír* (237). Coimeádam na foirmeacha seo ón lámhscríbhinn leis: *níor fhágghas* (30), *thuiteann* (163), *imthighse* (239), *mharbh* (253).

Maidir leis an mbriathar *bí*, cruthaíonn litriú na bhfoirmeacha éagsúla fadhbanna áirithe don eagrán. Feictear go bhfuil an litriú nach mór mar an gcéanna – *(m)b(h)iaidh* – ar uairibh sa lámhscríbhinn cé gur léir nach í an modh nó an aimsir chéanna atá i gceist i gcónaí. Braithim ar an gcomhthéacs leis an aimsir cheart a thuiscint, ach seachas i gcúpla cás, ní athraím an litriú.

An Modh Foshuiteach: *bioch* (111), *biaidh* (287) > *bíodh*, an tríú pearsa uatha.

An Aimsir Ghnáthchaite: *bhíoch* (69), *mbiaidh* (194) > *(m)b(h)íodh*, an tríú pearsa uatha.

• Áit a bhfuil na nodanna $\overset{\cdot}{\text{m}}$ agus $\overset{\cdot}{\text{r}}$ sa lámhscríbhinn, tá cinneadh glactha agam ar an bhfoirm is dóchúlúla liom, nó, go minic, i bhfianaise na gcóipeanna eile den dán sna lámhscríbhinní. Mar shampla, $\overset{\cdot}{\text{m}} > mo$ (15), $\overset{\cdot}{\text{bainn}} > bainne$ (18), $\overset{\cdot}{\text{rin}} > rinne$ (188).

• Áit a bhfuil fleiscíní mar noda i lár focal ag an bhfile sa lámhscríbhinn, líonaim isteach iad de réir na dóchúlachta, *S-se / Sh-r-e* > *S(h)eoirse* (125, 245), *H-r* > *Hanóbhar* (126), *f-g* > *fáigh* (143), *S-rl-is* > *Séarlais* (231), *L-th-r* > *Luther* (233, 252), *C-lv-n* > *Calvin* (234), *S-m-s* > *Shéamais* (241).

3. Séimhiú

Cuirim séimhiú isteach in áiteanna a bhfuil gá leis nuair nach bhfuil sé scríofa ag an bhfile.

Séimhiú Tosaigh:

• le cur isteach: *ó m[h]aithibhsin (33), ba g[h]leoite (59), ar d[h]earmad (125), ar S[h]liabh (133), an tsibhean mhionla m[h]aordha (138), fir T[h]uamhan (153), mar t[h]uiteann (163), Aoibheall b[h]inn (175), mar t[h]arbh (177), a b[h]anríon bhréagach (235).*

• le baint amach: *aig c(h)aitheamh (15), chum(h) (72).*

Séimhiú Láir:

• *céadtha (sa ls) > céadta (2), éadmur > éadmhar (147), thréite > thréithe (212), tréit lag > tréithlag (283).*

4. Athrú consan agus guthú

Ag seo síos liosta de na príomhathruithe atá curtha i bhfeidhm agam ar na consain agus ar na gutaí faoi seach:

4.1 Consain

4.1.1 -bh- agus -mh-

• **-amha-** > **-ú-**: *cheathramhan > cheathrín (130).*

• **-ub[h]-** > **-ú-**: *adubairt* > *adúirt* (177), *siubhal* > *siúl* (251).

• **-madh** (> **-mhadh**) > **-ú**: *tochtmadh* > *t-ochtú* (235).

4.1.2 -dh-

• **-dh(a)- ar lár**: *gaodhalta* > *gaolta* (4), *cruadhacht* > *cruacht* (72), *phléidh* > *phlé* (74), *glaodh* > *glao* (114), *chídhimis* > *chimis* (169), *baodhchus* > *baochas* (287).

• **-eadha-** > **-á-**: *mheadhachtan* > *mheáchtan* (82), *seadhan* > *Seán* (105).

• **(u)idh(e)** > **(a)í**: *oidhche* > *oíche* (13), *luidhe* > *luí* (13), *hanruidhe* > *hanraí* (235), *mbranruidhe* > *mbranraí* (236), *chidhir* > *chír* (237), *nidh* > *ní* (287).

• **-eadha-, -idhea-** > **-íó-**: *fileadhacht* > *filíocht* (224), *suidheamh* > *suíomh* (140), *didhean* > *díon* (242).

Ní bhaineann sé seo le *dh* i ndeireadh ainmneacha briathartha, áfach, ná i ndeireadh ainmfhocal áirithe, áit ar chuireas an *-dh* isteach, mar shampla: *carta* > *cartadh* (17), *séide* > *séideadh* (21), *sméide* > *sméideadh* (27), etc.

4.1.3 -gh-

• **-gh- ar lár**: *bhaoghal* > *bhaol* (32),

- **-aigh-** > **ái:** *saightear* > *sáitear* (258); féach an focal seo faoi na **Nótaí ar an Téacs**.
- **-éighio-** > **éa:** *léighionta* > *léannta* (135).
- **-i(o)gh(a)(-)** > **-í:** *bhrigh* > *bhrí* (7), *rioghacht* > *ríocht* (238), *thrighid* > *thríd* (264).
- **-ughadh** > **-ú:** *altughadh* > *altú* (101), *neartughadh* > *neartú* (129), *smachtughadh* > *smachtú* (130).

4.2 Athruithe consanta eile

- **b** > **m:** *bhiochardha* > *mhiochardha* (183).
- **cc-** > **gc-:** *cciora* > *gcíoradh* (10), *ccomhar* > *gcomhar* (17), etc.
- **-cc-** > **-g-:** *maccuairt* > *máguaird* (206).
- **-dh-** > **-g-:** *órdha* > *órga* (121), *mhaordha* > *mhaorga* (183).
- **-dh-** > **-gh-:** *radhainn* > *raghainn* (286).
- **-dh** > **-gh:** *dfiafraidh* > *d'fhiafraigh* (85), *dhearbhuidh* > *dhearbhaigh* (107) etc.
- **-dh** > **-mh:** *taimhreadh* > *taibhreamh* (264).
- **-gh-** > **-dh-:** *fiaghuin* > *fiadhain* (33), etc.

- **-gh** > **-dh**: *ndiaigh* > *ndiaidh* (101), etc.
- **-gh-** > **-mh-**: *d(h)oighin* > *d(h)oimhin* (38, 96).
- **-gs-** > **-cs-**: *s(h)agsona* > *S(h)acsana* (22, 262), *sagsanach* > *sacsanach* (173).
- **-l** > **-ll**: *tamal* > *tamall* (109).
- **-ll(-)** > **-l(-)**: *poball* > *pobal* (35), *spólla* > *spóla* (46), etc.
- **-mh-** > **-bh-**: *taimhreadh* > *taibhreamh* (264).
- **-nn-** > **-ng-**: *pininne* > *pingine* (72).
- **-n** > **-nn**: *rin* > *rinn* (67), *léighionta* > *léannta* (135), etc.
- **-nn(-)** > **-n(-)**: *spionnsus* > *spionsas* (9), *méinn* > *méin* (44, 115), etc.
- **-r-** > **-rr-**: *ara* > *earra* (34), *faránta* > *farránta* (54), etc.
- **-sb-** > **-sp-**: *deasba* > *d'easpa* (6), *uiresba* > *uireaspa* (164).
- **-sd-** > **-st-**: *sdáir* > *stáir* (53), *sdaonadh* > *staonadh* (201), etc.
- **-sd-** > **-st-**: *féasda* > *féasta* (55), *éisdeacht* > *éisteacht* (90), etc.
- **-si** > **-se**: *sgéilsi* > *scéilse* (24), *shoillsi* > *shoillse* (156), etc.

- **sg-** > **sc-**: *sgoile* > *scoile* (11), *sgadán* > *scadán* (82), etc.
- **-sg-** > **-sc-**: *feirsge* > *féirsce* (79), *éasga* > *éasca* (83), etc.
- **tt-** > **dt-**: *ttigh* > *dtigh* (18), *ttoillfinn* > *dtoillfinn* (38), etc.
- **-tt-** > **-d-**: *Laittion* > *Laidean* (86).
- **-tt** > **-d-**: *mbadhatt* > *mbád* (166), *seanbhadhatt* > *seanbhád* (169).

5. Gutaí

5.1 Gutaí aiceanta

Ní athraím gutaí aiceanta sa dán ach go hannamh. Féach, mar shampla, go gruthaíonn an *io* aiceanta neart fadhbanna don eagarthóir: in *spionnsus* agus *prionsa* mar /ou/, agus in *pionn* mar /i/. Fágaim *io* aiceanta mar atá, cé go n-athraím *io* > *ea* nuair is guta neamhaiceanta é – féach 5.2.1 thíos.

- Maidir leis an bhfocal *saoghal* sa téacs agus na slite difriúla a litrítear é, tá trí chás faoi leith agam:

(*t*)*saoga(i)l* nuair is dhá shiolla atá ag teastáil (14, 119, 151);

(*t*)*saoghail* nuair nach bhfuil ach siolla amháin de dhíth, foirm an ghinidigh atá ann agus /e:/ ag teastáil (6). Ní litrim é mar *saoil* anseo le go mbeadh sé soiléir don léitheoir gur /e:/ seachas /i:/ atá ag teastáil.

saol nuair is ainmneach uatha nó tabharthach uatha atá ann, agus gan ach siolla amháin de dhíth (63, 164, 253). Féach O’Rahilly (1952, viii-ix)

5.1.1 Seo na príomhathruithe a fheictear maidir leis na **gutaí aiceanta**:

- **a-** > **ea-**: *arradh* > *earra* (15), *tanach* > *t-eanach* (159), *anuidhe* > *eanaiigh* (193).

- **aoi-** > **í-**: *aoide* > *ide* (14).

- **o-** > **u-**: *obh* > *ubh* (43).

- **u-** > **io-**: *umachar* > *iomchar* (184).

- **-ui-** > **-aoi-**: *smuineadh* > *smaoineamh* (14), *smuinte* > *smaointe* (137).

- **-ui-** > **-oi-**: *suille* > *soille* (46), *stuirn* > *stoirm* (118), *puirt* > *poirt* (128), *ghuib* > *ghoib* (226), *bhfuireann* > *bhfoireann* (277), *ghuid* > *ghoid* (282).

5.2 **Gutaí gearra neamhaiceanta**

• **An Guta cúnta**

Mar atá luaite agam i dtaobh cúrsaí meadarachta, toisc nach bhfuil córas nó patrún soiléir le haithint maidir le gutaí neamhaiceanta, is nach téacs foghrúil atá san eagrán, ní léirím an guta cúnta i litriú an eagráin. Níl na gutaí cúnta deimhnithe ag an meadaracht toisc gur gutaí neamhaiceanta iad. Fuaireas réidh leis na gutaí cúnta má bhíodar ag an bhfile sa lámhscríbhinn, is níl siad curtha isteach ag an bhfile féin i gcónaí e.g. *eachtara* > *eachtra* (60), *meanamnach* > *meanmnach* (77), *ainim* > *ainm*

(87), *lomara* > *lomra* (121), etc., ach *fearg* (150), *seanbhád* (169), *tharbh* (177), etc.

An t-aon eisceacht amháin ná an focal *fhinne-bhean*, féach **Nótaí ar an Téacs, 123**.

- Mar an gcéanna le cailliúint an ghuta, níl aon iarracht déanta agam é a léiriú san eagrán, toisc gurb é gnáthfhograíocht na Mumhan atá sa choimriú seo, e.g.: *fréig(c)ean* > *foréigean* (30, 262), *nior bhfláir* (na lámhscríbhinne) > *niorbh fholáir* (87), *chroinn* > *choróin* (245).

5.2.1 Seo a leanas na príomhathruithe a rinneas don eagrán ar ghutaí neamhaiceanta na lámhscríbhinne:

- **-e-** > **-ea-**: *huiresba* > *huireaspa* (164, bheadh an bhéim ar an dara siolla sa chanúint de ghnáth, ach tá an bhéim ar an gcéad siolla anseo de ghrá na meadarachta).

- **-io-** > **-ea-**: *maidion* > *maidean*, (23), *faision* > *faisean* (26), *airgiod* > *airgead* (62), *eiliomh* > *éileamh* (72, 132), *Laittion* > *Laidean* (86), etc..

- **-o-** > **-u-**: *aonrod* > *aon rud* (1, 15, 65).

- **-u-** > **-a-**: *rabhusa* > *rabhas-sa* (7), *chostus* > *chostas* (80), *mhodhuil* > *mhodhail* (210).

- **-ui-** > **-ai-**: *lóbuis* > *Lóbais* (4), *mhéaruibh* > *mhéaraibh* (28, 187), *tarruing* > *tarraing* (104, 206), *carruige* > *carraige* (142).

- **-ui-** > **-oi-**: *chaolghuib* > *chaolghoib* (191).

6. Réamhfhocail

- Tá *air* athraithe go *ar* agam tríd síos nuair is réamhfhocal simplí atá i gceist (1, 3, 4, 5, 6, etc.). Meascann an file an dá litriú tríd an dán.
- Tá *aig* athraithe go *ag* agam ar an dul céanna freisin (10, 11, 15, 30, etc.). Díreach cosúil le *air*, meascann an file an dá litriú tríd an dán.
- Tá litriú an réamhfhocail shimplí *do* agus foirmeacha cuí an fhorainm réamhfhoclaigh tugtha chun rialtachta agam. Tá aon séimhiú orthu ón lámhscríbhinn fágtha agam, áfach, bíodh an réamhfhocal simplí i gceist, *d(h)o* (180, 195), nó an forainm réamhfhoclach *dho* (232), *dhom* (5, 131), *dhi* (82), *dhe* (272). Fairis sin, *dam(h) = dom* tríd síos (6, 11, 14, 20, 32, 69, 73, 87, 111). Ní aithníonn an file idir *do* agus *de*, agus fágaim mar sin sa téacs é. Tá *dhiom* (89, 205) agus *dhinn* (289) neamhaiceanta agus gan an síneadh fada sa lámhscríbhinn, ach tá an síneadh fada scríofa san eagrán. Anuas air sin, tá *díobh* (253, 280 an litriú lámhscríbhinne) faoi dhó ag Donncha Rua.
- Maidir le *faoi*, nuair is réamhfhocal simplí atá ann, tá sé neamhaiceanta sa líne. Nuair is forainm réamhfhoclach é (197, 272) cé gur mar *fao(i)* a litrítear é, is mar [f'e:] a fhuaimnítear sa chanúint é agus tá sé litrithe mar *fé* agam sa dá líne sin.
- Maidir leis an réamhfhocal *le*, *leam* (*le + mo*) > *lem* (29), agus an forainm réamhfhoclach *leam* (*le + mé*) = *liom* (181, 257). Tá *léi* curtha isteach agam don tríú uatha baininscneach in áit *le* (63, 139, 143, 148), agus *lé* (256).

- *tar* atá ag an bhfile (**32, 162, 191**) agus fágaim mar sin é, mar a dhéanaim le *tairis* (**202**) chomh maith.

7. Cónaisc

7.1. Tá *ná* fágtha agam in áit *nach* mar chónasc toisc a choitianta atá sé fós sa chanúint.

7.2. Áit a bhfuil an nod & aige, tá *agus* curtha isteach agam tríd síos.

8. An chopail

- Tá *dob* fágtha agam sa téacs (**2, 11, 271**), an fhoirm mhalartach Mhuimhneach ar an gcopail sa mhodh coinníollach nó san aimsir chaite, mar chuid den chlásal dearfach. Féach *GCD* 341, agus 348-9, mar shampla.

- Tá *go mb'* scríofa in áit *go m*, mar shampla, *go mfolamh* > *go mb'fholamh* (**12**), *go mféidir* > *go mb'fhéidir* (**22**), etc.

- Nuair a bhíonn bá ar ghuta na copaille (mar shampla, *sníor* (**5**)), tá '*s níor* scríofa isteach agam, etc.

- Nuair a thiteann an chopail agus an forainm pearsanta le chéile sa lámhscríbhinn, '*s é* < *sé* na lámhscríbhinne, (**165, 263**).

EAGRÁN BUNAITHE AR CHÓIP M 85-86

EACHTRA GHIOLLA AN AMARÁIN

Do riarfainn sceol dom chomharsa ar aon rud,	1
i mbriathra beoil dob eol do chéadta,	2
ar Bhrian Bóroimhe, ar shlógh na Féinne,	3
ar chliar mhic Lóbais, fós a ghaolta,	4
's níor chóra dhom teacht ar dhreas dá saothar,	5
ná ar nócht do bhain dom d'easpa an tsaoghailse,	6
do bhrí go rabhas-sa gann faoi ghréithre,	7
's gur fríoth go fannlag dream na hÉireann,	8
gan chíos gan chabhair acht spionsas bréige,	9
's dá gcíoradh ag clann na nGallso is tréine.	10
Ag múnadh scoile dob obair dom laethaibh,	11
's a rún don phobal go mb'fholamh an cheird sin.	12
Insan oíche, im luí 's me im' aonar,	13
dom seal ag smaoineamh ar íde an tsaogail,	14
ag caitheamh mo bhearta gan earra gan aon rud,	15
's go mb'fhearra go fada bheith tamall mar mhaol bheag,	16
i gcomhar na gcapall nó 'cartadh na cré seal,	17
nó ag ól bainne i dtigh Mhaoileachlainn Uí Mhaonaigh,	18
nó fós go rachainn as talamh na hÉireann,	19
's go mb'eol dom sealad do chaitheamh im chléireach,	20
's go rachainn faoi sheol le feoithne ar séideadh,	21
go Sacsana Nó más dóigh go mb'fhéidir.	22
Ar dteacht do mhaidean do phreabas go héadrom,	23
as mo leaba le taithneamh an scéilse,	24
beirim ar mhaide, ní stadfainn ar aon chor,	25
is feilc ar mo hata san bhfaisean, is faobhar air.	26
Déantar <i>jackets</i> bheag' ghearra le sméideadh,	27
is léinteacha breaca go barra mo mhéaraibh.	28
Do chuir me slán lem chairde in aonacht,	29
is ag cuid níor fhágbhas slán le foréigean,	30
dá gcasfadh gan ártach d'fháil in Éirinn,	31
do rachainn tar sáile in áit nár bhaol dom.	32
Fiadhain ar ghlacas ó mhaithibhsin Phaorach,	33

Aistriúchán

The Adventure of the Hostage to Misfortune

I would provide a story for my neighbour[s] on any subject,	1
in spoken words which would be known to hundreds,	2
about Brian Boru, the host of the Fíán,	3
the company of the son of Lóbas, his relations too,	4
and it would not be more fitting for me to relate any part of their affairs,	5
than a novel adventure that happened to me because of the hardship of this life,	6
because I was scant in riches,	7
and the people of Ireland were weak and destitute,	8
without tribute or help except unreal wealth,	9
being fleeced (?) by the clan of the Gaill that's strongest.	10
Teaching school was the work of my days	11
and people know it's a poorly paying trade.	12
In the night, as I lay alone,	13
considering for a while the state of the world,	14
passing my days without trappings or anything,	15
and it would be better by far to be a servant for a spell,	16
in the company of horses or scraping the soil,	17
or drinking milk in Maoileachlainn Ó Maonaigh's [public] house,	18
or even that I might go from the land of Ireland,	19
and I would know how to spend a turn as a clerk,	20
and I would set sail with a breeze blowing,	21
to New England if that were possible.	22
Upon the arrival of morning I lightly leapt,	23
out of my bed with delight at this prospect,	24
I seize a stick, I would not stop at all,	25
and a sharp peak on my hat in the fashion.	26
Little short jackets are made in the blink of an eye	27
and speckled shirts to the tops of my fingers.	28
I bade farewell to my friends in unison	29
and of some I did not take leave through the violence of my departure(?),	30
if it should happen that I could not get a vessel in Ireland	31
I would go abroad to a place where I would have no difficulty.	32
Witness of what I took from those nobles of the Powers,	33

a liacht beatha, mionearra agus gréithre,	34
do thug an pobal i bhfochair a chéile,	35
chum ár gcothaithe i gcogadh nó spéirling,	36
stór ná caillfeadh suim do laethaibh,	37
agus comhra doimhin ina dtoillfinn féin ann,	38
do bhí seacht gclocha do mhín choirce ghlanchréithre ann,	39
is dríodar chrochta na loiste re chéile,	40
is lán an bharrille b'fhearra bhí in Éirinn,	41
de photátaí leathana d'eagla géarbhroid,	42
do bhí seacht bhfichid ubh circe agus éanla ann,	43
le haghaidh a n-imhte chó minic 's ba mhéin linn,	44
cróca an ime do dingeadh le saothar,	45
spóla soille ba throime 's ba mhéithe;	46
do thugas caig leanna ann do lasfadh le séideadh,	47
is chuirfeadh na mairbh 'na mbeatha dá mb'fhéidir,	48
leaba agus clúda i gciumhais a chéile,	49
ceangailte ar dhrom mo thrunc le téadaibh,	50
bhí bróga istigh ann, wig is béabhar,	51
agus stór mar sin anois ná déarfad.	52
Go Port Láirge dhon stáir sin téimse,	53
chó farránta le Conán na Féinne,	54
glacaim mo lóistín, bord bídh is féasta,	55
fairis an ógmhnaoi ba chóraí in Éirinn.	56
Do bhí sí fáinneach, fáilteach, tréitheach,	57
ba chaoín deas sásta an <i>drawer</i> le glaoch í,	58
ba ghleoite, b'aibidh, ba ghasta, ba néata,	59
do inneosadh eachtra, startha agus scéil duit,	60
ní ghlacfadh sí fala ná fearg go héag leat,	61
an feadh bhraithfeadh sí airgead agat gan traochadh,	62
ní leigfeadh do lámh in áit fán saol léi,	63
ó imeall a sál go lár a cléibhe,	64
's i gcúrsa mná ní thráchtaim aon rud,	65
acht cúis mo gháire fáth a sméideadh,	66
do rinn sí mo chló dá mb'fhiú mo shaothar,	67

so much food, goods and treasures,	34
the people brought all together,	35
to sustain us in war or strife,	36
a reserve that a number of days would not diminish,	37
and a deep chest which I myself would fit into.	38
There was seven stone of clean-sifted oatmeal,	39
and the shaken dregs of the losset together,	40
and the best barrel-full in Ireland,	41
of broad potatoes for fear of harsh want,	42
there were seven score hens' and birds' eggs,	43
for the buttering, as often as we wished,	44
a crock of butter packed in firmly,	45
the heaviest and most succulent joint;	46
I brought a keg of beer that would light with blowing (?),	47
and would bring the dead to life if it were possible,	48
bed and bedding all wrapped up,	49
tied to the back of my chest with strings,	50
there were shoes inside there, a wig and a beaver	51
and similar treasure I will not mention now.	52
To Waterford in that dash I go,	53
as bold as Conán of the Fian,	54
I take my lodgings, board and banquet,	55
with the most pleasant young woman in Ireland.	56
She was ringleted, hospitable and accomplished,	57
she was a gentle satisfying drawer to call upon,	58
she was charming, clever, quick-witted and neat,	59
she could tell adventures, stories and tales to you,	60
she would never be hostile or angry with you,	61
as long as she sensed you had an unexhausted store of money,	62
your hand she would not allow anywhere at all near her,	63
from the edge of her heels to the midst of her breast,	64
and in womanly matters I'll mention nothing,	65
but the cause of my smile was the reason for her winking(?);	66
she made my fame if it were worth my effort.	67

do chuireadh sí im chúlsa púdar gléigeal,	68
bhíodh deoch ar maidin 's me im leaba dá gléas dom,	69
ó bhun go barra sí bhearraigh go léir me.	70
Ba mhór m'íongantas a soineantacht féile,	71
is cruacht a muime chum pingine d'éileamh,	72
ní mhaithfeadh a máthair cáirt ná braon dom,	73
go gcaithfeadh sí an táille d'fháil gan phlé uaim.	74
D'fhanas 'na bhfeighilsin suim do laethaibh,	75
'fuireach le loing do raghadh as Éirinn;	76
bhí caiptín Ailin, fear meanmnach aerach,	77
ag teacht don mbaile 's níorbh fhada gur réidheas leis.	78
Gléasaim orm go hobann le féirse,	79
me féin is mo chostas ar sodar in aonacht,	80
chuas don Phasáiste ar ghearrán le carraeire,	81
is ualach scadán 'om mheáchtan ar thaobh dhí.	82
Do chuaigh mo chomhra ar bord go héasca,	83
is uaisle an phóirt ag ól gan traochadh,	84
d'fhiafraigh go haibidh an labharfainn Béarla,	85
is d'fhiadas a bhfreagairt i Laidean ar éigean.	86
Níorbh fholáir dom m'ainm do thabhairt don chléireach,	87
is Mac Conmara chuir tarsna san <i>Day Book</i> ,	88
b'éigean mo chomhra 'sheoladh ar thaobh dhíom,	89
's me ag éisteacht ceoil is spóirt in aonacht.	90
Scaoiltear seolta ar nóin do Phoebus,	91
do bhí Eolas leo agus Thétis,	92
scinnid do phreab amach san dtréanmhuir,	93
druivid i bhfad i dteas na gréine.	94
Níorbh fhada gur ghoill ar chloinn sin Mhaonais,	95
an fharraige dhoimhin is radharc na spéire.	96
Bhí meacain is meadhg ag Tadhg Ó Laoghaire,	97
's ní bhlaisfeadh sé greim le treighid ná braon de;	98
Bhí Caoilte Ó Caoimh ag caoineadh a chéile,	99
's ní bhfaigheadh a bhríste scaoileadh ar aon chor;	100
bhí buachaill Uí Leathlobhair ag altú i ndiaidh mhéile,	101

She would put bright powder in my hair,	68
there used to be a drink prepared for me in the morning while I was in bed,	69
from top to toe she fleeced me entirely.	70
Her generous innocence was a great surprise to me [considering]	71
the meanness of her [foster-]mother to pursue the pennies,	72
her mother would forgive me neither a quarter nor a drop,	73
so that she would have to get the fee from me without discussion.	74
I stayed in their care for a number of days,	75
waiting for a ship that would go from Ireland;	76
Captain Allen, a lively, spirited man,	77
was coming to the town and before long I had settled with him.	78
I dress myself suddenly and with haste,	79
myself and my provisions trotting together,	80
I went to Passage on a gelding with a carrier,	81
and a load of herring of my weight on one side of it.	82
My chest went on board easily,	83
while the nobles of the port drank ceaselessly,	84
they keenly enquire if I could speak English,	85
and I could have answered them in Latin if compelled.	86
I had to give my name to the clerk	87
and he put Mac Conmara across in the day book,	88
my chest had to travel beside me,	89
while I listened to music and frolics together.	90
Sails are set when it was noon for Phoebus	91
Aeolus and Thetis also accompanied,	92
they dash out with a leap into the mighty sea,	93
and they progress far in the heat of the sun.	94
It was not long before that clan of Manus became affected	95
by the deep sea and the sight of the sky.	96
Tadhg Ó Laoghaire had turnip and whey	97
and he would not taste a morsel nor a drop of it with [stomach] pains;	98
Caoilte Ó Caoimh was crying for his wife	99
and he could not manage to loosen his trousers at all;	100
Ó Leathlobhair's boy was saying grace after meals,	101

's cé bhuail é san leathshúil acht Calbhach is sceird air;	102
bhí Gearalt is Tiobóid is Gearóid ar saothar,	103
ag tarraing mo phlocóide in onóir na scléipe;	104
bhí Seán ramhar singil 's an ruibe dá thraochadh,	105
agus dá cheann a ghoile bhí 'cur air in aonacht,	106
gur dhearbhaigh Diarmaid, thiar go faobhrach,	107
nach mairfeadh a dtrian le triall ar Éire.	108
Sin mar chaitheadar tamall go taomnach,	109
tuirseach atuirseach treascartha traochta,	110
is bíodh ar m'fhallaing nár thaise dom féin sin,	111
sínte tarsna chomh ainnis le héinne,	112
d'fhanas im mhart, gan phreab gan faothamh,	113
mar a bhiaidh sac, gan fead gan glao ionam,	114
mo chreach fhada, ní magadh ba mhéin [liom],	115
im' chleas marga' 's im lastram aonaigh.	116
Ba mhinic é m'iarradh ar Dhia dá mb'fhéidir,	117
stoirm dá[r] bhfiaradh aniar go hÉirinn,	118
b'fhearr ná a bhfacas do mhaitheas an tsaogail,	119
is é d'fháil (cé fairsing) 's a raibh i dtaisece ag Croesos,	120
ná an lomra órga thóig mac Éason,	121
ná sochar na Scótach is mhórDháil Réada,	122
's dá bhfaighinn san imirt an fhinne-bhean Déirdre,	123
ler cailleadh clann chumasach Uisneach na dtréaneich,	124
nó ar dhearmad Seoirse i bhFlóndras do ghréithre,	125
a' teacht óna nómhaid go Hanóbhar ar éigean.	126
A ndeirim do thabhairt mar mhalairt le baochas,	127
ar bheith san mbaile nó i gcaladh poirt éigin,	128
ar bheith san mBarúnaigh 'om neartú idir Ghaelaibh,	129
a' reic mo cheathrún 's a' smachtú mo thréada,	130
nó fairis an sagart thug teagasc go séimh dhom,	131
is blaiseadh na leanna go fairsing gan éileamh,	132
nó ar Shliabh geal gCua, rug bua na féile,	133
a' riar lucht duanta, druadh 's a gcléirigh,	134
fara Uilliam Ó Mórán, fonnard léannta,	135
do chanfadh seandán os ceann chláir m'éaga.	136

and who struck him in the eye but Calbhach, a wild appearance on him (?);	102
Gearalt and Tiobóid and Gearóid were exerting themselves,	103
drawing my [beer]barrel for the fun of it;	104
Fat Seán was alone, and the sharp wind wearing him out,	105
and both ends of his gut afflicting him at once,	106
until Diarmuid beyond sharply asserted with fervour,	107
that not a third of them would live to return to Ireland.	108
That is how they spent a while, fitfully,	109
tired, wrecked, stricken and overcome,	110
and upon my word I myself was not much better off,	111
stretched across, as worse for wear as anyone,	112
I remained like a carcass without stir or relief,	113
like a sack without a huff or a puff in me,	114
alas it was not joking that I wished for	115
to be the market jester and the fool of the fair.	116
It was often I asked God if it was possible	117
[that] a storm would veer us eastward to Ireland.	118
It would be better than what I have seen of the riches of the world	119
and to get it, though vast, and what Croesus had in his coffers,	120
or the golden fleece the son of Aeson took,	121
or the wealth of the Scots and the great Dál Riada,	122
and if I could get in gaming the fair woman Deirdre,	123
through whom the powerful children of Uisneach of the strong horses were lost,	124
or what wealth George left behind in Flanders,	125
barely escaping from his enemy to Hanover.	126
All I mention I would give in exchange with thanks,	127
to be at home or in some harbour port,	128
to be in the Barony being strengthened among Gaels,	129
reciting my verses and controlling my flock,	130
or with the priest who kindly gave me instruction	131
and the tasting of ale amply and for free,	132
or on bright Sliabh gCua which took the prize for generosity,	133
serving poets, druids and their clerics,	134
with Uilliam Ó Móráin, musical (?) and learned,	135
who would recite an old poem when I'm laid out.	136

Ar lár mo smaointe 's m'intinn traochta,	137
do tháinig an tsíbean mhíonla mhaorga,	138
a cuacha scaoilte síos go féar léi,	139
's a grua mar chaoir a' suíomh a scéimhe;	140
ar fhíor a pearsan a d'aithin me ar éigean,	141
Aoibheall chleasach na Carraige Léithe.	142
Do tharraing an fáidh ba mhánla léi sinn,	143
gur stadaigh linn láimh re báiinseach réitigh;	144
d'amharcas uadh ina ngluaiseadh gaoth as,	145
sceacha ar a bruacha leastuas is fraoch glas,	146
do mhachnaigh me an cás go hardracht éadmhar,	147
's cia an t-achrann fáin inarbh áil léi mé chur;	148
do thug go haibidh sí freagra in éiric:	149
“Ná cuireadh beart ar bith fearg ná fraoch ort,	150
na déana iongantas do nithibh an tsaogail,	151
ná tréig mise go bhfilllead 's ní baol duit;	152
radharc ná fuair fir Thuamhan is léir go	153
bhfaghairse uaimse is luadh do shaothair.”	154
Buaileamaoid i ngibheal a chéile,	155
san uadh san síos ar shoilse an lae ghil,	156
go bhfacamar uainn ann cuanta is géarmhuir,	157
is Acheron fuar a' gluaiseacht taobh linn.	158
so an t-eanach 'na ngabhaid an drong so éagaid,	159
gach anam is samhail i ngeall a daorthar,	160
na mílte ceann bhí ann go déarach,	161
ná faigheadh dul anonn tar abhainn le réiteach,	162
ní hionann mar thuiteann ó Virgil le hAonghas,	163
gurb le huireaspa a gcurtha ar an tsaol seo.	164
's é chloisinn dá rá ag lucht ráite is léighbhinn	165
gurbh é duine bhí i mbád ann Charon méirscreach;	166
adeirimse leo gur dóibh is bréag san,	167
acht cleathaire mór do phór na hÉireann.	168
Do chímís ann seanbhád, tú dá thiomáin go saothrach,	169
a dhíthreabhaigh ghalánta, a Chonáin na Féinne.	170

In the midst of my thoughts, my mind weary,	137
the gentle regal fairy-woman came,	138
her tresses flowing down to the grass,	139
and her cheek like a berry affirming her beauty;	140
by the shape of her person I just about recognised,	141
the wily Aoibheall of Carraig Liath.	142
The gracious fairywoman dragged me with her,	143
until she stopped with me beside a smooth green;	144
I saw a cave out of which wind used to move,	145
bushes on its upper edges and green heather,	146
I pondered the situation alertly and sharply	147
and what was the fine mess she had got me into;	148
she smartly answered me in return:	149
“let nothing at all anger or vex you,	150
do not make a wonder of the things of the world,	151
do not leave me until I return and you are safe;	152
it is clear that a sight the men of Thomond never got	153
you will get from me and reward for your effort.”	154
Off we go, linked together,	155
down into that cave by the lights of the bright day,	156
until we saw from us there harbours and a choppy sea,	157
and cold Acheron flowing alongside us.	158
This is the morass into which these who die go,	159
every soul and shade who is condemned,	160
thousands of them were there shedding tears,	161
who could not negotiate passage across;	162
unlike what happened according to Virgil, with Aeneas,	163
that it was because of their want of burial in this world.	164
What I used to hear being said by authorities and scholars,	165
was that the man in the boat there was scarred Charon;	166
I am saying to them that they speak falsely,	167
rather [he is] a big strong man of Irish stock.	168
We could see an old boat there, [with] you driving it laboriously,	169
O gallant recluse, O Conán of the Fian!	170

Do bhí croiceann dubh fóisce ar a thóin mar éadach,	171
's ní beag linn go deo mar chomhartha an méid sin,	172
ní thabharfadh Sacsanach tarsna gan réal gheal,	173
's ní labharfadh dada acht Laidean nó Gaeilge.	174
Do chonaire so Aoibheall bhinn is mé aice,	175
crothann a mhaoil 's ba scíosmhar a fhéachain;	176
adúirt mar tharbh go feargach faobhrach,	177
“A chrústa mhallaithe, a chaille 's a mheirdrigh,	178
is dána tugairse duine i gcruith dhaonna,	179
in áit ná tigeann aon sciolla dho chré ar bith.	180
Dá mb'fhiú liom mursantacht cumais do dhéanamh,	181
do rúscfainn tusa 's do ghiolla mar aon leat.”	182
“Fóill, a churaidh,” ar an bhiochardha mhaorga,	183
“Tóig do churtha is glac iomchar réitigh,	184
duine gan bhuaire do fuair me i ngéarbhroid,	185
do chineachaibh uabhair is d'uaislibh Éireann.”	186
Do rug an macámh ar barra mo mhéaraibh,	187
's do rinne sé gáire ós ard is béiceach,	188
le fuaim a ghutha do c(h)rothadh na spéartha,	189
go gcuala an chruinne é 's chuir iofrann géim as:	190
“Téigheam tar sruthán san gcorachán chaolghoib,	191
's déanam an t-aithghearr go n-uig' cnocán beag aerach.”	192
Go rángamar eanaigh agus geataí gan aon ghlais,	193
in áit a mbiaidh maistín a' glamaoil gan traochadh;	194
níor bhréag dho Virgil a deireadh ina véarsa,	195
gurb é so Cerberus theipfeadh an réiteach,	196
'na chodladh bhí ar cheartlár an chosáin 's gan fé sin,	197
acht soparnach phiseáin, is é 'sranntán 's a' séideadh.	198
Do rug an fear fóirnirt do phór na hÉireann,	199
go dubh ar a scornain le fórsa a ghéaga;	200
níor leigeadh don mhadra feacadh ná staonadh,	201
go riathamar tairis faoi eagla ár ndaochain.	202
Níor fhanadh linn go barra an chnoic dhon réim sin,	203

He had the black hide of a yearling ewe on his backside as clothing,	171
and that was no small matter as a sign to us,	172
he would not take an Englishman across without a bright real,	173
and he would speak nothing but Latin or Irish.	174
He saw sweet Aoibheall and myself with her,	175
he shakes his crown and his look was dejected;	176
he said like a bull angrily and sharply,	177
“You cursed wretch, you hag and harlot,	178
it is bold of you to take a man in human form,	179
to a place where not a scrap of flesh comes at all.	180
if I thought it worth my while to make an assertion of strength,	181
I would flay both you and your lackey together.”	182
“Wait, o champion,” said the tender noble woman,	183
“Lift your anger and adopt conciliatory bearing,	184
he is a harmless fellow I found oppressed,	185
of the proud races and of the nobles of Ireland.”	186
The warrior seized the tops of my fingers	187
and he laughed out loud and yelled,	188
with the sound of his voice the skies were shaken,	189
so that the earth heard him and hell gave a cry:	190
“Let us go over a stream in the small slender-prowed coracle,	191
and let us go take a shortcut to a cheerful little hillock.”	192
Until we reached marshes, and gates with no lock,	193
in a place where a mastiff used to be howling tirelessly;	194
it was no lie for Virgil who used to say in his verse,	195
that this is Cerberus [with whom] conciliation would fail (?),	196
he was asleep in the very middle of the path, with nothing beneath him	197
but bedding of vetch, and him snoring and exhaling.	198
The forceful man of Irish stock seized	199
blackly his throat with the force of his limbs;	200
the dog was not allowed to bend limb or flinch,	201
until we ran past him in fear aplenty.	202
We did not stop until the top of the hill in that spurt	203

mar ar stadamar, a' machtnamh is a' féachain,	204
gur amharcas uaim ann slua ar gach taobh dhíom,	205
a' tarraing máguaird 's a' ruagadh a chéile.	206
Adúirt rinn suí go n-inseadh éifeacht,	207
is cuntas díreach buíne is béasa:	208
“Féachsa thall uait clann Gadélus,”	209
[ar sé] “agus bantracht mhodhail na hÉireann.	210
An bhfaicir fir ghroí na Traí 's na Gréige,	211
Hector 's a chlaíomh a' maíomh a thréithe,	212
an seandúine Anchises a chríon le léithe,	213
a mhac rena thaoibh 's a shinsear éachtach?	214
“An gcloisir an glór so ag slóigh na n-éigse,	215
a' sinim a gceolta is spórt is plé acu,	216
Horace ann a' mealladh a shuilt Mhecaenas	217
's, dá ngearradhsan gan lagadh ar bith le géire,	218
Ovid 'na shuí ar bhinse féir ghlais,	219
's a nóta scríofa síos chum Caesar,	220
Juvenal 's a phionn idir a mhéara,	221
is diombblas mar dhubh aige is géirnimh,	222
Aodh Buí Mac Cuirín as Éire,	223
is é 'filíocht go goib-bhinn i nGaeilge,	224
a bprionsasan go ceansa suilt dá mbréagadh,	225
is fonn a ghoib go dtabharfadh duine ón éag leis?	226
Táid ansúd, uch! Trúip na Féinne,	227
go hardracht lúithreach, lúbach, léidmheach,	228
uch! a Fhinn mhic Cumhaill, a cheann na Féinne,	229
dá mbiadhainse is tú inár ndúiche ghaolmhar,	230
do thabharfaimis abhaile arís an faraire Séarlas,	231
's biaidh cabhair dho in Albain nó mealladh me 's in Éire.	232
Machtnaighse <i>Luther</i> d'iompaigh an téarma	233
is <i>Calvin</i> 'na gcrústa a' cúradh méithris,	234
an t-ochtú Hanraí 's a bhanríon bhréagach,	235
crochta i mbranraí i slabhraí daora.	236

where we stopped, contemplating and looking,	204
and I saw from me there a crowd on every side of me	205
drawing around and chasing each other.	206
He told us to sit down and that he would tell of the substance	207
and a direct account of [each] group and its ways.	208
“See over from you the descendants of Gadelus”,	209
he said, “and the modest womenfolk of Ireland.	210
Do you see the strong men of Troy and Greece,	211
Hector with his sword declaring his accomplishments,	212
the old man Anchises who aged with greyness,	213
his son by his side and his heroic ancestors?”	214
“Do you hear this clamour by the host of poets	215
playing their music, jesting and discoursing,	216
Horace there entertaining Maecenas,	217
and, cutting them sharply and unrelentingly,	218
Ovid seated on a bank of green grass,	219
and his note written down to Caesar,	220
Juvenal, and his pen between his fingers,	221
and bile as his ink and sharp venom,	222
Aodh Buidhe Mac Cruitín from Ireland,	223
and him versifying in sweet tones in Irish,	224
their prince gently and joyfully charming them,	225
and the tune of his mouth would raise a man from the dead.	226
They are there, alas! the troop of the Fian	227
bright, muscular, supple and strong,	228
alas! O Fionn mac Cumhaill, o head of the Fian,	229
if you and I were in our own land,	230
we would bring home again Charles the warrior,	231
and there will be assistance for him in Scotland, or I was deceived, and in Ireland.	232
Consider Luther who perverted the word,	233
and Calvin, those wretches having the fat boiled off them,	234
Henry VIII and his false queen,	235
hung in stocks in oppressive chains.	236

Iad so tá scaoilte is chír gan aon ghlas,	237
biarfar arís go ríocht mhic Dé isteach.	238
Imthighse abhaile,” ar an faraire tréanmhear,	239
“A dhuinese thagann mar theachtair as Éirinn.	240
Is fada bhiaidh síolrach mhíntais Shéamais	241
i gceannas ’na rí a’ díon bhur ngaolta,	242
go n-éirí planda seanshliocht Éibhir,	243
a dhéanfas concas i ngeall ar éigean,	244
bhainfeas an choróin do Sheoirse an éithigh,	245
is leanfaidh go fóill do phór Mhilesius.	246
Seachainse an t-olc do lot síol Éabha,	247
gabhadh paidir is troscadh is cros mhic Dé chughat,	248
bí déarcach carthanach, ar lasadh le daonnacht,	249
is réim na bhflaitheas do gheabhair más féidir.	250
Rachadsa ar siúl, tá liú agus glao orm,	251
an aicmese <i>Luther</i> , bhrúdar m’ae ionam,	252
do mharbh an Francach an domhan ’s an saol díobh,	253
is caithfeadsa a n-íomchar anonn don taobhsa.”	254
Go rófhada scinn óm radharc don léim sin,	255
gur thóig Aoibheall íogair léi me,	256
thángamar anso aníos i gcoinníoll nach léir liom,	257
mar sáitear coinín as poillín le spéice,	258
gan stad óm smúit do mhúscail mé ansan,	259
mo leaba fúm, mo thrunc is m’éadach,	260
is amhlaidh bhraitheas me tarsna gan aon phreab,	261
’s a’ long a’ tarraint ar Shacsana ar foréigean,	262
’s é chráigh mo chroí nuair smaoinigh mé ansan,	263
gach gá ar ghabhas thríd gur taibhreamh bréige.	264
Níorbh fhada gur labhair a’ long “ <i>A sail, a sail,</i>	265
<i>The hammocks all down! Odzoons she’ll take us!</i> ”	266
Frigate bheag Fhrancach lom mhear ghléasta,	267
chuir sinn i bponc faoi scanradh ár ndaochain,	268
caitheann sí urchar faoi imeall ár n-éadain,	269
’s a dá fhithchid ghlanghunna dhá ligean gach féile,	270
go mb’éigean dúinn casadh chó tapa ’s dob’ fhéidir,	271

These who are loose and you see, unfettered,	237
will be taken later into the kingdom of God.	238
Go home”, said the strong warrior,	239
“O man who comes as a messenger from Ireland.	240
The progeny of soft gentle James will be, for a long time,	241
in command of the kingship, protecting your relations,	242
may a shoot of the old progeny of Éibhear arise,	243
who will make a conquest by means of force,	244
who will take the crown from George the liar,	245
and the seed of Milesius will yet continue.	246
Avoid the evil that destroyed the seed of Eve,	247
take prayer and fasting and the cross of the son of God to you,	248
be almsgiving, charitable, alight with humanity,	249
and the kingdom of heaven you shall receive if possible.	250
I will head off, there are shouts and calls for me,	251
that class of Luther’s have me tormented to the quick,	252
the French have killed a world of them,	253
and I have to ferry them over to this side.”	254
Suddenly he darted from my sight with that jump	255
and lofty Aoibheall took me with her,	256
we arrived back up here in a way not clear to me,	257
like a rabbit is prodded out of a hole with a spike.	258
Without a break from my grogginess I stirred then,	259
my bed beneath me, my trunk and my clothes,	260
that’s the way I found myself lying across, unmoving,	261
and the boat heading forcefully for England.	262
What tormented my heart was the way I then realised,	263
every danger I endured was [but] a false dream.	264
It was not long until [a voice from] the ship spoke, “A sail! a sail!,	265
“The hammocks all down, Odsoons she’ll take us.”	266
A small French frigate, fast, well-rigged,	267
put us in a fix with our fill of fear,	268
she casts a shot across our bows,	269
and two score clean guns being fired abundantly,	270
so that we had to turn as fast as possible,	271

's b' é againn ba mheata chum reatha bhiaidh fé dhe,	272
mar a bhiaidh cúrsa cú is gearré aice,	273
dá chasadh i ngach punc 's an cúpla ar saothar,	274
go gcaithfeadh sí stad le neart bheith traochta.	275
Ba mar sin ár gcaithne, teacht ar éigean,	276
do marbhadh fichid dá bhfoireann san scléip sin,	277
ní áirmhim tuilleadh do milleadh bhí créachtach;	278
do chailleamar triúr i dtúis an lae ghil;	279
bhí gearradh agus brú ar chúig fhear déag díobh;	280
chuaigh urchar i ndailtín an chaipín 's ní léar liom,	281
do ghoid sé mo chaipín 's níor dhaithníd leis maol me.	282
Rángamar an Pasáiste go batrálta tréithlag,	283
is thángas go Port Láirge ar cosa in airde im' aonar,	284
i loing fad mhairfead ní rachad má fhéadaim,	285
mara raghainn le bata nó ceangailte ar théada.	286
Mar bharra ar gach ní, le Críost biaidh baochas,	287
a Chara bí 'om dhíon, a Rí ná tréig sinn,	288
tóigse d' fhearg dhinn, neartaigh is saor sinn,	289
fóir ar ár n-anam. Sin agaibh mo scéalta.	290

and it was whichever of us that was the most cowardly in running that would be worst off (?),	272
like the course of a hound and a hare in her sights,	273
turning it at every point and both panting,	274
so that she would have to stop from sheer exhaustion.	275
That was how our battle was, a narrow escape,	276
twenty of their crew were killed in that scrap,	277
I am not counting more who were destroyed with wounds;	278
we lost three at the dawn of day;	279
there were cuts and bruises on fifteen of them;	280
a shot went into the captain's servant and I am not sad,	281
he stole my cap and leaving me bald did not trouble him.	282
We reached Passage battered and weak,	283
and I came to Waterford at speed on my own.	284
Into a boat as long as I live I will not go if I can help it unless driven by a stick or tied by a rope.	285
On top of everything, thanks be to Christ	287
O friend, protect me, O King, do not abandon us,	288
lift your anger from us, strengthen and liberate us,	289
help our soul[s]. That is my story for you.	290

NÓTAÍ AR AN TÉACS

Ar mhaithe le soiléire, tá idir nótaí ar chomhthéacs na filíochta – bíodh cúlra staire nó liteartha i gceist – agus nótaí ar ghnéithe de theanga an eagráin anseo. Scartar óna chéile iad, áfach, le comharthaí:

* = nóta ar an gcomhthéacs

° = nóta ar an teanga.

Is ionann na **Nótaí Teanga** níos luaithe sa tráchtas seo agus scagadh cuimsitheach leathan ar a bhfuil sa dán, ach pléitear anseo focail nó fuaimeanna faoi leith nach bhfuil luaite cheana nó a luaim arís ar mhaithe le soiléire don té a mbeadh an dán idir lámha aige.

° Teideal: *Amaráin*: Féach ráiteas Uí Fhlannghaile (1884, 165): ‘I heard the expression, Amarán ort, “Bad luck to you” said playfully, in the Nier (sic), in the County Waterford, fifty years since’.

FGB amarrán: ‘Contention, misfortune’, *Giolla an amarráin* ‘the unfortunate fellow’.

DINN: oppression, distress, misfortune; *giolla an amarráin*, ‘the unfortunate fellow’.

Féach *DIL imfhorrán* (b) ‘misfortune, distress’.

* **1-10** Ta casadh neamhghnách le tús an dáin. Go minic i bhfilíocht na Gaeilge sa 17ú agus san 18ú haois, cuirtear síos ar staid na tíre go brónach, agus cé nach bhfuil Donncha Rua ag maíomh as cúrsaí rathúla a linne ach oiread, déanann sé iarracht casadh ar chúrsaí a shaoil féin le haiste phearsanta a scríobh. Cé go bhfuil blas brónach ar pheann Mhic Conmara sna línte tosaigh, pléann sé a chás féin chomh maith céanna le cás na tíre. Sa tslí sin, cuireann sé in iúl don léitheoir / lucht éisteachta ón tús

nach gnáthdhán a bheidh anseo aige. Mar sin, is dóigh liom go bhfuil sé ag tarraingt ar an tuiscint a bheadh ag an bpobal ar na línte tosaigh, sula gcuireann sé casadh iontu le teann grinn, sa tslí go dtuigfí, dar liom, gur dán grinn scléipeach a bheidh ann. Tríd an gcaibidil seo, bead ag féachaint ar fhilíocht ón seachtú agus ón ochtú haois déag le cuid de na cosúlachtaí leis an *Eachtra* a nochtadh. Measaim, i gcuid mhaith de na cásanna seo gur cosúil na dánta a luaim tionchar air féin, nó gur fhág sé féin rian ar ar tháinig ina dhiaidh. Féach, mar shampla, línte tosaigh an dáin ‘Tuireamh na hÉireann’:

An uair smaoinim ar shaoithibh na hÉireann

sgrios na dtíortha is díth na cléire,

díothú na ndaoine is luíod a ngréithe,

bí mo chroí-si am chlí dá réaba (O’Rahilly 1952, *Tuireamh na hÉireann* (TÉ) 1-4).

Tá an dán seo breactha ag Donncha Rua in **M**, ar lch 403, agus *Eachtra cSeáin Uí Chonaill* mar theideal aige, teideal malartach atá pléite ag O’Rahilly (1952, 50-4).

Féach, leis: *Is buartha an cás so ’dtarlaig Éire,*

’na buaile phráisg dá cárna ag méirlig,

an uaisle ar lár gan fáil ar éirghe,

’na gcuaíl chnámh atáid a laochra (O’Rahilly 1952, *Aiste Dháibhí Cúndún* (ADC) 1-

4). Cinnte, is dánta polaitiúla iad siúd, murab ionann agus dán Dhonncha Rua, ach tá tús agus deireadh na *hEachtra* an-ghar do smaointe na ndánta polaitiúla. Fairis sin, tugann sé línte uaidh (a phléitear ar ball) atá uaireanta mar an gcéanna le línte na ndánta seo. Tá sé pléite agam cheana sa chaibidil ar an meadaracht gur athraigh téama na ndánta seo i bhfilíocht na Gaeilge de réir a chéile, féach Ó Murchú (2005, 22).

° **1, 2** *sceol, beoil*: Tá gá le /o:/ de ghrá na meadarachta; mar sin, coimeádam litriú na lámhscríbhinne anseo, foirm an tabharthaigh in áit an ainmnigh i gcás *sceol* (féach *SNG* 368 agus *phionn* (221)), agus foirm an ghinidigh uatha ón Nua-Ghaeilge Chlasaiceach i gcás *beoil*.

° **2** *briathra*: Caithim le litriú na lámhscríbhíne, *mbriothara*, mar dhearmad; cé nach polasaí eagarthóireachta agam é sin seachas le cúpla focal fé leith as an 290 líne, níl *ia* litrithe mar *io* áit ar bith eile sa lámhscríbhinn. Réitíonn an litriú leasaithe le *riarfainn* **1**, *Bhrian* **3**, *cliar* **4**, an chéad ghuta aiceanta i ngach líne.

* **3** *Brian Bóroimhe, na Féinne*: Léiríonn an file anseo go bhfuil cur amach aige ar stair / sheanchas na hÉireann agus ar litríocht na Gaeilge. Is ionann tagairt do Bhrian anseo, dar liom, agus an file bheith ag iarraidh a léiriú go bhféadfadh sé stair na tíre a rianadh dá mba mhian leis, nó, i gcás na bhFiann, go bhféadfadh sé an litríocht a riaradh chomh maith céanna. Seachas sin a dhéanamh, áfach, casann sé ar chás na tíre lena linn, agus ansin, ar a chás féin.

shlógh: foirm ón Nua-Ghaeilge Chlasaiceach (féach *SNG* 368-9).

* **4** *cliar mhic Lóbais*: Seo léas eile ar eolas an fhile ar litríocht a linne, óir measaim gur ó *PCT* a fuair an file an tagairt seo. Féach: *Do bhí mac ag an mBeilseub sin darbh ainm Dracapéist, 7 mac do sin Lóbus Laghrach (PCT 15-17)*; agus: *Iarruim Cromuil do bheith an uachtar, rígh uasal Chloinne Lóbuis (PCT 1309-10)*.

Is é Lóbas frithlaoch an tsaothair sin. Níl an t-eagarthóir féin cinnte faoi cé atá ann, agus tugann sé cúpla buille faoi thuairim go bhféadfadh sé bheith bunaithe ar phearsana éagsúla, ó abhlóir cúirte Annraoi VIII (Lobe) go dochtúir Eibhlís I, fear darbh ainm Lopez (*PCT* 117-8, 17n.). Tá *clann mhic lóbais* luaite in *Cín Lae Amhlaoibh Uí Shúilleabháin* chomh maith, agus fo-nóta ag Tomás de Bhaldraithe (1976, 37): ‘Is ionann Clann Mhic Lóbais agus tuataigh bhodachúla mhóiréiseacha na tíre, a aoradh in ‘Páirlement Chloinne Tomáis’. Tuigim gur *cliar*, seachas *clann*, a luann Donncha Rua, ach is beag an difear atá eatarthu i gcomhthéacs na tagartha seo. Dar le Tomás Ó Fiaich gurb é atá ann: ‘ainm dímheasa ag scríbhneoirí na Gaeilge sa 17ú agus san 18ú haois ar an chosmhuintir, go háirithe orthu siúd a fuair cuid éigin de mhaoin an tsaoil’ (1973, 153). Tá eolas ar thuilleadh tagairtí do *chlann Lóbais* i litríocht na Gaeilge in *PCT* lxi-lxv.

° **6 nócht**: Féach *DINN nuadhacht al. nódhacht (nócht)*, agus *FGB nódh = nua*. Tá an fhuaim /o:/ ann le fada agus fós i gcanúint na Mumhan (*nuadhacht* a bhí sa ls.), agus is suimiúil an rud é gur *shlóg*h atá ag an bhfile ag **3** thuas seachas *slua*. Féach *nó* ag **22** agus **Nótaí Teanga, Nótaí ar an bhfoghraíocht 2.1.1 Gutaí, /o:/**.

° **8 frioth**: Don litriú seo, féach *FGB frioth = fríth*. Seo an aimsir chaite, briathar saor, den bhriathar *faigh*. *Friodhach* atá sa ls.

°* **9 spionsas bréige**: D'fhéadfadh cúpla brí bheith leis seo, 'beguiling expenses' mar shampla, nó tá an sampla seo in *DINN*, *speansas*, agus 'false wealth' mar aistriú. 'wealth unreal' atá ag Ó Flannghaile (1897, 36). Níor éirigh liom aon fhianaise shásúil a aimsiú ar an bhfocal seo sa Ghaeilge, ach is féidir talamh slán a dhéanamh de gur cúrsaí maoinne atá i gceist leis.

Féach *OED spense*: '1. Expense, expenditure, cost, pl. charges, costs, items of expense or expenditure 2. Concr. 'that which may be or is spent; money, supplies; dial. pocket-money 3. The expenditure or spending of goods, income, etc.' Ag Wright tá: '*spense*: 'Pocket-money, a place where provisions are kept, an inner apartment of a house' (1961, 659). Maidir le bunús an fhocail, féach an foclóir sanasaíochta ar-líne www.etymonline.com, a deir go dtagann sé ón bhFraincis *espense* (ón Laidin dhéanach *expensa* ...) 'money provided for expenses, disbursement, outlay, expense'.

Tá an défhoghar /ou/ le *spionsas*, rud a fheictear leis na gutaí *io* roimh chonsain shrónacha sa dán mar atá anseo agus leis na focail *prionsa* (**225**) agus *iomchur* (**254**). Féach **Nótaí Teanga Défhoghair 2.1.2** agus *IR* 142: Vowels 'In Position' Before Nasals and L: *io, iu* > **au** [scríofa mar **ou** sa tráchtas seo, mar a fheictear san fhoilsiúchán údarásach is déanaí ar chanúint Mhuimhneach, *GCD*].

° **10 gcíoradh**: *FGB cíoradh*: 'combing' an bhunbhrí atá leis, ach 'flayed' a d'oirfeadh níos fearr don chomhthéacs anseo dar liom, nó 'fleeced', seans? Meafar atá ann, gan

amhras, bíodh céasadh agus ciapadh fisiciúil i gceist, nó anró eacnamaíoch de bharr smacht na nGall ar gheilleagar na tíre. Bhí cumann rúnda darbh ainm ‘The Carders’ ar aon dul leis na Buachaillí Bána: ‘an agrarian secret society active in Connacht in the early nineteenth century, it took its name from the mutilation its members inflicted by dragging a card or hackle used for carding wool, with its long spikes, through their victims flesh’ (Hickey agus Doherty 2003, 50); agus féach Donnelly (1985). Tá scéal ag Eyre Evans Crowe a cuireadh i gcló sa bhliain 1825: ‘the carder is the implement covered with steel hooks and nails designed for carding flax or wool, and the novel gives a horrifyingly detailed account of its savage use on the naked body of a fellow-peasant who has agreed to pay a rackrent, and whom the secret society visits and punishes by “carding” him and burning down his house’ (Crowe 1979, réamhrá vii); ““Here then,” said the schoolmaster, producing an old flax-card, of which the broken teeth had been replaced by nails, still clotty with blood from the back of some recent victim: “here is your commission”” (Crowe 1979, 83-4).

Feicimid samplaí eile den bhriathar seo: *beidh Damer go cloíte is Dawson;*

beidh Coote bocht is Evans, beidh Newenham is Wilding,

beidh Purdon is a bhuíon uile cráite,

sliocht Luther le chéile dá gcéasadh is dá gcíoradh (Comer Bruen agus Ó hÓgáin 1996, 88);

Beid míle husa i gClár na Banban

Beidh cíoradh is cárnadh is tnáthadh ar fanatics,

Beidh sagairt is bráithre ag rádh na salma

Is galla fá sháil an bhráca ag Carolus

Is ólam feastain a shláinte! (Ó Foghludha 1952, 204).

I gcomhthéacs na línte mórthimpeall (7-12), dhealródh sé gur: ‘being squeezed financially’ is brí leis nó mar sin.

* 11-12 Bhí fadhb chéanna an bhochtanaís ag goilleadh ar Thomás Rua Ó Súilleabháin, mar a léiríonn na línte seo uaidh: *I bPoll na nGeatairidhe ’seadh*

fuair eas mo náire, / Ag múineadh páistidhe ar rael sa ráithe (Ó Fiannachta 1914, 22).

Ba é an scéal céanna é ag iarmhac léinn de chuid Dhonncha Rua a chuaigh leis an múinteoireacht chomh maith, agus a shínigh lámhscríbhinn sa bhliain 1777 mar seo: *Labhrás Ó Fuartháin. Maighistir bocht sgoile a bPortlách* (RIA 23 Q 8, 456). Le tuilleadh eolais a fháil ar shaol an mhúinteora Chaitlicigh ag an am, féach Dowling 1968, agus Mac Manus 2004.

* Cuirtear ar fáil tríd an gcaibidil seo na línte breise atá sna lámhscríbhinní nach bhfuil in **M**, mar atá in **Eolas ar na Lámhscríbhinní**.

I ndiaidh líne **12** bíonn na línte seo a leanas sna cóipeanna iomlána den dán, (mar shampla, in lámhscríbhinní **3, 4, 5, 6, 7, 8, 9**, etc. síos go **56**):

nuair thugaid mo chomharsa cóir is gléas dom

cuideachta is spóirt ón neoin go chéile

níor chumas dom comhar do chomhdach d'aon díobh

ná scilling do dh'ól cé gur dóite an chéim sin

° *rún*: *riún* atá sa lámhscríbhinn, ach níor tháinig ar aon fhianaise shásúil sa teanga a thacódh lena choimeád.

° **14** *ide*: FGB, 'ill usage; (wretched) state, plight'.

° **15** *ag caitheamh mo bhearta*: Tá brionna éagsúla leis an bhfocal *beart*, ach is dócha gur 'spending/passing my life' is brí le *ag caitheamh mo bhearta* anseo. Féach, mar shampla: *Nín* (sic) *'fhios ag aon duine 'na bheatha cunas a chaith mé mo bhearta 'na bhfochair ach 'ge Dia na glóire*, 'not one living soul can tell the life I had to lead in their company' (SCDI 200).

B'fhéidir gur ag tagairt d'imirt na gcártaí atá an file anseo. Féach, mar shampla, na línte:

Annsin do phreabfaig air bórd síos

An Cionád is fada faoi cheo draoidheacht;

Sguabfaig i n-éinfheacht

Na bearta le chéile (Mhág Craith 1967, 364), agus:

A draoithe (sic) na cruinne fionnaim bhur mbreithiúnas,

Rí dá dtigeadh is foireann dá neartú sin

Nár bh é an bheart chumais an cuireata a cheiliúradh

Is i gcrích na himeartha a chuirtean tar Neptune soir (Ó hAnluain, 1973, 37). Féach, leis, *DIL bert; III a*; ‘move in a game, play in a game, game’.

In *PCT*, áfach, tagairt don airgead atá ann. Féach na línte: *Achtuighmaoid an beart / dá gach fear san bhfóghmhur* (1645-6) agus nóta an eagarthóra: ‘It is obvious from the ascending order of the rates of pay that Clan Thomas demand, that *an beart* means ‘fourpence’. The reference is to the groat, the largest copper coin in existence at the time. We can reasonably assume that *an beart* ‘the load’ is a slang term for this large and heavy coin’ (*PCT* 175, nóta 1641-8).

° **16** *b’fhearra*: Seo an fhoirm mhalartach de b’fhearr, féach *DINN*, agus arís **41**.

maol: Tá iliomad brí leis an bhfocal seo, agus cé go bhfuil sé róluath le go mbeadh ‘croppy’ i gceist, dar liom gurb é ‘servant’ is brí leis anseo. Féach *FGB maol*, ‘servant, insect, hornless cow’. Duine gan bhrí leis atá i gceist aige, is dócha.

° **18** *ag ól bainne i dtigh Mhaoileachlainn Uí Mhaonaigh*: Gach seans gur le teann íoróine a scríobh an file an líne seo; b’fhéidir gur ag trácht ar rud éigin níos láidre a ól i dteach tábhairne áitiúil atá sé, mar shampla.

* Ó Maonaigh, *Meaney* sa Mhumhain (de Bhulbh, 2002, 366), ó Chontae an Chláir soir go Corcaigh, agus tá an sloinne i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach chomh maith, ‘... originated in Thomond and is mainly now found in Cos. Clare and Kilkenny’ (Mac Lysaght 1991, 212).

* **19** Féach na línte seo i ndán Béarla le Laurence Whyte, a cuireadh i gcló sa bhliain 1740: ‘Of being oppressed at such a Rate / By Tyrants who still raise the Rent, / Sailed

to the Western Continent, / Rather than live at home like Slaves, / They trust themselves to Wind and Waves' (Carpenter 2000, 66).

° **20** *cléireach*: Tá trí shampla den ainmfhocal seo sa dán, agus is léir nach ionann an bhrí atá leis i ngach cás: *m'ainm do thabhairt don chléireach (87)*, *a' riar lucht duanta druadh 's a gcléirigh (134)*. Mar sin, ag brath ar an gcomhthéacs, déarfainn gurb é 'clerk' atá i gceist i líne **87**, 'cleric (man of letters?)' i líne **134**, ach ní féidir a bheith cinnte faoi líne **20**. 'Clerk' is dóchúla, b'fhéidir, ach níl fhios agam. Measaim féin go bhfuil ceachtar de dhá rud ann: go bhféadfadh sé feidhmiú mar chléireach eaglaise toisc na hoiliúna a fuair sé, nó go mbeadh sé mar ghnáthchléireach – i dteach airgid i dTalamh an Éisc, cuirim i gcás. Luaitear go minic i dtaobh Dhonncha Rua go raibh sé mar ábhar sagairt sa Róimh ar feadh cúpla bliain, rud a chiallódh go mbeadh cur amach aige ar an tslí bheatha sin, ach níor éirigh liom teacht ar aon fhianaise a thacódh leis sin (féach caibidil 1, **Beatha Dhonncha Rua**). Ní luann sé riamh ina leith féin, san fhilíocht a mhaireann, gur fheidhmigh sé seal mar shagart, mura bhfuil sé ach ag spochadh as féin anseo. Bheadh postanna cléireachais, nó riaracháin, i dTalamh an Éisc, áfach, do dhuine a mbeadh oideachas air, sna tithe airgid, cuirim i gcás; ní heol dom go mbeadh a leithéid de phost ar fáil ar bord loinge. Mar sin, seans go mbeadh sé ag trácht ar phost, dála post Richard Welsh, mar shampla, a rugadh i Ros Mhic Thriúin sa bhliain 1718 agus a bhog go Placentia i dTalamh an Éisc sa bhliain 1734. Níor de chúla saibhir é, agus is dócha gur thosnaigh sé amach mar chléireach printíseachta do thrádálaí Sasanach i gcuan Placentia (Mannion 1986a, 128). Mar an gcéanna, cuireann an tOllamh Mannion síos ar fhear darbh ainm Patrick Morris: 'The life and work of a young clerk was austere and demanding, but few occupations provided a more appropriate introduction into the merchant's world or a better schooling for the merchant of tomorrow' (Mannion 1986b, 185).

* **22** *Sacsana Nó*: Meiriceá atá i gceist, is dócha. Tabhair faoi deara, mar shampla, gur *Newland* a bhí ag Aogán Ó Rathaille (Ó Buachalla, 2007, 33). Tráchtann Donncha

Rua ar Thalamh an Éisc i ndánta eile a scríobh sé, ach cé go meastar go fairsing gur ag tagairt do Thalamh an Éisc atá sé anseo, ní luann sé an áit san *Eachtra* ar chor ar bith. Ní féidir bheith cinnte, áfach, faoin tuiscint a bheadh aige féin ar na háiteanna seo .i. an ionann *Sacsana Nó* agus Meiriceá Thuaidh an lae inniu, nó díreach an talamh mórthimpeall ar Boston (áit eile a dtéadh daoine ó Phort Láirge ag an am) anoir go Talamh an Éisc féin?

° **26** *faobhar*: *faor* atá sa ls., cé gur scríobh sé *faobhrach* ar ball, **107**. Siolla amháin atá san fhocal i gcanúint na Mumhan [fe:r].

* **26-8** Feictear go bhfuil cur síos anseo ar éadaí éagsúla. Féach maidir leis seo: ‘Important accessories in the male ensemble included stockings, neckwear, shirts, periwigs, hats and nightgowns’ (Dunlevy 1999, 99).

léinteacha breaca go barra mo mhéaraibh: ‘The shirts, which were made of three ells – about four yards – of white linen, were so large and unfitted that they were sometimes sold ready-made. The ruffles of the cuffs and the shirt front were usually made in cambric or in a much finer linen than the body of the shirt’ (Dunlevy 1999, 99).

Jackets: An iad na báscótaí a bhí i gceist aige anseo? ‘In the early nineteenth century the waiscoat was an almost knee-length sleeved garment which was laced at the back so as to ensure the appearance of a good fit. From the 1740s its back skirts became shorter than the foreparts and for economy they were made in cheaper, warmer fabric’ (Dunlevy 1999, 96-7).

hata: ‘As men wore wigs, they often carried, rather than wore, their hats. Beaver and coney were the more fashionable fabrics ... Hats varied in shape and style according to the height of the round crown and the manner in which the brim was ‘cocked’ or turned up’ (Dunlevy 1999, 100). Níor éirigh liom teacht ar thagairt chruinn do hataí sna 1740í, ach féach, mar shampla, an pictiúr *The Patron or Festival of the Seven Churches, Glendalough, County Wicklow, 1813*, le Joseph Peacock: ‘The majority of

the hats are of the ‘round’ type with turned-up brim and hat-band buckled at front, a style which was in fashion in the 1790s. Contemporary illustrations show that this hat shape was popular in rural Ireland until the early nineteenth century’ (Dunlevy, 1999, 135).

° **27** *Jackets bheag*: I gCorca Dhuibhne, mar shampla, feictear séimhiú ar an aidiacht i ndiaidh ainmfhocal iasachta iolra dar críoch *s.* Féach *feais bhoga agus pósaíos ghorma GCD 66*. Is cosúil gur ar mhaithe le rithim na meadarachta atá *bheag*’ seachas *bheaga* ag an bhfile toisc nach bhfuil an siolla breise uaidh anseo, ach ní féidir liom seo a chruthú go cinnte mar is guta neamhaiceanta a bheadh ann.

° **30** *foréigean*: D’fhéadfadh ciall na líne seo a bheith débhríoch: ‘to some I did not bid farewell such was the force, violence [of my departure]’ nó ‘to some I did not take vigorous leave’ nó ‘to some I did not bid farewell with enthusiasm’(?)

* **31-2** Dá mbeadh sé ag dul go Talamh an Éisc (an ceann scríbe ba choitianta ó Phort Láirge ag an am), thiocfadh na longa ó chósta thiar Shasana. As an *West Country* – Poole, Dartmouth, Topsham, Tinmouth agus Plymouth – a thiocfadh formhór mór na long le fíir agus soláthairtí a bhailiú. Féach Power 1981, 69.

*° **33** Tá cuntas luachmhar tugtha ag Donncha Rua ar na hullmhúcháin seo ar fad (**33-52**), a fhreagraíonn go maith don mhéid a tharlaíodh ag an am. Ní heol dom a leithéid ag éinne eile i nGaeilge ag an am, cé go bhfuil fianaise fhilíocht an Bhéarla againn; féach *Song Composed on the Banks of Newfoundland* agus *The Passengers* (Carpenter 2000, 68-3). Tagraíonn Donncha Rua do chuid mhaith gnéithe den turas mar a bhí ag an am, turas atá pléite ag leithéidí John Mannion (1978, 1986a,b, 1989), Cyril Byrne (1992), George Casey (1986), McVeigh (1995), agus Young (1780, ar líne ag *ECCO*).

* *Phaorach*: Sloinne é seo a bhaineann le hoirthear na tíre, agus le Port Láirge go háirithe (Mac Lysaght 1991, 247; de Bhulbh 2002, 405). *Powers’ Country* a thugtar ar

an dtaobh sin tíre, féach: ‘Their territory proper, known popularly and later as *Paoracha*, or Powers’ Country, extended only from the longitude of Tramore and Waterford city to the Comeragh mountains’ (Power, 1933). Dar leis na scríbhneoirí ar fad a thrácht ar shaol Dhonncha Rua, bhí Paoraigh éagsúla mar phátrúin ag Donncha Rua le linn a shaoil. Féach, mar shampla, Ó Flannghaile (1897), Ó Foghludha (1933).

* **36** *i gcogadh nó spéirling*: Tá an cor cainte seo le fáil i dtéacs níos luaithe, féach: *Táid na ríochta gan rí gan saorfhlaithe,*
is táid an uaisle buartha ón dtaom so,
is táid na pobuil faoi choga is faoi spéirling,
is na boicht go doilbh ag cosnamh na hÉireann (O’Rahilly 1952, ADC 21-24).

° **37** *suim*: [saim’] ag déanamh comhfhuaimne le *caillfeadh* ón líne seo agus le *doimhin* agus *doillfinn* ó **38**. Féach **Nótaí Teanga, Défhoghair**.

* **38** *comhra*: Seo léas dúinn ar thábhacht an chófra don turas. Féach: ‘The store of goods carried out in the servant’s trunk was the key to economic independence, in a country which produced little but fish and where goods of all sorts were in the merchants’ control with respect to price’ (Byrne 1992, 357), agus: ‘A great point for them is to be able to carry out all their flops, for everything there is exceedingly dear, one or two hundred per cent. dearer than they can get at home’ (Young 1780, Imleabhar II, 184-5).

*° **39** *-chréithre*: Seo tuiseal ginideach an ainmfhocail *criathar*, ar aon dul le *briathar* > *bréithre* sa ghinideach, féach *FGB briathar*, agus an fhoirm mhalartach tugtha’ féach *DINN criathar*, áit a bhfuil *créithir* agus *créithre* tugtha.

I lámhscríbhinní **A** agus **B** feictear malartú idir línte **39-42** agus **43-6** i bhformhór na gcóipeanna.

driodar chrochta: Go bhfuair Donncha Rua an farasbarr a bhí ag ag cur thar maoil na losaide anuas ar an min choirce a fuair sé.

*° **40** Féach: ‘The major category of commodities, after provisions ... was grain products, specifically bread, flour, and oatmeal. Bread was the principal product in the trade’ (Mannion 1978, 31).

chrochta: Féach *DD crothta*. Is é *crothann* an briathar de réir na canúna (*critheann* de réir an Chaighdeáin), ach go bhfuaimnítear an *th* i lár baill mar /x/. Tá *chrochta* aistrithe agam mar an aidiacht bhriathartha anseo. Tá aimsir láithreach an bhriathair ag **176** thíos, agus saorbhriathar na haimsire caite ag **189**. Seans chomh maith, áfach, gurb í foirm an ghinidigh den ainm briathartha atá ann.

° *loiste*: Féach *FGB losaid*, gin. *losaide*, ‘losset’. Féach an *OED Losset* ‘Ir. *losad* (OIr. *losat*) kneading-trough, a wooden tray’. *Loiste* atá ag an bhfile, *losaide* an fhoirm ghinideach Chaighdeánach den ainmfhocal. Féach, áfach, *FGB, sluasaid*, agus gin. uatha *sluaiste*.

° **42** *potátaí*: Tá an focal céanna in *PCT* chomh maith, *a dtiarpáin phutátaoi* (1352), *fheabhas na meacan nó na bputátaoi* (1467). Féach, chomh maith, *aon bhairille déag potátaí* (de Bhaldraithe 1972, 18).

° **44** *le haghaidh*: Fuaim /i:/ leis seachas /ai/ anseo: [l’e h’i:]. Féach *SCDII aghaidh*, agus *IR* 131, nóta 2.

° *imhte*: Nílím cinnte faoi seo agus coimeádaim litriú na lámhscríbhinne mar sin. *a n-ighthe* atá i gcuid mhaith Isí eile (féach Is **B** thuas nó **8**), ‘for (their) eating / consuming’? San am céanna, seans gur ón mbriathar *ibh* ‘to drink’ a thagann sé, is é sin, go mbrisfeadh siad na huibheacha agus go gcaithfidís siar a raibh iontu. Féach *DINN*, leis, *ibhe* ‘act of drinking, quaffing, soaking’, agus: *Nár ibh is nár ól an fóntach fionn* (CMO 351). Pé acu, is é /i/ a éilíonn an mheadarach.

* ° **45-6** Féach: ‘Salt pork and butter, packed in barrels and half-barrels, with baked bread or biscuits stored in bags in Waterford, were the stalwarts of his trade. The items were especially prepared to withstand the hazards of a long oceanic voyage, were relatively easy to assort and distribute to customers on arrival and most importantly, were ready to eat’ (Mannion 1986, 186). Féach, leis: ‘The ships go loaded with pork, beef, butter and some salt: and bring home passengers, or get freights where they can; sometimes rum’ (Young 1780, Iml. II, 185).

° *soille*: Tá an litriú malartach *soill*, arb é *saill* a litriú Caighdeánach sa Nua-Ghaeilge, in *DINN*. Is mar *soill* atá an focal i nGaeilge na nDéise chomh maith: *thá an ts[oill] ar na heasnaíocha, nín aen fhuacht air siúd mar thá 'n ts. ar a' taebh istigh aige* (SCDII, 367).

° **47** D’fhéadfaí *tá [sé] séidte ag an ól* a rá, mar atá in *CCI* 304, ach fós féin níl cinnte faoin mbrí anseo; ‘that would light (you) with puffing (as a result of drinking it)’(?). Go bhféadfaí an leann a lasadh go héasca toisc go raibh an oiread sin alcóil ann? ‘That would put colour [in your cheeks]’(?); ‘That would light you with swelling’(?) ‘Which would light you up’(?).

° **49** *clúda*: Féach *SCDII*, 99, *clúda* ‘bed-clothes’.

° **50** *dhrom*: Éilíonn an mheadaracht /u:/ anseo, cé gur minice an défhoghar /ou/ i bhfoghraíocht an fhocail seo. Féach *IR* 142.

° *trunc*: Fuaim /u:/ leis an nguta aiceanta seo freisin.

° **51** *bróga*: Bheadh luach nár bheag ag baint leis na bróga. Féach Dunlevy (1999, 113): ‘footwear was then worn every day by the middle classes’, agus: ‘The common shoe at this time had closed sides – a feature derived from the traditional Irish brogue. They were fastened with buckled leather latchets on the vamp, had square blocked toes and high blocked heels of wood covered with leather’ (ibid., 114).

* *wig*: Féach Dunlevy: ‘As men wore wigs, they often carried, rather than wore, their hats. Beaver and coney were the more fashionable fabrics ...’ (1999, 100), agus arís, ag trácht ar fhaisean na bhfear uasal: ‘By the early eighteenth century periwigs had become an integral part of everyday clothing ... The cost of the wig itself depended on the quality and quantity of hair – human, horse or goat – and its styling ...’ (ibid. 99) agus féach maidir le costas – an chúis le mórtas an fhile ba dhóigh leat: ‘They were a constant expense [requiring] maintenance by barber or valet ...’ (ibid. 99). Maidir leis na feistis (ag 68, mar shampla), féach: ‘Attendant expenses included accessories such as wigs bags and ribbons, wig boxes, stands, ivory or wide-toothed combs and powder’ (ibid. 99).

* 53 *Port Láirge*: Áit a gcaitheadh daoine cúpla lá ag fanacht ar long sula dtéidís thar sáile ón bPasáiste. Féach Young, ag scríobh faoi Phort Láirge: ‘That the staple trade of the place is the Newfoundland trade; this is very much increased, there is more of it here than anywhere. The number of people who go passengers in the Newfoundland ships is amazing: from sixty to eighty ships, and from three thousand to five thousand annually’ (1780, Iml. II, 184).

* 54 *Conán*: Tá Conán mar laoch agus mar threoraí sa dán seo, mar a fheictear ó 165-255.

farránta: Féach *FGB forránach*.

* 55-76 I mBaile Átha Cliath ón séú haois déag ar aghaidh, bhí cead ag mná beoir a dhíol. Mar a scríobh Appleby: ‘the role of women as alehouse-keepers is now fairly well documented. Within the maritime community, where the tavern or alehouse was a vital centre for the drifting population of single men who served in the merchant marine, such women could easily come to play an important part in the lives of many seamen. Mariners who were between voyages no doubt relied heavily on women

tavern-keepers for the provision of board and lodgings, and occasionally loans or pawnbroking facilities’ (Appleby 1991, 54).

◦ **56** *ógmhnaoi*: Tuiseal tabharthach.

◦ **58** *drawer*: *OED* ‘One who draws liquor for customers; a tapster at a tavern’.

I ndiaidh na líne seo in áit **59** feictear go bhfuil *gach sórt da ttagach a bhlaise ni shéantach* i bhformhór na gcóipeanna in **A** agus **B**.

◦ **60** *do inneosadh*: Foirm den bhriathar *inis*, modh coinn., 3ú uatha, an dara réimniú. Éilíonn an mheadaracht /o:/ anseo. Féach **Nótaí Teanga, An Briathar Neamhrialta, 4.2.8 Innisim** agus Ó Sé: *neosadh* (*GCD* 297), *innisim* *SNG* 459, agus: *Ann sin d’éirig Aibigil adubhairt go n-inneósadh sí féin ...* (Ó Cuív 1952, 70).

* **63-7** Caint gháirsiúil ón bhfile agus é ag iarraidh tabhairt le fios, is cosúil, gur éirigh leis luí leis an gcailín. B’fhéidir gur striapach a bhí inti, mar a bheadh i gceist go minic sna tithe tábhairne áitiúla nuair a bheadh fír ag fanacht ag an bport – cothaíodh nasc idir an teach tábhairne agus an striapachas dá bharr sin: ‘... in some areas the alehouse or tavern became the focus of a subculture of crime based on prostitution, theft or receiving stolen goods’ (Appleby 1991, 54; féach, leis, *Field Day V*, 495, agus Fleming (2005)).

◦ **65** *i gcúrsa*: *ccúrsa* an litriú lámhscríbhinne, cé go mbeifeá ag súil le hinfhilleadh iolra an ainmfhocail anseo.

◦ **66** ‘Her smile made me laugh’(?).

◦ *fáth*: Seans áirithe go bhféadfadh *fáthadh* bheith i gceist anseo chomh maith, *FGB fáthadh an gháire* – ‘smiling appearance’, toisc gur éirigh leis í a mhealladh (?).

* **68** *púdar*: Tá cur síos air seo in *CMO* leis ach gur bean atá i gceist:

Beidh a cheart im chúil do phúdar fillte,

Starch is stiúir i gcúl mo chaidhpe

Húda geal gan ceal ribíní (257-60).

° **71** *mhór*: [vu:ər] de ghrá na meadarachta, foghraíocht choitianta i nGaeilge na Mumhan.

° *m'iongantas*: Don litriú seo, féach *DINN*. Sa chéad siolla, tá fuaim aiceanta ghearr /i/, nach mbeadh le cloisint i nGaeilge na Mumhan anois leis an bhfocal *iontas*. Féach **151** freisin, agus **Nótaí Teanga, 2.1.1 Gutáí, /i/**.

° **72** *muime*: ‘fostermother’, seans go bhféadfadh *madame* a bheith i gceist anseo seachas máthair, ráite go rabhadar i dteach tábhairne, ach is deacair bheith cinnte faoi seo.

° **73** *cáirt*: Féach *DIL cárta*: ‘quart’.

° **76** *fuireach*: Ainm briathartha an bhriathair *fuirigh*, a chloistear go minic i nGaeilge Phort Láirge. Féach, mar shampla, *SCDII fuireach*. Tá an bhéim ar an dara siolla anseo, rud a thagann leis an gcanúint.

* **77** *Ailin*: Tá duine a bhfuil *Allen* mar shloinne air luaite mar chaptaen ag Ó hEadhra (1997, 33, 189). Bhí pobal dlúth de cheannaithe Protastúnacha lonnaithe i Ros Mhic Thriúin, leithéidí mhuintir Napper agus mhuintir Goff, mar shampla, agus bhí a ngnó dírithe ar Thalamh an Éisc go príomha. Bhí fear darbh ainm Highate (sic) Allen mar dhuine de phríomhcheannaithe na háite i gcomhair Talamh an Éisc (Mannion, 1986a, 131). Cé nach féidir a chruthú go deo go raibh Donncha Rua ar bord, chaithfí a rá go bhfuil dealramh na fírinne ar an gcuntas seo a leanas ar ártach Allen le hais cur síos fileata Dhonncha Rua féin: ‘In the spring of 1745, for example, James Napper

despatched his vessel *Ross Merchant*, 100 tons burthen, to St. John's under the captaincy of Higate (sic) Allen, a fellow Protestant from the town, and twelve crew. She took on board 100 barrels of port, 100 barrels of beef, three tons of bread, one half ton of oatmeal, one half ton of butter, 100 barrels of ale and 104 passengers to prosecute the summer fishery' (Mannion 1989, 105).

◦ **78** *réidheas*: *réidhe a. br.*: *bíonn fearaibh ag góilt rompu ... ag spáint an eolais dóibh, ag réidhe an eolais rompu (DD)*. *Réidhim* 'I smoothe, clear, level ... settle, arrange' (*DINN*). Féach *DIL réidid* chomh maith, (*d*) 'settles, adjusts (a quarrel, transaction, etc.)'. *Cúrsaí airgid a shocrú atá i gceist anseo, ní foláir*.

◦ **79** *féirse*: Féach *FGB séirse*, 'haste, hurry'.

* **81** *Pasáiste*: 'Passage is the place where ships lye that wait either to go up to the town or sail out of the harbour' (McVeigh 1995, 109); agus: 'Advancing to Passage the shores are various, and the scenery enlivened by four-score sail of large ships; the little port of Passage at the water's edge, with the hills rising boldly above it' (Young 1780, *Iml. II* 41).

◦ *carraire*: Féach *FGB carraeir*, ach tá gá le trí shiolla anseo de ghrá na meadarachta. Féach *FGB foghlaeir*, *gin*, *foghlaera*, nó *báicéir*, *báicéara*, mar shampla, cé go dtuigim nach ginideach atá anseo, ach tabharthach.

* **82** Is é sin le rá, le go mbeadh an meáchan cothrom ag na scadáin ar thaobh amháin den ghearrán, agus an file ar an dtaobh eile.

scadáin: 'There is a fishery upon the coast of Waterford, for a great variety of fish, herring particularly in the mouth of the Waterford harbour, and two years ago in such quantities there that the tides left the ditches full of them' (Young 1780, *Iml. II*, 185).

◦ **84** *ag ól Canary / Geneva* a fheictear in **A** agus **B**.

Canary: Fíon geal milis ó na hoileáin Chanáracha.

Geneva: Jin ón Ísiltír atá i gceist, is dócha.

Baineann an dá cheann leis an trádáil faoi mar a bhí ar bun idir Éirinn agus Sasana le tíortha Eorpacha (bhí an-bhaint ag Port Láirge leis an Ísiltír, mar shampla) agus le tíortha teo sna hIndiacha Thiar agus áiteanna eile.

◦ **85** *labharfainn*: Ní hé an défhoghar /ou/ an guta aiceanta anseo, mar tá /a/ riachtanach anseo de ghrá na meadarachta: /lav'ər'in'/, a fhágann mar fhocal tríshiollach é.

◦ **86** *d'fhiadas*: Bheifí ag súil le /ia/ mar an défhoghar aiceanta anseo i ngnáthfhoghraíocht chanúint na Mumhan, ach le *d'fhéadas* sa litriú. Féach **Caibidil Teanga**, /ia/.

◦ *ar éigean*: Baineann an file úsáid as an nath seo cúig huaire tríd an dán (féach **126**, **141**, **244**, **276**). Féach, mar shampla, *DIL, éicen*: 'In the earliest recorded exx. the meaning is usually necessity, compulsion'. Ar ndóigh, 'hardly' is mó is ciall leis sa lá atá inniu ann, ach nílim suite de gur 'just about' is brí le *ar éigean* anseo, go hairithe nuair is eol dúinn go raibh Béarla agus Laidin ar eolas aige. Scríobh sé dán macarónach thart ar an am céanna leis an *Eachtra*, 'As I was walking one evening fair' (féach **Beatha Dhonncha Rua** thuas) agus dán iomlán i mBéarla am éigin roimh 1786 (féach ls **8** agus an dán *Cré Anachríostamhuil Uilliam Paor Baile Uí Mhaoil*).

◦ **87** *thabhairt*: Éilíonn an mheadaracht dhá shiolla ghearra anseo: /hav'irt'/'.

* **88** *Mac Con Mara*: A shloinne féin, ag caitheamh solais air féin mar údar agus mar phríomhphearsa an tsaothair.

* **91** *Phoebus*: Dia na gréine de réir na Rómhánach, carbad ar sciatháin aige. Thug sé tacaíocht san Aeinéid do mhuintir na Traí trínar fhulaing siad. Seo, mar shampla, ráiteas ó Leabhar VI agus Aeinéas ag impí go díreach air: *Phoebe, semper miserate graves labores Troiae ...* ‘O Phoebus, ever pitiful of the heavy woes of Troy’; te duce, intravi tot maria obeuntia magnas terras ‘under thy governance have I braved so many seas bounding great lands’ (A 55, 59).

* **91-4** Tá tús dearfach leis an turas mar scáthán ar an *Aeinéid*, Leabhar I, nuair atá muintir na Traí ag seoladh timpeall na Sicile.

* **92** *Eolas*: *Aeolus* ag na Gréagaigh. Roghnaíonn an file an bheirt seo (*Eolas* agus *Thétis*) toisc gur pearsana farraige sa litríocht iad. I leabhar I den *Aeinéid*, spreagann Iúnó Aeolus, ceannaire nó coimeadaí na ngaoth, chun anfa a scaoileadh faoin gcabhlach Traíoch le hAeinéas, agus a lucht leanúna a mharú. Bristear cuid mhór den chabhlach.

* *Thétis*: Ba bhandia agus nimfeach farraige í Thétis.

* **95-118** Tagann tinneas farraige ar na fir ar bord, agus aiféala ar an bhfile nach ar ais in Éirinn atá sé. Féach mar shampla, na línte:

‘Some frae the stern, wi’ thoughts o’ grief
Leuk back, their hearts to Airlan’;
Some mettle`t bucks, to work ay brief,
At en`s o’ rapes are harlin’;
Some haud aback frae dangers brow
Their toddlin’ o’er, no cautious;
An’ some, wi’ monie a twine an’ throe,
Do something wad be nauceous

To name, this day' (Carpenter 2000, 70-1).

* **95** *ghoill, chloinn*: /ai/ de ghrá na meadarachta.

ar chloinn sin Mhaonais: Is dócha gur ag tagairt do roinnt dá chomhphaisnéirí atá an file anseo.

° **96** *an fharraige*: I bhfianaise an *o* os cionn *m* a chiallaíonn *orm* i líne 79, glacaim leis gurb é *arg* atá sa lámhscríbhinn anseo (*a* os cionn *g*) a sheasann do *fharraige* anseo de réir dealraimh.

* **97** *Tadhg Ó Laoghaire*: Sloinne coitianta Corcaíoch (Mac Lysaght 1991, 192; de Bhulbh 2002, 392).

Fairis sin, tá liosta ainmneacha na bhfear a théann amach ar an bhfarraige difriúil ó chóip **3** ar aghaidh – *Peatar o Dubhda* agus *Gearalt O Dabhair* luaite, agus feictear ord difriúil sna línte uaireanta.

* **99** *Caoilte Ó Caoimh*: Sloinne Corcaíoch arís, ó oirthear an chontae in aimsir na Normannach, ach ón iarthar níos déanaí (de Bhulbh, 2002, 392; Mac Lysaght 1991, 172).

Tá an líne seo an-chosúil ó thaobh foirme le líne as *TÉ: an bhaintreach bhocht ag caoine a céile* (O'Rahilly 1952, 311).

° **100** *bhfaigheadh*: Éilíonn an mheadarachta an guta aiceanta /i:/ anseo, mar an gcéanna le **162** freisin.

* **101** *Uí Leathlabhair*: Sloinne Laighneach, agus tuaisceart na Mumhan san áireamh ag Mac Lysaght (1991, 188), agus ag de Bhulbh (2002, 303).

◦ *méile*: Féach *SCDI*, *SCDII*, *FGB méile*. Féach leis, barántas le Diarmaid Ó Riain ó bhaile Thiobraid Árann:

Mar ná fuil aon tigh / 'na bhfaigheadh méile ann / ná iostas oíche, agus sa dán céanna: *'S níor dhiúltaigh duine / fá mhéile pise / go críoch a dáta* (Ó Fiannachta 1978, 149).

◦ **102** *sceird*: Seo mar a mhíníonn Amhlaoibh Ó Súilleabháin an focal: *Sgeird .i. gal gaoithe le cioth fuar: as so tagan sgeirde, sgeirdeamhail* (De Bhaldraithe 1971, 100). In *FGB* níl de mhíniú ar an bhfocal ach ‘bleak, windswept place’. Ag *DINN*, áfach tá ‘a bleak place, wild appearance, dismay’, mar sin ‘and a wild appearance on him’(?).

◦ **104** Measaim gurb é ‘ag tarraingt beorach’ is brí leis seo. Sa phlucóid seo a bhí leann an fhile, mar a luaigh sé thuas (47), agus bhí an bheirt á ól, is cosúil.

◦ **105** *singil*: Féach *DINN*, ‘distressed, miserable, destitute, lone, solitary’.

ruibe: *SCDI*, *ribe*, *nach fuar an ribe athá aca son!* ‘What vicious weather those men have to endure (out in a row-boat on such a day!)’. *Thá an ribe air* ‘it’s bitter weather’. *SCDII ribe*, *Is fuar a’ ribe athá ann (i.e. sa ngaeth)* ‘there’s a cold sting in the wind’; *r.* = *fuairacht agus géireacht na gaoithe*. *FGB ribe*, *Tá ribe (fuar) ar an lá* ‘the day is biting cold’.

Mar sin féin, ní féidir a bheith cinnte faoi bhrí an fhocail seo. Féach foclóir Edward Lhuyd (1707), *meacan raibe*, sin ‘turnip’, ach fairis sin, *meacan roibe* ‘sweetwort’, agus féach *OED* ‘A sweet-flavoured wort; *esp.* the infusion of malt, before the hops are added in the manufacture of beer’, ‘Any plant of a sweet taste’.

Bheadh seans beag ann go bhféadfadh *ruibhe* (sulphur, rue) bheith i gceist, mar luibh a leigheasfadh treighid agus pianta boilg.

* **106** Féach líne atá cosúil leis seo in *TÉ: dá cheann an tí do lasa ortha i n-aonacht* (O’Rahilly 1952, 195).

◦ **107 thiar**: Tá seo leasaithe agam ó *shiar* na lámhscríbhíne ar mhaithe le soiléire.

* **111** Féach, mar shampla, an dán *SR: Bíodh ar mh’fhallaing gur dearbhtha an sgéal soin* (O’Rahilly 1952, 136).

◦ **112 éinne**: Éilíonn an mheadaracht /e:/ anseo, fuaim, a mheasas, nár léir don léitheoir leis an litriú lámhscríbhíne (*aoinne*).

◦ **113 gan phreab gan faothamh**: Is dócha gur ar mhaithe le huaim nach séimhítear *faothamh* anseo, cé nach séimhítear *fead* sa chéad líne eile ach an oiread. Féach *FGB aothú*, ‘alleviation’.

◦ **114 bhiaidh**: Fuaim /v'ex/ de ghrá na meadarachta. *a biadh* atá sa lámhscríbhíne agus comhfhuaim le *creach* ag teastail, rud a chiallodh b’fhéidir go mba choir *bheadh* a leamh, feach **B mar bheath**. A bhíadhach atá in **8**. Féach **Nótaí Teanga 4.2.12 Bí**

◦ **115 liom**: Is cosúil go bhfuil focal neamhaiceanta in easnamh sa lámhscríbhíne anseo. Bheifí ag súil le siolla breise sa líne, *liom* atá in **B** agus **8** mar shampla, agus i bhfianaise líne **44** (*ba mhéinn linn*) cuirim an forainm réamhfhoclach *liom* isteach.

◦ **116 marga’**: *marga* atá sa lámhscríbhíne, .i. fuaimnithe mar fhoirm gan infhilleadh, cé go mbeifí ag súil le foirm an ghinidigh anseo, mar atá *is amhlaidh* [is oulə], (Holmer I, 1962, 111-13).

lastram aonaigh: Tá an nath seo in *FGB*, ‘butt of fair’.

Ó chóip **1** i ndiaidh na líne seo tá na línte breise seo: *acht doba é anaire trácht ar eigceart / aisiog mo shlainte go ndearna me air fad.*

* **119–126** Leis na línte seo ar fad, luann an file liosta maidir le saibhreas ríthe agus ciníocha ón miotaseolaíocht, ón tseanstair agus óna ré féin.

* **120** *Croesos*: Mhair clú an rí seo (Rí Lydia sa séú haois roimh Chríost) agus seanfhocal faoi de bharr a shaibhris; ‘as rich as Croesus’ a deirtear sa Bhéarla, mar shampla. Féach Room (2002, 59).

* **121** *Éson*: Seo athair Jason, a bhí seal mar rí ar Iolcus, baile i Thessaly ar chósta thoirthuaidh na Gréige. D’éirigh le Jason an lomra órga a aimsiú leis na hArgónátaigh. Féach na línte seo le hEoghan Rua, atá cosúil le línte **123-4** agus **138-42** freisin:

An duit-se do ceapadh an lomra aerdha

Tar tonnaibh na díle 'na luíng thug mac Éason;

Nó Déirdre chailce lér cailleadh na laochra,

No Aoibheall ón Léithchraig an bhé mhaiseach bhúch? (Duinnín 1923, 19).

* **122** Gach seans go raibh eolas an fhile ar na Scótaigh bunaithe ar na línte seo:

ainnir an órfhuilt, Scóta dhéidgheal.

Is uaithe tugadh Scóti ar Gaeulaibh

Scotia i Laidin mar ainm ar Éirinn (O’Rahilly 1952, *TÉ* 68-72).

Tá cur síos ag Céitinn orthu agus ar Dhál Riada chomh maith, *FFÉ I*, 228-31. De réir *FFÉ II*, 372, ba é Niall Naoighiallach a thug an t-ainm Scotia ar Albain, is: *do chuaidh go sluagh líonmhar maille ris do neartughadh agus do phréamhughadh Dál Riada is chinidh Scuít i nAlbain do bhí fán am soin ag gabháil neirt ar Cruithneachaibh da ngairthear Picti, agus is é céad duine tug Scotia d’ainm ar Albain é, ar impidhe Dhál Riada agus chinidh Scuít, ar choinghioll go madh Scotia Minor nó Scotia ba lugha do-bhéarthaoi uirre, agus Scotia Maoir .i. Scotia is mó do gairfidhe d’Éirinn. Mar sin,*

ríocht i dtrí chuid a shínigh ó Aontroim go hEarra Gaidheal in Albain. Féach, leis, *FFÉ II* 374-81, 268-271.

Ní féidir a dhéanamh amach go beacht cén cineál eolais a bheadh ag Donncha Rua ar stair litríocht na Gaeilge. Tá a fhios againn go raibh cóipeanna de *FFÉ* á mbreacadh go fairsing san 17ú agus san 18ú céad (féach Morley 2006, 176-77), ach ar an lámh eile, simpliú ar chuid mhaith den eolas sin atá le fáil i bhfilíocht na linne go minic, agus tá i bhfad níos mó cóipeanna déanta de *TÉ* ná de shaothar Chéitinn sna lámhscríbhinní.

* **123-4** *Déirdre, Uisneach*: Arís, tagairt eile do litríocht na Rúraíochta. *Oidhe Chloinne hUisneach* atá i gceist anseo is dócha. Mar a tharlaíonn, tá insint ar an scéal seo ina lámhscríbhinn féin. Ar leathanaigh 374-81 óna lámh féin in **M**, tá: *eagnoidhe agus laoidhe chaointe do rinneadh Déirdre bean agus rioghain Chonchubharrígh ula, iar marbhad triar mac uisne a neamhainn na rígh ...*

° **123** *fhinne-bhean*: Féach *DINN finne-bhean*: ‘a fair lady, a lady (poet).’ Tá fianaise fhilíocht na Mumhan go flúirseach againn go raibh glactha go fairsing leis an bhfocal seo, agus coimeádaim litriú na lámhscríbhinne mar sin. Féach mar shampla, ar ar scríobh Piaras Mac Gearailt:

Beir lán na cruinne de bhruinnealaibh ciúin, tais, réidh,

Cráibhtheach, criostalach, cruipinn-fholt cúimtha caomh

Go hÁth na Cise chum lile agus plúir na mbé

Fém’ láimh le cumann do’n fhinne-bhean shúgraigh shéimh (Ó Foghludha 1905, 87),

agus féach Eoghan Rua leis:

Ar dtúis nuair chonnac an fhinne-bhean óg,

A súil ba ghlaise is bhí luisne ’na snódh,

Níor dhiúltuigh mise nuair dhruideas ’na treo,

Is mo chumhadh níor thuigeas an tuirse bhí rómham (Ó Duinnín, 1923, 110, agus féach go gcloíonn Ó Conchúir (2009, 124) leis an litriú sin freisin).

° **124** *ler*: *lear* > *ler* anseo, faoi mar atá *lem* < *leam*, **29**.

° *dtréaneich*: I gcóipeanna eile, féach **B** agus **8** mar shampla, tá *-each* scríofa.

* **125-126** *Flóndras, Seoirse, Hanóibhar*: Measaim go bhfuil tréimhse ama le linn Chogadh Chomharbas na hOstaire i gceist. I rith Chogadh Chomharbas na hOstaire bhí an bua ag na Francaigh ag Fontenoy (1745) agus ag Lauffeld (1747), agus d'éirigh leis an léigear a chuireadar ar Bergen-op-Zoom (1747); bhí Rí na Fraince, Louis XV, i láthair ag Cath Fontenoy, ach ní raibh Seoirse II ann, cé go ndéalraíonn sé gur ag trácht ar an gcath áirithe sin atá Donncha Rua anseo. (Bhí Seoirse II i láthair ag cath Dettingen sa Bhaváir i Meitheamh 1743 – an Rí Sasanach deireanach a shocraigh bheith i gceannas ag láthair chatha.) Ní raibh sé i láthair ar cheann ar bith de na cathanna sin thuas, áfach, cé go raibh an dara mac leis, Diúc Cumberland, i gceannas ar arm na Breataine i bhFlóndras i rith an ama. Cloíodh na Sasanaigh agus na hÍsiltírigh, go háirithe ag cath Fontenoy, cath a raibh tionchar cinniúnach ag na Gaeil air. Bheadh na Gaeil ag ceiliúradh an toraidh seo, ní hamháin toisc gur cloíodh an sean-namhaid ann, ach toisc go raibh an Stíobhartach ar deoraíocht san Fhrainc, ar léi arm na mbuaiteoirí.

Tá dán ar an ábhar seo ag Peadar Ó Doirnín, ‘Cá raibh tú le bliain?’:

Is ag Fontenoy – cúis nach gceiltar go Luan – a fuair Sacsanaigh an sciúradh géarghlan,

claimhtheacha is púdar is gaetha ag dul fúthu is tharstu le dlús na dtréanfhear;

ghlac Wully is a thrúpaí briseadh ar lúth, is in Ifreann go dúnta b'fhearr leo (de Rís 1969, 12-13).

Is fiú cuimhneamh air gur i bhFlóndras a troideadh na cathanna agus toisc go raibh Seoirse ar saoire in Hanover i samhradh na bliana 1745 – b'éigean dó brostú ar ais go Londain nuair a tháinig an Stíobhartach i dtír in Albain faoi Mheán Fómhair na bliana sin. Bhí ráflaí ann gur mheas Seoirse II go dtiocfadh na Seacaibítigh chomh fada le

Londain agus go raibh sé réidh le teitheadh agus a chuid earraí pearsanta pacáilte aige fiú.

Léiríonn seo cur amach nó tuiscint áirithe an údair ar stair na linne, óir ba náireach an chailliúint é Fontenoy do Shasana. Díol suime eile é gur troideadh cath Fontenoy ar an 11ú Bealtaine i bhFlóndras (i mBeilg an lae inniu) sa bhliain 1745. Tá 24ú Bealtaine 1745 luaite mar dháta cumtha *Eachtra Ghiolla an Amaráin* i gcuid mhaith de na lámhscríbhinní aon uair a luaitear dáta leis. Féach, mar shampla **RIA 24 L 38** (lch 89), agus lámhscríbhinn le Labhrás Ó Fuartháin: *Giolla an Amráin ar na chor a bhfuirim le Doncadh Rúadh Maconmara Anno Domini 1745. an ceathramhadh lá fithchiod do mhíde na bealltaine* **LS de hÍde 18**, 72.

° **126 nómhaid**: Seo litriú na lámhscríbhinne, agus éilíonn an mheadaracht /o:/ anseo.

° **127 baochas**: Féach *SCDII, baechas*. Tá an focal seo ag **287** chomh maith.

* **129 mBarúnaigh**: In oirthear Chorcaí, gar do Eochail, dar le Ó Foghludha:

‘Insa Bharúnaigh, trí mhíle éigin taobh thiar de bhaile mhór Eochaille, i bparóiste Chluain Príost, cois tuinne. Is beag duine leathsmuigh den cheanntar san ná gur dóigh leis gur ionann an Bharúnach nó Barúntacht Uí Mac Coille ar fad, acht an té cheapann amhla, is mór atá sé meallta: i mBarúntacht Uí Mac Coille tá sé paróiste agus fiche; insa Bharúnaigh níl acht paróiste aonair – Cluain Príost, nó cuid de – agus b’iné an réimse ar a dtugtaí fadó Tiarnas Inse Uí Chuinn, nó The Seignory of Inchiquin, an talamh a ghaibh leis an gcaisleán mar ar chomhnuigh duine ar a laighead de Iarlaibh Deasmhumhan agus a bhainchéile, Caitlín, an tseanchonntaois. Tuairim míle soir ón gCaisleán, ag Gort a Rubha, mar a bhfuil séipéal ón lá a baineadh seanshéipéal Chluain Príost de Ghaedhlaibh, is ann is dócha a chuir Donnchadh Ruadh fé, agus is ann atá scoil an pharóiste le sna cianta’ (1933, 11), agus féach, leis, Ó Foghludha 1945, 139.

* **133** *Sliabh Geal gCua: Sliabh gCua*, áit a bhí i bParóiste Sheisceanáin, ach atá i bParóiste Thuar an Fhiona anois. Cé go bhfuil cur síos ar an áit ag an Athair de Paor (1952, 168-9), is cuimsithí i bhfad eolas an Athar Cholmceille:

... we have sufficient documentary evidence to allow us to state with certainty that the ancient Sliabh Cua was not confined to the range of mountains now known as the Knockmealdowns... It included in fact the entire mountain mass stretching from eastern boundaries of Co. Cork to mid-Waterford, comprising the Knockmealdown, Monavullagh and Comeragh mountains. The name Sliabh Gua was in all probability applied in the first instance to the elevated tract of moorland lying between and linking the mountain masses of the Knockmealdown and Comeragh ranges. From this area the name was extended eastwards and westwards until it finally embraced the entire mountainous tract that lies between the Araglen river on the borders of Cork, Waterford and Tipperary, and the river Mahon in the county of Waterford. This usage eventually died out, and at the present day the name Sliabh Gua is restricted to the comparatively small area between Clonmel and Dungarvan comprised more or less in the united parishes of Seskinane and Lickoran with part of Kilonan and Modeligo (1992, 5).

* **135** *Uilliam Ó Mórán: Mórón* atá sa lámhscríbhinn ach caithim leis an litriú sin mar dhearmad, toisc go n-éilíonn an mheadaracht /a:/ anseo.

Féach Ls Phiarais Mhic Gearailt, **M 58** (1m-3m), áit ar scríobh Mac Gearailt, file as oirthear Chorcaí: *Summons agus Barántas ... chum Uilliam Uí Mhóráin, sgoloide ar Shliabh cCuadh, a cContaodh Phortláirge*. Rud suimiúil eile ná go bhfuil an dáta 1744 leis, bliain roimh an dáta a luaitear leis an *Eachtra* go minic sna lámhscríbhinní.

Cóip **1**: i ndiaidh líne **136** de **M** tá na línte breise seo: *cead nidh faruis na tagan am bhéalsa / bheas do chleachtus lucht atuirisi angeibhion* agus díreach ina dhiaidh sin, *tá: eistig tamall go naitriosuim sgéal díobh / tar éis na spariuinne gealluim nach bréagach*.

Is minic go mbíonn briseadh, nó nóta reacaireachta, le fáil sna cóipeanna anseo, amhail is go raibh scéal an dáin roinnte i ndá chuid. Féach **Nótaí ar na Lámhscríbhinní** thuas, **3.1**.

Díol suntais é, leis, go bhfágann an file spás in **M** idir **136** agus **137**, a thugann le tuiscint gur bhraith sé féin go raibh briseadh anseo maidir le ‘scéal’ an dáin féin.

◦ **135** *fonnard*: Nílím cinnte faoi bhrí an fhocail seo, ‘musical’(?).

* **137** Féach, mar shampla, an líne: *Is d’fhág mo smaointe is m’intinn traochta* (CMO 208).

* **138** Féach: *chonaire me an tsibhean mhíonla bhéasach* (CMO 143).

* **139** Féach: *Bhí a gruaig léi scaoilte síos go slaodach* (CMO 153).

* **142** *Aoibheall na Carraige Léithe*: Tá tábhacht le hAoibheall i bhfilíocht na Mumhan. Baineann sí le taobh tíre a bheadh an-ghar d’áit dhúchais Dhonncha Rua, más fíor gur saolaíodh i gContae an Chláir é. Thart ar scór míle óna chéile atá an Chreatalach (áit bhreithe Dhonncha Rua, dar le Ó Flannghaile (1897), Ó Foghludha (1933), etc.) agus An Chraig Liath. Más fíor gur Cláiríneach a bhí ann, b’fhéidir go raibh Donncha Rua ag iarraidh é féin a shuíomh i draidisiún na háite sin, mar, de réir dealraimh, chaith sé formhór a shaoil ar chósta an oirthir. Sa dán, luann Aoibheall í féin *fir Thuamhan* cúpla líne ar aghaidh chomh maith (**153**). Tá Aoibheall le feiceáil i bhfilíocht an Chláir, féach mar shampla, *CMO*, agus i bhfilíocht na Mumhan go ginearálta, mar a fheictear, mar shampla, ag Aogán Ó Rathaille, Seán Clárach, Eoghan Rua, agus Piaras Mac Gearailt.

Bean sí nó bandia Dhál gCais ab ea í. Tá dhá logainm bunaithe ar a hainm laistigh den bhaile fearainn An Chraig Liath, i bParóiste Chill Dá Lua – Tobar Aoibhill agus Carraig Aoibhill (féach <http://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/maps/index.htm>).

I dtagairtí di, féach: *’s a bhfuaras ó Aoibhill na Craige Léithe* (O’Rahilly 1952, *ADC* 138); *Aoibheall, ’fháidhbhean ársa ón Léithchraig* (CMO 167); *Tairgeann Aoibheall, croi gan claoinbheart / cara na Muimhneach, sibhean Léithchraig* (CMO 117-18).

° **143 fáidh:** Féach: *is Aoibhill beanfháig Chraige Léithe* (O’Rahilly 1952, *TÉ* 180).

* **143-259** Eachtra Dhonncha Rua sa Domhan Íochtarach. Is suimiúil mar a thiteann an chuid seo den dán amach, agus aithním dlúththionchar an *Aeinéid* féin ar línte agus ar smaointe áirithe den dán. Go deimhin féin, is minic go ndeighiltear an dán ina dhá leath sna lámhscríbhinní; **1-136**, agus **137-290**, le cur síos roimh an dara leath ar a dtiteann amach sa Domhan Íochtarach, mar a fheictear i gcuid mhaith lámhscríbhinní. Féach, mar shampla, : *An Dara Roinnt ionna ttrachtar ar ionngiontus áighmheil mhór an modh aislinge aneolachus ré Íobhall Carruige Léithe, ar ndul san áit a ráitear Elisium, ar an radharc ansin ...* (**Ls 8**, 78, nó **ls 1** ar lch 56 den tráchtas seo). Dar ndóigh, admhaím go bhfuil críoch dhifriúil ag an *Eachtra*, agus blas searbh aoiriúil tríd an dán nach bhfuil ag Virgil, ach ón gcéad fhéachaint, tá gnéithe den scéal atá an-ghar ar fad do leabhar VI de shaothar Virgil, le dréachtaí áirithe bunaithe go soiléir ar leagan amach an domhain íochtaraigh, nó i gcásanna áirithe, nach mór focal ar fhocal ar an mbunsaothar¹⁸. Níorbh aon ionadh é dá mbeadh téacs Laidine Virgil i seilbh an fhile agus cur amach maith aige air.

Tá a thionchar seo aitheanta ag neart scríbhneoirí romham, fiú i geló chomh luath le 1820, fad is a bhí cóipeanna den dán fós á mbreacadh sna lámhscríbhinní:

... a mock *Aeneid*, in which there are some lines by no means inferior to any of Virgil’s. The shout of Charon, as described by the Irish bard... is, perhaps, superior to the Cyclops’ roar of the Mantuan poet (O’Reilly ccxxxi, 1820).

Maidir leis na cóipeanna lámhscríbhinne den *Eachtra*, is minic go bhfeictear an dán deighilte ina dhá leath iontu; ó línte **1-ca. 136**, agus ó ca. **137** - deireadh an dáin, le cur síos díreach roimh an dara leath ar a dtiteann amach sa Domhan Íochtarach. Mar a

¹⁸ Féach go bhfuil sin taispeánta agam sna Nótaí ar an Téacs san áit chuí faoi uimhir na líne.

fheictear i gcuid mhaith lámhscríbhinní, bíonn cur síos i bhfoirm phróis ar a bhfuil le teacht sa dara cuid. Féach, mar shampla ar lámhscríbhinn **8**, a bhreac Labhrás Ó Fuartháin, scoláire de chuid Dhonncha, más fíor don traidisiún : *An Dara Roinnt ionna ttrachtar ar ionngiontus áighmheil mhór an modh aislinge ... air ndul san áit aráidhtear Elisium, air an radharc annsin air tharainngreacht Conáin, ar tteacht as sin ...* (**8**, lch 78).

Tá trácht déanta agam cheana ar oideachas Dhonncha Rua, is é sin, go ndeirtear go bhfuair sé oideachas in Éirinn agus i gColáiste Éireannach thar lear. Pé áit a bhfuair sé a chuid léinn, file, scríobhaí, agus múinteoir scoile a bhí ann – ‘ag múnadh scoile dob obair dom laethaibh’ mar a deir sé féin. Tugann sé le fios sa dán féin go raibh an Laidin aige (**86, 174**), agus dar ndóigh, bhí an Laidin mar an dara teanga agus mar chomhartha léinn sa tír seo ar feadh i bhfad, cuid mhaith ama sula raibh an Béarla i dtreis. Ina theannta sin, tá fianaise mharbhna Thadhg Ghaelaigh againn, scríofa ag Donncha Rua as Laidin agus é 80 bliain d’aois.¹⁹ Mar sin, níorbh aon ionadh é dá mbeadh téacs Laidine Virgil i seilbh an fhile agus cur amach maith aige air. Tóg mar shampla an scríobhaí agus an feirmeoir Pádraig Ó Néill (a rugadh thart ar 1765), fear a bhreac cóip de *Eachtra Ghiolla an Amaráin* (ls **30**) agus a d’aistrigh sé go Béarla sa lámhscríbhinn chéanna. Ní hamháin sin, ach ón eolas atá againn ar leabharlann an fhir seo, tá a fhios againn go raibh cóip den *Aeinéid* ina sheilbh aige (Ó Néill, Eoghan, 1988, 85).

Dar ndóigh, ní haon ní neamhghnách é go mbeadh tagairtí clasaiceacha i bhfilíocht Ghaeilge na tréimhse, cé gur minic nach bhfuil iontu ach sraith *clichés*. Is iomaí tagairt trí litríocht na Gaeilge do na clasaicí Laidine. Féach, mar shampla, ‘Air bhrógaibh do bronnadh air’ le hAogán Ó Rathaille (Ó Duinnín, 1900, 96), nó na tagairtí flúirseacha ag Tadhg Dall Ó hUiginn roimhe sin nó Eoghan Rua Ó Súilleabháin ina dhiaidh. Cuirim i gcás go bhfuil níos mó ná sin i gceist ag Donncha

¹⁹ Pléite sa chaibidil bheathaisnéiseach agam.

Rua sa dán, áfach, tá níos mó ná liosta ainmneacha nó léiriú mórtasach ar a chuid eolais. *Mythopeia* a thugtar air seo, ag tarraingt ar thobar scéalta miotaseolaíochta agus ag cruthú scéalta nua astu. Is léiriú é sin ar shaoirse an fhile, nó ar shaoirse an traidisiúin féin, nach gcuirfeadh sé isteach nó amach air a bheith ag tarraingt ar théacs mar an *Aeinéid*, nó ag múnú a leithéid de théacs faoi mar a d'oirfeadh sé. Bheadh seo gar go leor don mhéid a scríobhadh faoi lucht litríochta na meánGhaeilge, agus faoin téacs meánaoiseach *Imtheachta Aeniasa*, leagan meánGhaeilge de théacs Virgil go háirithe:

They showed no sign of deferential awe towards classical antiquity. ... these anonymous translators and adapters of classical poems and myths took what they found interesting and attractive and used it freely and imaginatively without any sense of inferiority. They had their own illustrious kings and heroes to match those of Greece and Rome. Besides, they had their own sophisticated methods of story-telling and poetry making (Stanford 1970, 73).²⁰

B'shin meon lucht pinn na hÉireann i leith na saothar eachtrannach, agus glacadh isteach na téacsanna seo sa traidisiún dúchasach ar shlí ar leith. Tá cuid de na heachtraí san *Eachtra* an-ghar d'imeachtaí an *Aeinéid*, ach ionramháileann Donncha Rua iad le cur in oiriúint do lucht éisteachta / léitheoireachta Gaelach a linne féin.

An chuid den dán ina bhfuil sraith imeachtaí sa Domhan Íochtarach, sin maighdeog an dá shaothair. I leabhar VI den *Aeinéid*, téann Aeneas chomh fada le Cumae, láthair ina bhfuil an tSibille, beanfháidh Apollo, ina cónaí. Treoraíonn an tSibille síos é, áit a mbuaileann sé le scáth a athar, Anchises, fear a nochtann glóir na

²⁰ Tá sé suimiúil nach bhfuil na cosúlachtaí céanna idir an téacs meánaoiseach Gaeilge agus dán Dhonncha Rua, agus atá le Virgil. Bheadh sé deacair a shamhlú go mbeadh slí ag Donncha Rua le *Imtheachta Aeniasa* a léamh. Is léiriú ann féin é sin ar bhriseadh an traidisiúin, agus go raibh ar dhaoine imeacht thar lear le hoideachas a fháil. Murab ionann agus *Imtheachta Aeniasa*, níl Donncha Rua ag glacadh leis mar théacs ar eachtraí stairiúla.

Róimhe mar a bheidh, óna ré féin chomh fada le ré Virgil féin. Seo teacht in inmhe Aeneas an laoch, mar cé go raibh cuid mhaith de chruatan an tsaoil roimhe seo aige, tá súil aige i ndiaidh an turais seo le laethanta níos fearr roimhe amach, le cathair nua a bhunú dá mhuintir féin. Thar rud ar bith eile, is é atá san *Aenéid* ná tóir ar ord agus ar shíocháin sa Róimh agus san Impireacht.

Maidir leis na heachtraí faoi mar a thiteann siad amach in *Eachtra Ghiolla an Amaráin*, seo iad go bunúsach: feiceann an file Aoibheall agus é ar an long. Beireann sí greim air agus siúd leis síos le hAoibheall é, áit a nochtar dúinn ar feadh nach mór 120 líne trí shúile an fhile. Deir an bhandia focail mhisnigh leis fad is a fheiceann an file radharcanna iontais den chéad uair; timpeallacht ifreanda, scanrúil. Lena chur síos ar an áit, tagann an file, príomhlaoch an dáin, trasna ar línte Virgil (agus luaitear Virgil faoi dhó sa dán), d'aon ghnó, dar liom, le cur in iúl go bhfuil sé chun a chló féin a chur ar leagan Virgil den scéal: *ní hionann mar thuiteann ó Virgil le hAonghas (163)*. Sa tslí sin, tugann sé le fios go bhfuil an leagan sin ar eolas aige, ach gur seo an leagan Gaeilge den scéal, agus é níos fearr, mar dhea. Buailéann siad le Conán, an fear farantóireachta. Ceansaíonn Aoibheall Conán le míniú ar uaisleacht Ghaelach an fhile, téann siad trasna na habhann le chéile, agus ansin ceansaíonn Conán Cerberus le neart a ghéag. Baineann siad barr cnoic amach a thugann deis do Chonán cur síos a thabhairt ar phearsana móra ó litríocht na Laidine agus na Gaeilge atá mórthimpeall orthu. Ansin casann sé ar chúrsaí polaitíochta, féachann siad ar na daoine damanta Protastúnacha i gceangal branraí agus fógraíonn sé go mbeidh todhchaí gheal ag na Gaeil / Caitlicigh in Éirinn arís. Leis sin, scarann siad óna chéile arís, agus téann Aoibheall agus Donncha Rua ar ais go dtí an long.

Fad is atá Donncha Rua thíos in Hades, nochtar ainmneacha na ndaoine roimhe, agus is daoine le háireamh iad. Laochra ón Iliad, scríbhneoirí agus ceannairí polaitiúla ó himpire na Róimhe a luaitear faoi seach:

Horace ann a' mealladh a shuilt Mhecaenas
's, dá ngearradhsan gan lagadh ar bith le géire,
Ovid 'na shuí ar bhinse féir ghlais,
's a nóta scríofa síos chum Caesar,
Juvenal 's a phionn idir a mhéara,
is diomblas mar dhubh aige is géirnimh, (217-22)

Díreach ina dhiaidh sin, áfach, a luaitear Aobh Buí Mac Cruitín ina measc, agus é chomh maith céanna le héinne acu:

Aodh Buí Mac Cuirín as Éire,
is é 'filíocht go goib-bhinn i nGaeilge,

a bprionsasan go ceansa suilt dá mbréagadh,
is fonn a ghoib go dtabharfadh duine ón éag leis? (223-6).

Gan dabht feicimid anseo an ceangal idir na húdair mhóra chlasaiceacha agus litríocht na Gaeilge. Leiríonn Aodh Buí Mac Cruitín tuairim an-dearfach, fiúntach de chultúr na Gaeilge, mar go meabhraíonn sé sinsearthacht na Gaeilge don léitheoir agus dearbhaíonn gur ceart aitheantas a bheith aici mar theanga léannta, ar dual di ómós agus gradam.

Tá gnéithe págánacha agus Críostaí ag Hades Mhic Conmara, cosúil le fíis Dante, agus mar an gcéanna le Dante, tugtar breithiúnas reiligiúnda anseo. Tá feannadh scigiúil frithPhrotastúnach ann. Deirtear linn go ndiúltaíonn Conán, an fear farantóireachta, labhairt le duine nach bhfuil Gaeilge nó Laidin aige, agus nach mbéarfaidh sé Sasanach trasna na habhann gan réal gheal! Is cosúil go bhfuil an file ag trácht ar an rud go bhfuil na Sasanaigh le coimeád siar ó pháirceanna Elisium. Fairis sin, gearrtar piónós éigin ar Luther, Calvin, Anraí VIII agus a bhanríon:

*Machtnaighse Luther d'iompaigh an téarma,
is Calvin 'na gcrústa a' cùradh méithris,
an t-ochtú Hanraí 's a bhanríon bhréagach,
crochta i mbranraí i slabhraí daora (233-6).*

Measadh ag an am go raibh Protastúnaigh na linne in Éirinn níos raimhre mar gheall ar shócúlacht a saoil le hais na nGael – go n-íosfaidís feoil Dé hAoine (féach an nóta ar **234**). Maidir le hAnraí agus a bhean (pé duine acu atá i gceist), táid fé cheangal na mbranraí. Ina dhiaidh sin, tugann Conán comhairle don fhile ar conas a d'fhéadfadh sé bheith ina Chaitliceach maith, leis, rud atá suimiúil nuair a smaoinimid ar phágantacht na bhFian, agus go bhfuil Fionn agus na Fianna thíos rompu.

An dá phearsa eile is suntasaí sa dán, agus, go deimhin féin, an t-aon bheirt eile a bhfuil ról labhartha acu ann, ná Conán agus Aoibheall, beirt dar ndóigh, atá tógtha as an traidisiún dúchasach. Má fhéachaimid ar Chonán ar dtús, déantar tagairt thapaidh dó níos luaithe: 'Go Port Láirge dhon stáir sin téimse / chó farránta le Conán na Féinne (**53-4**)'. Le tagairt den saghas sin, dar liom, tá an file ag iarraidh an lucht éisteachta a tharraingt isteach sa scéal, toisc go mbeadh cur amach maith acu ar ghníomhartha Chonáin ó scéalta Fiannaíochta. Os a choinne sin, tá Conán lárnach sa dara leath den dán. Chabhródh cur amach ar Bhruíon Chaorthainn leis an líne: 'do bhí croiceann dubh fóisce air a t[h]óin mar éadach (**171**)', ach tá ról nua anseo aige, é in áit Charon mar fhear farantóireachta trasna an Styx! Agus díreach fearacht an fhir úd sa Aenéid, nil sé puinn sásta duine beo a fheiscint roimis agus tugann sé ide béil d'Aoibheall as ucht é a thabhairt léi. A luaithe is a chuirtear in iúl dó Gaelachas agus uaisleacht an chuairoteora, áfach, ceansaítear é. Glactar isteach sa bhád iad, agus tar éis dóibh teacht trasna, ceansaíonn Conán Cerberus, an gadhar fíochmhar ilcheannach. Ansin beireann sé go barr cnoic iad le go bhféachaidís timpeall orthu is go n-éistfidís leis. Is pearsa údarásach Conán, agus feiceann an léitheoir fathaigh litríocht chlasaiceach na Gaeilge agus na Laidine dá bharr. Sa tslí seo, ní héagsúil ar fad le

hAnchises atá sé, athair Aeneas. Is urlabhra teagscúil é Anchises, a nochtann an todhchaí uaidh, agus sin mar a dhéanann Conán freisin. Tá tairngreacht Chonáin dílis do thraidisún na haislinge, ag trácht ar an mian go dtiocfadh na Stíobhartaigh i gcumhacht arís, agus go bhfillfidh seanlaethanta na glóire ar shliocht Mhilesius.

Sa chomhthéacs seo, tá Aoibheall tábhachtach maidir lena ról sa dán agus í mar ionchollú ainnir na haislinge, ba dhóigh leat. Murab ionann agus formhór na filíochta san ochtú céad déag, áfach, tá ról difriúil anseo ag Aoibheall. Ar an gcéad dul síos, feictear cosúlachtaí idir í féin agus an tSibille, an bhean a dtéann Aeneas síos go Hades léi. Mar sin féin, ní deir sí cé hí féin linn (ná gur ainnir na hÉireann atá inti), ach go n-aithníonn Donncha Rua í láithreach, agus rud ait, ní hise a thráchtann ar staid na tíre ag an am. Ina háit sin, is é Conán a thugann tairngreacht de réir na haislinge. Mar a tharlaíonn, is beag cainte a dhéantar idir Aoibheall agus an file sa dán. Aithníonn sé í láithreach, agus gan focal, téann sé léi. An t-aon uair go labhrann siad ná nuair a iarrann sé uirthi cá bhfuilid ag dul agus deir sí leis muinín iomlán a bheith aici as, go bhfeicfidh sé iontais fad is a bheidh sé léi. An dara babhta, is an uair dheireanach a labhrann Aoibheall ná chun Conán a cheansú nuair a fheiceann sé duine beo roimis. Ar deireadh, beireann sí an file léi ar ais chuig an long, áit a ndúisíonn sé leis an tuisicint ná raibh san eachtra ar fad le hAoibheall sa Domhan Íochtarach ach aisling.

* **144-6** San *Aeinéid*, téann Aeinéas agus an tSibille síos go dtí an Domhan Íochtarach ag uaimh i gCumae i ndeisceart na hIodáile. Tá an-chosúlacht idir seo agus línte ón *Aeinéid*, leabhar VI, ach gur drochaer bréan a bhí ag séideadh as an uaimh sin ag Virgil: *spelunca fuit alta que immanis vasto hiatu / ... talis halitus effundens atris faucibus / ferebat sese ad convexa supera.*

‘a cave there was, deep and vast with yawning mouth, so foul an exhalation streaming out from its black jaws wafted itself to the vault of heaven’ (A 237, 240-1).

◦ **144** *láimh*: Foirm an tabharthaigh anseo mar dhobhriathar suímh.

◦ *re báienseach réitigh*: Féach *DINN réidhteach, báienseach réidhtigh* ‘a level lawn’.

*◦ **145** *uadh*: ‘Cave’ is brí leis i gcomhthéacs clasaiceach an dáin. Níor athraíos litriú na lámhscríbhíne anseo (ná litriú **156**), cé go bhféadfaí an t-athrú *dh* > *mh* a dhéanamh, ach féach *DIL úag: an diabhal daill, | do líomhadh ar uaidh ifrinn* ‘who was whetted in the cave of hell’.

◦ **147** *ardracht*: Féach *DIL*, mar shampla, *ardracht* = *árdfollus*, agus a mhalairt, *indrocht* = *nemfollus*, ‘obscure, dark’. Féach, leis, *DINN árdrecht*, ach ‘alertly’ is brí leis, dar leis, agus an líne seo ón *Eachtra* mar shampla aige.

* **149** Féach *Is aibigh adúirt, ‘a chrústa chrionna ...* (CMO 959).

◦ **149-54**: Díreach mar a dhéanann an tSibille san *Aeinéid*, déanann Aoibheall an file a spreagadh le focail mhisnigh: “... *nunc Aeneas opus animis, nunc firmo pectore.*” *effata tantum inmisit se furens aperto antro; ille haud timidis passibus aequat ducem vadentem.*

“Now, O Aeneas, there is need of valour, now of a stout heart.” Having spoken so much she plunged raving into the open cave; he with confident steps, keeps pace with his guide as she strides along’ (*A* 261-64).

◦ **152**: *go bhfilllead*: An modh foshuiteach, an chéad phearsa uatha. Tá sé suimiúil gur *go bhfillir* (= *go bhfilllear?*) atá i dtraidisiún **B**, an modh foshuiteach láithreach, dara pearsa uatha.

* **153** *fir Thuamhan*: Seans gur tagairt í seo d'áit dhúchais an fhile, ach ní gá go mbeadh Donncha Rua san áireamh ag Aoibheall anseo. Tuamhan = tuadh Mhumhan, 'Thomond'.

° **154** *luadh*: Choimeádas litriú na lámhscríbhíne anseo.

° **155** *buaileamaoid*: Coimeádaim litriú na lámhscríbhíne anseo. Mhair *-maoid* mar fhoirceann i ndiaidh na Nua-Ghaeilge Clasaicí isteach sa Nua-Ghaeilge Iar-chlasaiceach agus tá samplaí flúirseacha den fhoirm in *Corpas na Gaeilge*.

° *gibheal*: Féach *DINN geimheal*, *i ngeimheal a chéile* 'linked together, hand in hand'; agus *FGB*, 'fetter, shackle, chain'.

B'fhéidir gur *gibheal* > *giall* atá ann, ach níor éirigh liom teacht ar fhianaise a thacódh le brí shásúil leis an bhfocal san abairt seo.

* **157-9** Cuir i gcomparáid; *hinc via quae fert ad undas Tarterei Acherontis / hic turbidus gurgis aestuat caeno vastaque voragine*.

'Hence lies the way which leads to the waters of Tartarean Acheron / here the turbid water seethes with mire and huge eddies' (*A* 295-7).

* **158** *Acheron*: Abhainn in iarthuaisceart na Gréige, ach ar creideadh fúithi gur chraobhabhainn de chuid an Styx í thíos sa Domhan Íochtarach, nó Hades. Í fuar toisc gur mheas daoine ar feadh i bhfad go mbeadh Ifreann fuar. Féach, mar shampla, Murphy: *Uch tri fichid bliadhain búan / ro bhí misi a n-ifreann fhúar* (1933, 172), agus: 'Cold, mouldering, and dingy, Hades is a mirthless place' (Hornblower agus Spawforth 2003, 661). Mar fhianaise i litríocht na Gaeilge, féach an scéal '*Scéla lai brátha inso sí*', ina luaitear fuacht agus teas le hifreann, Best agus Bergin 1929, 80-1). Maidir leis an abhainn Acheron féin, is minic a dhéantar tagairt di i bhfilíocht ré Dhonncha sa Ghaeilge, agus féach, mar shampla: *Is sheolfainn t'anam go Acheron tonntach* (*CMO* 656).

* **159-64** Tá comhthéacs na línte seo le brath ón *Aeinéid*, díreach mar a admhaíonn an file féin in **163** nuair a mhaíonn sé an difir idir ar tharla dó féin agus d’Aeinéas. Cuir **159-64** i gcomparáid leis na sleachta seo ó Virgil:

Huc ruebat omnis turba effusa ad ripas, matres atque viri ‘Hither rushed all the crowd, streaming to the banks, matrons and men’ (A 305).

stabant orantes primi transmittere cursum / tenedebantque manus amore ulterioris ripae / sed tristis navita accipit nunc hos nunc illos / ast alios submotos arcet longe harena.

‘They stood, pleading to be the first to make the crossing, and stretched forth their hands in yearning for the farther shore. But the stern ferryman receives now these, now those, but others he thrusts away and keeps far from the strand’ (A 313-16).

nec datur transportare horrendas ripas et rauca fluenta / priusquam ossa quierunt sedibus. Centum annos errant volitantque circum haec litora ‘Nor is it given to him to ferry them over the dread banks and hoarse waters before their bones have found rest in their graves. A hundred years they wander and flit about these shores’ (A 327-8).

Is é mo léamh féin air seo, i bhfianaise línte **173-4** freisin, ná nach dtabharfaí trasna na habhann iad mura mbeadh an Laidin nó an Ghaeilge acu nó, dá mba Ghaill iad, go mbeadh orthu Conán a íoc; b’fhéidir, mar sin, gur easpa airgid is cúis leis. Ní hionann sin agus cur síos Virgil, ar ndóigh. Tá tuilleadh eolais le fáil i gcóipeanna eile den dán sna lámhscríbhinní a breacadh i ndiaidh **M**. Féach an plé ar líne **164** thíos chomh maith.

° **159** *eanach: vides alta stagna Cocyti Stygiamque paludem*, ‘you see the deep pools of Cocytus and the Stygian marsh’ (A 323).

° *drong*: Fuaim /ou/ leis an nguta aiceanta anseo.

° *éagaid*: *éaguidh* litriú **M**. *éagaid* (= *a éagann*), foirm choibhneasta atá i gceist, ‘This is the morass into which these who die go’.

* **160** Cuir i gcomparáid: *iuxta hos damnati mortis falso crimine*.

‘Near these (were those) condemned to death on a false charge’ (A 430).

di quibus imperium est animarium que silentes umbrae.

‘Ye gods who have dominion over souls ye silent shades’ (A 264).

Tá brí dhifriúil an dá fhocal, *anam* agus *samhail*, tábhachtach i suíomh an domhain íochtaraigh, agus léiríonn an file a thuiscint ar an méid sin anseo. Ar ndóigh, níor chóir go mbeadh duine beo i láthair thíos.

i ngeall: sa chiall go bhfuilid sáinnithe thíos atá i gceist anseo, dar liom.

° **162** *faigheadh*: Féach **100** thuas.

* **163** *Virgil*: Údar an *Aeinéid*, ar a bhfuil cuid mhaith den dara cuid den *Eachtra* bunaithe. Tá dhá thagairt do Virgil sa dán (féach freisin **195**). Tá blas difriúil ón dá thagairt ná ó fhorhmór na dtagairtí liteartha eile sa dán. Braithim go bhfuil an file ag iarraidh cur in iúl don léitheoir / éisteoir go bhfuil cur amach cuimsitheach aige ar théacs Virgil agus go bhfuil sé ag tarraingt ar chuid den mhéid a scríobh an file clasaiceach.

* *hAonghas*: Aeinéas atá anseo, dar ndóigh, mac le *Anchises* (**213**) agus leis an mbandia *Aphrodite*, príomhloach an *Aeinéid*. Tá an leagan céanna den ainm, mar shampla, in: *Do bhíos am sgoilire ag imeacht mar Aongus / an uair do briseadh a loingear ó chéile* (O’Rahilly 1952, ADC 71-2). D’éalaigh sé ó thitim na Traí, agus bhunaigh a shliocht i gcathair na Róimhe tar éis mórán eachtraí a gcuirtear síos orthu san *Aeinéid*.

* **164** I ndiaidh na líne seo de **M** a fheictear na línte breise ó lámhscríbhinn **1** ar aghaidh:

acht slóighte chaitheann le rabairne a saothar

ag ól 's a'carabhus go bhfanaid gan aon rud

gan cabhcain acu ná an leathphingin déanach

le tabhairt don chaladh mara bhfaighid mar dhéirc í (féach **Eolas ar na**

Lámhscríbhinní 3.1)

huireaspa: béim ar an gcéad shiolla anseo de ghrá na meadarachta, nós nach dtagann le gnáthfhuaimniú na canúna.

* **165-74** Féach, mar shampla, an cur síos atá ag Virgil ar Charon, fear farantóireachta an *Aeinéid*:

horrendus portitor servat has aquas et flumina / Charon terribili squalore cui mento / iacet plurima inculta canities, lumina stant flamma, / sordidus amictus dependet nodo umeris. / Ipse subigit ratem contoque ministrat velis, / et ferruginea cumba subvectat corpora.

‘A dread ferryman guards these floods and streams, Charon, he of hideous squalor, on whose chin lies a mass of unkempt grey hair, and his filthy cloak hangs by a knot from his shoulders. Alone himself he paddles the boat with a pole and tends the sails and in his dusky barque he ferries the dead’ (*A* 298-303).

I miotaseolaíocht na Gréige, ba é Charon fear farantóireachta an Domhain Íochtaraigh a thugadh anamacha na marbh trasna na habhann a scair saol na mbeo ó shaol na neamhbheo. Chuirí bonn airgid, *obolus*, nó *danake*, i mbéalaibh na gcorpán. Tá tagairt thánaisteach dó sin in **173** thíos.

Chuaigh laochra éagsúla ann agus tháinig ar ais slán, gan trácht ar *Aeinéas*; Dionysus, Psyche, Heracles agus Orpheus, mar shampla.

° **165 léighbhinn**: Tá gá le dhá shiolla anseo [l'e:'vin'], mar sin d'fhágas an litriú mar a bhí sa lámhscríbhinn; ní fúmsa a rá ar chóir an *gh* nó an *bh* a ghearradh amach.

* **166** *Charon*: Éilíonn an mheadaracht /a:/ ón nguta aiceanta anseo.

* ° **170** *galántacht*: Féach *DD galántacht: Uaisleacht, ionracas*.

* **170-1** Seo tagairt don scéal Fiannaíochta *Bruíon Chaorthainn*. Tá na Fianna ar fad greamaithe leis an talamh istigh sa bhruíon. Scaoiltear ar fad iad sa deireadh ach amháin Conán. Stróiceann siad aníos ón talamh é, ach fágfar craiceann a thóna ina dhiaidh. Clúdaítear a thóin le craiceann fóisce ina dhiaidh sin.

Is dócha go raibh Donncha Rua ag cuimhneamh ar scigaithe nó *burlesque* a dhéanamh ar stíl ghléasta Charon san *Aeinéid* ag an bhfile: *sordidus ex humeris modo dependebat amictus*.

‘and his filthy cloak hangs by a knot from his shoulders.’ (*A* 301).

Maidir le Conán sa dán ó **167-255**, níl mórán fianaise aimsithe agam ar Chonán agus ar na Fianna (**227-31**) sa Domhan Íochtarach, ar a mbunódh Donncha Rua an chuid seo den dán. Tá an scéal *Oscar na Súiste*, atá bailithe ag de hÍde (1892, 417-25), in *Révue Celtique* XIII, i nGaeilge agus i bhFraincis faoin teideal *Oscar au Fléau*. Mar chuid de seo atá buairt na ndaoine go mbeadh laochra na Féinne damanta in Ifreann thíos, ach is dócha gur ceapadh an scéal mar fhuascailt air seo. Cheadaigh Naomh Pádraig (tar éis idirghuí Oisín ar a son) súiste d’Oscar agus talamh ar leith do na Fianna sa tslí nach bhféadfadh na diabhair iad a sciúirseadh, is go bhféadfadh siad fanacht ann go slán gan chiapadh.

Fairis sin, feictear na Fianna sa Domhan Íochtarach i laoi 50 in *Duanaire Finn*: ‘The House of Morna Defend Fionn in Hell’. Agus Fionn féin thíos in ifreann, déanann clanna Mhórna iarracht troid a dhéanamh len é a chosaint i gcoinne na ndiabhal atá á ionsaí:

Dia ndeacham síos ar do cionn

ar Conán maol ní leasg liom

da ttugam beim tar do ceann

na tisam fein as ifreann ...

Ionmhuin buidhion tainic ann

sios do comrac tar mo ceann

anam Guill ba feirde in dáil

anam Daigre anam Conáin (Murphy 1933, 170).

° **171** croiceann (171n.) féach IR 122: oi > e in *croiceann, oibre, oibrigh, oifig, troigh, troid*.

* **173** Féach nóta * **165-74** thuas.

* **174** Leis an tagairt seo agus **86** freisin, tá léiriú ar an dá theanga léannta a bheadh ag an bhfile, le dímheas intuigthe léirithe aige i leith an Bhéarla.

* **175-182** Tá seo bunaithe ar línte ón *Aeinéid* nuair a thagann olc ar Charon cuairteoir beo a fheiceáil roimhe: *ut navita prospexit quos ire per tacitum nemus / que advertere pedem ripae, sic prior iam inde / adgreditur dictis atque increpat ultro: / "quisquis es, qui tendis armatus ad nostra flumina / age fare iam istinc quid venias et compresse gressum"*.

‘When the boatman beheld them advancing through the silent grove, and bending their step up the bank, thus he first straightaway challenges them and upbraids them unprovoked: “Whoever thou art who comest armed to our river, come say at once why thou comest, and stay thy step”’ (A 385-89).

° **176** *scíosmhar*: Féach *FGB scítheach*, ‘tired, weary’.

° **178** *crústa*: In *CCI*, *crústa fir* = *fear cruaidh sprionnlaighthe*, agus in *FGB* tá an bhri chéanna leis. Seans go bhfuil sé gaolta le ‘crusty’ an Bhéarla, *OED*: ‘Of persons (or their dispositions, etc.): Short of temper; harshly curt in manner or speech, hardened,

stubborn’, nó le ‘crust’ an Bhéarla féin, duine nó rud a bheadh seasc agus cruaidh.

Féach chomh maith: *a chrústa chríonna* (CMO 951).

° *chaille*: Féach: *Nó ag suairle salach do chaile gan tionscal* (CMO 219).

° **180** *sciolla dho*: Féach: ‘Is gnáthach go mbíonn **y, y’** in ionad **d, d’** i ndiaidh focail dar críoch guta ...’ (GCD 201), cé go mbíonn sé in úsáid ag an bhfile i gcásanna eile chomh maith. Maidir le *sciolla*, féach *FGB sceall*, ‘flake, chip’, ach ‘a scrap of [mortal] flesh’ is brí leis anseo, dar liom.

° *chré*: Duine beo atá i gceist anseo aige, seachas marbh, faoi mar a bheadh Charon ag súil leis sa Domhan Íochtarach. Seo mar a mhíníonn Virgil é i bhfocail Charon:

hic est locus umbrarum somni soporaeque noctis / nefas vectare viva corpora Stygia carina, ‘Here is the abode of the Shades, of Sleep and drowsy night, it is unlawful to carry living bodies in (my) Stygian boat’ (A 390-1).

° **181** *mursanta*: Féach *DINN*, ‘a haughty assertion of power’ agus an líne seo mar shampla aige, agus *CCII*, *bean mh. bhorb stórtha = máighistreamhail*.

*° **183** *bhiochardha*: Bheifí ag súil le *mhiochardha*, ach coimeádaim an litriú lámhscríbhíne anseo. Féach *FGB miochaire*: ‘tender, kind, affable, courteous’. Tá an focal ag Eoghan Rua, mar shampla, sa dán ‘*Ar maidin i ndé is mé ag taisteal i gcéin*’:

Fionnaim den ríoghain mhiochardha mhín tais

bhileamhail bhinn bhleacht bhéasach,

... nó ar bh’fhéidir gur bh’ise an taobh-leabhair mhiochair

thug géilleadh ’o Mhac Cumhaill is géar-shearc (Ó Duinnín 1923, 71).

* Tá an líne seo an-chosúil le caint Sibille le Charon; *absiste moveri*, ‘cease to be disturbed’ (A 399).

◦ **184** *glac iomchar réitigh*: ‘behave peacefully’. Féach *DIL imchor* ‘bearing, deportment, behaviour.’ Tá an guta gearr /u/ ag teastáil anseo don mheadaracht murab ionann agus /ou/ le **254** thíos.

* **185-6** Tá sé seo cosúil leis an gcaoi a gcuireann Sibille síos ar Aeinéas le cur ina lú ar Charon go raibh an mianach ceart san fhear a tháinig anuas léi. *Troius Aeneas, insignis pietate et armis* ‘Aeneas, distinguished in worthiness and in arms’ (*A* 403).

◦ **186** *chineadhchuibh* atá sa lámhscríbhinn. Féach an fhoirm mhalartach in *FGB cineadh, cineadhach* = *cine, ciníoch*, agus cuirim seo i bhfeidhm d’fhoirm an tabharthaigh iolra mar atá anseo. Éilíonn an mheadaracht /a/ anseo, murab ionann an /i:/ a fheictear le *fileadhacht* (**224**) sa lámhscríbhinn.

* **187-8** Dar le O’Grady, aithris is ea na línte seo ar gháir a lig an Cioclóip Polaiféamus i leabhar III den *Aenéid* (669-72): *Clamoremmensum tollit, quo pontus et omnes / Intremure undae, penitusque exterrita tellus / Italiae, curvisque immugiit Aetna cavernis.*

With that he roar’d aloud: the dreadful cry / Shakes earth, and air, and seas; the billows fly / Before the bellowing noise to distant Italy. / The neigh’ring Aetna trembling all around, / The winding caverns echo to the sound (O’Grady 1853, 36, agus *A*₃).

◦ **187** *macámh*: Féach *DIL maccoím*, agus freisin, Mac Cana (1991, 27-36), agus O’Rahilly, (1972, 31, 35).

Is dóigh liom go bhfuil an bhéim ar an gcéad siolla den fhocal *macámh*, ag déanamh comhfhuaimne le *barra*, mar ní shamhlaím guta aiceanta fada le *barra*. Tuigim, mar sin féin, gur /a:/ (*gáire* agus *ard*) an guta aiceanta i lár líne **188**. Féach **An Mheadaracht**,

3.

* **189-90** Feicim cosúlacht anseo leis na línte ag Virgil: *solum mugire sub pedibus et iuga silvarum coepta moveri* ‘the ground began to rumble beneath their feet and the ridges of the forest began to quake’ (A 256).

◦ **189** *c(h)rothadh*: Leagan canúnach den bhriathar, agus coimeádaim litriú na lámhscríbhinne anseo. Féach **40** thuas.

◦ **191** *téigheam*: Maidir leis seo agus *déanam* (**192**), féach **Teanga 2.3.2.6** agus **2.3.2.8**.

* **191-2** Féach an *Aeinéid*: *tandem trans fluvium exponit vatemque virumque incolumes / informi limo glaucuque in ulva*. ‘At length across the stream he lodges the prophetess & hero safe on the foul sludge & amid the grey sedge’ (A 415-16).

◦ **192** *aithghearr*: Seo *aicearra* an Chaighdeáin, ach gan ach dhá shiolla ag teastáil anseo. Féach *DINN aithgheárr* ‘... a shortcut, a near way’, agus Ó hÓgáin (1984), *aicearra, aithghearr*, ‘short-cut’.

◦ **193** *eanaiigh*: Ainmneach iolra an fhocail *eanach*; dar liom go bhfuil an bhéim ar an gcéad siolla san fhocal seo mar atá san fhocal *geataí* sa líne chéanna, agus *maistín* agus *glamaoil* ag **194**.

◦ *geataí*: Nílím cinnte cad iad na geataí atá i gceist anseo aige. San *Aeinéid* VI, tá na mairbh faoi ghlas taobh istigh de gheataí Tartarus, atá fáiscithe go daingean, áit a bhfuil ciapadh agus sciúirseadh na bpeacach ar siúl. Gabhann siad an bealach go hElysium, áfach, mar a dtreoraíonn Conán Aoibheall agus Donncha Rua anseo, áit a bhfuil na laochra bailithe sna línte a leanann.

* **194-202** *Cerberus* sa Domhan Íochtarach: Madra faire an Domhain Íochtaraigh, ní scaoilfeadh sé daoine daonna isteach, ná ní ligfeadh sé d’éinne a bhí tagtha trasna na

habhann éalú. Tá meascán smaointe ag an bhfile anseo. Ar an gcéad dul síos, tá Cerberus ina chodladh, faoi mar a tharla dó san *Aeinéid* nuair a chaith an tSibille cáca suanchógasach ina threo. Ní tharlaíonn an cleas céanna san *Eachtra*, agus is é Conán a théann in achrann leis. Sa mhiotaseolaíocht Ghréagach, rinne Earcail é a cheansú le neart a ghéag. Feictear tagairt dó seo in: *Do chuas le hEarcuile go Cerberus tréinteann / an uair thug amus ar chonnsagar Théseus* (O’Rahilly 1952, ADC 106-7), agus tá tagairt thánaisteach dó ag Charon san *Aeinéid* chomh maith agus é ag gearán go raibh air Earcail a iompar trasna chuig Cerberus (A 392-6).

* Féach na línte seo maidir le Cerberus san *Aeinéid*: *licet ingens ianitor latrans aeternum antro / terreat exsanguis umbras* ‘let the huge janitor, baying forever in his cave frighten the bloodless shades’; agus: *ingens Cerberus personat haec regna trifauci latratu / recubans immanis in antro adverso ... atque fusus humi resolvit inmania terga / - que extenditur ingens toto antro. / custode sepulto Aeneas occupat aditum / -que celer evadit ripam undae inremiabilis.*

‘Huge Cerberus makes these realms resound with his triple-jawed barking, squatting massive in a den facing them ... Sprawling on the ground relaxes his huge back, and lies extended over the huge cavern. The warder being buried in sleep Aeneas gains the entrance, and swiftly leaves behind the bank of the river whence no return’ (A 417-8, 422-25).

◦ **194 mbiaidh**: Seo an tríú pearsa uatha, aimsir ghnáthchaite. Féach Féach **Nótaí Teanga 4.2.12 Bí**

◦ **196 do theipfeadh an réiteach**: ‘[with whom] conciliation would fail’(?).

◦ **202 riathamar**: Is dóigh liom gur botún is ea *riathamar* sa lámhscríbhinn, óir níor éirigh liom aon fhianaise a aimsiú den litriú seo den bhriathar, nó ní oireann /i:ə/ don mheadaracht ach an oiread. *Riothamar* ba choitianta agus ba chuirte sa chanúint,

measaim, agus i bhfilíocht an cheantair leis, agus fuaim /x/ leis an *th* i lár an fhocail a fhágann /u/ mar an nguta aiceanta. Féach *rioth r'ux*, (*IR* 121) agus *SCDII*, áit a bhfuil *rioth* mar cheannfhocal. Féach, chomh maith, téacs a scríobh Tomás Ó hÍcí, scríobhaí as Port Láirge (agus trí chóip den *Eachtra* óna lámh aimsithe agam): *is drong dona mí-adhbharach do chuireann a leas air cáirde go huair a mbáis 7 ríothann contabhairt síorruigheachta gan chrích go haithrighe bhocht aon uaire* (Ó Súilleabháin 1969-70, 14).

° *daochain* (**268** freisin); *FGB*, *daochaint* = *dóthain*.

* **203** Tá sé seo bunaithe ar ar tharla nuair a thóg Anchises Aeineás agus an tSibille leis in airde le cur síos a dhéanamh ar na sluaite mórthimpeall: *dixerat Anchises, natumque unaque Sibyllam / conventus trahit in medios turbamque sonantem / et tumulum capit, unde omnes longo ordine posset / adversos legere, et venientum dicere vultus*.

‘When he had finished speaking, Anchises led his son and the Sibyl with him into the middle of this noisy crowd of souls, and took his stance on a mound from which he could pick them all out as they came towards him in a long line and recognize their faces as they came’ (*A* 752-5 agus *A*₃, 136).

Táid in Elysium anois: *interea videt Aeneas in valle reducta / seclusum nemus et virgulta sonantia silvae ... hunc circum innumerae gentes populique volabant*,

‘And now Aeneas saw in a side valley a secluded grove with copses of rustling trees ... Around it fluttered numberless races and tribes of men’ (*A* 703-4, 706, West 2003, 134).

° *fhanadh*: Coimeádaim litriú na lámhscríbhinne anseo, mar a fheictear le *chrothadh* ag **189** freisin.

° **206** I ndiaidh na líne seo de **M**, bíonn na línte breise a fheictear den chéad uair in **Is**. **1** ach go rialta ina dhiaidh freisin (mar shampla in **2, 3, 4, 5 ... 54**, ach níl siad in **11, 15, 19, 34** etc.):

*féach mar leanaid an aicme na dtréanrith ,
a'baint préamhacha as talamh dá scaipeadh is dá gcaochadh
ag an ruaig 'sa raideadh air fir fórsa agus Féinius
is Tuath Dé Danann á scaipeadh is dhá dtraochadh
an bhfeicirse Donn 'sa lann is faobhar air
a'teilgean ceann i ngabhal a chéile*

° **207** go *n-inseadh*: An modh foshuiteach caite 3ú uatha.

* **209-38** Ó mhullach an chnoic, amharcann an file ar phearsana móra litríochta agus miotaseolaíochta.

* **209** *Gadélus*: Laoch Éigipteach a fuair tairngreacht go mairfeadh a shliocht ar oileán iartharach. Garmhac le Féinius ab ea é agus is uaidh a fuair teanga na nGael a hainm, bhí Milesius mar gharmhac aige féin. Leis an ainm seo, agus *Milesius* **243**, *Éibhear* **246**, ba dhóigh go raibh Donncha Rua ag tarraingt ar ábhar *TÉ*, nó, seans, ar *Foras Feasa ar Éirinn (FFÉ)*. Féach *FFÉI* 232-4, agus an cur síos ar *Scotia* in *TÉ: Do rug sí mac ró-mhaith Gadélus, / sé sin Gaeul Glas, sinnsear Éireann (TÉ 71-2)*.

Cuir i gcomparáid línte Virgil agus Dryden: *nunc age, Dardanium prolem quae deinde sequatur / Gloria, qui maneant Itala de gente nepotes*, ““Survey,” pursued the sire, “this airy throng, As, offer’d to thy view, they pass along”” (*A* agus *A*₂, 755-6), agus leanann sé ar aghaidh le liosta fada de laochra na gciníocha éagsúla atá le feiceáil thart timpeall orthu.

° **210** Is leis an bhfile féin na lúibíní cearnacha ‘[]’ anseo, seachas liomsa, agus fágaim iad mar atáid sa lámhscríbhinn.

° *mhodhail*: [voul’] toisc go n-éilíonn an mheadaracht an défhoghar /ou/. Féach Ó Cuív (1979, 114) ag trácht ar Ghaeilge Mhúscraí: ‘modhail would normally be pronounced /moul’/’.

* **211-221** Ag iarraidh an léann atá air a thaispeáint don léitheoir / éisteoir atá Donncha Rua anseo, ní foláir. Fiú tá an litriú Laidine ar fhormhór na n-ainmneacha ó na Clasaicí; seachas *Aonghas* (163), *Thétis* (92), agus *Traí* (211), níl aon chóras litrithe Gaelach i bhfeidhm ar na focail sa lámhscríbhinn a scríobh Donncha Rua, mar a phléim sa **Mhodh Eagarthóireachta, 2.3**.

Féach, mar shampla:

's ar sgríobh Hómer, rós na héigse,

's ar sgríobh Virgil ar imeachtaibh Aonguis,

's ar sgríobh Cicero i gcoinne na méirleach,

is gach ar deachtadh le Hector Boetius,

is an méid do canadh le Marcus Aurelius (O'Rahilly 1952, ADC 158-62).

◦ **211 bhfaicir:** Seo an dara pearsa uatha, aimsir láithreach den bhriathar *feic*. Don deireadh *ir* mar dheireadh coitianta sa Mhumhain san aimsir láithreach, dara pearsa, féach SNG 454, agus Ó Cuív (1952, 164-5), agus **Teanga** freisin, **2.3.2**.

* *Traí:* An chathair san *Iliad*, le Homer, ar troideadh Cogadh na Traí mórthimpeall uirthi.

* **212 Hector:** Prionsa na Traí agus an laoch ba chalma a bhí acu le linn chogadh na Traí. Fuair sé bás de thoradh comhrac aonair le hAichill.

Tá seans ann gurb é neart a chlaímh atá ag suíomh na dtréithe.

* **213 Anchises:** Athair Aeinéas. D'éalaigh sé lena mhac ó chogadh na Traí ach cailleadh é sa tSicil sular shroicheadar an Iodáil. Casann Aeinéas leis sa Domhan Íochtarach agus é ag lorg comhairle uaidh.

◦ **214 thaoibh:** Oireann an fhoirm seo don mheadaracht, toisc go bhfuil /i:/ ag teastáil.

* I ndiaidh na líne seo ó ls. 1 ar aghaidh bíonn: *san obair úd ag Romulus is aig Remus / a cur clocha neirt mar chosaint cineadh a réimis*

* **217 Horace** agus *Mecaenas*: Bhí *Horace* mar phríomhfhile liriciúil na Róimhe le linn ré Augustus. Bhí sé mar bhall den aos liteartha a raibh Virgil ann. Bhí *Maecenas* mar phátrún aige, agus tagraíonn céad dán na nÓideanna le Horace dó.

° *Mhecaenas*: cáil air mar phátrún na n-ealaíon le linn ré an Impire Augustus. Thug sé pátrúnacht do Virgil, a thiomnaigh na *Georgics* dó. Ba é Virgil, agus é tógtha le samplaí d'fhilíocht Horace, a chuir Horace in aithne do Mhaecenas den chéad uair.

* **219 Óvid**: Cáil liteartha air de bharr na leathrann marbhnaí a chum sé. Dibríodh ón Róimh é ar ordú an impire; go Tomis nó Tomi a cuireadh é, baile ar chósta thiar na Mara Duibhe. Ba é an fáth lena dhíbirt mímhóráltacht a dháin, 'Ars Amatoria', mar bhí Augustus tar éis dlí a reachtáil a chuir iallach ar fhir agus ar mhná pósadh. Os a choinne sin, deirtear go mb'fhéidir go raibh baint aige le comhcheilg i gcoinne an Impire. Lean sé dá shaothair sa Laidin agus sheol sé a lán marbhnaí agus litreacha abhaile ag caoineadh a cháis agus ag impí ar a bhean chéile agus ar a chairde maithiúnas an impire a fháil dó. Ag trácht ar an scéal sin atá Donncha Rua anseo, ní foláir. Glacaim leis gurb é Ovid atá 'ag gearradh' sa líne roimhe.

* **220 Caesar**: Ní féidir a bheith iomlán cinnte cén Caesar atá i gceist anseo aige, ach ó chomhthéacs na línte mórthimpeall agus i bhfianaise na scríbhneoirí a luaitear, ba dhóigh gurb é an tImpire Augustus atá i gceist, agus é mar phátrún ag na scríbhneoirí ar fad a luaitear.

*° **221 Juvenal**: Cáil air de bharr a chuid aortha agus é ag scríobh go géar ar chúrsaí a linne féin. Arís eile, tá an méid sin in-tuigthe ón nod a thugann an file dúinn.

° *phionn*: Éilíonn an mheadaracht /i/ gearr anseo, seachas /ou/ mar a bheadh le *peann*. Tá foirm an tabharthaigh uatha in úsáid mar an ainmneach uatha, mar a tharlaíonn le *sceol* (1), agus *phionn* (221). Féach an nóta ar 1 thuas.

° 222 *diomblas*: /u:/ anseo, [dʒu:v'ənəl] / [d'u:mləs].

° 223 *Mac Cuirtín*: Mac Cruitín a thugadh sé air féin as Gaeilge, ach ‘Mac Curtin’ an leagan Béarla d’ainm an fhile (a thabharfadh le tuiscint go raibh an t-ainm Béarla feicthe / cloiste ag Donncha Rua, is dócha), agus d’fhoilsigh sé dhá leabhar fén ainm sin: *A brief discourse in vindication of the antiquity of Ireland* (BÁC 1717) agus *The elements of the Irish language gramatically explained in English* (Lobháin, 1728). Tá 1755 luaite mar dháta a bháis ag Morley (1995), ach ní féidir bheith cruinn beacht faoin dáta sin. Bhí sé fós ina bheatha sa bhliain 1749 nuair a dhein Charles Lucas tagairt dó i nuachtán a foilsíodh i mBÁC (Morley 1995, 137) ach bhí sé ar shlí na fírinne faoin am ar scríobh Tomás Ó Gormáin litir dar dáta 1761 (Morley 1995, 140). Ar ndóigh, chaithfeadh sin amhras ar 1745 mar dháta cumtha *Eachtra Ghiolla an Amaráin* (féach 125-126 thuas), nó ar a laghad ar bith má cumadh ansin é chaithfeá a rá gur cosúil gur cuireadh leis ina dhiaidh sin.

*° 225 *a bprionsasan*: Éilíonn an mheadaracht an défhoghar /ou/ i dtaobh an fhocail *prionsa*, gnáthfhuaimniú na canúna. Féach 9 thuas maidir le *io* aiceanta. Aodh Buí atá i gceist, an file ab fhearr, ní foláir.

° 226 i ndiaidh na líne seo ó ls 1 ar aghaidh bíonn: *an ffeicir an coillfhear na luighe seach gan aon lucht / go mbeirid a ccinn tar na Cyclops le chéile*

* 227-32 Ní haon ionadh gur ansin thíos atá na Fianna ag Donncha Rua. Féach, mar shampla, an comhrá idir Oisín agus Naomh Pádraig: “*Oisín,*” ar *Naomh Pádraig*,

“muna leigeann tú dham do bhaisteadh rachaidh tu go h-ífríonn 'n áit a bhfuil an chuid eile de na Fiannaibh” (de hÍde 1892, 420).

◦ **228** *lúithreach*: Foirm mhalartach FGB *lúithreach* = *lúitheach*, ‘sinewy, muscular’. *lúithdreach* atá sa lámhscríbhinn.

*◦ **229** *a Fhinn*: Seo an chéad tagairt dhíreach do cheannaire na Féinne sa dán, ach tá tagairtí do na Fianna tríd an dán, mar a fheictear thuas ag **3**, **54**, **123** agus in **M 85-6**.

◦ *cheann*: le fuaim /u:/ anseo de ghrá na meadarachta. (< *chiunn*, is dócha, an fhoirm thabharthach), féach **Nótaí Teanga, Nótaí ar an bhFoghraíocht, 2.1.1 Gutaí**.

Tráchtann Ua Súilleabháin ar an bhfoghraíocht seo a mhair i nGaeilge Chairbre agus Chorca Dhuibhne (*SNG* 491-2).

◦ **230** *mbiadhainse*: An modh foshuiteach caite, an chéad phearsa uatha. Féach **Nótaí Teanga 4.2.12 Bí**. Tá sé deacair teacht ar shamplaí eile don litriú seo. Níor aimsíos in *Córpas na Gaeilge* ach sampla amháin, agus sin sa dán Muimhneach ‘An chuaichín bhinn’: *Dá m-biadhainse bocht a's go bh-faghadh m'fhear bás / Go n-geóbhthá liom gan aon rad?* (Ó Dálaigh, 1860).

* **231** *Séarlas*: An Stíobhartach, Séarlas Éadbhard (1720-88) atá i gceist anseo aige, nó ‘Bonnie Prince Charlie’, a bhí ar deoraíocht san Fhrainc ach a tháinig i dtír in Albain sa bhliain 1745 chun an Bhreatain a ghabháil dá athair Séamas (a bhásaigh sa bhliain 1766, féach **241** thíos). Caitliceach ab ea é, mar a athair, agus bhí muintir na hÉireann ag súil go mór leis go mbeadh na Stíobhartaigh ar ais i gcumhacht arís, mar a léiríonn flúirse na litriochta Seacaibítí ón am sin (féach Ó Buachalla 1996).

◦ **232** *dho*: Seo an forainm réamhfhoclach, tríú pearsa uatha. *Do seachas dó gnáthfhoirm* na canúna, agus is minic a shéimhítear na foirmeacha (*GCD* 201).

biaidh: Seo an aimsir fháistineach, tríú pearsa uatha, mar atá in **241** thíos freisin. Féach **Nótaí Teanga 4.2.12 Bí**. Tá a fhios agam go bhféadfaí a áiteamh gurb é an Modh Coinníollach atá anseo, ach measaim go sáraíonn nóta dóchais na líne an argóint sin.

* **233-6** Gur tiontaíodh / aistríodh téacs an Bhíobla go Béarla is cúis, is dóigh liom, le húsáid na bhfhocal *d'iompaigh an téarma*. Sárú creidimh a bhí ann dar le mórán an téacs a aistriú go teanga neamhchlasaiceach.

Measaim féin go bhfuil na línte seo an-ghar do bhunsmaoineamh na línte seo:

A gcreideamh 's a ndlithe fá dheire gur chlaochluig

Cailbhin coitcheann is Lúter craosach,

dias do thréig a gcreideamh ar mhéirdrig

's i n-aghaid na heaguilse sgríobhaid go héigneach.

Prionnsaí Saxan – olc dearbh an sgéil sin –

An t-ochtú Hénri is Élizabétha,

Rí na Breataine 's Alban Séamus,

Lúter leanaid 's an eaglais séanaid.

Do rinneadh don rí ceann na cléire;

do tógadh a dtalamh 's a mbeatha i n-aonacht;

do hiompuíodh an Bíobla ó Laidin go Béarla (O'Rahilly 1952, TÉ 281-291).

Ní áirmhím Henrí an chéidfhear

do léig go truaillidhe uaidh a chéile

ar Anna Builín a inghean chéadna,

is d'imthigh ón eaglais ar theagasg Luitéarus (O'Rahilly 1952, SR 79-82).

tíocht Chailbhin ler aistriódh téacs / do bhain sealbh na bhflaitheas de chéadta,
(Aodh Buí Mac Cruitin: ‘A Bhanba is Feasach dom do Scéala’, dán nach bhfuil i gcló
ag Vincent Morley go fóill).

*Trá hiompradh an Scrioptúr go teanga an Bhéarla / Lúter is Henry is Elisabéta / ‘S
iad do chuir toiseach ar a’ gcreideamh do chlaonadh* (Mhág Craith, 1967, 308).

Féach, leis: *Argóint chlaoin an Bhíobla bhréagaig, (Éamonn an Dúna, O’Rahilly,*
1952, 383). Tá nasc déanta idir an dá rud anseo, measaim - an t-aistriúchán agus an
t-athrú creidimh. ‘Traduttore traditore’ mar adeir na hIodáiligh.

* **233 Luther:** Martin Luther (1483-1546), an té a chuir tús leis an Reifirméisean san
Eoraip go luath san 16ú haois, agus atá mar ábhar gránach ag roinnt d’fhilí na Gaeilge,
mar a fheictear sna samplaí thuas.

◦* **234 Calvin:** Jean Calvin (1509-64), Francach a d’fhág a lorg ar ghluaiseacht an
Reifirméisin. Tá tagairtí flúirseacha dó féin, agus do Liútar i litríocht na Gaeilge, agus
iad mar shiombailí don Phrotastúnachas agus don Ghalldachas, maraon le hAnnraoi
VIII (**235**) – rí Shasana 1509-47.

’na gcrústa: D’fhéadfadh seo a bheith débhríoch. Is dóigh liom gurb é an réamhfhocal
i agus an mhír shealbhach a (3ú iolra) is brí le ’na gcrústa anseo, seachas an ginideach
iolra.

◦ *cúradh méithris:* Seans gur tagairt í seo don saibhreas a bheadh ag na Protastúnaigh i
gcodarsnacht leis na Gaeil Chaitliceacha in Éirinn na linne; bheidís ramhar toisc a
saibhris, agus bheadh níos mó feola á hithe acu, Dé hAoine san áireamh. Bheadh an-
teas in Ifreann dar ndóigh, agus bheadh tuilleadh feola ar a gcnámha rachmasacha le
hais na nGael. Féach na línte seo:

Aoine pháise feóil is féasda,

Vigil na n-apstal gan seasamh ar aonchuid,

is duine as an gcéad do ghlacfadh mar bhéile

arán eórna, biolar is caol-deoch;

craos is meisge orra i n-ionad a dtréanais (O’Rahilly 1952, *TÉ* 301-305);

acht mar mhucaibh do luífeadh síos le méathras / nó mar mhadraí ablaí craosach
(*Éamonn an Dúna*, 303-4).

* **236** *slabhraí daora*: Ba é an piónós ba mheasa a ghearrfaí ar dhaoine sa Domhan Íochtarach ná a bheith daortha go Tartarus, áit ar ghabh Aeineás thairsti i leabhar VI.

hinc exaudiri gemitus, et saeva sonare / verbera; tum stridor ferri tractaeque catenae,

‘They could hear the groans from the city, the cruel crack of the lash, the dragging and clanking of iron chains’ (*A* 557-8).

° **237** *chír*: An Aimsir Láithreach, tríú pearsa. Féach **211** thuas.

° **238** *biarfar*: Seo litriú na lámhscríbhinne, an briathar saor, aimsir fháistineach. Féach **Teanga, 1.4** agus **2.3.2.1**.

* **241-46** Tá an chuid seo den dán mar scáthán ar thairngreacht Anchises ar thodhchaí na Róimhe. D’fhéadfaí a áiteamh go bhfuil teachtaireacht pholaitiúil mheafarach sa dá théacs le chéile. Ar ndóigh, comhlíonann sé traidisiún dúchasach na haislinge le teacht na Stíobhartach i réim arís.

* **241** *Shéamais*: Ón sliocht ríoga Stíobhartach, Séamas III, athair Sheárlais (a luaitear thuas **231**), James Francis Edward, (1688-1766), rí dleathach na dtrí ríocht dar lena lucht leanúna. Seo leid eile dúinn faoi dháta chumtha an dáin toisc nár cailleadh an Stíobharthach go dtí an bhliain 1766.

° *bhíaidh*: Aimsir fháistineach, tríú pearsa uatha coibhneasta.

◦ **242** *'na rí: na ríog* atá sa lámhscríbhinn, agus is deacair a bheith cinnte féna bhri chruinn. Mar sin féin, is dóigh liom gur *'na* (an aidiacht shealbhach, tríú pearsa uatha, firinsneach) *rí* is dóchúla.

◦* **243** *planda seanshliocht Éibhear*: Na Muimhnigh. An mac ba shine le Míl Easpáinne (*Milesius* **246**), sinsear na nGael, ab ea Éibhear, ar roinneadh Éire idir é agus clann mhac a athar. Féach, mar shampla, *FFÉII*, 80-82, 94-8, agus:

ochtar mac meacanta meara Mhilétius

is clann mhaith Ír do cailleadh don chéad dul.

A sinnsear uile gan imreas Éibhear,

Éireamhóin fuair rath is Éanna (O'Rahilly 1952, *TÉ* 119-122).

seanshliocht: Éilíonn an mheadarach */ou/* anseo, agus in *concus* (**244**).

* **246** Tá sé seo nach mór mar an gcéanna le líne *SR: Mairidh fós do phór Mhilésius* (O'Rahilly 1952, 268).

Milesius: Míl Easpáinne, sinsear na nGael, a cailleadh i gcath gan an deis a fháil teacht go hÉirinn. Mac leis ab ea Éibhear thuas **243**. Féach:

Fuair le gaisge mar ainm Milétius,

Mile Easpáin annsa nGaelge.

Gaoth is anfa is mearbhall spéire

do chuir go Banba tamall roimh Ghaeulaibh (O'Rahilly 1952, *TÉ* 103-105). Féach, chomh maith, *FFÉ II* 40-8.

◦ **248** *chughat* < *chughad* na lámhscríbhinne.

◦ **250** *gheabhair*: [Y'av'ir'] a éilíonn an mheadarach anseo .i. focal déshiollach, an dara pearsa uatha den aimsir fháistineach. Do mheascán foirmeacha an bhriathair seo, féach *SNG* 413. Féach leis *DINN (Paradigms of the Irregular Verbs, 1316)*, agus Holmer (1962, 111).

* **251** Conán atá fós ag caint anseo.

◦ **252** Cuir i gcomparáid: ... *d'iadar m'ae ionam* (CMO 282), '... have my heart broken'.

* **253** *do mharbh an Francach*: Seo an file ag trácht ar an oiread Protastúnach (bíodh Sasanaigh nó fir Hanóbhair i gceist) a cloíodh le linn Chogadh Chomharbas na hOstaire (ag Fontenoy mar shampla) nó, ar an dtaobh eile, le linn Chogadh na Seacht mBliana. Féach an nóta ar **125-6** thuas.

◦ **254** *iomchar*: Fuaim /ou/ a éilíonn an mheadaracht, foghraíocht dhifriúil le **184** thuas.

◦ **255** *go ró-fhada*: 'suddenly, before too long'?

◦ **256** *íogair*: 'sensitive, delicate, lofty'. Féach *DINN íogair* ag tagairt don líne seo: 'the acute Aoibheall (D.R.).'

